II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

Ábhar

1. Nós Imeachta 5

2. Cúlra agus tuairisc ar na bearta atá faoi réir imscrúdaithe 7

2.1. Creat ginearálta 7

2.1.1. Na Coinbhinsiúin tosaigh 7

2.1.2. Fadú na gCoinbhinsiún tosaigh 7

2.1.3. Príobháidiú Siremar agus síniú an Choinbhinsiúin nua 8

2.2. Bearta i raon feidhme Chinntí 2011 agus 2012 9

2.3. Tuairisc mhionsonraithe ar na bearta atá faoi réir an Chinnidh seo 9

2.3.1. Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir an Stát agus Siremar 9

2.3.2. Fadú neamhdhleathach an chúnaimh tarrthála do Siremar 12

2.3.3. Príobháidiú Siremar, an fhrithráthaíocht, agus an méadú ar chaipiteal CdI 13

2.3.4. An Coinbhinsiún nua 20

2.3.5. An tosaíocht feistithe 22

2.3.6. Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010 22

2.4. Nós imeachta maidir le sárú Uimh. 2007/4609 22

3. Forais maidir leis an nós imeachta a thionscnamh agus síneadh a chur leis 25

3.1. Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir an Stát agus Siremar 25

3.1.1. Comhlíontacht le Altmark agus cabhair a bheith ann 25

3.1.2. Comhoiriúnacht 26

3.2. Fadú neamhdhleathach an chúnaimh tarrthála do Siremar 26

3.3. Príobháidiú Siremar, an fhrithráthaíocht, agus an méadú ar chaipiteal CdI 26

3.3.1. Príobháidiú Siremar 26

3.3.2. An fhrithráthaíocht 27

3.3.3. An méadú i gcaipiteal CdI 27

3.3.4. Comhoiriúnacht 27

3.4. An Coinbhinsiún nua idir Stát na hIodáile agus CdI 27

3.5. An tosaíocht feistithe 28

3.6. Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010 28

4. Barúlacha ón Iodáil 28

4.1. Maidir leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus an timpeallacht iomaíoch 28

4.2. Maidir le fadú neamhdhleathach ionchasach an chúnaimh tarrthála chuig Siremar 29

4.3. Maidir le príobháidiú bhrainse gnó Siremar 30

4.3.1. Maidir le cineál trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach an nós imeachta 30

4.3.2. Maidir le díol na sócmhainní nach dtagann faoi raon feidhme bhrainse gnó Siremar 30

4.3.3. Maidir le cuachadh shócmhainní bhrainse gnó de chuid Siremar le Coinbhinsiún nua 31

4.3.4. Maidir le ceapachán an tsaineolaí neamhspleách 31

4.3.5. Maidir le trédhearcacht an nós imeachta 31

4.3.6. Maidir leis an gCéad Tuarascáil Ecorys agus leis an Dara Tuarascáil Ecorys 31

4.3.7. Maidir le dlíthíocht náisiúnta agus leis an dámhachtain chríochnaitheach do SNS 32

4.4. Maidir le comhlíontacht an Choinbhinsiúin nua le critéir Altmark 33

4.5. Maidir leis an bpréimh riosca 6,5 % a leagtar síos i dTreoir CIPE ó 2010 33

4.6. Maidir le comhlíontacht an Choinbhinsiúin nua le Cinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 34

4.7. Maidir leis an bhfrithráthaíocht 34

4.8. Maidir leis an tosaíocht feistithe . . . 35

4.9. Maidir leis na bearta a leagtar síos le Dlí 2010 . . . 35

4.10. Maidir leis an easpa leanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus CdI . . . 36

5. Barúlacha ó pháirtithe leasmhara . . . 37

5.1. Barúlacha ó Siremar sa riarachán urghnách . . . 37

5.1.1. Maidir leis an nós imeachta um shárú Uimh. 2007/4609 . . . 37

5.1.2. Maidir le fadú an Choinbhinsiúin tosaigh . . . 37

5.1.3. Maidir le fadú neamhdhleathach ionchasach an chúnaimh tarrthála chuig Siremar . . . 38

5.1.4. Maidir leis an gCoinbhinsiún nua . . . 39

5.1.5. Maidir le príobháidiú Siremar agus leis an bhfrithráthaíocht . . . 39

5.1.6. Maidir leis an easpa leanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus CdI . . . 40

5.1.7. Aighneacht bhreise i dtaca le cinneadh CdS maidir leis an bhfrithráthaíocht . . . 41

5.2. Barúlacha ó SNS . . . 41

5.2.1. An chéad aighneacht . . . 41

5.2.2. An dara haighneacht . . . 41

5.2.3. An tríú haighneacht . . . 42

5.3. Barúlacha ó Pan Med . . . 43

5.4. Barúlacha ó Grandi Navi Veloci . . . 44

5.5. Litir ó mhéara Lipari . . . 45

6. Aighneachtaí ó Compagnia delle Isole . . . 45

6.1. An chéad aighneacht . . . 45

6.2. An dara haighneacht . . . 46

6.3. An tríú haighneacht . . . 46

7. Barúlacha ón Iodáil maidir le barúlacha agus aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara . . . 47

8. Measúnú 47

8.1. Cabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE 47

8.1.1. Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir Siremar agus an Iodáil 48

8.1.2. Fadú neamhdhleathach an chúnaimh tarrthála chuig Siremar 50

8.1.3. Dámhachtain an Choinbhinsiúin nua, arna chuachadh le brainse gnó de chuid Siremar, agus na tosaíochta feistithe do SNS, an méadú ar chaipiteal CdI agus an fhrithráthaíocht 51

8.1.4. Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010 71

8.1.5. An chonclúid maidir le cabhair a bheith ann 73

8.2. Dleathacht na cabhrach 74

8.3. Comhoiriúnacht na cabhrach 74

8.3.1. Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir an Stát agus Siremar 74

8.3.2. Fadú neamhdhleathach an chúnaimh tarrthála do Siremar 83

8.3.3. Díolúintí fioscacha a bhaineann leis an bpróiseas príobháidithe 84

8.3.4. Conclúid maidir le comhoiriúnacht na cabhrach 84

8.4. Freagra ar aighneachtaí CdI 85

9. Conclúid 85

10. Gnóthú 86

11. Leanúnachas eacnamaíoch 87

11.1. Raon feidhme an aistrithe 87

11.2. An praghas aistrithe 88

11.3. Aitheantas na n-úinéirí 89

11.4. Uainiú an aistrithe 89

11.5. Loighic eacnamaíoch an aistrithe 89

11.6. Conclúid maidir le leanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus SNS 90

CINNEADH (AE) 2022/448 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meitheamh 2021

maidir leis na bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil maidir le Siremar agus a fhaighteoir Società Navigazione Siciliana

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi C(2022) 4268)

(Is é an leagan Iodáilise an t – aon leagan barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na forála nó na bhforálacha atá luaite thuas ([1]) agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) An 6 Lúnasa 1999, chinn an Coimisiún an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE") a thionscnamh i leith na cabhrach arna híoc ar bhonn na gconarthaí seirbhíse poiblí tosaigh ("na Coinbhinsiúin tosaigh") leis na sé chuideachta a bhí mar chuid den Ghrúpa Tirrenia ag an am ([2]).

(2) Le linn chéim an imscrúdaithe, d'iarr údaráis na hIodáile go roinnfí cás Ghrúpa Tirrenia, ionas go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do theacht ar chinneadh críochnaitheach maidir le Tirrenia di Navigazione ("Tirrenia") amháin. Rinneadh an iarraidh sin de bharr an phlean a bhí ag údaráis na hIodáile an Grúpa a phríobháidiú, ag tosú le Tirrenia, agus mar gheall ar an rún a bhí acu luas a chur faoin bpróiseas i ndáil leis an gcuideachta sin.

(3) D'aontaigh an Coimisiún leis an iarraidh a rinne údaráis na hIodáile, agus le Cinneadh 2001/851/CE ón gCoimisiún ([3]) chuir sé clabhsúr leis an nós imeachta a tionscnaíodh i leith na cabhrach arna dámhadh do Tirrenia ("Cinneadh 2001"). Dearbhaíodh go raibh an chabhair comhoiriúnach faoi réir gealltanas áirithe a thug údaráis na hIodáile.

(4) Le Cinneadh 2005/163/CE ón gCoimisiún ([4]) ("Cinneadh 2004"), dhearbhaigh an Coimisiún go raibh cuid den chúiteamh a deonaíodh do chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia seachas Tirrenia ([5]) comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, go raibh cuid de comhoiriúnach ar choinníoll gur tugadh urraim do ghealltanais áirithe a thug údaráis na hIodáile, agus go raibh cuid de ar neamhréir leis an margadh inmheánach. Bhí an cinneadh bunaithe ar shonraí cuntasaíochta ó na blianta 1992 go 2001 agus áiríodh leis coinníollacha chun comhoiriúnacht an chúitimh a áirithiú ar feadh achar iomlán na gCoinbhinsiún tosaigh (i.e., go dtí 2008).

(5) Le Breithiúnas an 4 Márta 2009 i gcásanna T-265/04, T-292/04 agus T-504/04 ([6]) ("Breithiúnas 2009") chuir an Chúirt Ghinearálta Cinneadh 2004 ar neamhní.

(6) An 5 Deireadh Fómhair 2011, chuir an Coimisiún tús le nós imeachta imscrúdaithe nua foirmiúil i leith beart breise éagsúil arna nglacadh ag an Iodáil i bhfabhar na gcuideachtaí in iar-Ghrúpa Tirrenia ("Cinneadh 2011"). Bhain an t-imscrúdú *inter alia* leis na cúitimh a deonaíodh do Siremar – Sicilia Regionale Marittima ("Siremar") chun roinnt bealaí muirí a oibriú ón 1 Eanáir 2009 agus le próiseas príobháidithe bhrainse gnó de chuid Siremar (féach roinn 2.3.3).

(7) Foilsíodh Cinneadh 2011 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([7]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta faoi imscrúdú.

([1]) IO C 28 an 1.2.2012, lch. 18 agus IO C 84 an 22.3.2013, lch. 58.
([2]) IO C 306 an 23.10.1999, lch. 2. Bhí iar-Ghrúpa Tirrenia comhdhéanta de na cuideachtaí Tirrenia di Navigazione S.p.A., Adriatica S.p.A., Caremar – Campania Regionale Maritima S.p.A., Saremar – Sardegna Regionale Marittima S.p.A., Siremar – Sicilia Regionale Marittima S.p.A., agus Toremar – Toscana Regionale Marittima S.p.A.
([3]) Cinneadh 2001/851/CE ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2001 maidir leis an Státchabhair arna dámhadh ag an Iodáil don chuideachta loingseoireachta Tirrenia di Navigazione (IO L 318 an 4.12.2001, lch. 9).
([4]) Cinneadh 2005/163/CE ón gCoimisiún an 16 Márta 2004 maidir leis an Státchabhair a d'íoc an Iodáil le cuideachtaí loingseoireachta Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (Grúpa Tirrenia) (IO L 53 an 26.2.2005, lch. 29).
([5]) Go háirithe: Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar.
([6]) Cásanna Uamtha T-265/04, T-292/04 agus T-504/04 *Tirrenia di Navigazione v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2009:48.
([7]) IO C 28 an 1.2.2012, lch. 18.

(8) Chuir an Iodáil a freagra ar Chinneadh 2011 isteach i bhfoirm litreach an 15 Samhain 2011. Maidir leis na bearta a bhí faoi réir an Chinnidh sin, fuair an Coimisiún barúlacha freisin ó Società Navigazione Siciliana S.p.A. ("SNS"), Pan Med Lines S.r.l. ("Pan Med"), agus Grandi Navi Veloci S.p.A. ("GNV") (féach roinn 5). Chuir sé ar aghaidh chuig an Iodáil iad, a fuair deis freagra a thabhairt orthu.

(9) An 10 Eanáir 2012, thug údaráis na hIodáile fógra foirmiúil don Choimisiún, a líomhnaítear a bhí ar chúiseanna a bhain le deimhneacht dhlíthiúil, maidir leis na dréacht-chonarthaí seirbhíse poiblí ("Coinbhinsiúin") go mbeadh aon fhaighteoir de bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar faoi cheangal a shíniú sa todhchaí agus gur ar an mbonn sin a d'íocfaí cúiteamh chun seirbhís phoiblí a sholáthar.

(10) An 7 Samhain 2012, chuir an Coimisiún síneadh leis an nós imeachta imscrúdaithe *inter alia* i leith (i) fhadú neamhdhleathach na cabhrach tarrthála arna deonú do Siremar, (ii) na cabhrach a d'fhéadfaí a dheonú do Compagnia delle Isole ("CdI"), chéad fhaighteoir bhrainse Siremar, i gcomhthéacs phríobháidiú an bhrainse sin agus (iii) na gcúiteamh seirbhíse poiblí a bheidh le híoc le CdI faoin gCoinbhinsiún nua arna thabhairt i gcrích le Stát na hIodáile. An 19 Nollaig 2012, ghlac an Coimisiún le leagan leasaithe ([8]) den Chinneadh sin ("Cinneadh 2012", nuair a tagraíodh dó in éineacht le Cinneadh 2011, "Cinntí 2011 agus 2012").

(11) Foilsíodh Cinneadh 2012 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([9]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta faoi imscrúdú.

(12) Chuir an Iodáil a fhreagra isteach maidir le Cinneadh 2012 i bhfoirm litreacha an 7 agus 13 Nollaig 2012. Maidir leis na bearta a bhí faoi réir an Chinnidh sin, fuair an Coimisiún barúlacha ó Pan Med Lines S.r.l. ("Pan Med"), Siremar, SNS agus CdI (féach ranna 5 agus 6). Chuir sé ar aghaidh chuig an Iodáil iad, a fuair deis freagra a thabhairt orthu.

(13) An 5 Deireadh Fómhair 2012, chuir an Coimisiún Ecorys Netherlands BV ("Ecorys") ar conradh chun meastachán a sholáthar dó, bunaithe ar dhá chás mhalartacha, maidir le margadhluach shócmhainní ábhartha Siremar a bhí curtha ar díol (féach roinn 2.3.3.7). An 4 Meán Fómhair 2013, chuir Ecorys a thuarascáil chríochnaitheach isteach ("an chéad Tuarascáil Ecorys"). An 27 Meán Fómhair 2013, chuir an Coimisiún an tuarascáil sin ar aghaidh chuig an Iodáil. An 18 Samhain 2013, ar iarraidh ó údaráis na hIodáile, sholáthair an Coimisiún aistriúchán Iodáilis ar Thuarascáil Ecorys. An 17 Nollaig 2013, chuir an Iodáil a barúlacha isteach, lena n-áirítear frithluacháil a rinne a saineolaí neamhspleách féin, Banca Profilo S.p.A.

(14) An 24 Meitheamh 2013, sheol an Coimisiún litir chuig roinnt cuideachtaí atá ag feidhmiú in earnáil na muirí, ag iarraidh faisnéis mhionsonraithe ar bhonn saorálach maidir leis na bealaí arna n-oibriú ag Siremar sa tréimhse 2009-2012 agus na coinníollacha maidir lena phríobháidiú. Ba é CdI, cuideachta a bhí ag feidhmiú an Choinbhinsiúin nua ag an am, an t-aon chuideachta a thug freagra.

(15) Le Cinneadh (AE) 2018/261 an 22 Eanáir 2014 ([10]) ("Cinneadh 2014"), chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil i dtaca le bearta áirithe arna nglacadh ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar (féach aithris (36)).

(16) An 15 Deireadh Fómhair 2014, bhuail seirbhísí an Choimisiúin le hionadaithe Siremar agus le húdaráis na hIodáile. Ina theannta sin, an 23 Deireadh Fómhair 2014 bhuail seirbhísí an Choimisiúin freisin le hionadaithe CdI agus le húdaráis na hIodáile. Mar bheart leantach leis an gcruinniú sin, an 30 Deireadh Fómhair 2014 sholáthair CdI faisnéis bhreise don Choimisiún.

(17) Maidir le Siremar, d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise i bhfoirm litreacha ón Iodáil an 30 Eanáir 2012, 16 Márta 2012, 1 Lúnasa 2012, 22 Samhain 2012, 12 Aibreán 2013, 12 Meitheamh 2013, 27 Meitheamh 2013, 11 Iúil 2013, 29 Iúil 2014, 6 Samhain 2014, 16 Deireadh Fómhair 2015, 25 Eanáir 2018, 29 Márta 2018, 31 Lúnasa 2018, 18 Márta 2019, 16 Deireadh Fómhair 2019, 31 Iúil 2020 agus 29 Deireadh Fómhair 2020.

(18) Maidir le Siremar, chuir an Iodáil faisnéis bhreise isteach i bhfoirm litreacha an 28 Márta 2012, 5 Deireadh Fómhair 2012, 23 Deireadh Fómhair 2012, 13 Bealtaine 2013, 8 Lúnasa 2013, 19 Meán Fómhair 2014, 20 Samhain 2014, 12 Nollaig 2014, 12 Feabhra 2015, 13 Samhain 2015, 18 Aibreán 2016, 2 Lúnasa 2017, 26 Aibreán 2018, 31 Bealtaine 2018, 29 Bealtaine 2019, 26 Iúil 2019, 3 Eanáir 2020, 24 Eanáir 2020, 8 Feabhra 2021 agus 11 Márta 2021 ([11]).

([8]) Bhain na leasuithe uile le bearta i bhfabhar Saremar.
([9]) IO C 84 an 22.3.2013, lch. 58.
([10]) Cinneadh (AE) 2018/261 an 22 Eanáir 2014 maidir leis na bearta SA.32014 (2011/C), SA.32015 (2011/C), SA.32016 (2011/C) arna gcur chun feidhme ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar (IO L 49 an 22.2.2018, lch. 22).
([11]) Tharla roinnt malartuithe neamhfhoirmiúla eile, amhail ríomhphoist agus glaonna comhdhála, idir an Coimisiún agus an Iodáil ar feadh 2019 agus 2020.

(19) Le Cinneadh (AE) 2020/1411 an 2 Márta 2020 ([12]), thug an Coimisiún an t-imscrúdú ar chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia seachas Tirrenia i gcrích, lena n-áirítear Siremar, don tréimhse 1992-2008 ("cinneadh Ghrúpa Tirrenia 2020"). Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh ionann an chabhair a ceadaíodh chun seirbhísí iompair cabatáiste muirí agus cabhair atá ann cheana, fad agus a bhí an chabhair a deonaíodh chun seirbhísí iompair muirí idirnáisiúnta a sholáthar comhoiriúnach le Creat 2011 um sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ("SGEI") ("Creat SGEI 2011") ([13]).

(20) Le Cinneadh (AE) 2020/1412 an 2 Márta 2020 ón gCoimisiún ([14]), chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir leis na bearta a deonaíodh do Tirrenia agus a fhaighteoir CIN, don tréimhse 2009-2020 ("Cinneadh Tirrenia/CIN 2020").

(21) Baineann an cinneadh sin leis na bearta cabhrach féideartha uile do Siremar, CdI, agus SNS mar a shonraítear in aithrisí (36) agus (37) agus mar a shainaithnítear i gCinntí 2011 agus 2012, chomh maith leis an gcabhair fhéideartha a d'fhéadfaí a dheonú do Unicredit tríd an bhfrithráthaíocht (féach rann 2.3.3.5 agus 3.3.2). Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar na bearta uile a bheidh fágtha a bheidh faoi réir na gCinntí sin, faoi na cás-uimhreacha SA.32014, SA.32015 agus SA.32016 agus déanfaidh sé é sin i gCinntí ar leithligh. Go háirithe, baineann na bearta uile sin atá fágtha le cuideachtaí eile de chuid Ghrúpa Tirrenia roimhe seo (i.e. Caremar, Laziomar, Saremar agus Toremar).

2. CÚLRA AGUS TUAIRISC AR NA BEARTA ATÁ FAOI RÉIR IMSCRÚDAITHE

2.1. **Creat ginearálta**

2.1.1. *Na Coinbhinsiúin tosaigh*

(22) Ba le Stát na hIodáile tríd an gcuideachta Finanziaria per i Settori Industriale e dei Servizi S.p.A ("Fintecna") ([15]) an Grúpa Tirrenia an chéad lá riamh agus bhí sé chuideachta i gceist leis, eadhon Tirrenia, Adriatica, Caremar, Saremar, Siremar agus Toremar. Sholáthair na cuideachtaí sin seirbhísí iompair muirí faoi chonarthaí seirbhíse poiblí ar leithligh a tugadh i gcrích in 1991 le Stát na hIodáile, agus a bhí i bhfeidhm ar feadh 20 bliain idir mí Eanáir 1989 agus mí na Nollag 2008 (na Coinbhinsiúin tosaigh). Bhí 100 % de scairchaipiteal Tirrenia ag Fintecna. Bhí úinéireacht iomlán ag Tirrenia ar Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (le chéile, "na cuideachtaí réigiúnacha"). Rinne Adriatica, a bhíodh ag feidhmiú roinnt bealaí idir an Iodáil agus an Albain, an Chróit, an Ghréig agus Montainéagró, cónascadh le Tirrenia in 2004.

(23) Ba é cuspóir na gconarthaí seirbhíse poiblí seo rialtacht agus iontaofacht líon mór seirbhísí iompair muirí a ráthú, a cheanglaíonn go príomha mórthír na hIodáile leis an tSicil, an tSairdín agus le roinnt oileáin bheaga eile de chuid na hIodáile. Chuige sin, dheonaigh Stát na hIodáile tacaíocht airgeadais i bhfoirm fóirdheontas a íocadh go díreach le gach ceann de na cuideachtaí i nGrúpa Tirrenia.

(24) D'fheidhmigh Siremar, atá faoi úinéireacht iomlán Tirrenia, sraith bealaí cabatáiste muirí, idir an tSicil agus roinnt oileáin níos lú in aice láimhe agus idir Milazzo agus Naples. Tugtar tuairisc ar na bealaí beachta lena mbaineann in aithris (41).

2.1.2. *Fadú na gCoinbhinsiún tosaigh*

(25) Fadaíodh na Coinbhinsiúin tosaigh, lena n-áirítear an ceann a bhí infheidhme maidir le Siremar, trí huaire.

(26) Ar dtús, le hAirteagal 26 de Dhlí Foraithne Uimh. 207 an 30 Nollaig 2008 ("Dlí Foraithne 207/2008"), tiontaíodh sa Dlí Uimh. 14 an 27 Feabhra 2009, leagadh síos fadú na gCoinbhinsiún tosaigh, a bhí le dul in éag ar dtús an 31 Nollaig 2008, go dtí an 31 Nollaig 2009.

([12]) Cinneadh (AE) 2020/1411 an 2 Márta 2020 ón gCoimisiún maidir leis an Státchabhair Uimh. C 64/99 (ex NN 68/99) arna cur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh cuideachtaí loingseoireachta Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (Grúpa Tirrenia) (IO L 332 an 12.10.2020, lch. 1–44).

([13]) Teachtaireacht ón gCoimisiún: An Creat Eorpach um Státchabhair i bhfoirm cúitimh na seirbhíse poiblí (IO C 8 an 11.1.2012, lch. 15–22).

([14]) Cinneadh (AE) 2020/1412 an 2 Márta 2020 ón gCoimisiún maidir leis na bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (11/C) (ex 11/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh Tirrenia di Navigazione agus a fhaighteoir Compagnia Italiana di Navigazione (IO L 332 an 12.10.2020, lch. 45–139).

([15]) Tá Fintecna faoi úinéireacht iomlán na hAireachta Geilleagair agus Airgeadais ("Aireacht Geilleagair") agus tá saineolas speisialta aige maidir le próisis scairsheilbhe agus phríobháidithe, chomh maith le bheith ag láimhseáil tionscadal chun cuideachtaí a bhfuil deacrachtaí tionsclaíocha, airgeadais nó eagraíochtúla acu a chuíchóiriú agus a athstruchtúrú.

(27) Ansin, le hAirteagal 19*ter* de Dhlí Foraithne Uimh. 135 an 25 Meán Fómhair 2009 ("Dlí Foraithne 135/2009"), a tiontaíodh i nDlí Uimh. 166 an 20 Samhain 2009 ("Dlí 2009"), leagadh síos, i bhfianaise phríobháidiú chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia, go ndéanfaí scairsheilbhe na gcuideachtaí réigiúnacha, gan Siremar san áireamh, a aistriú ón máthairchuideachta Tirrenia, mar a leanas:

(a) Caremar chuig Réigiún Campania. Ina dhiaidh sin, d'aistrigh Réigiún Campania an gnóthas leantach lenar oibríodh na naisc iompair le hoileánra Pontino le Réigiún Lazio (agus ag bunú Laziomar dá réir sin) ([16]);

(b) Saremar chuig Réigiún na Sairdíne;

(c) Toremar chuig Réigiún Tuscany.

(28) Sonraíodh i nDlí 2009 freisin go gcomhaontófaí na "Coinbhinsiúin" nua idir Stát na hIodáile agus Tirrenia agus Siremar faoin 31 Nollaig 2009. Mar an gcéanna, dhéanfaí na seirbhísí réigiúnacha a chumhdach i "gConarthaí Seirbhíse Poiblí" nua, a bheadh le comhaontú idir Saremar, Toremar, agus Caremar agus na húdaráis réigiúnacha faoi seach faoin 31 Nollaig 2009 (An tSairdéin agus Tuscany) agus an 28 Feabhra 2010 (Campania agus Lazio). Dhéanfaí na Coinbhinsiúin nua nó na Conarthaí Seirbhíse Poiblí a chur chun tairisceana i gcomhpháirt leis na cuideachtaí iad féin. Shíneodh úinéirí nua gach ceann de na cuideachtaí sin ansin an Coinbhinsiún nó an Conradh Seirbhíse Poiblí faoi seach ([17]).

(29) Chuige sin, fadaíodh tuilleadh le Dlí 2009 na Coinbhinsiúin tosaigh, lena n-áirítear an ceann is infheidhme maidir le Siremar, ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meán Fómhair 2010.

(30) Leagadh síos freisin i nDlí 2009 tairseacha seasta bliantúla i gcomhair cúitimh chun na seirbhísí a fheidhmiú ó 2010 (faoi fhadú na gCoinbhinsiún tosaigh agus faoi na Coinbhinsiúin nua agus na Conarthaí Seirbhíse Poiblí nua), ag méid iomlán EUR 184 942 251, mar a leanas:

Cuideachta	Uasmhéid an chúitimh bhliantúil
Tirrenia	EUR 72 685 642
Siremar	EUR 55 694 895
Saremar	EUR 13 686 441
Toremar	EUR 13 005 441
Caremar	EUR 29 869 832 ([18])

Tábla 1 – Tairseacha cúitimh ó 2010

(31) Ar deireadh, i nDlí Uimh. 163 an 1 Deireadh Fómhair 2010 ("Dlí 2010"), lenar tiontaíodh Dlí Foraithne Uimh. 125 an 5 Lúnasa 2010 ("Dlí Foraithne 125/2010"), leagadh síos fadú breise na gCoinbhinsiún tosaigh, lena n-áirítear an ceann is infheidhme maidir le Siremar, ón 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí gur tugadh próisis phríobháidithe Tirrenia agus Siremar chun críche.

2.1.3. *Príobháidiú Siremar agus síniú an Choinbhinsiúin nua*

(32) I mí Dheireadh Fómhair 2010, seoladh nós imeachta tairisceana chun ceannaitheoir a aimsiú le haghaidh bhrainse gnó de chuid Siremar (féach roinn 2.3.3). Sa chomhthéacs sin, déantar tagairt do bhrainse gnó Siremar, in ionad Siremar, ó tharla nár bhain an nós imeachta tairisceana ach amháin leis na sócmhainní agus leis na conarthaí sin is gá chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a dhéanamh ([19]), oibleagáidí a shonraítear i gCoinbhinsiún nua atá le tabhairt i gcrích leis an bhfaighteoir. Dá bhrí sin, déantar tagairt do "bhrainse gnó Siremar" in ionad díreach tagairt a dhéanamh do "Siremar". Bhí sócmhainní eile Siremar a bhí fágtha, amhail an mearlong Guizzo, a úsáideadh i gcomhair cuspóirí eile, le díol trí nósanna imeachta ar leithligh. Thairis sin, níor aistríodh chuig

([16]) Cuireadh an t-aistriú sin ar bhonn foirmiúil an 1 Meitheamh 2011.
([17]) Airteagal 19-*ter*, mír 10 de Dhlí Foraithne 135/2009.
([18]) Miondealaíodh an méid sin in EUR 19 839 226, arna dheonú ó Campania, agus EUR 10 030 606 arna dheonú ó Lazio.
([19]) Ar feadh an chinnidh sin, ba cheart brí ghinearálta a bhaint as "oibleagáidí seirbhíse poiblí", gan é a fhorléiriú i mbrí shonrach Airteagail 2 agus 4 den Rialachán Cabatáiste Muirí (féach fonóta 62) agus roinn 9 de na Treoirlínte Muirí (féach fonóta 111), i.e. mar oibleagáidí seirbhíse poiblí mar mhalairt ar chonarthaí seirbhíse poiblí, i.e. gan luach saothair ón Stát. Go deimhin, tugann an Coimisiún ar a aire go raibh luach saothair ón Stát i gceist leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a forchuireadh ar Siremar, CdI nó SNS.

an gceannaitheoir na fiachais a d'fhabhraigh Siremar mar thoradh ar an díolachán go dtí an dáta díolacháin. Go nuige seo, is ann fós do Siremar i Riarachán Urghnách (Siremar in EA) mar eintiteas ar leithligh cé go bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige é a leachtú tar éis a chuid creidiúnaithe a aisíoc.

(33) Tar éis a tairisceana rathúla sa nós imeachta tairisceana, an 20 Deireadh Fómhair 2011 shínigh CdI an conradh chun brainse gnó Siremar a fháil. Ansin, an 30 Iúil 2012, shínigh an Iodáil agus CdI an Coinbhinsiún nua chun seirbhísí muirí a sholáthar. Ar an mbonn sin, aistríodh úinéireacht bhrainse gnó de chuid Siremar ó Stát na hIndia chuig CdI an 31 Iúil 2012.

(34) Thug SNS – an chuideachta eile a raibh tairiscint istigh aici ar bhrainse gnó de chuid Siremar – dúshlán don aistriú áfach os comhair binsí fiosrúcháin riaracháin na hIodáile, a rialaigh sa deireadh thiar go gcaithfí cuid den nós imeachta tairisceana a athdhéanamh, agus fágadh CdI amach as tairiscintí nua a chur isteach (féach aithrisí (93) go (100)). Tar éis deimhniú a fháil maidir lena thairiscint roimhe sin, bhuaigh SNS an nós imeachta tairisceana athnuaite, agus thóg sé brainse gnó de chuid Siremar ar lámh agus shínigh an Coinbhinsiún nua leis an Iodáil an 11 Aibreán 2016.

(35) Ón dáta sin i leith, tá SNS ag oibriú na mbealaí faoin gCoinbhinsiún nua agus tá Siremar in EA agus CdI araon á leachtú.

2.2. **Bearta i raon feidhme Chinntí 2011 agus 2012**

(36) Bhí na bearta seo a leanas faoi réir measúnúcháin sa nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a cuireadh ar bun le Cinntí 2011 agus 2012 (féach freisin roinn 3):

(1) Cúiteamh chun SGEI a sholáthar faoi fhadú na gCoinbhinsiún tosaigh (beart 1);

(2) Fadú neamhdhleathach an chúnaimh tarrthála do Tirrenia agus Siremar (beart 2);

(3) Príobháidiú cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia ([20]) (beart 3);

(4) An cúiteamh a íocadh chun SGEI a oibriú faoi na Coinbhinsiúin/Conarthaí Seirbhíse Poiblí sa todhchaí (beart 4);

(5) An tosaíocht feistithe (beart 5);

(6) Na bearta arna leagan síos le Dlí 2010 (beart 6);

(7) Cúig bheart bhreise arna nglacadh ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar (beart 7) ([21]).

2.3. **Tuairisc mhionsonraithe ar na bearta atá faoi réir an Chinnidh seo**

(37) Ní láimhseáiltear sa Chinneadh seo ach amháin na bearta ó 1 go 6 mar atá liostaithe in aithris (36), a mhéid is a bhaineann siad le Siremar, CdI nó SNS. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar na bearta sin sna ranna seo a leanas.

2.3.1. *Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir an Stát agus Siremar*

2.3.1.1. Na hoibleagáidí seirbhíse poiblí

(38) Bhí foráil in Airteagal 1 den Choinbhinsiún tosaigh le Siremar le haghaidh pleananna 5 bliana chun na calafoirt atá le seirbheáil a mhionsonrú, an cineál soithí a úsáidfear agus minicíocht na seirbhíse a éilítear. Leasaíodh an coinbhinsiún tosaigh le Siremar in 1994 agus 1995.

(39) Ceadaíodh an chéad phlean 5 bliana (1990-1994) le Foraithne Aireachta an 29 Bealtaine 1990, agus bhí feidhm chúlghabhálach leis ón 1 Eanáir 1990. D'fhág an dara plean, lenar cumhdaíodh an tréimhse 1995-1999 agus a ceadaíodh le Foraithne Aireachta an 14 Bealtaine 1996, go raibh na bealaí agus na minicíochtaí gan athrú den chuid is mó.

(40) Maidir le tréimhsí 2000 – 2004 agus 2005 – 2008, níor glacadh aon phlean 5 bliana go foirmiúil maidir le Siremar. In ionad sin, fágadh an líonra bealaí agus minicíochtaí mórán mar an gcéanna idir 1999 agus 2008. Go deimhin, leagadh amach i bhForaithne Idir-Aireachta an 9 Márta 2004 ("Foraithne 2004") athruithe teoranta le haghaidh Siremar, maidir le sean-longa a athsholáthar agus méadú ar acmhainneacht faoi na minicíochtaí céanna ([22]).

([20]) Orthu sin tá an íocaíocht iarchurtha a rinne CIN ar chuid den phraghas ceannaigh chun brainse gnó Tirrenia a fháil agus roinnt beart cabhrach breise líomhnaithe i gcomhthéacs phríobháidiú bhrainse gnó de chuid Siremar (e.g. frithráthaíocht agus méadú ar chaipiteal ag an Stát do CdI).

([21]) Rinneadh measúnú ar Bheart 7 i gCinneadh 2014, cé is moite den tionscadal "Bonus Sardo – Vacanza"

([22]) Rinneadh athruithe áirithe ar phlean 5 bliana 2000-2004 Tirrenia le Foraithne 2004 agus áiríodh ann forálacha do chuideachtaí eile Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Siremar.

(41) Bunaithe ar an gCoinbhinsiún tosaigh, arna fhadú agus arna nuachóiriú (do na bealaí roghnaithe), d'fheidhmigh Siremar cúig bheart bealaí ar feadh na bliana ar fad idir an 1 Eanáir 2009 agus an 30 Iúil 2012, le minicíochtaí agus uainíochtaí éagsúla ag brath ar an mbealach aonair, cineál seirbhíse (bád farantóireachta nó ardluais), agus séasúr na bliana, mar a leanas:

— Ar an mbeart Milazzo – Oileáin Aeólacha – Naples, ina n-áirítear oileáin Vulcano, Lipari, Salina, Filicudi, Alicudi, Panarea agus Stromboli ("Oileáin Aeólacha") chomh maith le cathracha Milazzo sa tSicil agus Naples in Campania, sholáthair Siremar seirbhísí farantóireachta agus ardluais araon ar dheich mbealach aonair ([23]);

— an 17.6.2021

— Ar an mbeart Palermo – Ustica, sholáthair Siremar seirbhísí farantóireachta agus ardluais ar dhá bhealach aonair ([24]);

— Ar an mbeart Porto Empedocle – Oileáin Pelagie, ina n-áirítear oileáin Linosa agus Lampedusa ("Oileáin Pelagie"), thairg Siremar seirbhísí farantóireachta ar bhealach aonair amháin;

— Ar an mbeart Trapani – Pantelleria, sholáthair Siremar seirbhísí farantóireachta ar bhealach aonair amháin.

2.3.1.2. Buiséad agus fad

(42) Taispeántar sa tábla thíos an cúiteamh bliantúil a íocadh le Siremar sa tréimhse 2009 - mí Iúil 2012:

Bliain	Cúiteamh
2009	EUR 67 009 405
2010	EUR 55 694 895
2011	EUR 55 694 895
2012	EUR 32 348 816 (Mí Eanáir – Mí Iúil) ([25])

Tábla 2 – Cúiteamh 2009-2012 (EUR)

(43) Foráiltear leis an gCoinbhinsiún tosaigh (arna mhodhnú in 1994) go n-íocfar cúiteamh bliantúil seirbhíse poiblí mar a leanas: faoin 1 Márta gach bliain, réamhíocaíocht tosaigh atá coibhéiseach le 70 % den chúiteamh a íocadh an bhliain roimhe sin; faoin 30 Meitheamh, an dara híocaíocht ag cumhdach 20 % eile; faoin 30 Samhain, íocaíocht chríochnaitheach ag cumhdach iarmhéid an chúitimh don bhliain ábhartha, bunaithe ar mheastachán d'ioncaim agus de chaillteanais sa todhchaí ([26]). Déantar na torthaí deiridh a fhíorú ansin le linn don chuideachta an ráiteas bliantúil cuntas a ullmhú. Má tharla sé go bhfuair Siremar suim a bhí níos mó ná glanchostas na seirbhísí a soláthraíodh (ioncam lúide caillteanais), bhí sé faoi cheangal an difríocht a aisíoc laistigh de 15 lá ó ceadaíodh an ráiteas cuntas. Tar éis an 25 Samhain 2010, le cinneadh na Comhdhála Idir-roinne maidir le bunú an fhóirdheontais bhliantúil a bunaíodh faoi Airteagal 11 de Dhlí Uimh. 856/1986 idir an Aireacht Bonneagair agus Iompair (an "Aireacht Iompair"), an Aireacht Geilleagair, agus an Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch (an "Chomhdháil Idir-roinne"), déantar aon suim ró-chúitimh a asbhaint as réamhíocaíochtaí fóirdheontais sa todhchaí.

(44) Ríomhadh an cúiteamh ar bhealach difriúil in 2009, i gcomparáid le 2010, 2011 agus 2012 mar a thugtar tuairisc air thíos.

— Cúiteamh a deonaíodh in 2009

([23]) Bád farantóireachta: Milazzo – Oileáin Aeólacha – Naples; Milazzo – iarthar agus oirthear Eolie agus na naisc idir oileáin; Milazzo-Eolie (príomh-oileáin), bunaithe ag Milazzo; Milazzo-Eolie (príomh-oileáin), bunaithe ag Lipari. Ardluas: Milazzo – iarthar agus oirthear Eolie agus na naisc idir oileáin; Milazzo-Eolie (príomh-oileáin), agus na naisc idir oileáin, bunaithe ag Milazzo; na naisc idir oileáin, bunaithe ag Lipari; Milazzo-Eolie agus na naisc idir oileáin, bunaithe ag Lipari.

([24]) Bád farantóireachta: Palermo – Ustica. Ardluas: Ustica – Palermo.

([25]) Is ionann an figiúr sin agus an méid a íocadh le Siremar go dtí gur aistríodh úinéireacht bhrainse gnó de chuid Siremar chuig CdI. Íocadh EUR 23 346 079 le CdI don chuid eile de 2012. Ba ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le haghaidh 2012 mar sin agus EUR 55 694 895, rud lenar tugadh urraim dá bhrí sin don tairseach cúitimh a leagadh síos le Dlí 2009.

([26]) Idir 1988 agus 1994, ní raibh aon dara híocaíocht ann agus bhí an t-iarmhéid dlite faoin 31 Iúil gach bliain.

(45) Sonraítear i bhForaithne Uimh. 501 ón Uachtarán an 1 Meitheamh 1979 ("Foraithne 501/79 ón Uachtarán") na gnéithe éagsúla (ioncaim agus costais) a chuirtear san áireamh nuair a bhíonn an fóirdheontas a íoctar le hoibreoirí seirbhíse poiblí muirí á ríomh. Thairis sin, bhí foráil i nDlí Uimh. 856 an 5 Nollaig 1986 ("Dlí 856/86") le haghaidh athruithe áirithe ar an gcóras maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí muirí san Iodáil. Maidir leis na naisc le mór-oileáin agus le hoileáin bheaga, leasaíodh le hAirteagal 11 de sin na critéir chun cúiteamh na seirbhíse poiblí a ríomh. Go deimhin, b'éigean an fóirdheontas a ríomh bunaithe ar an difríocht idir ioncaim agus costais na seirbhíse arna gcinneadh le tagairt do mheán-pharaiméadair agus do pharaiméadair oibiachtúla, agus chaithfí toradh réasúnach ar chaipiteal a áireamh leo. Leagtar síos freisin san Airteagal céanna go gcaithfí an liosta de na bealaí a fuair fóirdheontas, an mhinicíocht agus na cineálacha long a bhí le húsáid a áireamh sna conarthaí seirbhíse poiblí. Bhí na fóirdheontais le formheas ag na hAirí freagracha. Léiríodh na prionsabail a bhí leagtha síos i bhForaithne 501/79 agus i nDlí 856/86 ón Uachtarán sna Coinbhinsiúin tosaigh.

(46) Go deimhin, le haghaidh 2009, ríomhadh an cúiteamh chun seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chomhlíonadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagadh síos leis na Coinbhinsiúin tosaigh a bhí i bhfeidhm ó 1991 agus a fadaíodh tar éis a ndáta éaga tosaigh an 31 Nollaig 2008. Go háirithe, bhí an cúiteamh ag comhfhreagairt do ghlanchaillteanas carntha maidir leis na seirbhísí a oibríodh faoi chóras na seirbhíse poiblí, ar cuireadh méid athraitheach leis, ag comhfhreagairt don toradh ar chaipiteal.

(47) Ba iad seo a leanas na gnéithe éagsúla costais a cuireadh san áireamh chun an cúiteamh arna shainiú ag na húdaráis phoiblí a ríomh: éadáil, costais fógraíochta agus chóiríochta, costais luchtaithe, díluchtaithe agus ionramhála, costais phearsanra, costais chothabhála long, costais riaracháin, costais árachais, costais chíosa agus léasaithe, costais bhreosla, cánacha agus dímheasa.

— Cúiteamh a deonaíodh in 2010, 2011 agus 2012

(48) Ó 2010, cinneadh an cúiteamh chun seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a fheidhmiú trí mhodheolaíocht nua a leagadh síos i dTreoir CIPE ([27]) an 9 Samhain 2007 dar teideal "Critéir maidir leis an sainmhíniú ar oibleagáidí seirbhíse poiblí agus na dinimicí maidir le táillí in earnáil an chabatáiste mhuirí um leas poiblí" ("an Treoir CIPE") ([28]). De réir an Réamhrá, eisíodh an Treoir CIPE i bhfianaise phríobháidiú na gcuideachtaí poiblí a fheidhmíonn seirbhísí muirí faoi chóras seirbhíse poiblí, príobháidiú atá ar na bacáin ([29]). Cuireadh na forálacha i dTreoir CIPE i bhfeidhm i leith na seirbhísí arna soláthar ag cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia ó 2010.

(49) Leis an modh a leagtar síos i dTreoir CIPE tugtar caoi do na cuideachtaí a oibríonn an tseirbhís phoiblí mhuirí toradh iomchuí a dhéanamh. Dhéanfaí ráta an toraidh ar chaipiteal ("toradh ar chaipiteal" nó "ROIC") a ríomh ar bhonn meánchostas ualaithe an chaipitil ("WACC"). Déanfar an toradh riachtanach ar chothromas ([30]) a ríomh ag úsáid na Samhla Praghsála i leith Sócmhainní Caipitiúla.

(50) Ar bhonn na samhla sin, díorthaítear costas an chothromais mar fheidhm de (i) an ráta saor ó riosca, (ii) an Beta (meastachán ar phróifíl riosca na cuideachta i gcoibhneas leis an margadh cothromais) agus (iii) an phréimh riosca cothromais a sannadh don mhargadh cothromais.

(51) Go háirithe, dhéanfaí costas an chothromais a ríomh trí phréimh a chur i bhfeidhm as riosca breise a iompar ar an ráta toraidh ar ghníomhaíochtaí saor ó riosca. Ríomhfar an phréimh sin mar phréimh riosca an mhargaidh arna iolrú faoina Beta, lena dtomhaistear an méid riosca a bhaineann le gníomhaíocht shonrach i gcoibhneas leis an margadh.

(52) De réir Threoir CIPE, comhfhreagraíonn an ráta toraidh ar ghníomhaíochtaí saor ó riosca don mheántoradh comhlán ar bhannaí tagarmhairc 10 mbliana le linn an 12 mhí roimhe sin, dá bhfuil sonraí ar fáil ina leith.

(53) Leagtar préimh riosca margaidh 4 % síos i dTreoir CIPE. Thairis sin, i gcás seirbhíse, a oibrítear ar bhonn neamheisiach, déantar 2,5 % breise a chur leis an bpréimh riosca margaidh a thugtar de luach saothair don oibreoir as an riosca níos mó a bhíonn á iompar aige, glactar leis.

(54) Ní féidir leis an méid cúitimh a íoctar le Siremar sa chleachtas áfach, mar a leagtar síos é i nDlí 2009, a bheith níos mó ná EUR 55 694 895 in aghaidh na bliana (féach aithris (30)). Cé go gcuirtear uasteorainn le Dlí 2009 ar an gcúiteamh bliantúil a íoctar le gach cuideachta Tirrenia as oibriú a gcuid oibleagáidí seirbhíse poiblí, áirítear coimircí áirithe sa Treoir CIPE chun a ráthú go n-áirithítear cumhdach leordhóthanach de chostais oibriúcháin do na hoibreoirí sin.

([27]) Seasann CIPE do *Comitato Interministeriale per la Programmazione Economica*.
([28]) *Gazzetta Ufficiale della Repubblica Italiana*, Uimh. 50 an 28 Feabhra 2008.
([29]) Amhail de bhun Airteagal 1, litir 999 de Dhlí Uimh. 296 an 27 Nollaig 2006 agus Airteagal 1, litir e) de Dhlí Foraithne 430/1997.
([30]) An ráta toraidh inmhianaithe d'infheisteoir cothromais i bhfianaise phróifíl riosca na cuideachta agus na sreabh airgid a bhaineann leis.

(55) Go háirithe, de réir Threoir CIPE, ní mór raon feidhme na seirbhísí, na huas-táillí agus an cúiteamh a shainiú chun cumhdach iomlán a cheadú don soláthraí seirbhíse ar na costais inghlactha uile, de réir na cothromóide seo a leanas:

$$VA(RSP) + VA(AI(X)) = VA(CA)$$

i gcás inarb amhlaidh:

— gurb ionann *VA(RSP)* agus luach lascainithe an chúitimh chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chur i gcrích;

— gurb ionann *VA(AI(X))* agus luach lascainithe ioncaim eile (fáltais ó tháillí agus fáltais eile);

— gurb ionann *(VA(CA))* agus luach lascainithe na gcostas oibriúcháin, aisíocaíocht fiachais agus an toradh ar chaipiteal.

(56) I gcás nach seastar leis an gcothromóid thuas, d'fhéadfaí raon feidhme na ngníomhaíochtaí fóirdheonaithe a laghdú, nó mar mhalairt air sin d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an eagraíocht seirbhíse (e.g. an cineál long), nó d'fhéadfaí na tairseacha táillí a mhodhnú.

(57) Thairis sin, déantar coigeartú gach bliain ar an uasteorainn táillí is infheidhme maidir le gach seirbhís, glan ar chánacha agus ar dhleachtanna calafoirt, ar bhonn foirmle praghasteorann mar a leanas:

$$\Delta T = \Delta P - X$$

i gcás inarb amhlaidh:

— ΔT gurb ionann é agus an t-athrú céatadáin san uasteorainn táillí;

— ΔP gurb ionann é agus an ráta boilscithe don bhliain tagartha;

— X gurb ionann é agus fíor-ráta coigeartaithe bliantúil na huasteorann táillí, a leagtar síos sa Choinbhinsiún nó sna Conarthaí Seirbhíse Poiblí, a bhíonn tairiseach gan athrú fad is a mhaireann an Coinbhinsiún nó na Conarthaí Seirbhíse Poiblí.

(58) Sonraítear freisin le Treoir CIPE go bhféadfar an uasteorainn táillí a choigeartú chun léiriú a thabhairt ar éagsúlachtaí i gcostais bhreosla, agus gnáthphraghsanna atá ar fáil go poiblí á n-úsáid mar thagairt.

2.3.2. *Fadú neamhdhleathach an chúnaimh tarrthála do Siremar*

(59) Ar 16 Samhain 2010, d'fhormheas an Coimisiún cúnamh tarrthála do Tirrenia agus Siremar ("Cinneadh 2010") ([31]). Bhí ráthaíocht cuimsithe sa chabhair maidir le línte creidmheasa a sholáthair bainc phríobháideacha le haghaidh suime suas le EUR 95 000 000. Gheall an Iodáil go gcuirfeadh sí in iúl don Choimisiún, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis údarú an bhirt maidir le cúnamh tarrthála, plean athstruchtúraithe nó cruthúnas go raibh an iasacht aisíoctha go hiomlán agus/nó go raibh an ráthaíocht foirceanta.

(60) Ina dhiaidh sin, d'údaraigh na bainc phríobháideacha "*Banca Infrastrutture Innovazione e Sviluppo*" ("BIIS") agus Unicredit, líne chreidmheasa de EUR 40 000 000 do Tirrenia agus Siremar (i.e. EUR 25 000 000 do Tirrenia agus EUR 15 000 000 do Siremar), agus socraíodh an dáta aibíochta ag 30 Meitheamh 2011. Ráthaigh an Stát an líne chreidmheasa sin an 15 Feabhra 2011.

(61) Dáileadh an maoiniú ansin mar a leanas:

(a) an chéad tráthchuid an 28 Feabhra 2011 (EUR 20 000 000 do Tirrenia agus EUR 12 000 000 do Siremar);

(b) an dara tráthchuid an 23 Márta 2011 (EUR 5 000 000 do Tirrenia agus EUR 3 000 000 do Siremar).

(62) Chuir an Iodáil in iúl don Choimisiún toisc nár íocadh amach an chéad tráthchuid den iasacht ráthaithe go dtí an 28 Feabhra 2011, go rachadh an tréimhse 6 mhí lena aisíoc de réir mhír 25(a) de threoirlínte an Chomhphobail ar Státchabhair chun gnólachtaí atá i gcruachás a tharrtháil agus a athstruchtúrú ("Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004") ([32]) agus maidir le haithrisí (32) agus (47) de Chinneadh 2010, in éag an 28 Lúnasa 2011.

(63) Roimh an dáta sin, mhainnigh Tirrenia agus Siremar ar an iasacht agus, mar thoradh air sin, an 11 Iúil 2011 rinne BIIS ráthaíocht an Stáit a ghlao. An dáta sin, bhí fiachas de EUR 15 121 838,33 ag Siremar dá bhrí sin i dtreo an Stáit. Áirítear leis sin príomhshuim na n-iasachtaí faoi seach agus ús gan íoc a bhí dlite don bhanc.

([31]) IO C 102 an 2.4.2011, lch. 1.
([32]) IO C 244 an 1.10.2004, lch. 2.

(64) D'údaraigh an Chúirt Féimheachta go ndéanfaí an Aireacht Geilleagair a chuimsiú i measc chreidiúnaithe tosaíochta "*prededucibili*" Tirrenia agus Siremar. De réir údaráis na hIodáile, mheas an Coimisinéir Urghnách a raibh bainistíocht na cuideachta ar a iontaoibh aige ag an am go bhféadfadh Siremar an maoiniú a aisíoc faoin 28 Lúnasa 2011, ag tarraingt ó fháltais phríobháidiú beartaithe bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar.

(65) An 25 Iúil 2011, síníodh an conradh chun brainse gnó Tirrenia a dhíol le CIN. Cuireadh moill áfach ar aistriú na sócmhainní agus dá bharr sin ar an íocaíocht freisin, i ngeall den chuid is mó ar dheacrachtaí chun na húdaraithe cumaisc ba ghá a fháil (ón gCoimisiún ar dtús, ansin ó údarás iomaíochta na hIodáile, "*Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato*" ("AGCM"). D'fhormheas AGCM idirbheart Tirrenia – CIN faoi dheireadh an 21 Meitheamh 2012, agus cuireadh an díolachán i gcrích an 19 Iúil 2012. An 20 Deireadh Fómhair 2011, síníodh an conradh chun brainse gnó de chuid Siremar a dhíol le CdI. Cuireadh moill áfach ar aistriú na sócmhainní sin freisin, go dtí an 1 Lúnasa 2012 sa chás sin (féach aithrisí (93) go (95)). An 18 Meán Fómhair 2012, d'aisíoc Siremar a fhiachas leis an Stát, lena n-áirítear ús, do mhéid iomlán EUR 15 511 529,35.

2.3.3. *Príobháidiú Siremar, an fhrithráthaíocht, agus an méadú ar chaipiteal CdI*

(66) An 23 Nollaig 2009, d'fhoilsigh Fintecna an chéad ghlao ar thairiscintí chun scairchaipiteal iomlán Tirrenia a dhíol, lena n-áirítear a fhochuideachta Siremar. An 19 Feabhra 2010, bhí 16 léiriú spéise faighte ó 19 eintiteas. An 4 Lúnasa 2010, tar éis teipeadh ar na caibidlíochtaí leis an t-aon tairgeoir amháin a chuir tairiscint ceangailteach isteach, dhearbhaigh Fintecna go raibh clabhsúr leis an nós imeachta. Dar leis an Iodáil, gur theip ar na caibidlíochtaí i ngeall ar imní a bhain le gnéithe airgeadais na tairisceana.

(67) Tar éis don chéad iarracht ar phríobháidiú teipeadh, scaoileadh Tirrenia agus Siremar, a raibh fíor-dheacrachtaí airgeadais acu, araon isteach sa nós imeachta dócmhainneachta comhchoiteann dá bhforáiltear faoi dhlí na hIodáile le haghaidh cuideachtaí móra, an nós imeachta riaracháin urghnách mar a tugadh air "*amministrazione straordinaria*" agus dearbhaíodh go gairid ina dhiaidh sin go raibh an dá chuideachta dócmhainneach. Níos sonraithe fós, scaoileadh Siremar isteach sa nós imeachta riaracháin urghnách an 17 Meán Fómhair 2010. An 5 Deireadh Fómhair 2010, thug Cúirt na Róimhe breithiúnas Uimh. 381/2010 faoinar dhearbhaigh sí go raibh Siremar dócmhainneach.

2.3.3.1. Na rialacha maidir leis an nós imeachta riaracháin urghnách

(68) Murab ionann agus an gnáth-nós imeachta féimheachta, arb é is príomhaidhm dó an chuideachta dhócmhainneach a leachtú d'fhonn éilimh na gcreidiúnaithe a chomhlíonadh, is nós imeachta dócmhainneachta sonrach é an nós imeachta riaracháin urghnách, a leagadh síos le Dlí Foraithne Uimh. 270 an 8 Iúil 1999 ("Dlí Foraithne 270/1999"), le haghaidh cuideachtaí móra, arb é is aidhm dó na sócmhainní a chosaint agus leanúnachas an ghnó a áirithiú.

(69) Faoin nós imeachta sin, aistrítear bainistíocht na cuideachta dócmhainne chuig Coimisinéir Urghnách arna cheapadh ag an Aireacht fhreagrach. Molann an Coimisinéir Urghnách plean téarnaimh an ghnó i gceist, trína athstruchtúrú nó trína chuid sócmhainní a dhíol. Tá an plean faoi réir údarú roimhe sin ón Aireacht fhreagrach, agus tuairim Bhord Maoirseachta á breithniú ag an am céanna (ar saineolaithe iad a chuid comhaltaí arna gceapadh ag an Aireacht).

(70) Le Dlí Foraithne Uimh. 347 an 23 Nollaig 2003 lena leagtar síos bearta práinneacha chun cuideachtaí móra dócmhainneacha a athstruchtúrú ("Dlí Foraithne 347/2003"), arna thiontú le leasuithe i nDlí Uimh. 39 an 18 Feabhra 2004 ("dlí Marzano"), rialaítear an nós imeachta riaracháin urghnách is infheidhme maidir le cuideachtaí móra dócmhainneacha a bheartaíonn dul faoin nós imeachta athstruchtúraithe sin. Caithfidh na cuideachtaí sin critéir áirithe a chomhlíonadh ar bhonn carnach maidir leis an líon fostaithe sa bhliain roimhe sin agus maidir leis an leibhéal féichiúnais.

(71) Ceanglaítear leis an nós imeachta go gcuirfeadh an chuideachta dhócmhainneach iarratas chuig Aire um Fhorbairt Eacnamaíoch na hIodáile agus achainí chuig an gCúirt féimheachta inniúil. Cinneann an Aireacht ansin ar an gcuideachta dhócmhainneach a scaoileadh isteach sa nós imeachta agus ceapann sí an Coimisinéir Urghnách faoi mhaoirseacht an Bhoird Maoirseachta, agus deimhníonn an Chúirt féimheachta staid dócmhainneachta na cuideachta.

(72) Laistigh de 180 lá óna cheapachán, ní mór don Choimisinéir Urghnách plean athstruchtúraithe a chur faoi bhráid na hAireachta. Ní spreagtar an gnáth-nós imeachta féimheachta ach amháin i gcás nach bhformheasann an Aireacht plean athstruchtúraithe den sórt sin agus i gcás nach bhfuil an nós imeachta malartach chun sócmhainní a dhíol inmharthana.

(73) Le hAirteagal 4 (4-*quater*) de Dhlí Foraithne Uimh. 134 an 28 Lúnasa 2008 ("Dlí Foraithne 134/2008"), tiontaíodh i nDlí Uimh. 166 an 27 Deireadh Fómhair 2008, maidir le bearta práinneacha chun cuideachtaí móra dócmhainneacha a athstruchtúrú "*Disposizioni urgenti in materia di ristrutturazione di grandi imprese in crisi*", tugadh isteach roinnt leasuithe ar an dlí Marzano. Tá na leasuithe sin infheidhme maidir le cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí poiblí riachtanacha, agus baineann siad *inter alia* leis an bhféidearthacht don Choimisinéir Urghnách ceannaitheoir a shainaithint ar shócmhainní na cuideachta atá dócmhainneach trí nós

imeachta caibidlíochta le páirtithe lena ráthaítear leanúnachas na seirbhíse poiblí go meántéarmach agus idirghabháil thapa. Sonraítear i nDlí Foraithne 134/2008 nach féidir leis an bpraghas díola a bheith níos ísle ná margadhluach na sócmhainní arna leagan síos ag saineolaí neamhspleách arna cheapadh ag foraithne Aireachta.

(74) Tugadh isteach freisin le Dlí Foraithne 134/2008 an fhéidearthacht chun plean diúscartha sócmhainne a shaothrú láithreach, i gcomparáid leis an gcóras roimhe sin, inar ceanglaíodh go gcuirfeadh an chuideachta plean athstruchtúraithe isteach chuig an Aireacht ar dtús. Ar deireadh, leagtar síos i nDlí Foraithne 134/2008, i gcás nach féidir plean diúscartha sócmhainní ná plean athstruchtúraithe a chur chun feidhme ná nach féidir leis an Aireacht é a fhormheas, go rachaidh an chuideachta faoin ngnáth-nós imeachta féimheachta sa chás sin.

2.3.3.2. An nós imeachta díolacháin

(75) An 4 Deireadh Fómhair 2010, foilsíodh an glao ar thairiscintí chun brainse gnó de chuid Siremar a dhíol ([33]) arna chuachadh leis gCoinbhinsiún nua 12 bhliain. Ba é aidhm an ghlao sin a sheiceáil cibé an raibh nó nach raibh aon eintiteas féideartha náisiúnta nó idirnáisiúnta ann a mbeadh suim acu brainse gnó de chuid Siremar a fháil, eintiteas a bheadh in ann leanúnachas na seirbhísí iompair a ráthú. Foilsíodh é ar shuíomh gréasáin Siremar, i gcúpla nuachtán ([34]) agus ar shuíomhanna gréasáin speisialaithe roghnaithe ([35]). Ba é an 20 Deireadh Fómhair 2010 an sprioc-am chun léirithe spéise a chur isteach maidir le brainse gnó de chuid Siremar a cheannach.

(76) Ar dhul in éag an sprioc-ama, bhí cúig léiriú spéise curtha isteach ag sé pháirtí (dhá pháirtí le chéile) le bheith rannpháirteach sa tairiscint maidir le Siremar. Léirigh gach ceann de na páirtithe sin gur chomhlíon siad an ceanglas a leagtar amach san fhógra tairisceana. Dá bhrí sin, thug an Coimisinéir Urghnách cuireadh dóibh seiceáil ghrinn díchill chuí a dhéanamh ar bhrainse gnó Siremar. Ceadaíodh rochtain ar an doiciméadacht ábhartha ar choinníoll gur shínigh na páirtithe leasmhara comhaontuithe rúndachta.

(77) Shocraigh ceann de na sé pháirtí gan páirt a ghlacadh sa chéim díchill chuí ([36]). Le linn na céime sin, fuair na cúig pháirtí a bhí fágtha (dhá cheann a bhí i mbun comhthairisceana) rochtain ar na seomraí sonraí fíorúla ina raibh siad seo a leanas:

(a) faisnéis theicniúil, dhlíthiúil agus airgeadais mhionsonraithe maidir leis an mbrainse gnó a cuireadh ar an margadh le díol;

(b) plean gnó bhrainse gnó Siremar, arna ullmhú ag an gCoimisinéir Urghnách;

(c) tuarascáil an díoltóra maidir le dícheall cuí agus clár comhardaithe na cuideachta ar an dáta ar ligeadh isteach sa nós imeachta riaracháin urghnách é;

(d) an dréacht-Choinbhinsiún nua 12 bhliain a bhí le síniú idir an tairgeoir rathúil agus an Stát;

(e) faisnéis bhreise a bhí riachtanach ionas go bhféadfadh ceannaitheoirí ionchasacha luacháil cheart a dhéanamh ar chuspóir an díolacháin.

(78) Trí Fhoraithne Aireachta an 4 Feabhra 2011, cheap an tAire um Fhorbairt Eacnamaíoch Banca Profilo S.p.A. mar an saineolaí neamhspleách a mbeadh sé de chúram air luacháil a dhéanamh ar bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar faoi Airteagal 4(4-*quater)* de Dhlí Foraithne 347/2003. An 8 Márta 2011, mheas Banca Profilo S.p.A. go raibh luach bhrainse gnó de chuid Siremar cothrom le EUR 55 milliún. Uaslódáladh an fhaisnéis sin chuig an seomra sonraí le haghaidh na dtairgeoirí ionchasacha uile roimh dhul in éag an sprioc-ama chun na tairiscintí ceangailteacha a chur isteach.

(79) An 15 Márta 2011, ar dhul in éag an sprioc-ama tosaigh chun na tairiscintí ceangailteacha a chur isteach, thug Coimisinéir Urghnách Siremar ar aird nach raibh aon tairiscint faighte aige a bhí comhsheasmhach le forálacha rialacháin na tairisceana. Athosclaíodh an nós imeachta dá bhrí sin, agus sprioc-am nua an 5 Aibreán 2011 ag gabháil leis. Ar an dáta sin, d'eisigh CdI tairiscint EUR 60,1 milliún, agus d'iarr Ustica Lines go ndéanfaí an sprioc-am a fhadú, chun an maoiniú riachtanach a fháil lena thairiscint féin a eisiúint. D'uaslódáil an Coimisinéir Urghnách tairiscint CdI chuig an seomra sonraí agus thug cuireadh do na rannpháirtithe eile feabhas a chur air faoin 23 Bealtaine 2011. Fuarthas na tairiscintí seo a leanas faoin dáta sin:

(a) Tairiscint EUR 69 milliún ó CdI, a raibh EUR 20 milliún de le híoc láithreach agus cuireadh an chuid eile de siar thar 10 mbliana (le 1,5 % ús);

(b) Tairiscint EUR 55,1 milliún ó SNS, a raibh EUR 30,1 milliún de le híoc láithreach agus cuireadh an chuid eile siar thar 8 mbliana (le 1,5 % ús).

([33]) Féach aithris (32) chun an cúlra breise a fháil maidir le húsáid an téarma "brainse gnó" sa chomhthéacs seo.
([34]) The Financial Times, Il Corriere della Sera, Il Sole 24 Ore, La Repubblica, Il Giornale, Il Mattino, Il Giornale di Sicilia, La Sicilia agus La Gazzetta del Sud.
([35]) Delloyd, Naftemporiki, Fairplay, Lloyd's List agus Tradewinds.
([36]) Ba é D.B. Real Estate 2 S.r.l. an páirtí sin.

(80) Bunaíodh CdI chun tairiscint a dhéanamh sa nós imeachta de chuid Mediterranea Holding di Navigazione S.p.A. ("Mediterranea"), Davimar Eolia Navigazione S.r.l. ("Davimar"), Navigazione Generale Italiana S.p.A ([37]). ("NGI"), Lauro.it S.p.A., Isolemar S.r.l. and Riccardo Sanges & C. S.r.l ([38]). Bhí cóimheas cothromais de 60 % ag Mediterranea in CdI ([39]). Bhí na scairshealbhóirí eile a raibh an 40 % eile de chothromas CdI acu faoi úinéireacht phríobháideach. Bhí Mediterranea rannpháirteach sa nós imeachta a bhain leis an gcéad iarracht a rinne Tirrenia ar phríobháidiú (féach aithris (66)) agus ba le Réigiún na Sicile é ("An tSicil") (43,02 %), le Lauro.it S.p.A. (34,36 %), le Isolemar S.r.l. (14,61 %) agus le Acies S.r.l. (8,11 %).

(81) Bunaíodh SNS chun tairiscint a dhéanamh i nós imeachta Ustica Lines S.p.A ([40]). agus Caronte & Tourist S.p.A ([41]) (sciar 50 % an ceann).

(82) An 26 Iúil 2011, tar éis tuilleadh iarrataí ar fhaisnéis chuig an dá thairgeoir, agus sprioc-am den 18 Iúil 2011, thug an comhairleoir airgeadais sa nós imeachta na barúlacha seo a leanas:

(a) Bhí tairiscint CdI níos airde i dtéarmaí absalóideacha ná tairiscint SNS, bhí próifíl riosca SNS níos ísle áfach ná próifíl CdI;

(b) bhí an chuid den phraghas díola a thairg SNS a íoc láithreach, i.e. EUR 30,1 milliún, ráthaithe go hiomlán, ach ní raibh an chuid den phraghas díola a thairg CdI, i.e. EUR 20 milliún, ach ráthaithe i bpáirt;

(c) Bhí méadú caipitil EUR 25 mhilliún formheasta agus curtha chun feidhme ag SNS cheana féin, i gcomparáid leis an méadú caipitil EUR 12 mhilliún a bhí formheasta ag CdI ach nach raibh ach cuid de curtha chun feidhme aige.

(83) An 3 Lúnasa 2011, d'eisigh an tSicil frithráthaíocht neamh-choinníollach agus neamh-inchúlghairthe ar Unicredit, gan é in aghaidh aon luach saothair, ar EUR 40 milliún. Tugtar air aird san fhrithráthaíocht sin go raibh coinníoll curtha ag Unicredit ar dheonú ráthaíochta chuig CdI le haghaidh EUR 39 milliún ar dheonú frithráthaíochta ar EUR 40 milliún ón tSicil.

(84) An 5 Lúnasa 2011, chuir CdI litir shóláis ar aghaidh chuig an gCoimisinéir Urghnách, arna heisiúint ag Unicredit an lá céanna, faoinar gheall an banc go ráthódh sé tráthchodanna iarchurtha an phraghais díola a thairg CdI suas go dtí EUR 39 milliún ([42]). Leagtar amach go mionsonraithe i litir shóláis Unicredit go raibh an ráthaíocht coinníollach ar: 1) conradh díolacháin bhrainse gnó de chuid Siremar a shíniú roimh an sprioc-am an 31 Nollaig 2011, agus 2) fíorú chumhachtaí Chuntasóir Ginearálta na Sicile chun an fhrithráthaíocht a eisiúint.

(85) Dheimhnigh an comhairleoir airgeadais agus sainchomhairleoirí eile a raibh baint acu leis an nós imeachta gur chuir CdI na doiciméid isteach tar éis an sprioc-ama an 18 Iúil 2011 chun soiléirithe breise agus fianaise dhoiciméadach a chur isteach agus nárbh fhéidir dá bhrí sin iad a chur san áireamh. Dá dheasca sin, an 29 Lúnasa 2011, d'fhormheas an Bord Maoirseachta do Siremar in EA go ndámhfaí an brainse gnó ar SNS agus an 1 Meán Fómhair 2011, d'iarr an Coimisinéir Urghnách ar an Aireacht fhreagrach an dámhachtain sin a údarú.

(86) An 2, 6 agus 7 Meán Fómhair 2011 sheol an tSicil litreacha chuig an Aireacht chéanna, ag cur béime gur thairg CdI an praghas ab airde agus go raibh sé faoi pháirt-úinéireacht na Sicile, rud ba cheart a mheas mar ráthaíocht leordhóthanach maidir lena chobhsaíocht airgeadais. Sheol an tSicil na nithe seo a leanas díreach chuig an Aireacht freisin: Litir shóláis Unicredit, a frithráthaíocht féin, agus comhairle dlí ag tabhairt fianaise maidir le cumhachtaí an Chuntasóra Ghinearálta chun an fhrithráthaíocht sin a eisiúint. An 8 Meán Fómhair 2011, d'iarr an Aireacht ar an gCoimisinéir Urghnách faisnéis agus soiléirithe breise a sholáthar maidir leis an méid a chuir CdI faoina bhráid, gan dochar don mhoill a bhain le cur isteach na ndoiciméad lenar bhain. An 22 Meán Fómhair 2011, chuir an comhairleoir airgeadais in iúl don Choimisinéir Urghnách, d'ainneoin nár thug CdI aon urraim do na sprioc-amanna nós imeachta, gur laghdaigh an doiciméadacht nua próifíl riosca CdI go mór, rud a chiallaigh nach bhféadfaí a mheas níos mó go raibh níos mó buntáiste ag baint le luach reatha thairiscint SNS i gcomparáid le tairiscint CdI.

(87) An 26 Meán Fómhair 2011, d'fhiosraigh an Aireacht le *Presidenza del Consiglio* maidir le cibé an bhféadfadh frithráthaíocht na Sicile maidir le hoibleagáidí airgeadais CdI aon ábhar imní a ardú maidir leis an Státchabhair. Dheimhnigh *Presidenza del Consiglio*, toisc go raibh coinníollacha curtha ag Unicredit lena chinneadh maidir le ráthaíocht a sholáthar ar fhrithráthaíocht de chuid na Sicile, go gcaithfí an fhrithráthaíocht a mheasúnú faoin bhFógra ón gCoimisiún maidir le hiarratas Airteagail 87 agus 88 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar Státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí ("an Fógra maidir le Ráthaíochtaí") ([43]).

([37]) Mar chuid de ghrúpa Caronte & Tourist faoi láthair.
([38]) Athraíodh a ainm ina dhiaidh sin go Sicilia Occidentale Marittima S.r.l.
([39]) Mhéadaigh go 65,32 % níos déanaí.
([40]) An 13 Aibreán 2016, d'athraigh Ustica Lines a ainm go Liberty Lines.
([41]) An 1 Meán Fómhair 2016, roinneadh SNS idir Caronte & Tourist, a oibríonn bealaí seirbhísí measctha an Choinbhinsiúin nua, agus Liberty Lines, a oibríonn na bealaí paisinéirí amháin den Choinbhinsiún nua. Tá gach cuideachta ag oibriú na línte faoi seach go neamhspleách i láthair na huaire, agus SNS S.p.A. mar *SNS Società Consortile per Azioni* agus é díreach ag gníomhú mar lárionad comhordúcháin le haghaidh caidreamh le húdaráis na hIodáile agus na Sicile.
([42]) Is gealltanas í an litir shóláis go n-eiseofar conradh ráthaíochta foirmiúil "*fidejussione*" sa todhchaí, faoi imthosca áirithe. Cuireann litir shóláis Unicredit an díoltóir faoi cheangal áfach agus is féidir í a mheas dá bhrí sin mar ráthaíocht faoin dlí maidir le Státchabhair.
([43]) Fógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 87 agus 88 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí, IO L 155 an 20.6.2008, lch. 10.

(88) An 27 Meán Fómhair 2011, d'iarr an Coimisinéir Urghnách údarú ón Aireacht chun céim bhreise den nós imeachta a sheoladh. Tar éis údarú den sórt sin a fháil, an 29 Meán Fómhair 2011 thug an comhairleoir airgeadais cuireadh do CdI agus SNS tairiscintí ceangailteacha nua agus feabhsaithe a chur isteach faoin 13 Deireadh Fómhair 2011.

(89) Chuir CdI tairiscint nua fheabhsaithe isteach, agus í leagtha amach mar a leanas:

(a) Praghas díola EUR 69,15 milliún, EUR 34,65 mhilliún le híoc láithreach agus an chuid eile curtha siar (EUR 13,8 milliún ag deireadh na tríú bliana, EUR 10,35 mhilliún ag deireadh na séú bliana, EUR 10,35 mhilliún ag deireadh na hochtú bliana, le 1,5 % ús);

(b) Mar ráthaíocht den phraghas díola: litir shóláis an 12 Deireadh Fómhair 2011 ó Unicredit (gealltanas chun méid na n-íocaíochtaí iarchurtha den phraghas nua díola arna thairiscint ag CdI a ráthú, i.e. EUR 34,5 mhilliún); fíordheimhniú ó nótaire maidir le rún na scairshealbhóirí caipiteal a mhéadú suas go dtí EUR 21,48 milliún (féach roinn 2.3.3.4); dhá litir ó MPS Capital Services, ag gealladh an chéad tráthchuid den phraghas díola a mhaoiniú (suas le EUR 20 milliún) agus an ráthaíocht EUR 5 mhilliún roimhe sin ar an tairiscint an 23 Bealtaine 2011 a fhadú.

(90) Dheimhnigh SNS an tairiscint a chuir sé isteach an 23 Bealtaine 2011.

(91) An 13 Deireadh Fómhair 2011, thug an riarachán urghnách agus a chomhairleoirí ar aird go raibh an tairiscint a rinne CdI comhsheasmhach le luach an bhrainse gnó arna mheas ag Banca Profilo agus go raibh níos mó buntáiste airgid ag baint leis ná an tairiscint a rinne SNS. Thairis sin, chomhlíon an plean gnó a bhí i gceangal le tairiscint CdI na ceanglais agus bhí fianaise leordhóthanach ann chun a chruthú go bhféadfadh CDI leanúnachas na seirbhíse poiblí muirí a áirithiú. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisinéir Urghnách ar an Aireacht an tairiscint a dhámhachtain do CdI.

(92) An 14 Deireadh Fómhair 2011, thug an Bord Maoirseachta a thuairim fhabhrach agus d'údaraigh an Aireacht dámhadh na tairisceana do CdI.

(93) An 20 Deireadh Fómhair 2011, shínigh Coimisinéir Urghnách Siremar agus CdI an conradh chun brainse gnó Siremar a dhíol. An 22 Samhain 2011, áfach, rinne SNS achomharc ar chinneadh an Choimisinéara Urghnách an brainse gnó a dhámhachtain do CdI os comhair *Tribunale Amministrativo Regionale* Lazio ("TAR").

(94) An 7 Meitheamh 2012, rialaigh TAR de chuid Lazio gur cuimsíodh Státchabhair leis an bhfrithráthaíocht a thug an tSicil do Unicredit le haghaidh cuid den phraghas díola a thairg CdI, gan beann ar cibé ar cuireadh i gcrích é nó ar tarraingíodh siar é sa deireadh thiar ("cinneadh 5172/2012"). Dhearbhaigh TAR go raibh nós imeachta díolacháin bhrainse gnó de chuid Siremar ar neamhní i bpáirt ([44]).

(95) Rinne Mediterranea achomharc ar an gcinneadh sin ag an *Consiglio di Stato* ("CdS"). Trí ordú eatramhach an 18 Iúil 2012, chuir sé sin cur i gcrích chinneadh 5172/2012 ar fionraí (gan rialú ar shubstaint an achomhairc). Dá bhrí sin, an 30 Iúil 2012, shínigh CdI an Coinbhinsiún nua chun an tseirbhís phoiblí a oibriú, agus an 1 Lúnasa 2012, d'aistrigh an Coimisinéir Urghnách brainse gnó de chuid Siremar chuig CdI.

(96) An 7 Feabhra 2014, rialaigh CdS ar shubstaint an achomhairc arna thaisceadh ag Mediterranea agus tháinig sé ar an gconclúid nár tugadh urraim san fhrithráthaíocht a sholáthair an tSicil do na prionsabail maidir le trédhearcacht agus neamh-idirdhealú a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta ("cinneadh 592/14"). Ina chinneadh, rialaigh CdS gur chuir an fhrithráthaíocht éifeachtacht iomlán an phrionsabail maidir le neamh-idirdhealú idir an dá rannpháirtí sa tairiscint i mbaol agus dhearbhaigh sé, dá bhrí sin, nós imeachta díolacháin bhrainse gnó de chuid Siremar ar neamhní i bpáirt (trí ghníomh dhámhadh na tairisceana chuig CdI a neamhniú). Go háirithe, bhí an ráthaíocht a thug Unicredit coinníollach de facto ar an tSicil an fhrithráthaíocht a eisiúint, fiú mura luaigh Unicredit é sin (féach roinn 2.3.3.5).

(97) Ní dhearnadh an conradh díolacháin a shínigh CdI le Stát na hIodáile tar éis na tairisceana a chur ar neamhní de bharr an bhreithiúnais a thug CdS. Go deimhin, ní dhearna CdS ach an dámhadh a chur ar neamhní, toisc gur ghníomh riaracháin a bhí ann, ach níor chuir sé an conradh díolacháin ná an Coinbhinsiún nua ar neamhní, ar chonarthaí dlí sibhialta iad. Dá bhrí sin, lean CdI ag oibriú na seirbhíse poiblí mar a leagtar síos sa Choinbhinsiún nua ([45]).

(98) An 9 Feabhra 2015, ar iarraidh ó údaráis na hIodáile agus SNS, rialaigh TAR Lazio maidir leis an léirmhíniú a thug CdS ar a chinneadh roimhe sin ó mhí an Mheithimh 2012 agus ar a chinneadh ó mhí Feabhra 2014 ("cinneadh 2351/15"). Ina chinneadh, rialaigh TAR Lazio gur ghá an chéim chríochnaitheach de nós imeachta

([44]) Go háirithe, cuireadh an t-údarú a thug an Aireacht don Choimisinéir Urghnách chun an brainse gnó a dhámhachtain do CdI, ar neamhní le cinneadh 5172/2012.

([45]) Rinne CdI achomharc freisin ar chinneadh 592/14, de bharr aistarraingthe a rinne CdS féin (a diúltaíodh an 4 Iúil 2014), agus i gcomhair neamhniú ag *Corte di Cassazione* (a diúltaíodh an 12 Eanáir 2016, le foilsiú an rialaithe an 4 Feabhra 2016).

díolacháin Siremar a athsheoladh ón 29 Meán Fómhair 2011 ([46]). Dheimhnigh TAR Lazio gur cheart CdI a eisiamh ón gcéim nua sin den nós imeachta. Rialaigh TAR Lazio freisin gurbh éigean don Aireacht Gheilleagair na bearta ba ghá a dhéanamh chun go mbeifí in ann an nós imeachta a athsheoladh laistigh de 120 lá ó dháta an bhreithiúnais.

(99) D'fhonn breithiúnas TAR Lazio a chur chun feidhme, rinne Siremar in EA:

— tairiscint CdI a eisiamh ón nós imeachta;

— d'fhíoraigh sé le SNS gurbh ann i gcónaí dá thairiscint an 23 Bealtaine 2011 de EUR 55,1 milliún (arna dheimhniú ag SNS an 19 Eanáir 2016);

— sheiceáil sé gur chomhlíon tairiscint SNS na ceanglais ba ghá i dtéarmaí soláthair seirbhísí poiblí agus an reachtaíocht is infheidhme;

— d'fhíoraigh sé luach na sócmhainní trí thuarascáil nua a coimisiúnaíodh do Ecorys (an "dara Tuarascáil Ecorys"), inar tugadh meastachán ar luach EUR 34,4-39,9 milliún (féach aithris (122));

— chealaigh sé conradh díolacháin an bhrainse gnó le CdI agus d'aistrigh chuig SNS fiachas EUR 37,1 milliún, a bhí íoctha cheana féin ag CdI ([47]);

— tar éis údarú na hAireachta a fháil an 6 Aibreán 2016, dhámh an brainse gnó do SNS an 11 Aibreán 2016.

(100) An dáta céanna, shínigh SNS agus an Aireacht Iompair an coinbhinsiún nua.

2.3.3.3. An conradh díolacháin le SNS

(101) Sainítear sa chonradh díolacháin idir Siremar in EA agus SNS brainse gnó de chuid Siremar arna aistriú mar bhrainse na cuideachta atá tiomanta do sholáthar seirbhísí iompair muirí faoi na hoibleagáidí seirbhíse poiblí leanúnaí ([48]). Go háirithe, leagtar amach go mionsonraithe in Airteagal 4 go bhfuil sócmhainní an bhrainse gnó liostaithe in iarscríbhinn, agus go gcumhdaítear leo ([49]) na sócmhainní doláimhsithe ([50]) agus inláimhsithe uile a d'úsáid an chuideachta chun a cuid oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

(102) Faoi Airteagal 5 den chonradh díolacháin, tá an praghas díola EUR 55,1 milliún iníoctha mar a leanas:

(a) EUR 37,1 milliún amhail ó shíniú an chonartha díolacháin (tríd an oibleagáid chun aisíocaíocht a dhéanamh le CdI a aistriú);

(b) Cuireadh an chuid eile siar mar a leanas, le hús 1,5 %: EUR 9 milliún, tar éis 72 mhí; EUR 9 milliún, tar éis 96 mhí.

(103) Leagtar síos in Airteagal 7(6)(d) den chonradh díolacháin go bhfuil an ceannaitheoir in ann, i gcomhréir le hAirteagal 4, mír 4-*quarter* de Dhlí Foraithne 347/2003, an leanúnachas seirbhíse a ráthú go meántéarmach.

(104) Leagtar amach go mionsonraithe in Airteagal 7(9) den chonradh díolacháin go ndéanfaidh an ceannaitheoir tairiscintí nua poist ar an bpearsanra riaracháin agus foirne uile atá tógtha suas le feidhmiú na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí, ag cur na gcáilíochtaí a fuarthas agus/nó coibhéis na dtuairiscí poist san áireamh, chomh maith le comhaontuithe féideartha leis na ceardchumainn. Leagtar amach go mionsonraithe freisin san airteagal, arna cheangal le hAirteagal 63(2) de Dhlí Foraithne 270/1999, nach mór don cheannaitheoir staonadh ó aon dífhostú neamhidirdhealaitheach ar feadh tréimhse 2 bhliain (an "coinníoll maidir le lucht saothair"). Faoi Airteagail 7(11) agus 7(12) den chonradh díolacháin, tá oibleagáid ar an gceannaitheoir an díoltóir a chur ar an eolas go tráthrialta maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin, agus íocfar pionóis shuntasacha i gcás sáruithe.

(105) Leagtar amach go mionsonraithe in Airteagal 8(12) den chonradh díolacháin nach mbeidh, i gcomhréir le hAirteagal 63(5) de Dhlí Foraithne 270/1999, an t-úinéir nua dlite chun aon cheann de na fiachais arna dtabhú ag Siremar roimh aistriú an bhrainse gnó a aisíoc.

([46]) Ba é sin an dáta ar thug an comhairleoir airgeadais cuireadh freisin do CdI agus SNS tairiscint incriminteach chríochnaitheach a chur isteach, de thoradh ghlacadh na ráthaíochta (agus na frithráthaíochta) arna cur isteach ag CdI an 5 Lúnasa 2011 ag Siremar in EA (féach aithris (88)).

([47]) EUR 34,6 milliún, móide ús agus boilsciú.

([48]) Tá forálacha agus coinníollacha atá an-chosúil lena chéile sa chonradh díolacháin a tugadh i gcrích roimhe sin idir Siremar in EA agus CdI. Tá formhór na ndifríochtaí idir na conarthaí ann de bharr an chomhthéacs difriúil a bhain leis an aistriú, eadhon an praghas agus an t-uainiú difriúil.

([49]) Paitinn agus cearta maoine intleachtúla; lamháltais, ceadúnais, trádmharcanna agus cearta comhchosúla; sócmhainní doláimhsithe eile.

([50]) Córais agus innealra; trealamh tionsclaíoch agus tráchtála; sócmhainní inláimhsithe eile.

2.3.3.4. Méadú ar an gcaipiteal

(106) An 13 Deireadh Fómhair 2011, bhí scairshealbhóirí CdI tiomanta dá chaipiteal a mhéadú suas go dtí EUR 21 480 236. An 3 Feabhra 2012, rinne Mediterranea, an scairshealbhóir is mó le breis is 60 % de scaireanna CdI, méadú ar an gcaipiteal é féin, agus dá bharr sin ní raibh an tSicil ar an scairshealbhóir ba mhó níos mó, agus laghdaíodh a sciar go dtí thart ar 43 %.

(107) Tháinig méadú ar chaipiteal CdI fad is a bhí an tSicil ar an scairshealbhóir ba mhó de chuid Mediterranea, a bhí (agus atá) ar an scairshealbhóir is mó de chuid CdI dá dhroim sin. Ba é cuspóir an mhéadaithe caipitil brainse gnó de chuid Siremar a fháil agus an coinbhinsiún nua a oibriú.

2.3.3.5. An fhrithráthaíocht

(108) Fad is a bhí an príobháidiú ag tarlú, d'eisigh an tSicil frithráthaíocht i bhfabhar Unicredit.

(109) Ar dtús, an 3 Lúnasa 2011, mar a thugtar tuairisc air in aithris (83), d'eisigh an tSicil frithráthaíocht i bhfabhar Unicredit, a thug deis dó sin an chéad litir shóláis a eisiúint 2 lá ina dhiaidh sin ag gealladh go ndéanfaí tráthchodanna iarchurtha an phraghais díola arna thairiscint ag CdI a ráthú (i.e., EUR 39 milliún). Bhí coinníoll sainráite sa litir sin maidir le bailíocht a ráthaíochta le bailíocht na frithráthaíochta a thug an tSicil.

(110) Ina dhiaidh sin, an 7 Deireadh Fómhair 2011, i gcéim níos déanaí den nós imeachta, dheimhnigh an tSicil go raibh sí ar fáil chun frithráthú a dhéanamh ar íocaíochtaí iarchurtha an phraghais nua díola suas go dtí méid EUR 34,6 milliún. An 12 Deireadh Fómhair 2011, mhodhnaigh an tSicil an fhrithráthaíocht an 3 Lúnasa 2011, ag ráthú íocaíochtaí suas le EUR 36 mhilliún. An lá céanna, d'eisigh Unicredit an dara litir shóláis a bhí áirithe sa tairiscint rathúil a rinne CdI ar a dtugtar tuairisc in aithris (89), gan a lua gurbh ann fós don fhrithráthaíocht a thug an tSicil, arna leasú.

(111) An 20 Samhain 2011, cuireadh frithráthaíocht a thug gach ceann de scairshealbhóirí CdI in ionad frithráthaíocht na Sicile. An 31 Eanáir 2012, sheol an tSicil litir chuig Siremar in EA ag maíomh gur cheart frithráthaíocht an 12 Deireadh Fómhair 2011 a bhreithniú mar cheann aisghairthe. An 3 Feabhra 2012, d'eisigh Unicreidt nóta inar deimhníodh nach raibh a ráthaíocht maidir le tráthchodanna iarchurtha an phraghais díola coinníollach ar fhrithráthaíocht ón tSicil.

2.3.3.6. Staidéar Banca Profilo

(112) Mar a thuairiscítear thuas (féach aithris (78)), cheap an tAire um Fhorbairt Eacnamaíoch Banca Profilo mar an saineolaí neamhspleách a raibh sé de chúram air luacháil a dhéanamh ar bhrainse gnó de chuid Siremar faoi Airteagal 4(4-quater) de dhlí Marzano. An 8 Márta 2011, d'eisigh Banco Profilo tuarascáil inar thug sé tuairisc ar na modheolaíochtaí luachála agus na sonraí luachála a d'úsáid sé, inar áiríodh plean gnó Siremar féin don tréimhse 2011-2022. Áiríodh leis an tuarascáil sin raon measta na luachanna le haghaidh brainse gnó Siremar.

(113) Tá luachálacha Banca Profilo bunaithe ar roinnt toimhdí lena n-áirítear, go mór mór, go mbeadh feidhm ag an gconradh nua seirbhíse poiblí go dtí go rachadh sé in éag agus go bhfaigheadh brainse gnó de chuid Siremar dá thoradh sin cúiteamh seirbhíse poiblí de bharr na naisc iompair mhuirí a leagtar síos sa chonradh sin a fheidhmiú. Ina thuarascáil luachála, úsáideann Banca Profilo modhanna an tSreafa Airgid Lascainithe agus an Bhreisluacha Eacnamaíoch mar a phríomh-mhodheolaíochtaí agus na modhanna maidir le hIolraí Margaidh agus Cothromas Margaidh mar mhodheolaíochtaí tánaisteacha chun críche rialaithe.

(114) Faoi mhodheolaíocht an tSreafa Airgid Lascainithe, cuireann Banco Profilo na nithe seo san áireamh: (i) na sreafaí airgid arna nginiúint go dtí dáta éaga an Choinbhinsiúin nua; (ii) luach leachtaithe bhrainse gnó de chuid Siremar ar lá éaga an Choinbhinsiúin nua, bunaithe ar an toimhde go mbeifear in ann leanúint de na hoibríochtaí tar éis an dáta sin. Faoi mhodheolaíocht an Bhreisluacha Eacnamaíoch, déanann Banca Profilo measúnú ar na nithe seo: (i) an luach coigeartaithe de réir na leabhar; (ii) an droch-thoil/dea-thoil; (iii) luach leachtaithe bhrainse gnó de chuid Siremar ar lá éaga an Choinbhinsiúin nua. Tá an measúnú sin ag brath ar shonraí ó phlean tionsclaíoch na cuideachta agus ar ríomhanna Banca Profilo féin.

(115) Maidir leis na modheolaíochtaí tánaisteacha, cuimsíodh iad seo a leanas leo. Tá an anailís ar Iolraí Margaidh bunaithe ar ríomhanna Banca Profilo ag úsáid sonraí Bloomberg le haghaidh naoi gcinn de chuideachtaí iompair muirí ar féidir comparáid a dhéanamh eatarthu. Cuimsítear leis an Modh Cothromais breithmheas ar ghlanluach na sócmhainní arna dtaifeadadh sa chlár comhardaithe ach le roinnt coigeartuithe maidir le sócmhainní agus dliteanais agus luach measta na sócmhainní neamhábhartha á chur leis.

(116) Tháinig Banca Profilo ar an gconclúid go raibh luach bhrainse gnó de chuid Siremar tráth a bhreithmheasa idir thart ar EUR 55 agus 61 milliún. Dá thoradh sin, chaithfí an t-íosphraghas don chuideachta sin a shocrú ag EUR 55 mhilliún.

2.3.3.7. An Chéad Tuarascáil Ecorys agus an Dara Tuarascáil Ecorys

(117) Le linn an imscrúdaithe, chuir an Coimisiún ar iontaoibh Ecorys margadhluach bhrainse gnó Siremar a shuí. Iarradh ar an sainchomhairleoir (i) margadhluach bhrainse gnó de chuid Siremar arna chuachadh leis an gCoinbhinsiún nua a shuí, (ii) margadhluach an bhrainse gnó a shuí gan aon choinníoll a chur i gceangal leis agus (iii) a shuí cibé ar ísligh nó nár ísligh an coinníoll maidir leis an lucht saothair an praghas díola.

(118) Chun luach bhrainse gnó de chuid Siremar arna chuachadh leis an gCoinbhinsiún nua a chinneadh, cuireadh na príomh-mhodheolaíochtaí a d'úsáid Banca Profilo i bhfeidhm freisin i gCéad Tuarascáil Ecorys. Go háirithe, chuir Ecorys na modheolaíochtaí maidir le Sreabhadh Airgid Lascainithe agus Breisluach Eacnamaíoch i bhfeidhm.

(119) Ar dtús, tháinig Ecorys ar an gconclúid, i gcás ina ndíolfaí brainse gnó de chuid Siremar gan aon choinníoll ceangailte leis, agus go háirithe d'uireasa an chonartha nua chun an tseirbhís phoiblí a fheidhmiú, go ndíolfaí an chuideachta ag a luach leachtaithe, ([51]) i.e. EUR – 0,3 milliún. Thug Ecorys ar aird go bhfuil an luach leachtaithe sin diúltach agus thug sé le fios nach rogha mhalartach inmharthana é leachtú láithreach dá bhrí sin (díolachán na long go bunúsach) le haghaidh oibreora eacnamaíoch de chuid an mhargaidh. Bhunaigh Ecorys an chonclúid sin ar an toimhde nach bhféadfadh brainse gnó de chuid Siremar leanúint dá chuid oibríochtaí go brabúsach gan cúiteamh seirbhíse poiblí. Thug Ecorys tuairisc ar na bealaí seirbhíse poiblí a bhí á bhfeidhmiú ag Tirrenia agus Siremar araon mar "*oibríochtaí lena mbaineann caillteanais mhóra agus líon íseal paisinéirí ag freastal orthu agus iad ag brath go hiomlán ar chistiú ó na Coinbhinsiúin*". Thairis sin, bhreithnigh Ecorys "*nach leor mar choinníollacha an fhéidearthacht chun cáilíocht na seirbhísí a athrú agus chun tuilleadh spáis a thabhairt chun praghsanna ticéad a shocrú ionas go mbeadh na bealaí sin inmharthana ar bhonn eacnamaíoch ó pheirspictíocht ghnó de*".

(120) Chomh maith leis sin, chun meastóireacht a dhéanamh ar bhrainse gnó de chuid Siremar arna chuachadh leis an gCoinbhinsiún nua, ghlac Ecorys leis nach ndéanfaí an Coinbhinsiún nua a fhadú ar a dháta éaga agus go ndéanfaí leachtú dá bhrí sin ar Siremar ([52]). Ar an mbonn sin, chinn Ecorys gurbh ionann íosluach margaidh bhrainse gnó de chuid Siremar agus EUR 57 milliún (i.e., 5 % níos mó ná an luacháil a thug Banca Profilo).

(121) An tríú rud, rinne Ecorys comparáid idir foireann bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar araon agus foireann roinnt cuideachtaí farantóireachta inchomparáide agus tháinig ar an gconclúid gur beag idir líon foirne agus struchtúr chostas pearsanra Siremar "*agus na gcuideachtaí inchomparáide sin, le tagairt do sciar chostas saothair na n-ioncam iomlán* ([53]) *agus an cóimheas costais saothair/foirne*" ([54]). Ar an mbonn sin, tháinig Ecorys ar an gconclúid nach bhfuil aon ghné ann a thaispeánann go raibh aon tionchar suntasach ag an gcoinníoll maidir le lucht saothair ar luach bhrainse gnó Siremar.

(122) Mar a mhínítear in aithris (99), choimisiúnaigh an Iodáil an dara Tuarascáil Ecorys freisin sular thug sé an nós imeachta díolacháin chun críche le SNS, chun a fhíorú gur léirigh an tairiscint athnuaite margadhluach an bhrainse gnó, arna bhronnadh leis an gconradh seirbhíse poiblí, ón 31 Lúnasa 2015. Sa Dara Tuarascáil Ecorys sin, arna heisiúint an 28 Deireadh Fómhair 2015, cuireadh an modh Sreabhadh Airgid Lascainithe i bhfeidhm mar a phríomhuirlis meastóireachta agus an Modh Cothromais chun stóinseacht a gcuid torthaí a sheiceáil. Ba ionann an meastachán nua a thug Ecorys agus EUR 34,4 milliún le modh an tSreafa Airgid Lascainithe, agus glacadh leis go mbeadh an coinbhinsiúin nua i bhfeidhm go dtí an 31 Iúil 2024. I gcás ina ndéanfaí an coinbhinsiún nua a fhadú go dtí an 31 Iúil 2026, bheadh luach measta bhrainse gnó de chuid Siremar cothrom le EUR 35,7 milliún ansin. Shaothraigh an modh Luachála Cothromais meastachán de EUR 39,9 milliún.

(123) Ar deireadh, i dteannta na tuarascála sin rinneadh comparáid idir an dá phlean gnó a d'ullmhaigh SNS: an chéad cheann, ag cumhdach na tréimhse 2011-2022 agus a scríobhadh i mí na Bealtaine 2011, agus an dara ceann, ag cumhdach na tréimhse 2016-2027 agus a scríobhadh i mí Feabhra 2016. Tháinig Ecorys ar an gconclúid nach raibh an dá phlean comhionann ina gcuid toimhdí agus nár áiríodh an leibhéal céanna mionsonraí leo (e.g., níor áiríodh an liosta bealaí agus minicíochtaí sa dara plean gnó). Go háirithe, ba iad seo na príomhdhifríochtaí idir na pleananna: na toimhdí maidir le húsáid an chabhlaigh, maidir le hamúchtaí, ar chostais foirne; agus an úsáid a baineadh as sonraí roimhe sin ó CdI, nach raibh ar fáil sa chéad phlean gnó. D'ullmhaigh Ecorys measúnú aon leathanach amháin freisin inar deimhníodh d'údaráis na hIodáile comhsheasmhacht loighciúil inmheánach dhara plean gnó SNS don tréimhse 2016-2027.

([51]) Ríomh Ecorys an luach sin mar an difríocht idir na costais a tabhaíodh chun an fhoireann uile a dhífhostú agus glanluach coigeartaithe shócmhainní bhrainse gnó Siremar. Rinneadh measúnú mar thoradh sin ar an anailís ar luach leachtaithe shócmhainní Siremar de EUR – 0,3 milliún. Déanann na costais téarfa, arbh ionann iad agus EUR 36,6 mhilliún, margadhluach na nglansócmhainní coigeartaithe a sheach-chur agus níos mó ná sin fiú.

([52]) Thug Ecorys ar aird cé nach féidir fadú den sórt sin a eisiamh, gur fhág éiginnteachtaí agus easpa aon fhaisnéise iontaofa maidir le coinníollacha aon athnuachana sa todhchaí go raibh sé réasúnta measúnú a dhéanamh ar luach bhrainse gnó de chuid Siremar gan beann ar aon síneadh a d'fhéadfaí a chur ar an gcóras seirbhíse poiblí sa todhchaí.

([53]) Breithníonn Ecorys go dtugann an cóimheas sin le fios cibé an bhfuil nó nach bhfuil an costas saothair forleathan i mbuiséad bhrainse gnó Siremar, i gcomparáid le cuideachtaí comhchosúla.

([54]) Breithníonn Ecorys go dtugann an cóimheas sin le fios cibé an bhfuil nó nach bhfuil costas saothair bhrainse gnó de chuid Siremar ar neamhréir i gcomparáid le cuideachtaí comhchosúla.

2.3.4. *An Coinbhinsiún nua*

2.3.4.1. An tairbhí

(124) Ar dtús, ba é CdI an tairgeoir rathúil do bhrainse gnó de chuid Siremar agus shínigh sé an Coinbhinsiún nua le haghaidh oibriú na mbealaí muirí an 30 Iúil 2012. Ansin, an 11 Aibreán 2016, chuaigh SNS in ionad CdI agus thosaigh ag feidhmiú na mbealaí céanna.

2.3.4.2. Na bealaí

(125) Faoin gCoinbhinsiún nua, b'éigean do CdI agus do SNS níos déanaí seirbhísí paisinéirí agus farantóireachta a sholáthar ar 20 bealach cabatáiste roinnte i 5 bheart, le minicíochtaí difriúla agus/nó bealaí difriúla uaireanta idir an ardséasúr agus an séasúr ciúin ([55]) (féach Table 3).

Naisc farantóireachta (measctha)	Naisc paisinéirí (mear-longa)
Beart Milazzo – Oileáin Aeólacha – Naples	
C/1: Milazzo – Vulcano – Lipari – Rinella – Panarea – Ginostra – Stromboli – Naples agus ar ais (ar feadh na bliana, dhá nasc in aghaidh na seachtaine)	ALC/2: Milazzo – Vulcano – Lipari – Rinella – Salina agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin ar a laghad in aghaidh an lae)
C/2: Milazzo – Vulcano – Lipari – Rinella – Salina agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin in aghaidh an lae, gan aon seirbhís ar an Domhnach sa séasúr ciúin)	ALC/3: Milazzo – Vulcano – Lipari – Salina – Panarea – Ginostra – Stromboli agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin ar a laghad in aghaidh an lae)
C/3: Milazzo – Vulcano – Lipari – Salina – Panarea – Ginostra – Stromboli agus ar ais (ar feadh na bliana, dhá nasc in aghaidh na seachtaine)	ALC/4: Milazzo – Vulcano – Lipari – Salina – Rinella – Filicudi – Alicudi agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin ar a laghad in aghaidh an lae)
C/4: Milazzo – Vulcano – Lipari – Salina – Rinella – Filicudi – Alicudi agus ar ais (ar feadh na bliana, cúig nasc in aghaidh na seachtaine san ardséasúr agus ceithre nasc in aghaidh na seachtaine sa séasúr ciúin)	ALC/6: Lipari –Vulcano – Milazzo agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin in aghaidh an lae)
C/6: Lipari –Vulcano – Milazzo agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin in aghaidh an lae)	ALC/2 BIS: Lipari – Rinella – Salina – Lipari (ar feadh na bliana, ceithre nasc in aghaidh na seachtaine san ardséasúr, trí cinn in aghaidh na seachtaine agus ceann amháin in aghaidh an lae suas go Salina sa séasúr ciúin)
Beart Palermo – Ustica	
D/1: Palermo – Ustica agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin in aghaidh an lae)	ALD/1: Ustica – Palermo agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin ar a laghad in aghaidh an lae)
Beart Trapani – Oileáin Egadi	
D/2: Trapani – Favignana – Levanzo – Marettimo agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin ar a laghad in aghaidh an lae)	ALD/2: Trapani – Favignana – Levanzo – Marettimo agus ar ais (ar feadh na bliana, dhá nasc in aghaidh an lae)
D/3: Trapani – Favignana – Levanzo – Trapani (ar feadh na bliana, dhá nasc in aghaidh an lae san ardséasúr, 12 in aghaidh na seachtaine agus naisc níos annaimhe ná sin chuig Levanzo sa séasúr ciúin)	ALD/3: Trapani – Favignana – Levanzo – Trapani (ar feadh na bliana, nasc amháin ar a laghad in aghaidh an lae)
	ALD/2 BIS: Marettimo – Levanzo – Favignana – Trapani agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin ar a laghad in aghaidh an lae)
	ALD/3 BIS: Trapani – Favignana – Levanzo – Trapani (ar feadh na bliana, dhá nasc ar a laghad in aghaidh an lae)

([55]) Ar feadh an chinnidh sin, tugtar an samhradh le fios leis an téarma "ardséasúr", agus tugtar an chuid eile den bhliain, atá i bhfad níos faide le fios leis an "séasúr ciúin".

Naisc farantóireachta (measctha)	Naisc paisinéirí (mear-longa)
Beart Trapani – Pantelleria	
D/4: Trapani – Pantelleria agus ar ais (ar feadh na bliana, nasc amháin in aghaidh an lae san ardséasúr, sé cinn in aghaidh na seachtaine sa séasúr ciúin)	
Beart Porto Empedocle – Oileáin Pelagie	
D/5: Porto Empedocle – Linosa – Lampedusa agus ar ais (ar feadh na bliana, sé nasc in aghaidh na seachtaine)	

Tábla 3 – Bealaí arna n-oibriú ag CdI agus ag SNS níos déanaí faoin gCoinbhinsiún nua

(126) Mionsonraítear in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nua conas a oibreofar gach ceann de na bealaí i dTábla 3 (e.g. an cineál long, minicíocht shéasúrach). Ina theannta sin, ní bheidh na táillí a ghearrfar ar na húsáideoirí níos mó ná na teorainneacha a leagtar síos le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún nua agus atá mionsonraithe san Iarscríbhinn A chéanna.

2.3.4.3. Marthanacht

(127) Tá fad 12 bhliain ag an gCoinbhinsiún nua idir an tSicil agus CdI agus é sin idir an tSicil agus SNS araon. Tháinig an conradh le SNS i bhfeidhm an 12 Aibreán 2016 agus rachaidh sé in éag an 11 Aibreán 2028.

2.3.4.4. Na hoibleagáidí seirbhíse poiblí

(128) Baineann na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a forchuireadh le naisc iompair muirí a bheidh le hoibriú (féach aithris (125)), cineál agus acmhainn na soitheach a sannadh do na bealaí muirí faoi seach a oibríodh, infhaighteacht long cúltaca chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú, minicíocht na seirbhíse, agus na huastáillí a gearradh ar úsáideoirí na seirbhíse ar gach ceann de na bealaí faoi seach.

2.3.4.5. An cúiteamh

(129) Tá uasteorainn EUR 55 694 895 de réir dlí ag gabháil leis an gcúiteamh bliantúil a gheobhaidh an chuideachta a bhfuil na hoibleagáidí seirbhíse poiblí arna sainiú sa Choinbhinsiún nua curtha ar a hiontaoibh. Cinnfear an méid cúitimh bunaithe ar an modheolaíocht arna leagan síos le Treoir CIPE (féach aithrisí (48) go (58)). Íocadh an cúiteamh leis an dá chuideachta mar a leanas:

	Cúiteamh a íocadh le CdI	Cúiteamh a íocadh le SNS
2012	EUR 23 346 079 (Mí Lúnasa-mí na Nollag)	—
2013	EUR 55 694 895	—
2014	EUR 55 694 895	—
2015	EUR 55 694 895	—
2016	EUR 15 397 836	EUR 40 297 059
2017	—	EUR 55 694 895
2018	—	EUR 55 694 895
2019	—	EUR 55 694 895

Tábla 4 – Cúiteamh 2012-2019

(130) Tá foráil in Airteagal 8 den Choinbhinsiún nua le haghaidh athbhreithniú tráthrialta 3 bliana ar raon feidhme na ngníomhaíochtaí fóirdheonaithe, chun a fhíorú nach bhfuil aon éagothroime airgeadais ann. Ina theannta sin, leagtar síos in Airteagal 9 den Choinbhinsiún nua go bhféadfaidh na páirtithe, faoi imthosca an-sonracha d'athruithe struchtúracha gan choinne ar na hioncaim nó na costais, agus in aon chás, tar éis an chéad bhliain de gach tréimhse 3 bliana amháin, go bhféadfaidh siad athbhreithniú den sórt sin a spreagadh níos túisce

2.3.5. *An tosaíocht feistithe*

(131) In Airteagal 19-*ter*, mír 21 de Dhlí Foraithne 135/2009 leagadh síos, ionas go ndéanfaí leanúnachas críche leis na hoileáin a ráthú agus i bhfianaise a gcuid oibleagáidí seirbhíse poiblí, go gcoinneodh cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Siremar, an feistiú a leithdháileadh cheana féin agus tosaíocht sa leithdháileadh ar shliotáin nua, i gcomhréir leis an nós imeachta arna leagan síos ag Údaráis Mhuirí na hIodáile arna bhunú le Dlí Uimh. 84 an 28 Eanáir 1994 agus Cód Muirí na hIodáile.

2.3.6. *Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010*

(132) Leagadh síos i nDlí 2010 an fhéidearthacht go mbainfeadh gnóthais iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Siremar, úsáid as na hacmhainní airgeadais a gealladh cheana d'uasghrádú agus nuachóiriú an chabhlaigh, ([56]) chun riachtanais phráinneacha leachtachta a chumhdach. Go háirithe, cuireadh ([57]) EUR 23 750 000 ar leataobh cheana féin chun na huasghráduithe ar Ghrúpa Tirrenia ina iomláine a íoc, dá bhfuil EUR 7 215 800 á chur ar leataobh le haghaidh Siremar, á tharraingt as dhá shaoráid. Ceanglaíodh ar ghnóthais an iar-Ghrúpa Tirrenia a d'úsáid na cistí sin chun críche leachtachta iad a thabhairt ar ais níos déanaí, ionas go bhféadfaí na huasghráduithe riachtanacha ar na longa a dhéanamh fós. Bhí gá leis na huasghráduithe sin chun caighdeáin idirnáisiúnta sábháilteachta áirithe a chomhlíonadh i ndiaidh Chomhaontú Stócólm 1996 ([58]).

(133) Ina theannta sin, leagadh síos na nithe seo a leanas freisin i nDlí 2010:

(a) Fadaítear na Coinbhinsiúin tosaigh ón 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí deireadh phróisis phríobháidithe Tirrenia agus Siremar (féach freisin aithris (31));

(b) Déantar Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009, arna thiontú le modhnuithe isteach i nDlí 2009, a leasú le tabhairt isteach mhír 24-*bis*. De réir na míre sin, tairbhíonn gach gníomh agus oibríocht oifigiúil de bhun míreanna 1-15 d'Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009 ó dhíolúine fioscach. Baineann na míreanna sin le léirscaoileadh na hearnála cabatáiste muirí trí phríobháidiú an ghrúpa Tirrenia;

(c) Chun a áirithiú go leanfar den tseirbhís phoiblí agus chun tacaíocht a thabhairt do phróiseas príobháidithe iar-chuideachtaí ghrúpa Tirrenia, féadfaidh na réigiúin ábhartha úsáid a bhaint as acmhainní *Fondo Aree Sottoutilizzate* ("FAS") ([59]) de bhun Threoir CIPE Uimh. 1/2009 an 6 Márta 2009 ([60]).

2.4. **Nós imeachta maidir le sárú Uimh. 2007/4609**

(134) Tar éis malartuithe roimhe sin idir seirbhísí an Choimisiúin agus údaráis na hIodáile, an 19 Nollaig 2008, sheol Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin atá freagrach as fuinneamh agus iompar iarraidh ar fhaisnéis chuig an Iodáil. Bhain an iarraidh sin i measc nithe eile, le forbhreathnú ar na bealaí seirbhíse poiblí ag an am agus ar an saindualgas seirbhíse poiblí arna shamhlú ag an Iodáil faoi na Coinbhinsiúin nua a moladh. Thairis sin, iarradh ar an Iodáil tuilleadh mionsonraí a sholáthar faoi na pleananna príobháidithe do Ghrúpa Tirrenia.

(135) Ina litir an 28 Aibreán 2009, sholáthair údaráis na hIodáile freagra mionsonraithe:

— Ag tabhairt ar aird go raibh gá síneadh a chur leis na Coinbhinsiúin tosaigh go dtí an 31 Nollaig 2009 chun léirscaoileadh na hearnála cabatáiste muirí san Iodáil a bhaint amach trí phríobháidiú Ghrúpa Tirrenia;

— Bhí siad ag áitiú go raibh gá leis an gcúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Ghrúpa Tirrenia chun leanúnachas críche a áirithiú leis na hoileáin trí naisc mhuirí nach bhfuil á soláthar ag oibreoirí príobháideacha ar an margadh;

([56]) Mar a leagtar síos le hAirteagal 19, mír 13-*bis* de Dhlí Foraithne 78/2009, a tiontaíodh i nDlí 102/2009 ("Dlí 102/2009"), agus le mír 19 d'Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009.

([57]) Na cistí uile (i.e. EUR 7 000 000) arna soláthar le mír 19 d'Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009 agus EUR 16 750 000 as na cistí arna soláthar le Dlí 102/2009.

([58]) Mionsonraíodh na caighdeáin sábháilteachta sin i dTreoir 98/18/CE ón gComhairle an 17 Márta 1998, arna trasuíomh i ndlí na hIodáile ag Dlí Foraithne Uimh. 45 an 4 Feabhra 2000, agus i dTreoir 2003/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003, arna trasuíomh i ndlí na hIodáile ag Dlí Foraithne Uimh. 52 an 8 Márta 2005 agus i dTreoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna trasuíomh i ndlí na hIodáile ag Dlí Foraithne Uimh. 65 an 14 Márta 2005.

([59]) Is ciste náisiúnta é FAS a thacaíonn le cur chun feidhme bheartas Réigiúnach na hIodáile.

([60]) *Gazzetta Ufficiale della Repubblica Italiana*, Uimh. 137 an 16 Meitheamh 2009.

— Chuir siad béim mhór gur cuireadh próiseas beacht cuíchóirithe i gcrích ar na bealaí an 10 Márta 2009. Mar chuid den phróiseas sin cuireadh san áireamh na gnéithe ábhartha sóisialta, fostaíochta agus eacnamaíocha, chomh maith leis an ngá naisc riachtanacha a chosaint don leanúnachas críche agus áiríodh mar chuid de comhairliúchán de na sé réigiún lena mbaineann. Mar thoradh ar an gcuíchóiriú sin chuirfí laghdú ar ghlanchostas na seirbhíse poiblí de thart ar EUR 66 mhilliún agus iomarcaíocht thart ar 600 ball den chriú atá fostaithe do Ghrúpa Tirrenia ina iomláine. Mheabhraigh an Iodáil freisin gur chomhlánaigh cuíchóiriú 2009 iarrachtaí a rinneadh roimhe sin (in 2004, 2006 agus 2008) chun na seirbhísí a bhí á n-oibriú ag Grúpa Tirrenia a laghdú;

— Ag míniú gurbh iad cuspóirí an chuíchóirithe (i) na naisc a raibh gá leo a choinneáil ar bun chun leanúnachas críche a áirithiú, le hoileáin agus an mórthír agus eatarthu, agus an ceart chun sláinte, staidéir agus soghluaisteachta, (ii) naisc a chuíchóiriú i gcás ina raibh oibreoirí príobháideacha a sholáthraíonn na naisc chéanna le linn na tréimhse ama céanna, le ráthaíochtaí comhchosúla cáilíochta agus leanúnachais, agus (iii) naisc ardséasúir agus ardluais nach n-iompraítear orthu ach amháin daoine a chuíchóiriú;

— Forbhreathnú a thabhairt ar na bealaí arna n-oibriú ag cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia le linn 2008 agus líon laghdaithe na mbealaí a d'oibreodh cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia in 2009. De réir údaráis na hIodáile, bheadh na bealaí sin mar bhunús ag na Coinbhinsiúin nua a bhí le tabhairt i gcrích le húinéirí nua chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia.

(136) An 21 Nollaig 2009, sheol Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin atá freagrach as fuinneamh agus iompar litir chuig údaráis na hIodáile ag tabhairt na nithe a leanas ar aird *inter alia*:

— In aghaidh an chúlra a bhain leis an ollchóiriú radacach ar earnáil an chabatáiste mhuirí san Iodáil, agus mar gheall ar an tionchar mór sóisialta a d'imreodh an príobháidiú, dá mba rud é go ndéanfaí na tairiscintí ar bhonn conradh simplí seirbhíse poiblí, gurbh inghlactha na cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil na conarthaí sin acu a chur chun tairisceana - i bprionsabal agus mar eisceacht - chun comhlíontacht a áirithiú le critéar an neamh-idirdhealaithe idir longúinéirí Comhphobail mar a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle ([61]) ("an Rialachán Cabatáiste Muirí").

— B'éigean srian a chur ar chúiteamh na seirbhíse poiblí chuig na línte sin ina raibh láithreacht leanúnach oibreoirí eile ar feadh na bliana ar fad teoranta. Chuige sin, iarradh soiléirithe maidir le teip mhargaidh ar bhealaí áirithe arna n-oibriú ag Tirrenia agus Caremar. Leagadh béim sa litir freisin nach bhféadfaí bonn cirt a thabhairt ach amháin do línte intíre (agus ní línte idirnáisiúnta) a áireamh i gconradh seirbhíse poiblí ar bhonn an chuspóra maidir le leanúnachas críche;

— Chuaigh conarthaí seirbhíse poiblí ghrúpa Tirrenia in éag an 31 Nollaig 2008 agus d'fhéadfadh an príobháidiú atá beartaithe ag an Iodáil níos faide a ghlacadh ná mar a síleadh. Cuireadh béim dá bhrí sin sa litir ar an bhféidearthacht maidir le litir fógra fhoirmiúil a sheoladh maidir le cur chun feidhme mícheart an Rialacháin Cabatáiste Muirí.

(137) An 22 Eanáir 2010, thug údaráis na hIodáile freagra ar litir seirbhísí an Choimisiúin an 21 Nollaig 2009:

— Ag tabhairt ar aird gur chomhaontaigh an Coimisiún i bprionsabal leis an gcur chuige beartaithe chun Grúpa Tirrenia a phríobháidiú in éineacht le conarthaí nua seirbhíse poiblí;

— Ag soláthar mínithe ar na bealaí dá raibh roinnt ceisteanna ardaithe ag an gCoimisiún ina leith;

— Ag lua go raibh an glao ar léirithe spéise maidir le díolachán Tirrenia (lena n-áirítear Siremar) foilsithe an 23 Nollaig 2009. Thug an Iodáil le fios go raibh sé i gceist aici príobháidiú Ghrúpa Tirrenia ina iomláine a chur i gcrích faoin 30 Meán Fómhair 2010;

— Ag iarraidh ar an gCoimisiún a dheimhniú go mba leor na hargóintí a soláthraíodh maidir le teip mhargaidh.

(138) An 29 Eanáir 2010 ([62]) sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil maidir le sárú an Rialacháin Cabatáiste Muirí. Mheabhraigh an Coimisiún sa litir sin go gceanglaítear leis an Rialachán go ndéanfaidh Ballstát conarthaí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích nó oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur, tráth ar bith a dhéanann sé amhlaidh, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach i leith longúinéirí uile an Chomhphobail. De réir Airteagal 4(3) den Rialachán Cabatáiste Muirí, féadfaidh feidhm a bheith fós le conarthaí seirbhíse poiblí atá ann cheana suas go dtí dáta

([61]) Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm ar iompar muirí laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí), IO L 364 an 12.12.1992. Tugann an Coimisiún dá aire nach gcuireann an Rialachán Cabatáiste Muirí de cheangal ar Bhallstáit a gcuideachtaí iompair mhuirí a phríobháidiú seachas an margadh sonrach sin a léirscaoileadh agus sin amháin.

([62]) Glacadh an litir fógra fhoirmiúil an 28 Eanáir 2010 ach níor tugadh fógra don Iodáil fúithi go dtí an lá dar gcionn.

éaga an chonartha ábhartha. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gur lean cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia de bheith ag oibriú seirbhísí iompair mhuirí tar éis do na conarthaí seirbhíse poiblí faoi seach a bheith dulta in éag (na Coinbhinsiúin tosaigh). Bhí na Coinbhinsiúin sin, go háirithe, le dul in éag ag deireadh 2008 ach d'fhadaigh an Iodáil arís agus arís eile iad. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar údaráis na hIodáile a gcuid barúlacha a thíolacadh.

(139) An 29 Eanáir 2010, thug Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin atá freagrach as fuinneamh agus iompar freagra ar litir údaráis na hIodáile an 22 Eanáir 2010. Thug an tArd-Stiúrthóir le fios gur leormhaith na réasúnuithe a soláthraíodh maidir leis na línte arna n-oibriú ag Tirrenia chun an t-amhras a cuireadh in iúl roimhe sin a bhaint. Ina theannta sin, rud dearfach a thug an tArd-Stiúrthóir ar aird ná, tar éis na hiarrata a rinne sé roimhe sin, go raibh nasc idirnáisiúnta bainte ag an Iodáil as an dréacht-Choinbhinsiún nua le haghaidh Tirrenia. Maidir leis na ceisteanna a ardaíodh i leith bealaí arna n-oibriú ag Caremar, níor measadh go raibh na réasúnuithe leordhóthanach ach amháin le haghaidh roinnt de na bealaí sin. Iarradh dá bhrí sin ar an Iodáil soiléirithe breise a sholáthar maidir le roinnt bealaí de chuid Caremar. Mheabhraigh an tArd-Stiúrthóir nach bhféadann conarthaí seirbhíse poiblí ach bealaí dá bhfuil teip mhargaidh ann a chumhdach. Chuir an tArd-Stiúrthóir i dtábhacht freisin nár bhain a fhreagra ach le comhlíontacht leis an Rialachán Cabatáiste Muirí agus ní le haon saincheist a bhain le Státchabhair.

(140) An 29 Márta 2010, thug údaráis na hIodáile freagra ar litir fógra fhoirmiúil an Choimisiúin an 29 Eanáir 2010:

— Ag meabhrú gur chomhaontaigh seirbhísí an Choimisiúin, ina litir an 21 Nollaig 2009 (féach aithris (136)), i bprionsabal le príobháidiú Ghrúpa Tirrenia trí bhíthin chuachadh na gcuideachtaí le conarthaí nua seirbhíse poiblí;

— Ag tabhairt ar aird nár spreagadh fadú na gCoinbhinsiún tosaigh ach amháin leis an ngá a bhí ann leanúnachas in oibriú na seirbhíse poiblí muirí a áirithiú go dtí go dtabharfaí na próisis phríobháidithe faoi seach chun críche;

— Ag deimhniú go raibh sé mar rún acu an próiseas príobháidithe a dhéanamh faoin 30 Meán Fómhair 2010 ionas go léirscaoilfí earnáil an chabatáiste mhuirí faoin dáta sin;

— Ag soláthar achoimre ar an bpróiseas príobháidithe le haghaidh Tirrenia (lena n-áirítear Siremar). Thug an Iodáil le fios go háirithe tar éis fhoilsiú an ghlao ar léirithe spéise, gur chuir 19 eintiteas 16 léiriú spéise isteach an 19 Feabhra 2010. Mar chuid den chéim díchill chuí, osclaíodh seomra sonraí an 22 Márta 2010 agus bheadh sé sin ar oscailt go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2010. Ag an am, bhí an Iodáil ag súil go bhféadfaí an conradh díolacháin a shíniú faoi lár mhí Iúil 2010 agus go mbeifí in ann an úinéireacht a aistriú faoi mhí Mheán Fómhair 2010;

— Soiléiríodh go nglacfadh 11 pháirtí leasmhara páirt sna chéad chéimeanna eile den nós imeachta tairisceana le haghaidh Toremar.

— Cuireadh béim go bhféadfadh an éiginnteacht leanúnach a thiocfadh chun cinn de thoradh leanúint den nós imeachta sáraithe na próisis phríobháidithe a chur i mbaol agus go bhféadfadh sé difear a dhéanamh ar bhealach diúltach do luach na gcuideachtaí arna gcur ar tairiscint;

— Thairg comhar iomlán leis an gCoimisiún chun aon amhras atá fágtha a shoiléiriú maidir leis an nós imeachta sáraithe agus le saincheisteanna féideartha maidir le Státchabhair.

(141) An 10 Meán Fómhair 2010, chuir údaráis na hIodáile an Coimisiún ar an eolas le linn cruinniú *ad hoc*, go raibh an nós imeachta maidir le príobháidiú Tirrenia agus Siremar curtha ar ceal ag an gcéim chríochnaitheach agus, dá dheasca sin, nach gcomhlíonfaí an sprioc-am den 30 Meán Fómhair. Ina theannta sin, thuairiscigh údaráis na hIodáile gur cuireadh moill ar na nósanna imeachta iomaíocha le haghaidh conarthaí Caremar, Saremar, Siremar agus Toremar. Ina dhiaidh sin, le Dlí 2010 fadaíodh na Coinbhinsiúin tosaigh a thuilleadh go dtí gur tugadh próisis phríobháidithe Tirrenia agus Siremar chun críche.

(142) Tar éis na bhforbairtí sin, sheol an Coimisiún litir chomhlántach fógra fhoirmiúil an 24 Samhain 2010. Sa litir sin, rinne an Coimisiún an méid seo a leanas:

— Thug sé dá aire gur cuireadh síneadh uathoibríoch, gan aon nós imeachta iomaíoch, le Coinbhinsiún tosaigh Tirrenia, Siremar, Caremar, Saremar agus Toremar;

— Chuir sé in iúl cé gurb amhlaidh a leantar de bheith ag cur i bhfeidhm na gconarthaí seirbhíse poiblí i gceist, níor tugadh chun críche aon nós imeachta iomaíoch;

— Léirigh sé gur fhorchoimeád sé a cheart chun tuairim réasúnaithe a eisiúint más gá (agus aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith tugtha ag an Iodáil á cur san áireamh).

(143) An 21 Meitheamh 2012, ghlac an Coimisiún tuairim réasúnaithe maidir leis an moill ar phríobháidiú trí chuideachta (Caremar, Laziomar agus Saremar) de chuid iar-Ghrúpa Tirrenia. Ós rud é gur tugadh na nósanna imeachta tairisceana le haghaidh na dtrí chuideachta eile (Tirrenia, Toremar agus Siremar) chun críche le linn 2011 ([63]), níor cumhdaíodh na cuideachtaí sin leis an tuairim réasúnaithe. Thug an Coimisiún dá aire nach raibh nósanna imeachta iomaíocha curtha i bhfeidhm ag an Iodáil chun conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain le haghaidh cabatáiste mhuirí oibrithe ag na trí chuideachta Caremar, Laziomar agus Saremar, níos mó ná 3 bliana tar éis ghnáthdhul in éag na gCoinbhinsiún tosaigh faoi seach. I gcodarsnacht leis sin, cuireadh síneadh uathoibríoch agus éiginnte leis na Coinbhinsiúin sin, rud a chuir cosc ar longúinéirí eile de chuid an Chomhphobail dul in iomaíocht le haghaidh dhámhachtain na gconarthaí sin.

(144) An 8 Lúnasa 2012, thug údaráis na hIodáile freagra ar an tuairim réasúnaithe á rá go raibh, nó gur ghearr go mbeadh, fógraí tairisceana maidir le conarthaí seirbhíse poiblí nua a dhámhachtain do na cuideachtaí dearlaicthe foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Go háirithe, le haghaidh Caremar, foilsíodh an fógra an 20 Iúil 2012 agus le haghaidh Laziomar seoladh an fógra lena fhoilsiú an 1 Lúnasa 2012. Ar deireadh, le haghaidh Saremar glacadh dlí an 2 Lúnasa 2012 lenar ceanglaíodh fógra den sórt sin a fhoilsiú faoin 2 Deireadh Fómhair 2012.

(145) An 13 Eanáir 2014, tháinig Compagnia Laziale di Navigazione chun bheith ar an úinéir nua ar Laziomar agus shínigh sé conradh seirbhíse poiblí 10 mbliana le haghaidh naisc le hoileánra Pontine. An 16 Iúil 2015, ghlac ATI SNAV-Rifim úinéireacht ar Caremar agus cuireadh conradh seirbhíse poiblí 9 mbliana ar a iontaoibh. Ar deireadh, tar éis Chinneadh 2014, cuireadh Saremar faoi leachtú agus dámhadh an conradh seirbhíse poiblí le haghaidh na mbealaí idir an tSairdín agus oileáin bheaga do Delcomar i Márta 2016.

(146) I litir uathu an 15 Iúil 2016, chuir údaráis na hIodáile an Coimisiún ar an eolas gur tugadh chun críche príobháidiú chuideachtaí uile iar-Ghrúpa Tirrenia. An 8 Nollaig 2016, chinn an Coimisiún an nós imeachta um shárú a thabhairt chun críche.

3. FORAIS MAIDIR LEIS AN NÓS IMEACHTA A THIONSCNAMH AGUS SÍNEADH A CHUR LEIS

3.1. Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir an Stát agus Siremar

3.1.1. *Comhlíontacht le Altmark agus cabhair a bheith ann*

(147) I gCinneadh 2011 uaidh, thug an Coimisiún an réamhthuairim nach raibh an sainmhíniú ar na hoibleagáidí seirbhíse poiblí soiléir go leordhóthanach agus dá réir sin nach raibh an Coimisiún in ann teacht ar chonclúid chinnte maidir le cibé acu a bhí nó nach raibh earráid fhollasach ann. Go háirithe, fiú dá d'áiteodh údaráis na hIodáile go raibh iomaitheoirí Siremar ar na bealaí a thagann faoi raon feidhme mhisean na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ina n-oibreoirí a sholáthair seirbhísí muirí go cothrom faoi chúiteamh poiblí, gan réamh-shainmhíniú ar leibhéal na seirbhísí a cheanglaítear, ní fhéadfadh an Coimisiún teacht ar chonclúid maidir le cibé acu a bhí nó nach raibh fíorghá le seirbhís phoiblí sna bealaí sin.

(148) Thug an Coimisiún an réamhthuairim gur comhlíonadh an dara critéar de bhreithiúnas Altmark ([64]), toisc gur bunaíodh roimh ré na paraiméadair a bhí mar bhonn le ríomh an chúitimh agus gur urramaíodh na ceanglais trédhearcachta leo. Go háirithe, thug an Coimisiún dá aire go dtugtar tuairisc ar na paraiméadair sin sa Choinbhinsiún tosaigh (le haghaidh cúiteamh a bhaineann leis an mbliain 2009) agus i dTreoir CIPE (le haghaidh cúiteamh ó 2010 ar aghaidh).

(149) Mheas an Coimisiún, áfach, gur chosúil nár comhlíonadh an tríú critéar de bhreithiúnas Altmark agus go mb'fhéidir gur tugadh róchúiteamh do na hoibreoirí i leith fheidhmiú na gcúraimí seirbhíse poiblí. Go háirithe, chuir an Coimisiún in iúl go raibh amhras air maidir le cibé acu a léiríonn nó nach léiríonn an phréimh riosca 6,5 %, a bhfuil feidhm aici ó 2010 ar aghaidh, leibhéal iomchuí riosca ó tharla gur chosúil *prima facie* nár ghlac Siremar chuige féin na rioscaí a iompraítear de ghnáth in oibriú na seirbhísí sin.

(150) Thug an Coimisiún an réamhthuairim freisin nár comhlíonadh an ceathrú critéar Altmark a mhéid nár cuireadh fadú na gCoinbhinsiún tosaigh amach chun tairisceana. Thug an Coimisiún dá aire thairis sin nach bhfuair sé aon fhianaise le tacú leis an argóint gurbh amhlaidh a sholáthair Siremar na seirbhísí lena mbaineann ar an gcostas ba lú don phobal.

(151) Tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid dá bhrí sin gur státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a bhí sna cúitimh seirbhíse poiblí a íocadh le Siremar le linn 2009-2011. Ina theannta sin, ba é tuairim an Choimisiúin gur cheart a mheas gur cabhair nua an chabhair sin.

(152) I gCinneadh 2012 uaidh, mheas an Coimisiún a mhéid a bhí na coinníollacha uile gan athrú in 2012 agus go teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin nua, gur státchabhair a bhí sa chúiteamh a deonaíodh do Siremar freisin ón 1 Eanáir 2012 faoi fhadú breise ar an gCoinbhinsiún tosaigh.

([63]) Fiú murar tharla aistriú foirmiúil na húinéireachta ar Tirrenia, Toremar agus Siremar ach in 2012

([64]) Féach Breithiúnas an 24 Iúil 2003 i gCás C-280/00 *Altmark Trans*, ECLI:AE:C:2003:415.

3.1.2. *Comhoiriúnacht*

(153) I gCinneadh 2011 uaidh, thug an Coimisiún an réamhthuairim nach dtagann an cúiteamh seirbhíse poiblí le haghaidh na mblianta 2009-2011 faoi raon feidhme Chinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ([65]) ná faoi raon feidhme Chreat 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ([66]). Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú ar an mbeart sin go díreach faoi Airteagal 106(2) CFAE agus shuigh sé go raibh amhras air maidir le cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha comhoiriúnachta is infheidhme.

(154) I gCinneadh 2012, thug an Coimisiún dá aire gur tháinig pacáiste nua seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i bhfeidhm an 31 Eanáir 2012, arb é a bhí ann Cinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ([67]) agus Creat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Thug an Coimisiún an réamhthuairim, áfach, nach bhféadfaí a mheas go raibh an cúiteamh seirbhíse poiblí faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ná díolmhaithe ón gceanglas fógra faoi Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(155) Rinneadh foráil le Dlí 2010 maidir le fadú an Choinbhinsiúin tosaigh ón 30 Meán Fómhair 2010 go deireadh an phróisis príobháidithe. Bhí Siremar i gcruachás an tráth a glacadh Dlí 2010 (féach aithris (67)). Dá thoradh sin, an cúiteamh a fuair an chuideachta amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí a príobháidiú, ní fhéadfaí measúnú a dhéanamh air ar bhonn Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Ina ionad sin, bunaithe ar mhír 9 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, thug an Coimisiún an réamhthuairim gur cheart measúnú a dhéanamh ar an gcabhair sin ar bhonn Threoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004.

(156) Thug an Coimisiún dá aire nár comhlíonadh na critéir chomhlíontachta a leagtar síos le Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004 sa chás sin agus dá bhrí sin thug sé an réamhthuairim gurbh é a bheadh sa chúiteamh a íocadh le Siremar i gcruachás cabhair athstruchtúraithe neamh-chomhoiriúnach.

3.2. **Fadú neamhdhleathach an chúnaimh tarrthála do Siremar**

(157) I gCinneadh 2012, thug an Coimisiún an réamhthuairim gur fadaíodh an cúnamh tarrthála go neamhdhleathach ón 28 Lúnasa 2011 go dtí an 18 Meán Fómhair 2012 agus gurbh é a bhí i bhfadú an chúnaimh tarrthála le linn na tréimhse sin cabhair neamh-chomhoiriúnach do Tirrenia agus Siremar agus, b'fhéidir, dá gceannaitheoirí faoi seach freisin. Go háirithe, thug an Coimisiún dá aire nach raibh plean athstruchtúraithe ná leachtaithe curtha isteach ag an Iodáil laistigh de 6 mhí tar éis eisíoc na chéad tráthchoda den chúnamh tarrthála leis na cuideachtaí sin, mar a cheanglaítear le Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004. Mheas an Coimisiún freisin nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le fadú an chúnaimh tarrthála mar a leagtar síos i dTreoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004.

3.3. **Príobháidiú Siremar, an fhrithráthaíocht, agus an méadú ar chaipiteal CdI**

3.3.1. *Príobháidiú Siremar*

(158) I gCinneadh 2011, léirigh an Coimisiún go raibh amhras air an raibh an nós imeachta tairisceana chun brainse gnó de chuid Siremar a dhíol trédhearcach agus neamhchoinníollach go leordhóthanach chun a áirithiú gur tharla an díol ar phraghas an mhargaidh.

(159) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire, cé gur foilsíodh an glao ar léiriú spéise i nuachtáin éagsúla agus ar roinnt suíomhanna gréasáin, gur chosúil nár tugadh mionsonraí ar raon feidhme an díolacháin sa ghlao ná nár tugadh aon treoir shoiléir ann do thairgeoirí maidir le céimeanna an nós imeachta ina dhiaidh sin. Ba chosúil nach raibh aon chritéar réamhcháilíochta ná roghnúcháin ná aon choinníoll eile sa ghlao arbh éigean do na tairgeoirí é a chomhlíonadh seachas an coinníoll sainordaitheach leanúint den tseirbhís phoiblí a sholáthar. Thairis sin, níor cuireadh an fhaisnéis ábhartha uile a mhéid a bhaineann leis na sócmhainní faoi réir an nós imeachta díolacháin ar fáil do na tairgeoirí ach le linn na céime díchill chuí.

(160) Ar an dara dul síos, mheas an Coimisiún freisin go mb'fhéidir go raibh an líon tairgeoirí srianta le ceanglais áirithe a forchuireadh sa phríobháidiú nó go mb'fhéidir go raibh tionchar aige sin ar an bpraghas díola. D'athluaigh an Coimisiún a chleachtas bunaithe maidir le sócmhainní gnóthas faoi úinéireacht Stáit a bheith á ndíol ag an Stát nó inchurtha i leith an Stáit: breithnithe neamheacnamaíocha, nach ndéanfadh díoltóir príobháideach, amhail ábhair imní beartais phoiblí, fostaíochta nó forbartha réigiúnaí, is comhartha ar státchabhair a bheith ann iad, más amhlaidh a fhorchuirtear leo oibleagáidí dochraideacha ar an gceannaitheoir ionchasach agus más dóigh dóibh an praghas díola a laghdú dá bhrí sin.

([65]) Cinneadh ón gCoimisiún an 28 Samhain 2005 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 86(2) de Chonradh CE maidir le státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear ar a n-iontaoibh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú, IO L 312 an 29.11.2005, lch. 67-73.

([66]) *Community framework for State aid in the form of public service compensation* [Creat Comhphobail le haghaidh státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí], IO C 297 an 29.11.2005, lch. 4-7.

([67]) Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2011 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 106(2) CFAE maidir le státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear ar a n-iontaoibh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú, IO L 7 an 11.1.2012, lch. 3-10.

(161) Bhí nósanna imeachta díolacháin bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar bunaithe ar an nós imeachta a leagtar síos le dlí Marzano (féach aithris (70)). Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú ar an dá nós imeachta le chéile. Mheas sé gurbh é a tháinig as díol na mbrainsí gnó ar cuireadh na Coinbhinsiúin nua ar a n-iontaoibh oibleagáid ar na ceannaitheoirí an tseirbhís phoiblí a sholáthar faoi réir oibleagáidí cáilíochta, minicíochta agus táille réamhbhunaithe a leagtar síos leis na Coinbhinsiúin nua. Trí na hoibleagáidí sin a fhorchur, ba chosúil don Choimisiún nár fhéach an Stát leis an bpraghas ab airde a fháil, ach cuspóirí leasa phoiblí a shaothrú ina ionad sin. Mheas an Coimisiún gur beag seans go mbeadh an suntas céanna tugtha ag díoltóir príobháideach d'oibriú gan bhriseadh na seirbhíse poiblí.

(162) Ar an mbealach céanna, mheas an Coimisiún nach bhforchuirfeadh díoltóir príobháideach, ag oibriú faoi ghnáthdhálaí margaidh, an oibleagáid leibhéil fostaíochta a choinneáil ar bun ar feadh 2 bhliain.

(163) Ar na cúiseanna thuas, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid nach raibh nós imeachta príobháidithe bhrainse gnó de chuid Siremar trédhearcach ná neamhchoinníollach go leordhóthanach chun a áirithiú as féin gur tharla an díolachán ar phraghas an mhargaidh. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Coimisiún a eisiamh gur tugadh buntáiste eacnamaíoch don ghníomhaíocht eacnamaíoch a díoladh nó don cheannaitheoir.

(164) Mheas an Coimisiún freisin, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, go mbeadh aon chabhair a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn le linn an phróisis príobháidithe neamh-chomhoiriúnach.

3.3.2. *An fhrithráthaíocht*

(165) I gCinneadh 2012, thug an Coimisiún an réamhthuairim gurbh é a d'fhéadfadh a bheith i bhfrithráthaíocht na Sicile maidir le tráthchodanna iarchurtha an phraghais díola le haghaidh bhrainse gnó de chuid Siremar cabhair do CdI mar an t-iasachtaí agus do Unicredit mar an chéad ráthóir.

(166) Go deimhin, ba chosúil gur ceadaíodh do CdI leis an bhfrithráthaíocht tairbhiú de ráthaíocht, rud nach mbeadh deonaithe murach sin nó a bheadh deonaithe ar théarmaí éagsúla ba lú fabhar. Thug an Coimisiún dá aire, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, gur chosúil nach bhfuarthas luach saothair i leith na frithráthaíochta.

(167) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire gur chosúil go raibh seasamh an Chuntasóra Ghinearálta de chineál go raibh tionchar aige ar an bpróiseas cinnteoireachta sa tSicil. I bhfianaise a rannpháirtíochta i mbainistíocht laethúil Mediterranea, agus sciar suntasach Mediterranea i gcaipiteal CdI, mheas an Coimisiún gur dhócha gur deonaíodh an fhithráthaíocht chun fabhar a thabhairt do CdI sa phróiseas díola, seachas ar théarmaí an mhargaidh.

(168) Thug an Coimisiún dá aire freisin maidir leis na doiciméid a bhí curtha isteach ag an Iodáil chun a chruthú nár tugadh aon éifeacht leis an bhfrithráthaíocht, níorbh ann dóibh sular dámhadh an tairiscint do CdI. Os a choinne sin, eisíodh an dá dhoiciméad tar éis do SNS gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(169) Ar deireadh, mheas an Coimisiún go mb'fhéidir gur tugadh buntáiste eacnamaíoch do Unicredit freisin, mar an chéad ráthóir, leis an bhfrithráthaíocht trí laghdú a dhéanamh ar na rioscaí atá bainteach lena ráthaíocht féin, mura bhfuarthas luach saothair i leith na frithráthaíochta le préimh iomchuí.

(170) Ar bhonn na mbreithnithe thuas, thug an Coimisiún an réamhthuairim go mb'fhéidir gur chabhair do Unicredit agus CdI a bhí sa fhrithráthaíocht.

3.3.3. *An méadú i gcaipiteal CdI*

(171) I gCinneadh 2012, mheas an Coimisiún go bhféadfadh an méadú ar an gcaipiteal a rinne Mediterranea buntáiste a thabhairt do CdI, a mhéid nár iompair an tSicil mar infheisteoir sa mhargadh príobháideach. Thairis sin, mheas an Coimisiún go raibh an méadú ar an gcaipiteal a rinne Mediterranea maoinithe le hacmhainní Stáit agus inchurtha i leith an Stáit.

(172) Dá bhrí sin, thug an Coimisiún an réamhthuairim go mb'fhéidir gur chabhair do CdI a bhí sa mhéadú ar an gcaipiteal.

3.3.4. *Comhoiriúnacht*

(173) I gCinneadh 2011, mheas an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, go mbeadh aon chabhair a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn le linn an phróisis príobháidithe neamh-chomhoiriúnach.

(174) I gCinneadh 2012, mheas an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gurbh é a bhí sa fhrithráthaíocht agus sa mhéadú i gcaipiteal CdI cabhair oibriúcháin, rud atá neamh-chomhoiriúnach i bprionsabal leis an margadh inmheánach.

3.4. **An Coinbhinsiún nua idir Stát na hIodáile agus CdI**

(175) I gCinneadh 2012, thug an Coimisiún an réamhthuairim nár chomhlíon an cúiteamh le ceannaitheoir bhrainse gnó de chuid Siremar (CdI an tráth sin) na critéir a leagtar síos i mbreithiúnas Altmark agus gur cabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a bhí ann dá bhrí sin.

(176) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sin bunaithe ar na breithnithe seo a leanas:

(a) bhí iomaitheoirí ar chosúil go raibh seirbhísí comhchosúla á dtairiscint acu i láthair ar a laghad ar bhealaí áirithe a bhí á n-oibriú ag CdI;

(b) ba chosúil go raibh mar thoradh ar ríomh an chúitimh de bhun Threoir CIPE gur tugadh róchúiteamh don oibreoir as an tseirbhís phoiblí a sholáthar ar na cúiseanna céanna a luaitear i gCinneadh 2011;

(c) an ceathrú critéar de Bhreithiúnas Altmark ([68]) ba chosúil nár urramaíodh é, ós rud go ndearnadh brainse gnó de chuid Siremar dá dearlacadh Coinbhinsiún nua, seachas an conradh seirbhíse poiblí ann féin, a thairiscint amach agus nár léiríodh gur cumasaíodh leis sin roghnú an tairgeora a bhí in ann na seirbhísí a sholáthar don phobal ar an gcostas ba lú.

(177) Maidir le comhoiriúnacht an chúitimh le CdI, rinne an Coimisiún measúnú air sin ar dtús faoi Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Mar sin féin, ós rud é gur chosúil go raibh fad an chonartha níos faide ná 10 mbliana agus ó tharla go raibh sé in amhras faoi chomhréireacht an chúitimh, thug sé an réamhthuairim nach bhféadfaí a mheas go raibh an cúiteamh comhoiriúnach ar bhonn Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Rinne an Coimisiún measúnú ansin ar chomhoiriúnacht na cabhrach faoi Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, agus shuigh sé go raibh amhras air maidir le cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha comhoiriúnachta uile an Chreata sin.

3.5. **An tosaíocht feistithe**

(178) I gCinneadh 2011, thug an Coimisiún an réamhthuairim gurb amhlaidh, a mhéid nach bhfaightear luach saothair i leith na tosaíochta feistithe, is buntáiste rialála an beart nach mbaineann aon aistriú ar acmhainní Stáit leis agus nach féidir leis dá bhrí sin cáiliú mar státchabhair. Má thugtar luach saothair i leith na tosaíochta feistithe, mheas an Coimisiún, a mhéid a sholáthraíonn Siremar fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus nach ndeonaítear an tosaíocht sin ach i ndáil le bealaí a chumhdaítear leis an tseirbhís sin lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, nach mbeadh buntáiste breise eacnamaíoch mar thoradh ar an méid sin ós rud é go mbeadh sé ina dhlúthchuid de sholáthar na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(179) Ós rud é gur léirigh sé go raibh sé in amhras faoi dhlisteanacht mhisean na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ní fhéadfadh an Coimisiún teacht ar chonclúid maidir le comhoiriúnacht an bhirt dá mba chabhair é.

3.6. **Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010**

(180) I gCinneadh 2011, thug an Coimisiún an réamhthuairim gur státchabhair i bhfabhar chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Siremar, a bhí sna bearta a leagtar síos le Dlí 2010. Is é a bhí sna bearta sin: (1) go bhféadfaí, chun críoch leachtacha, úsáid a bhaint as na cistí a bhí curtha in áirithe chun na longa a uasghrádú; (2) na díolúintí fioscacha a bhaineann leis an bpróiseas príobháidithe; (3) úsáid fhéideartha acmhainní FAS. Go deimhin, thug an Coimisiún dá aire gurbh amhlaidh, leis na bearta thuasluaite uile, a ceadaíodh do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia na costais a bheadh le seasamh de ghnáth trína n-acmhainní airgeadais féin a sheachaint. Mar thoradh air sin, bhí na cuideachtaí sin in ann feabhas a chur ar a staid airgeadais fhoriomlán.

(181) Thug an Coimisiún an réamhthuairim freisin gur dhócha gur cabhair oibriúcháin a bhí sna bearta sin lena laghdaítear na costais a bheadh le seasamh murach sin ag Siremar féin, agus ag na cuideachtaí féin eile de chuid iar-Ghrúpa Tirrenia, agus gur cheart a mheas dá bhrí sin go bhfuil na bearta sin neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

4. BARÚLACHA ÓN IODÁIL

(182) Tar éis Chinneadh 2011 agus Chinneadh 2012, chuir an Iodáil litreacha agus doiciméid éagsúla isteach ar na bearta uile ar a ndéantar measúnú sa Chinneadh seo. Déantar achoimre sa roinn seo ar na príomhargóintí agus na príomhionchair a cuireadh i láthair ([69]).

4.1. **Maidir leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus an timpeallacht iomaíoch**

(183) Sholáthair an Iodáil liosta de na bealaí atá oibrithe ag Siremar agus atá faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí, lena n-áirítear minicíocht de réir séasúir agus tráthchláir, an timpeallacht iomaíoch agus na cúiseanna atá le forchur oibleagáidí seirbhíse poiblí.

(184) A mhéid a bhaineann le fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bheith ann, thug an Iodáil dá haire go n-áirithítear leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchuireann sí ar Siremar agus ar CdI agus SNS ina dhiaidh sin, ó thaobh tráthrialtachta, leanúnachais agus cáilíochta de, seirbhís shásúil a nascann an tSicil lena hoileáin atá níos lú. Rannchuidíonn an tseirbhís sin le forbairt eacnamaíoch na n-oileán sin, agus ráthaíonn sí an tráth céanna riachtanais soghluaisteachta fhíor-riachtanacha phobail na n-oileán agus áirithíonn sí go n-urramaítear an ceart chun leanúnachas críche, rud a ráthaítear go bunreachtúil. Sa chomhthéacs sin, thug an Iodáil dá haire go bhfuil na hoibleagáidí seirbhíse poiblí i gcomhréir iomlán le cuspóirí Airteagal 174 *et seq*. CFAE

([68]) Le haghaidh tuairisc mhionsonraithe ar an gcritéar, féach aithris (303)(d).
([69]) Rinneadh an Iodáil an-tagairt freisin do bharúlacha an Riaracháin Urghnách, a chuirtear i láthair i roinn 5.1.

agus Dhearbhú Uimh. 30 maidir le réigiúin oileánacha (rud atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chonradh Amstardam). Thagair an Iodáil freisin do dhlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ("an Chúirt Bhreithiúnais") lena ndeimhnítear go gcumhdaítear an aidhm a bhaineann lena áirithiú go bhfuil seirbhísí loingseoireachta tráthrialta leordhóthanacha chuig oileáin, ó oileáin agus idir oileáin, le cuspóir leasa phoiblí dlisteanach ([70]).

(185) Go háirithe, chuir an Iodáil in iúl go gceanglaítear le coinníollacha struchtúracha ar na bealaí sin uile forchur oibleagáidí seirbhíse poiblí chun leanúnachas críche a ráthú. Na cúig bheart bealaí ar a dtugtar tuairisc in aithris (41), meastar gur "limistéir mhuirí mheitreapholaiteacha" iad: braitheann daonra na n-oileán sin uile ar phríomhoileán na Sicile le haghaidh soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha agus fostaíochta. An tráth céanna, níl an gnó turasóireachta ábhartha ach san ardséasúr. Dá bhrí sin, tá leas tráchtála ag cuideachtaí loingseoireachta na bealaí a oibriú san ardséasúr agus san ardséasúr amháin. Sa séasúr ciúin, is ar éigean a bhíonn éileamh ó thurasóirí, a mhéid atá sé dodhéanta aon cheann de na bealaí sin a oibriú go brabúsach leis an tráthrialtacht agus leis an minicíocht a cheanglaítear chun éileamh an úsáideora a chomhlíonadh.

(186) Ina fhianaise sin, sannadh oibleagáidí seirbhíse poiblí eile do Siremar agus d'oibreoirí eile, roghnaithe ag an tSicil trí nósanna imeachta oscailte ar thairiscintí chun naisc iontaofa agus chobhsaí a áirithiú idir na hoileáin sin agus idir iad agus an tSicil. Ní fhéadfadh oibreoirí neamh-fhóirdheontais an leanúnachas críche a áirithiú, toisc nach n-oibreoidís na naisc sin ach san ardséasúr. Thairis sin, chuir an Iodáil in iúl go dtagann na longa atá oibrithe ag CdI agus SNS ina dhiaidh sin chun duga go minic sna hoileáin istoíche, le costais níos airde, chun an chéad nasc ar fad a sholáthar ar maidin le haghaidh áitritheoirí a bhíonn ag comaitéireacht le haghaidh an oideachais nó na hoibre agus chun naisc a áirithiú i gcás éigeandálaí leighis;

(187) Ina theannta sin, mhaígh an Iodáil nach mbeadh na seirbhísí atá oibrithe ag cuideachtaí faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí agus iad sin atá oibrithe ag cuideachtaí a dhéanann gníomhaíocht ghnó faoi shaoirse go hiomlán inchomparáide. Go háirithe, ní rathódh ach na chéad chuideachtaí sin tráthrialtacht, leanúnachas agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraítear de bharr oibleagáidí soiléire a leagtar síos sna Coinbhinsiúin, cé go mbeadh oibreoirí príobháideacha ag brath ar ríomh a dtoraidh ar infheistíocht agus air sin amháin. Maidir leis sin, thug an Iodáil an sampla de bhealach La Maddalena – Palau, rud atá oibrithe ag Enermar ar théarmaí tráchtála agus ar scoireadh de gan réamhfhógra. Os a choinne sin, ceanglaíodh ar Saremar, a d'oibrigh an bealach sin faoi chonradh seirbhíse poiblí, leanúint dá sheirbhís a oibriú agus dá réir sin d'áirithigh sé a leanúnachas críche go héifeachtach.

(188) Ar deireadh, chuir an Iodáil in iúl gurb amhlaidh i gCinneadh 2004 ([71]) a shuigh an Coimisiún cheana nach bhféadfadh aon oibreoir príobháideach eile, ar na bearta cúig bhealach a bhí oibrithe ag Siremar, aghaidh a thabhairt ar na riachtanais seirbhíse poiblí, go háirithe ó thaobh leanúnachas na seirbhíse ar feadh na bliana agus an chineáil long le húsáid. Dá bhrí sin, bhí gá le cúiteamh poiblí chun aghaidh a thabhairt ar theip mhargaidh fhollasach. Shoiléirigh an Iodáil ansin nár athraíodh an staid sin sna blianta idir an dá linn.

4.2. **Maidir le fadú neamhdhleathach ionchasach an chúnaimh tarrthála chuig Siremar**

(189) Meabhraíonn údaráis na hIodáile gur chuir siad an Coimisiún ar an eolas, le litir an 16 Bealtaine 2011, go n-aisíocfadh Tirrenia agus Siremar in EA na ráthaíochtaí ráthaithe ag an Stát tar éis dhíol bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar a thabhairt chun críche, ag úsáid na bhfáltas ó cheachtar díolachán, ós rud é go raibh an dá chuideachta á gcumhdach ag aon Riarachán Urghnách amháin agus aon Choimisinéir Urghnách amháin. Ós rud é go raibh an dá nós imeachta díolacháin ar bun in earrach 2011 agus gurb amhlaidh an 25 Iúil 2011 go raibh an conradh sínithe ag CIN chun brainse gnó Tirrenia a dhíol, bhí muinín ar údaráis na hIodáile agus Siremar in EA araon go bhféadfaí an chabhair a aisíoc faoi sprioc-am an 28 Lúnasa 2011.

(190) Mar sin féin, de dheasca teagmhais ina dhiaidh sin cuireadh moill gan choinne ar dhíol bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar a thabhairt chun críche. Go háirithe, cuireadh moill ar bhrainse gnó Tirrenia a dhíol de dheasca gur gá formheas cumaisc a fháil ón gCoimisiún (féach aithris (65)), cé gur cuireadh moill ar bhrainse gnó de chuid Siremar a dhíol de dheasca athsheoltaí an nós imeachta agus dlíthíocht ghaolmhar ar a dtugtar tuairisc i roinn 2.3.3.2. Mar thoradh air sin, b'éigean do Siremar in EA leanúint dá sheirbhísí a oibriú ar feadh tréimhse i bhfad níos faide ná mar a bhí beartaithe, agus na costais ghaolmhara á seasamh. De réir na hIodáile, bhí an plean leachtaithe le haghaidh Siremar le fáil ar shuíomh gréasáin an Riaracháin Urghnách roimh dhul in éag na teorann ama 6 mhí a bhunaítear le Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004. Chuir an Iodáil leis sin gur coimeádadh an Coimisiún cothrom le dáta i gcónaí maidir le dul chun cinn an phróisis príobháidithe. Aisíocadh an méid iomlán a bhí dlite ó Tirrenia agus Siremar araon, lena n-áirítear ús, leis an Stát 48 lá agus sin an méid tar éis don Riarachán Urghnách an chéad íocaíocht a fháil ó dhíol bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar.

([70]) Féach Cás C-205/99 Analir agus eile, ECLI:EU:C:2001:107, míreanna 27-28.
([71]) Thagair an Iodáil go háirithe d'aithrisí 105-110 agus 123-153 de Chinneadh 2004.

4.3. **Maidir le príobháidiú bhrainse gnó Siremar**

4.3.1. *Maidir le cineál trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach an nós imeachta*

(191) Chuir an Iodáil i dtábhacht go ndearnadh príobháidiú ar bhrainse gnó de chuid Siremar i gcomhréir le dlí Marzano. Cé go dtagraítear sa dlí i gceist don fhéidearthacht an ceannaitheoir a shainaithint trí chaibidlíocht phríobháideach, ní chuirfeadh an méid sin bac ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta ná an neamh-idirdhealaithe a urramú. Thairis sin, sa chás sin is ann d'fhorálacha dlíthiúla eile lena gceanglaítear go sainráite nósanna imeachta iomaíocha trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheach a eagrú. Go háirithe, le hAirteagal 1(5-*bis*)(b) de Dhlí 2010 cheanglófaí ar an gCoimisinéir Urghnách nósanna imeachta a shrianadh chuig "*an íostréimhse is féidir faoin nós imeachta riaracháin urghnách agus an nós imeachta iomaíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a cheanglaítear le haghaidh na ndíolachán á chomhlíonadh*".

(192) Leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 4 (4-*quater*) de Dhlí Foraithne 347/2003, de réir na hIodáile, tairgeadh ráthaíochtaí breise ó thaobh na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe de, go háirithe i bhfianaise luacháil phraghas margaidh an bhrainse gnó a chuir saineolaí neamhspleách ar díol agus roghnú na tairisceana is buntáistí ó thaobh an phraghais de.

(193) Mhaígh an Iodáil go raibh rochtain chomhionann ag na páirtithe uile ar an bhfaisnéis uile is gá chun na sócmhainní a cuireadh ar díol a shainaithint go soiléir agus tairiscint a ullmhú. Go deimhin, bhain an díolachán leis na sócmhainní agus leis an gcaidreamh conarthach is gné dhílis de sholáthar na seirbhíse poiblí, mar a leanas:

(a) soithí agus trealamh tánaisteach is gá chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh;

(b) conarthaí le soláthróirí straitéiseacha le haghaidh na seirbhísí is gá le haghaidh ghnáthreáchtáil an ghnó;

(c) ceanglas dlíthiúil chun togra a dhéanamh chun an fhoireann is gá a athfhostú chun an gnó a oibriú ar bhonn tháblaí foirne an chabhlaigh (féach aithris (195) le haghaidh breis mionsonraí).

(194) Shoiléirigh an Iodáil freisin gur díoladh ceann de na soithí de chuid Siremar, rud nach raibh gá leis chun an tseirbhís phoiblí a sholáthar, faoi nós imeachta díolacháin ar leithligh. Dá réir sin, níor áiríodh an soitheach sin sa tairiscint le haghaidh bhrainse gnó de chuid Siremar (féach freisin roinn 4.3.2).

(195) Maidir leis an oibleagáid leibhéil fostaíochta a choinneáil ar bun agus leis an oibleagáid sin go sonrach, chuir an Iodáil i dtábhacht nach dtagann díol bhrainsí gnó Tirrenia ná Siremar faoi raon feidhme Airteagal 2112 den Chód Sibhialta agus dá réir sin nach raibh aon aistriú uathoibríoch ar an bhfoireann (leis na conarthaí a bhí acu cheana) chuig na tairgeoirí rathúla i gceist. Ba é an t-aon oibleagáid dhlíthiúil ar bhí ar na tairgeoirí rathúla foireann an díoltóra a athfhostú (ar bhonn conarthaí nua) agus leibhéil fostaíochta a choinneáil ar bun ar feadh 2 bhliain, mar a cheanglaítear le hAirteagal 63(2) de Dhlí Foraithne 270/1999. Níor fhág sin, áfach, go n-aistreofaí fostaithe Siremar go huathoibríoch chuig an gceannaitheoir. Ina theannta sin, tá an oibleagáid sin teoranta don fhoireann a measadh, de réir an phlean gnó agus tháblaí foirne shoithí an bhrainse gnó, a bheith fíor-riachtanach le haghaidh oibriú leanúnach na seirbhíse poiblí.

(196) Mhaígh an Iodáil go mbeadh an oibleagáid sin, a fhorchuirtear leis an dlí intíre ginearálta, agus a fhónann chun leanúnachas an ghnó agus feidhmiú na seirbhíse poiblí a áirithiú, forchurtha ar na téarmaí céanna ag díoltóir príobháideach.

(197) Tar éis fhoilsiú an ghlao ar léirithe spéise san Iodáilis agus i mBéarla ar shuíomh gréasáin an Riaracháin Urghnách agus i roinnt nuachtáin náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sainsuíomhanna gréasáin, fuarthas cúig léiriú spéise (féach aithrisí (76) agus (77)). Measann an Iodáil go léiríonn an méid sin gur fhág inneachar an ghlao sin gurbh fhéidir a raibh á dhíol agus cineál an nós imeachta atá le leanúint a shainaithint go soiléir, agus an tráth céanna faisnéis íogair tráchtála á cosaint (go príomha chun leasanna ceannaitheoirí ionchasacha a chosaint). Le linn na céime díchill chuí, soláthraíodh faisnéis mhionsonraithe do na heintitis ansin i leith, i measc nithe eile, na sócmhainní sonracha ar díol, an phlean gnó, agus an dréacht-Choinbhinsiúin nua (féach aithris (77)).

(198) Dá bhrí sin, maidir leis na heintitis uile ag a raibh spéis brainse gnó de chuid Siremar a fháil, mhaígh an Iodáil go ndearnadh an fhaisnéis ba ghá chun tairiscint cheannaigh a dhéanamh a sholáthar dóibh ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus láneolas acu ar na fíorais.

4.3.2. *Maidir le díol na sócmhainní nach dtagann faoi raon feidhme bhrainse gnó Siremar*

(199) Mhínigh an Iodáil gur sheol an Coimisinéir Urghnách próisis tairisceana neamhspleácha, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha chun seacht long a dhíol ([72]), nach raibh gá ag Tirrenia ná Siremar leo chun an tseirbhís phoiblí a oibriú. An 10 Nollaig 2010, foilsíodh glaonna ar léiriú spéise i nuachtáin náisiúnta agus idirnáisiúnta agus i bhfoilseacháin speisialaithe áirithe freisin. Nuair a chuaigh an sprioc-am in éag, ar cuireadh síneadh leis faoi

([72]) Go háirithe, eagraíodh dhá nós imeachta tairisceana: nós imeachta amháin le haghaidh na mearbhád farantóireachta de chuid Tirrenia Aries, Taurus, Capricorn, Scorpio, Scatto agus an mhearbháid farantóireachta de chuid Siremar Guizzo; agus nós imeachta ar leithligh le haghaidh an mhótarbháid Domiziana de chuid Tirrenia.

dhó, ní bhfuarthas tairiscintí ach chun críocha briste loingeas le haghaidh na sé mhearbhád farantóireachta, lena n-áirítear ceann Siremar. Rinneadh iarrachtaí tairiscintí níos airde a fháil ach ní bhfuarthas aon tairiscint den sórt sin. An 12 agus an 14 Iúil 2011, tar éis údarú a fháil ón Aireacht Forbartha Eacnamaíche, dhíol an Coimisinéir Urghnách na longa leis an tairgeoir ag a raibh an tairiscint ab airde déanta.

4.3.3. *Maidir le cuachadh shócmhainní bhrainse gnó de chuid Siremar le Coinbhinsiún nua*

(200) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh an Iodáil go ndearnadh an cinneadh chun na sócmhainní a phríobháidiú in éineacht leis an oibleagáid seirbhíse poiblí a chur ar iontaoibh d'fhonn léirscaoileadh rianúil ar an earnáil cabatáiste muirí a áirithiú. Luaigh an Iodáil gur pléadh an straitéis sin leis an gCoimisiún roimh ré (féach roinn 2.4) agus gur measadh i bprionsabal go raibh sí i gcomhréir leis an Rialachán Cabatáiste Muirí.

(201) Ina theannta sin, mheas an Iodáil gurbh iomchuí, i bhfianaise dhálaí an mhargaidh a bhí i réim an tráth sin, sócmhainní bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar a chuachadh le Coinbhinsiúin nua. Tráth cúlaithe agus meatha shuntasaigh ar éileamh ar an earnáil iompair mhuirí, deiseanna gnó inmharthana a bheadh i gceist leis an bhféidearthacht cabhlach na mbrainsí gnó a úsáid chun na bealaí seirbhíse poiblí a leagtar síos sna Coinbhinsiúin nua a oibriú seachas toisc a d'ísleodh mhargadhluach na mbrainsí gnó. Dá bhrí sin, mheas an Iodáil nach bhféadfadh drochthionchar a bheith aige sin ar an nós imeachta tairisceana ná ar an bpraghas a tháinig as.

(202) Maidir leis sin, mheabhraigh an Iodáil gurbh amhlaidh as na seacht long nár airíodh i raon feidhme bhrainse gnó de chuid Tirrenia ná Siremar (féach aithris (199)) ba ghá sé cinn díobh a dhíol chun críocha briste loingeas. Measann an Iodáil, i bhfianaise chastacht an mhargaidh iompair mhuirí agus an tsleabhctha eacnamaíoch an tráth sin, go raibh sé dodhéanta praghas níos fearr a bhaint amach le haghaidh shócmhainní na cuideachta, fiú dá mbeadh an próiseas tairisceana athdhéanta nó mura mbeadh na sócmhainní cuachta leis an gCoinbhinsiún nua.

(203) Ar deireadh, chuir an Iodáil in iúl nach raibh cabhlach ná criúnna ag SNS ná ag oibreoirí eile de chuid na hearnála ar an méid ná ar na sonraíochtaí a ceanglaíodh le haghaidh sholáthar na seirbhísí a leagtar síos sa Choinbhinsiún nua ([73]). Ba é an t-aon bhealach chun na seirbhísí sin a chur ar iontaoibh go rathúil dá bhrí sin iad a chuachadh le sócmhainní bhrainse gnó Siremar, ionas go mbeadh an t-oibreoir ullamh go cuí chun a oibleagáidí seirbhíse poiblí a dhéanamh.

4.3.4. *Maidir le ceapachán an tsaineolaí neamhspleách*

(204) Mhaígh an Iodáil, an 16 Nollaig 2010, gur iarradh ar chúig institiúid airgeadais cheannródaíocha gan aon neamhchosaint ar Grúpa Tirrenia tairiscintí a chur isteach chun brainse gnó Siremar a luacháil. Maidir leis na hinstitiúidí ar ar iarradh na tairiscintí sin a chur isteach, níor chuir aon cheann díobh tairiscint isteach faoin sprioc-am a leagadh síos.

(205) Ina dhiaidh sin léirigh Banca Profilo spéis i gcúram an chomhairleora neamhspleách a ghabháil air féin faoi na coinníollacha céanna a leagtar síos sa nós imeachta roghnúcháin. Faoi Fhoraithne an 4 Feabhra 2011, shainaithin an tAire Banca Profilo mar an saineolaí neamhspleách chun measúnú a dhéanamh ar mhargadhluach bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar.

4.3.5. *Maidir le trédhearcacht an nós imeachta*

(206) Thug an Iodáil tuairisc ar an nós imeachta díolacháin le haghaidh bhrainse gnó de chuid Siremar agus na mbreithiúnas ó bhinsí fiosrúcháin riaracháin na hIodáile (féach roinn 2.3.3.2), a dheimhnigh gur urramaíodh prionsabail ghinearálta an iomaíochais, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe. Ba é an nós imeachta a leanadh an nós imeachta a leagtar síos le hAirteagal 4 (4 ráithe) de Dhlí Foraithne 347/2003 agus ceadaíodh leis comhlíonadh iomlán chuspóirí an Riaracháin Urghnách, lena n-áirítear an praghas ab airde agus ab fhéidir a fháil ón díolachán. Is amhlaidh atá mar gheall ar choimircí áirithe a áirítear sa nós imeachta, lena n-áirítear go háirithe íosphraghas a bheith ann bunaithe ag saineolaí neamhspleách. Thairis sin, maidir leis na páirtithe uile a léirigh spéis sa nós imeachta, soláthraíodh an fhaisnéis ábhartha uile dóibh go tráthúil lena bhféadfaidís tairiscint a chur isteach.

(207) Dheimhnigh an Iodáil freisin gurbh é an critéar dámhachtana i gcás iltairiscintí an praghas ab airde, mar a leagtar amach sna rialacha sonracha is infheidhme maidir leis an nós imeachta.

4.3.6. *Maidir leis an gCéad Tuarascáil Ecorys agus leis an Dara Tuarascáil Ecorys*

(208) Le linn an imscrúdaithe iarradh ar an Iodáil barúil a thabhairt (féach aithris (13)) ar an gCéad Tuarascáil Ecorys. Chomhaontaigh an Iodáil le conclúid Ecorys nár íslíodh margadhluach bhrainse gnó Siremar le cuachadh an phríobháidithe le dámhachtain an Choinbhinsiúin nua ná leis an gcoinníoll maidir leis an lucht saothair.

([73]) Amhail ón 2010, áiríodh i mbrainse gnó de chuid Siremar 18 long agus beagnach 500 fostaí.

(209) Maidir leis an gcuachadh réamhluaite, thagair an Iodáil go háirithe do ráiteas Ecorys gurbh amhlaidh, tráth an díolacháin, arbh é an t-aon rogha mhalartach ar dhíol na sócmhainní faoin gcóras seirbhíse poiblí leachtú bhrainse gnó Siremar. D'athdhearbhaigh an Iodáil freisin gur dheis ghnó bhailí, seachas toisc ar dóigh di luach na sócmhainní a laghdú, a bhí san fhéidearthacht cabhlach Siremar a úsáid le haghaidh na mbealaí seirbhíse poiblí a shainaithnítear sa Choinbhinsiún tráth éigeandála san earnáil farantóireachta a raibh titim shuntasach san éileamh mar phríomhthréith di.

(210) Maidir leis an gcoinníoll maidir leis an lucht saothair, chuir an Iodáil conclúid Ecorys i dtábhacht nach ann d'aon eilimint lena léirítear go raibh aon tionchar suntasach ag an gcoinníoll sin ar luach bhrainse gnó Siremar. Mheabhraigh an Iodáil thairis sin gur dhíorthaigh an coinníoll sin ó Airteagal 63(2) de Dhlí Foraithne 270/1999 agus nár bhain sé ach leis na fostaithe ar ar ceanglaíodh oibriú an ghnó lena mbaineann a ráthú, i gcomhréir le táblaí foirne an chabhlaigh. Maidir le táblaí foirne an chabhlaigh (i) leagtar síos comhdhéanamh cáilíochtúil agus cainníochtúil an chriú ar a gceanglaítear an soitheach a oibriú i gcomhréir le dlíthe sábháilteachta muirí, (ii) leagtar síos le Foraithne ón Aire iad; agus (iii) ullmhaíonn coiste iad lena n-áirítear, i ról comhairleach, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar oibrithe agus úinéirí long. Thairis sin, chuir an Iodáil leis sin á rá cé gur ghá do cheannaitheoir bhrainse gnó de chuid Siremar fostaíocht a thairiscint do na fostaithe uile ar a gceanglaítear oibriú na seirbhíse poiblí a ráthú, go raibh an méid sin bunaithe ar chonarthaí fostaíochta a bhí éagsúil leo sin a bhí i bhfeidhm roimhe sin.

(211) Ar bhealach níos ginearálta, maidir le luach an bhrainse gnó, thángthas ar an gconclúid leis an gCéad Tuarascáil Ecorys go bhféadfadh luach measta bhrainse gnó de chuid Siremar a bheith thart ar 4,6 % níos airde ná an luach a bhí curtha ar aghaidh ag an saineolaí a bhí ceaptha ag údaráis na hIodáile, Banca Profilo. Mheas an Iodáil áfach go bhféadfaí an difríocht sin a mhíniú toisc gurbh éigean don dá shaineolaí a bheith ag brath ar réamhaisnéisí le haghaidh paraiméadair theicniúla éagsúla agus de réir a gcineáil, go bhfuil corrlach difríochta sna réamhaisnéisí sin. Thairis sin, thug an Iodáil dá aire, mar gheall ar dhá thairiscint a bheith ann ó SNS agus CdI, go raibh an praghas a baineadh amach sa chéad aistriú chuig CdI (EUR 69,15 milliún) EUR 14 mhilliún níos airde ná an t-íosphraghas a bhí leagtha síos ag Banca Profilo. Chuir údaráis na hIodáile frithluacháil isteach freisin, a bhí ullmhaithe ag Banca Profilo, lenar míníodh na difríochtaí le tuarascáil Ecorys go mionsonraithe, á áitiú gur léiríodh an staid a bhí faoi scrúdú ar bhealach níos fearr lena thoimhdí féin ([74]).

(212) Ina theannta sin, thug an Iodáil dá haire go ndearnadh aistriú na húinéireachta ar bhrainse gnó de chuid Siremar níos mó ná 2 bhliain tar éis an dáta tagartha a d'úsáid Banca Profilo agus Ecorys araon le haghaidh a luachálacha. Le linn na tréimhse sin, dímheasadh luach shócmhainní bhrainse gnó de chuid Siremar agus chuaigh an t-ionchas eacnamaíoch go mór in olcas. Ar an gcúis sin, tháinig an Iodáil ar an gconclúid nach bhféadfadh aon amhras a bheith ann, an dáta a tugadh díol bhrainse gnó de chuid Siremar le CdI chun críche, gur léirigh na coinníollacha praghais a chomhaontaigh na páirtithe margadhluach na sócmhainní corparáideacha go hiomlán.

(213) Ar deireadh, le haghaidh na gcéimeanna is déanaí den nós imeachta príobháidithe, chuir an Iodáil an Dara Tuarascáil Ecorys isteach freisin, lenar deimhníodh go raibh an tairiscint ó SNS i gcomhréir le margadhluach bhrainse gnó Siremar, mar a bhí tugtha cothrom le dáta níos mó ná 4 bliana tar éis a chéad mheasúnúcháin (féach roinn 2.3.3.7). Dá bhrí sin, fiú má rinneadh an díolachán críochnaitheach le SNS in 2016 ar phraghas níos ísle ná an praghas a áirítear sa Chéad Tuarascáil Ecorys, arbh éigean don Riarachán Urghnách neamhaird a thabhairt air le haghaidh rialacha nós imeachta, mheas an Iodáil go ndearna na coinníollacha praghais a bhí comhaontaithe ag na páirtithe margadhluach na sócmhainní corparáideacha a bhí ar díol a léiriú go hiomlán.

4.3.7. *Maidir le dlíthíocht náisiúnta agus leis an dámhachtain chríochnaitheach do SNS*

(214) Chuir an Iodáil roinnt litreacha isteach chun an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le bearta éagsúla na dlíthíochta náisiúnta ag na binsí fiosrúcháin riaracháin agus le dámhachtain chríochnaitheach bhrainse gnó de chuid Siremar do SNS (féach aithrisí (93) go (100)).

(215) Mhaígh an Iodáil nach gcaitheann na forbairtí sin amhras ar chineál oscailte, trédhearcach ná neamh-idirdhealaitheach an nós imeachta chun brainse gnó de chuid Siremar a dhíol (féach roinn 4.3.5). Go deimhin, chuir an Iodáil i dtábhacht nár dearbhaíodh le rialuithe bhinsí fiosrúcháin riaracháin na hIodáile go raibh cur ar bun agus forghníomhú an nós imeachta díolacháin lochtach, ach díríodh seachas sin ar eilimint amháin de thairiscint CdI, i.e. an fhrithráthaíocht, rud nach raibh Siremar in EA ar an eolas fúithi nuair a dámhadh an tairiscint do CdI ar dtús ([75]). Dá bhrí sin, tháinig an Iodáil ar an gconclúid go ndearnadh, trí chinneadh 592/14 a chur i bhfeidhm mar a thuairiscítear in aithrisí (96) go (100), an nós imeachta a thabhairt chun críche i gceart le dámhachtain an bhrainse gnó do SNS.

([74]) Go háirithe, baineann na difríochtaí sin leis na rátaí saor ó riosca agus na rátaí riosca margaidh, na béití agus costas an fhiachais. Mar shampla, d'úsáid Banca Profilo rátaí bannaí 10 mbliana rialtas na hIodáile mar an ráta saor ó riosca ós rud é go n-oibríonn brainse gnó de chuid Siremar go heisiach san Iodáil. D'úsáid Ecorys, áfach, na rátaí bannaí níos ísle de chuid rialtas na Gearmáine ach lena ndéantar, de réir Banca Profilo, gannmheastachán ar chostas caipitil an bhrainse gnó. Ina theannta sin, le haghaidh Phréimh an Riosca Margaidh, d'úsáid Ecorys agus Banca Profilo araon an ceann le haghaidh na hIodáile, ach chuir Banca Profilo Riosca Sonrach 1 % leis sin, agus áiríodh mar nasc leis sin nach n-oibríonn Siremar ach sa tSicil amháin, rud a bheadh níos contúirtí ná meán na hIodáile.

([75]) Ós rud é nár luadh sa litir shóláis a d'eisigh Unicredit gurbh ann d'aon fhrithráthaíocht.

4.4. **Maidir le comhlíontacht an Choinbhinsiúin nua le critéir Altmark**

(216) D'athdhearbhaigh an Iodáil nár thug sé fógra maidir leis an gcúiteamh seirbhíse poiblí a bhí le híoc faoin gCoinbhinsiún nua ach ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ós rud é gur mheas sí nár státchabhair a bhí sa bheart sin (féach aithris (9)). Go háirithe, d'áitigh údaráis na hIodáile go gcomhlíontar na ceithre chritéar Altmark ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) Tá na seirbhísí iompair muirí mar atá sainmhínithe ag údaráis na hIodáile sa Choinbhinsiún nua fíor-riachtanach le haghaidh fhorbairt eacnamaíoch na n-oileán níos lú de chuid na Sicile agus riachtanais iompair fhíor-riachtanacha phobail na n-oileán sin á gcomhlíonadh an tráth céanna freisin, agus an ceart chun leanúnachais críche, a chumhdaítear i mBunreacht na hIodáile, á áirithiú freisin. Leagtar amach go soiléir sa Choinbhinsiún nua na seirbhísí, na longa, na sceidil ama agus na srianta taraife. Dá bhrí sin, d'áitigh an Iodáil go bhfuil na hoibleagáidí seirbhíse poiblí sainmhínithe go soiléir agus go gcomhlíontar an chéad chritéar Altmark;

(b) Déantar na paraiméadair ar ríomhadh an cúiteamh ar a mbonn a mhíniú go mionsonraithe i dTreoir CIPE agus cuireadh i bhfeidhm sa Choinbhinsiún nua iad (agus in iarscríbhinní a ghabhann leis), cé go leagtar síos na híosmhéideanna cúitimh i nDlí 2009. Dá bhrí sin, d'áitigh an Iodáil gur bunaíodh na paraiméadair sin roimh ré ar bhealach oibiachtúil agus trédhearcach agus go n-urramaítear an dara critéar Altmark;

(c) Iompaíonn oibreoir na seirbhíse poiblí rioscaí uile na gníomhaíochta (féach freisin roinn 4.5) in aghaidh méid seasta fóirdheontais, gan aon deimhneacht a bheith ann go gcumhdófar a gcostais go hiomlán. Ar an gcúis sin, d'áitigh an Iodáil go bhfuil an phréimh riosca 6,5 % i gcomhréir leis an ngníomhaíocht, gan róchúiteamh na seirbhíse poiblí a bheith mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, meastar go gcomhlíontar an tríú critéar Altmark freisin;

(d) Rinneadh brainse gnó de chuid Siremar a phríobháidiú trí nós imeachta oscailte ar thairiscintí, lena gcumhdaítear na sócmhainní is gá chun an tseirbhís phoiblí a sholáthar agus cuachta le chéile le Coinbhinsiún nua 12 bhliain le haghaidh oibriú na seirbhíse sin. Ós rud é gur urramaíodh prionsabail na hiomaíochta, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe leis an nós imeachta tairisceana agus gurbh é a bhí sa chritéar dámhachtana an praghas ab airde, d'áitigh an Iodáil go gcomhlíontar an ceathrú critéar Altmark freisin.

4.5. **Maidir leis an bpréimh riosca 6,5 % a leagtar síos i dTreoir CIPE ó 2010**

(217) Chuir an Iodáil in iúl, gan beann ar an bpréimh riosca 6,5 % reachtúil, in 2009 gurbh ionann an cúiteamh a íocadh le Siremar agus EUR 67 009 405. Ó 2010 ar aghaidh, socraíodh an t-uasmhéid cúitimh ag EUR 55 694 895. Thug an Iodáil dá haire gur sheas sin do laghdú 25 %. Chuirfeadh an méid sin iallach ar cheannaitheoir bhrainse gnó de chuid Siremar féachaint leis go mbeadh oibríochtaí i bhfad níos éifeachtúla chun costais a thabhairt laistigh de theorainneacha an mhéid fóirdheontais shocraithe le linn fad iomlán an Choinbhinsiúin nua agus chun an boilsciú a fhritháireamh le linn tréimhse fada sa todhchaí.

(218) Thug an Iodáil dá haire go bhforáiltear le Treoir CIPE go n-úsáidfí an phréimh riosca 6,5 % chun an toradh ar chaipiteal a chinneadh ar bhonn WACC (féach aithrisí (49) go (58)). Mar sin féin, toisc go gcuirtear uasteorainn le méid an chúitimh le Dlí 2009, simplíodh an ríomh tríd an 6,5 % a chur i bhfeidhm mar thoradh ráta chomhréidh ar chaipiteal chun aon róchúiteamh a fhíorú. Tá feidhm ag an gcur chuige sin faoin gCoinbhinsiún nua. Léirigh údaráis na hIodáile freisin go bhféadfadh sé go dtiocfadh toradh ar chaipiteal as an modheolaíocht iomlán a chur i bhfeidhm mar a leagtar síos i dTreoir CIPE, rud a sháródh, ar a laghad i mblianta áirithe, 6,5 % (i.e., 8,87 %). Ar an gcúis sin, measann an Iodáil go bhfuil a cur chuige simplithe coimeádach agus nach gceadaítear leis cúiteamh níos airde le haghaidh Siremar, CdI ná SNS ná mar a bunaíodh le Treoir CIPE.

(219) Mhaígh an Iodáil freisin go léiríonn toradh ar chaipiteal 6,5 % riosca na ngníomhaíochtaí a chuirtear ar iontaoibh Siremar, CdI nó SNS, agus nár róchúitíodh an tseirbhís phoiblí, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) Le staidéir mhaicreacnamaíocha áirithe, sanntar préimh riosca do thír nó limistéar geografach ar leith. De réir IESE Business School, riosca tíre oiriúnach ba ea 6,4 % le haghaidh na hIodáile. Dá bhrí sin, toradh réasúnach ba ea préimh riosca 6,5 %.

(b) Leis an gCoinbhinsiún nua foráiltear go mbeidh an leibhéal cúitimh atá le ríomh bunaithe ar éabhlóid réamh-mheasta ioncam agus costas. Murab ionann agus na Coinbhinsiúin tosaigh, ní leagtar síos leis an gCoinbhinsiún nua aon chúiteamh iomlán ná uathoibríoch i leith an mhéadaithe i gcostais oibriúcháin (amhail saothar, breosla, cairtfhostú, etc.). Na rioscaí atá bainteach le haon mhéadú i gcostais chomh maith leis na rioscaí nasctha leis na toirteanna tráchta, d'iompródh an t-oibreoir iad go hiomlán. Go háirithe, iompraíonn an t-oibreoir na rioscaí uile atá bainteach leis an tseirbhís agus níl aon ráthaíocht aige go gcúiteofar é suas le leibhéal leordhóthanach chun a chostais a chumhdach. B'fhíor sin fiú dá gcuirfí Airteagail 8 agus 9 den Choinbhinsiún nua san áireamh, ós rud é go bhfuil an t-oibreoir fós neamhchosanta ar riosca na moilleanna idir tarlú aon éagothroime den sórt sin agus an pointe ag a

bhféadfar coigeartuithe a dhéanamh. Chuir an Iodáil isteach cuntais bhliantúla de réir an bhealaigh ó CdI agus SNS le haghaidh na tréimhse idir mí Lúnasa 2012 agus mí na Nollag 2019, chun a léiriú nach ndearnadh aon róchúiteamh faoin gCoinbhinsiún nua ([76]);

(c) Le haghaidh na chéad bhliana d'fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh, in 2009, bhí feidhm ag an modheolaíocht chun an cúiteamh a ríomh, rud a leagtar amach sa Choinbhinsiún tosaigh, nár áiríodh an phréimh riosca 6,5 % ann. Le haghaidh na bliana sin, sholáthair an Iodáil ríomh mionsonraithe an chúitimh faoin gCoinbhinsiún tosaigh agus na cuntais de réir an bhealaigh. Le haghaidh bhlianta an fhadaithe ina dhiaidh sin, i.e. 2010, 2011 agus mí Eanáir go mí Iúil 2012, bhí feidhm ag modheolaíocht CIPE chun an cúiteamh a ríomh, lenar áiríodh an phréimh riosca 6,5 %. Mar sin féin, chuir an Iodáil i dtábhacht, anuas ar mhodheolaíocht CIPE, go raibh feidhm freisin ag an uasteorainn EUR 55,7 milliún a leagtar síos le Dlí 2009 ó 2010. Ní bheadh an méid sin leordhóthanach chun tacú le hoibleagáidí seirbhíse poiblí Siremar, mar gheall ar an méadú i gcostais bhreosla, ar athruithe ar ráta malairte EUR/USD agus ar an ngéarchéim in earnáil iompair mhuirí lasta agus paisinéirí san Iodáil. Chun bunús a thabhairt leis an maíomh sin, sholáthair an Iodáil tuarascálacha ráithiúla ón Riarachán Urghnách, na cuntais de réir an bhealaigh le haghaidh 2010 agus litreacha a sheol Tirrenia agus Siremar in EA i mí Aibreáin agus an Mheithimh 2010 chuig an Aireacht Iompair ([77]).

4.6. **Maidir le comhlíontacht an Choinbhinsiúin nua le Cinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta**

(220) Fiú má mheas an Iodáil nach státchabhair atá sa chúiteamh seirbhíse poiblí a íocadh faoin gCoinbhinsiún nua, d'áitigh sí freisin cén fáth a gcomhlíonfaí leis an mbeart sin Cinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta dá mba chabhair é.

(221) Mheabhraigh an Iodáil go bhfuil measúnú an Choimisiúin ar fhíorchineál seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta teoranta do sheiceáil a dhéanamh ar cibé acu a rinne nó nach ndearna an Ballstát earráid fhollasach agus seirbhís á sainmhíniú mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Ina fhianaise sin, thug an Iodáil tuairisc ar na bealaí a shonraítear sa Choinbhinsiún nua agus chuir sí in iúl go gceanglaíonn na naisc uile, ó thaobh struchtúir de, forchur oibleagáidí seirbhíse poiblí, ar Siremar agus ar oibreoirí eile chomh maith leis sin.

(222) Sholáthair an Iodáil sonraí tráchta paisinéirí bliantúla freisin le haghaidh an dá bhliain airgeadais roimh an mbliain inar sannadh an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (i.e. 2010 agus 2011), chun a áitiú nár sáraíodh an tairseach de 300 000 paisinéir mar a leagtar síos in Airteagal 2(1)(d) agus (e) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ar na bealaí aonair arna n-oibriú ag Siremar. Thairis sin, mhaígh an Iodáil go gcomhlíontar Airteagal 2(4) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ós rud é gur urramaíodh ceanglais an Rialacháin Cabatáiste Mhuirí go hiomlán trí bhrainse gnó de chuid Siremar a dhíol trí nós imeachta tairisceana iomaíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

(223) Mhaígh an Iodáil go gcomhlíonann an Coinbhinsiún nua na coinníollacha uile a bhfuil feidhm acu maidir le gníomhatha um chur ar iontaoibh mar a shonraítear in Airteagail 4 go 9 de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Go háirithe, leagtar amach sa Choinbhinsiún go mionsonraithe na hoibleagáidí seirbhíse poiblí, a bhfad, an sásra cúitimh (bunaithe ar Threoir CIPE agus Dlí 2009), agus na sásraí chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a aisghabháil. Ar deireadh, léirigh an Iodáil na bearta atá i bhfeidhm chun comhlíontacht dhian le téarmaí an Choinbhinsiúin nua a áirithiú, lena n-áirítear córas leigheasanna agus smachtbhannaí airgeadais.

4.7. **Maidir leis an bhfrithráthaíocht**

(224) D'áitigh an Iodáil nár soláthraíodh leis na doiciméid a chuir na tairgeoirí ionchasacha isteach le linn an nós imeachta tairisceana aon léiriú ar fhrithráthaíocht a bheith ann lenar tacaíodh le litir shóláis Unicredit a bhí i gceangal le tairiscint rathúil CdI. Go deimhin, níor tagraíodh sa litir, go sainráite ná go hintuigthe, do fhrithráthaíocht a bheith ann ón tSicil. De réir na hIodáile, dámhadh an tairiscint do CdI ós rud é gur chomhlíon a thairiscint na ceanglais uile ba ghá agus go raibh sí ní ba bhuntáistí ná an tairiscint a rinne SNS. D'áitigh an Iodáil freisin go ndeimhnítear nach ann d'aon nasc idir an litir shóláis agus an fhrithráthaíocht ón tSicil mar fiú amháin tar éis don tSicil an fhrithráthaíocht sin a tharraingt siar ([78]), dheimhnigh Unicredit a ghealltanas do CdI agus ina dhiaidh is amhlaidh a d'eisigh sé ráthaíocht bhainc dírithe ar Siremar in EA chun tráthchodanna íocaíochta CdI a chumhdach ([79]).

([76]) Tugann an Coimisiún dá aire go raibh bearnaí sna sonraí sin nasctha leis an dlíthíocht náisiúnta agus dhá dhámhachtain an bhrainse gnó (go háirithe, níor bhailíochtaigh comhairleoir seachtrach figiúirí le haghaidh 2015 ná níor soláthraíodh aon sonra le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 10 Aibreán 2016).

([77]) Sna litreacha sin, d'áitigh na cuideachtaí nach mbeadh méideanna cúitimh na seirbhíse poiblí a leagtar síos le Dlí 2009 leordhóthanach chun glanchostais na seirbhíse a chumhdach, mar gheall ar an ardú i bpraghsanna ola. Sa litir ó mhí an Mheithimh 2010, measadh go raibh an méid fós leordhóthanach "don am i láthair" le haghaidh Siremar, ach bhí bearna réamh-mheasta EUR 23,1 milliún ann cheana le haghaidh Tirrenia.

([78]) Le Litir Chuntasóir Ginearálta an Réigiúin.

([79]) An 3 Feabhra 2012, thug Unicredit frithráthaíocht CdI ar ais don tSicil agus dheimhnigh sé nach raibh a ráthaíocht féin nasctha leis an bhfrithráthaíocht ón tSicil. Tháinig an ráthaíocht i bhfeidhm ansin an 31 Iúil 2012, nuair a tugadh díol bhrainse gnó de chuid Siremar chun críche.

(225) Chuir an Iodáil doiciméid áirithe isteach freisin chun a léiriú nár thug an fhrithráthaíocht buntáiste roghnaíoch ar CdI agus dá réir sin nár cháiligh sí mar státchabhair. Go háirithe, chuir an Iodáil an méid seo a leanas isteach: Comhaontú Ráthaíochta sínithe an 20 Samhain 2011 ag scairshealbhóirí CdI (i.e., an tSicil, Mediterranea, Isolemar S.r.l., Lauro.it S.p.A. agus Davimar), trínar chomhaontaigh siad tairiscint rathúil CdI a fhrithráthú go comhpháirteach suas le EUR 35 milliún; agus litir ó Unicredit an 10 Bealtaine 2012, chun CdI a chur ar an eolas maidir leis an coinníollacha is infheidhme maidir lena ráthaíocht, go háirithe préimh 250 bonnphointe ar a laghad in aghaidh na bliana. De réir na hIodáile, ní fhéadfadh aon eilimint státchabhrach a bheith sa fhrithráthaíocht, mura raibh aon éifeacht ar chearta ná oibleagáidí a tairbhí i gcás inar tarraingíodh siar í ina dhiaidh sin. Léireofaí leis na doiciméid sin dá réir sin nach bhfuil na coinníollacha maidir le toradh cabhrach i ráthaíocht, mar a shonraítear le cásdlí socraithe ón Aontas, i láthair sa chás sin.

4.8. **Maidir leis an tosaíocht feistithe**

(226) D'áitigh údaráis na hIodáile nach raibh nó nach bhfuil aon acmhainn Stáit ligthe thar ceal trí leithdháileadh na tosaíochta feistithe. Go deimhin, íocann na hoibreoirí farantóireachta uile táillí tráthrialta leis na húdaráis chalafoirt ábhartha le haghaidh feistiú, gan beann ar cibé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn siad seirbhísí poiblí. Níl an tosaíocht feistithe sin infheidhme ach maidir leis na bealaí seirbhíse poiblí agus ghlac an Coimisiún léi le litir an 24 Eanáir 2011, rud a seoladh i gcomhthéacs an nós imeachta um shárú Uimh. 2007/4609 (féach roinn 2.4), a mhéid nach raibh feidhm aige ach maidir leis na bealaí sin. Thairis sin, shoiléirigh an Iodáil nár íoc agus nach n-íocann Siremar ná a chomharbaí aon táille bhreise le haghaidh na tosaíochta feistithe sin.

(227) Toisc nach bhfuil aon táille dlite le haghaidh na tosaíochta feistithe, ní féidir an buntáiste airgid a dheonaítear do Siremar agus dá chomharbaí, más ann, a chainníochtú. Mar sin féin, thug an Iodáil dá haire, sa chleachtas, nach mbeadh feidhm ag an tosaíocht feistithe ach in imthosca teoranta, de bharr mhéid fhormhór na gcalafort agus réamhsceidealú an teachta agus an imeachta.

4.9. **Maidir leis na bearta a leagtar síos le Dlí 2010**

(228) Níor dhíospóid an Iodáil go bhfuair Siremar EUR 7 215 800 chun uasghráduithe long a dhéanamh ba ghá chun caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta a urramú (dá ngairtear "cistí Stócólm"). Mar sin féin, dheimhnigh údaráis na hIodáile nár úsáideadh na cistí sin ach chun íoc as uasghráduithe long. Go deimhin, faoin tráth a síníodh an conradh díolacháin an 21 Deireadh Fómhair 2011, ní raibh ach EUR 580 600 fós le caitheamh. Chaith Siremar in EA na cistí sin a bhí fágtha i mí Eanáir 2012, roimh aistriú an bhrainse gnó chuig CdI, chun oibreacha riachtanacha áirithe, a bhí fós le déanamh ar an soitheach Martini, a dhéanamh.

(229) Maidir leis na díolúintí fioscacha ar na gníomhartha agus na hoibríochtaí a bhaineann le príobháidiú bhrainse gnó Siremar, a leagtar síos le Dlí 2010, léirigh údaráis na hIodáile ar dtús go ndéantar tuilleamh, le haghaidh cuideachtaí atá rannpháirteach in imeachtaí dócmhainneachta, a chinneadh de réir na rialacha a leagtar síos in Airteagal 183 den Dlí Cánach Ioncaim Comhdhlúite. Bunaithe ar an bhforáil sin, is ionann tuilleamh gnóthais le haghaidh na tréimhse ó thús na n-imeachtaí féimheachta go dtí a dtabhairt chun críche agus an difríocht idir sócmhainní an ghnóthais i dtús na n-imeachtaí agus na sócmhainní iarmharacha i ndeireadh na n-imeachtaí sin. Roimh dheireadh na n-imeachtaí, ní féidir dá bhrí sin a thuar más ann do dhliteanas cánach ná méid an dliteanais sin a thuar.

(230) Maidir le cánacha indíreacha, chuir údaráis na hIodáile i dtábhacht go ndearadh na díolúintí dá bhforáiltear d'fhonn simpliú riaracháin a bhaint amach. Ón bpeirspictíocht chánachais, d'fhéadfaí a mheas go raibh a n-éifeachtaí diomaibhseach, gan mórán tionchair acu i ndáil le cánacha ar dhoiciméid a mhuirearaítear ar rátaí comhréidhe. Ar bhealach níos sonraí, baineann sin leis an dleacht chlárúcháin (EUR 168 in aghaidh an doiciméid), táillí chlárlann na talún agus clárúcháin morgáiste (EUR 168 an ceann) agus an dleacht stampa (EUR 14,62 le haghaidh ceithre thaobh). Thairis sin, thug údaráis na hIodáile dá n-aire gurb amhlaidh faoi Airteagal 9 de na conarthaí le haghaidh dhíol an bhrainse gnó ó Siremar in EA le CdI agus le SNS, a bhí na dleachtanna agus na táillí uile iníoctha ag an gceannaitheoir. I gcás an aistrithe chuig SNS, shoiléirigh údaráis na hIodáile gur cuireadh dleacht chlárúcháin sheasta EUR 245 i bhfeidhm, de bhun Airteagal 19-ter, mír 24-bis de Dhlí Foraithne 135/2009.

(231) Ar deireadh, shoiléirigh údaráis na hIodáile nár úsáideadh acmhainní FAS chun cúiteamh breise a thabhairt do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Siremar. Ina ionad sin, cuireadh na hacmhainní sin ar fáil chun forlíonadh a dhéanamh ar na leithreasuithe buiséid a cuireadh ar bun chun na cúitimh seirbhíse poiblí a íoc le cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, i gcás nár leordhóthanach na leithreasuithe buiséid sin. Tugann an Iodáil dá haire gurbh amhlaidh le hAirteagal 1, mír 5-*ter*, de Dhlí Foraithne 125/2010 a cuireadh ar a gcumas do na réigiúin na hacmhainní FAS a úsáid chun an cúiteamh seirbhíse poiblí tráthrialta (cuid de) a chistiú agus leanúnachas na seirbhísí poiblí muirí a áirithiú leis sin. Thairis sin, shoiléirigh an Iodáil gurb amhlaidh, faoi Airteagal 26 de Dhlí Foraithne 185/2008, a bhí EUR 65 milliún le haghaidh gach ceann de na blianta 2009, 2010 agus 2011 curtha i leataobh le haghaidh ghrúpa Tirrenia agus a tarraingíodh anuas EUR 195 milliún dá réir sin ó

acmhainní FAS. Aistríodh na cistí sin ansin chuig cuntas na hAireachta Iompair a cuireadh i leataobh chun an cúiteamh seirbhíse poiblí a íoc le cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia (Tirrenia, Siremar, Caremar, Toremar agus Saremar). Dá bhrí sin, ní bhainfeadh an beart sin ach le leithdháileadh acmhainní i mbuiséad stáit na hIodáile chun na cúitimh seirbhíse poiblí a íoc.

4.10. **Maidir leis an easpa leanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus CdI**

(232) Ba é a chuir an Iodáil isteach nach ann d'aon leanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus CdI bunaithe ar na forais seo a leanas:

(a) *Raon feidhme an díolacháin*: Chuir an Iodáil in iúl go raibh Siremar le díol ar dtús mar chuid de Tirrenia (a raibh sé mar fhochuideachta de). Tar éis chliseadh na hiarrachta príobháidithe sin, eagraíodh tairiscintí ar leithligh le haghaidh cuid de na sócmhainní de chuid na cuideachta faoi seach (i.e. brainsí gnó Tirrenia agus Siremar faoi seach). Ina theannta sin, bhain an díol le líon teoranta sócmhainní de chuid Siremar in EA nach raibh aon neamhspleáchas feidhmiúil aige roimhe sin; sócmhainní nach bhfuil fíor-riachtanach le haghaidh na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear mearbhád farantóireachta amháin, díoladh ar leithligh iad. Thairis sin, fiacha a thabhaigh Siremar in EA roimh an aistriú, níor ghlac CdI ar lámh iad;

(b) *Gníomhaíocht eacnamaíoch*: tá na coinníollacha a bhaineann leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a dhéanamh, a leagtar amach leis an gCoinbhinsiún nua le haghaidh CdI, an-éagsúil leo sin a leagtar amach leis an gCoinbhinsiún tosaigh le haghaidh Siremar. Go háirithe, déantar forál sa Choinbhinsiún nua maidir le critéir éagsúla chun an cúiteamh i leith sholáthar na seirbhíse poiblí a ríomh (rud atá seasta ag uasmhéid, seachas caillteanais a chumhdach go hiomlán ón tseirbhís phoiblí) agus tugtar isteach leis níos mó solúbthachta sna rátaí a thairgtear do na paisinéirí (agus uasteorainneacha praghais á n-úsáid seachas praghsanna seasta). Mheas an Iodáil gur ghá go raibh oibleagáid ar an gceannaitheoir éifeachtúlacht eagraíochtúil bhrainse gnó Siremar a mhéadú mar gheall ar an athrú suntasach ar an modh cúitimh. Ar deireadh, mhaígh an Iodáil go mbaineann athrú as cuimse in eagrú agus bainistíocht an bhrainse gnó leis an aistriú ó úinéir poiblí chuig úinéir príobháideach, agus leis an aistriú sin amháin.

(c) *Neamhleanúnachas an lucht saothair*: Chuir an Iodáil in iúl nárbh ann d'aon aistriú uathoibríoch fostaithe chuig an gceannaitheoir. Bhrisfeadh Siremar in EA a fhostaithe as a bpost agus bheadh sé faoi dhliteanas i leith aon chostas a bhí fágtha agus nasctha leis na seanchonarthaí. Dhéanfadh an ceannaitheoir tairiscintí ar fhostaíocht nua do na hiarfhostaithe ansin, a mhéid a measadh go raibh gá leo chun an gnó aistrithe a oibriú (i.e. an tseirbhís phoiblí). Dá nglacfadh na hiarfhostaithe leis an tairiscint, d'fhostófaí iad faoi chonradh nua éagsúil;

(d) *Praghas an aistrithe*: Chuir an Iodáil in iúl go ndearna saineolaí neamhspleách meastachán ar luach bhrainse gnó de chuid Siremar agus gurbh é an t-aon chritéar le haghaidh roghnú na dtairiscintí a bhain leis an nós imeachta tairisceana chun an brainse sin a dhíol an praghas ab airde;

(e) *Scairshealbhú éagsúil de chuid an díoltóra agus an cheannaitheora:* Thug an Iodáil dá haire gur sainaithníodh an ceannaitheoir trí phróiseas tairisceana poiblí a bhí ar oscailt don líon is mó tairgeoirí ionchasacha agus ab fhéidir. Bhí an tairiscint sin bunaithe ar phrionsabail na hiomaíochta, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe agus dámhadh an tairiscint agus úsáid á baint as critéar an phraghais ab airde. Thairis sin, thagair an Iodáil do rialú AGCM n. 23023 an 23 Samhain 2011 ([80]), ar dá réir nach mbeadh aon scairshealbhóir aonair de chuid Mediterranea in ann rialú eisiach ná comhpháirteach a dhéanamh ar bhrainse gnó Siremar. Go deimhin, bhí an tairgeoir rathúil, CdI, rialaithe le haghaidh 65,32 % ag Mediterranea. Bhí 43,02 % de na scaireanna in Mediterranea faoi úinéireacht na Sicile, agus bhí na scaireanna a bhí fágtha faoi úinéireacht trí pháirtí phríobháideacha i dteannta a chéile. Shealbhaigh na páirtithe sin gnáthscaireanna nó "scaireanna chineál A", ach shealbhaigh an tSicil "scaireanna chineál B", atá faoi réir teorainneacha áirithe. Mar shampla, ní fhéadfadh an tSicil aon duine dá hoifigigh ná dá stiúrthóirí a cheapadh ar Bhord Rialála na cuideachta. Ar na cúiseanna sin, mhaígh an Iodáil go raibh céannacht an díoltóra éagsúil le céannacht an cheannaitheora agus nach raibh an díoltóir in ann aon chineál rialaithe ná cur isteach simplí fiú a dhéanamh ar bhainistíocht bhrainse gnó Siremar, tar éis a aistrithe chuig CdI;

(f) *Loighic eacnamaíoch an idirbhirt*: ba é cuspóir an idirbhirt na gníomhaíochtaí iompair mhuirí a d'oibrigh Siremar a léirscaoileadh chun an Rialachán Cabatáiste Muirí a chomhlíonadh. Thairis sin, foilsíodh an chéad ghlao ar léirithe spéise an 4 Deireadh Fómhair 2010, cé gur osclaíodh nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil an Choimisiúin lena Chinneadh an 5 Deireadh Fómhair 2011. Dá bhrí sin, mheas an Iodáil nach é ab aidhm don idirbheart dul timpeall ar rialacha státchabhrach, ach go raibh sé pleanáilte agus forghníomhaithe le hintinn tionscadal tionsclaíoch tábhachtach a dhéanamh.

([80]) C11320 – Compagnia delle Isole/Ramo di azienda di Tirrenia di Navigazione (Siremar), Provvedimento n. 23023 del 23 novembre 2011.

5. BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA

5.1. Barúlacha ó Siremar sa riarachán urghnách

(233) Chuir Siremar in EA isteach príomhthacar barúlacha amháin agus litir amháin ina dhiaidh sin. Rinneadh malartuithe neamhfhoirmiúla ina dhiaidh sin freisin, agus údaráis na hIodáile láneolach orthu, chun ceisteanna áirithe a bhí ar feitheamh a shoiléiriú nó faisnéis shonrach a fháil. Thairis sin, maidir leis an gcuid is mó de bhearta cabhrach, chuir Siremar in EA argóintí isteach a bhí an-chosúil leo sin a bhí soláthartha ag an Iodáil.

5.1.1. *Maidir leis an nós imeachta um shárú Uimh. 2007/4609*

(234) Mar fhreagra ar Chinneadh 2012, a fuarthas an 19 Aibreán 2013, thagair Siremar in EA ar dtús do nós imeachta um shárú Uimh. 2007/4609 ón gCoimisiún maidir le cur i mífheidhm an Rialacháin Cabatáiste Mhuirí (féach freisin roinn 2.4). Sa chomhthéacs sin, thagair Siremar in EA do litir an 21 Nollaig 2009 (féach aithris (136)) maidir lena bheith ar intinn ag an Iodáil tairiscintí a sheoladh ach ní raibh sé ar intinn aici déanamh amhlaidh le haghaidh na gconarthaí seirbhíse poiblí ach chun na cuideachtaí loingseoireachta a raibh na conarthaí sin á sealbhú acu a dhíol. Sa litir sin, tugadh faoi deara, agus an t-ollchóiriú radacach ar an earnáil a bhí beartaithe á chur san áireamh, agus i bhfianaise an tionchair shóisialta a bheadh ag na tairiscintí murar áiríodh na cuideachtaí iontu, go raibh na nósanna imeachta a roghnaíodh inghlactha – i bprionsabal agus mar eisceacht – chun comhlíontacht le prionsabal an neamh-idirdhealaithe idir úinéirí long an Chomhphobail a áirithiú.

(235) An 21 Meitheamh 2012 (féach aithris (143)), sheol an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig an Iodáil maidir leis an moill ar nósanna imeachta iomaíocha a chur chun feidhme chun seirbhísí poiblí cabatáiste muirí oibrithe ag Caremar, Laziomar agus Saremar a dhámhachtain, níos mó ná 3 bliana tar éis gnáthdhul in éag na gconarthaí ábhartha. Ós rud é go raibh na nósanna imeachta iomaíocha tugtha chun críche ag údaráis na hIodáile chun na seirbhísí poiblí cabatáiste muirí a bhí oibrithe ag na cuideachtaí Tirrenia, Siremar agus Toremar a dhámhachtain, níor bhain an tuairim réasúnaithe leis na cuideachtaí sin. Ar an mbonn sin agus i bhfianaise na malartuithe roimhe sin idir údaráis na hIodáile agus ranna an Choimisiúin, mhaígh Siremar in EA gur shuigh an Coimisiún go raibh príobháidiú an bhrainse gnó i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán Cabatáiste Muirí.

(236) Bunaithe ar chásdlí na gCúirteanna Eorpacha, ([81]) d'áitigh Siremar in EA gurbh amhlaidh, a luaithe a bunaíodh oibleagáidí seirbhíse poiblí i gcomhréir leis an Rialachán Cabatáiste Muirí, nach mór a mheas go gcomhlíontar dlí an Aontais leo gan gá a bheith ann grinnscrúdú breise a dhéanamh de bhun Airteagal 106(2) CFAE. De réir Siremar in EA, ós rud é gurb é an chonclúid ar ar thángthas leis an nós imeachta um shárú go raibh údar cuí leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a bhí forchurtha ar na bealaí a bhí oibrithe ag brainse gnó de chuid Siremar roimh an bpríobháidiú i bhfianaise an Rialacháin Cabatáiste Mhuirí, ní féidir an chonclúid sin a cheistiú i gcomhthéacs nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil an Choimisiúin a leagtar síos in Airteagal 108(2) CFAE ([82]). Dá bhrí sin, ba cheart aon ghníomhaíocht bhreise faoi Airteagal 108(2) CFAE a bheith teoranta do bhearta eile, atá éagsúil leis an gcúiteamh i leith na gcostas breise arbh é ba chúis leo na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a cuireadh ar iontaoibh agus a oibríodh go dleathach faoin Rialachán Cabatáiste Muirí.

(237) Ar deireadh, thagair Siremar in EA do Bhreithiúnas 2009 lenar neamhníodh Cinneadh 2004 agus don fhéidearthacht go bhféadfaí an cúiteamh seirbhíse poiblí ar a ndearnadh measúnú sa Chinneadh sin a aicmiú mar chabhair a bhí ann cheana. Dá mb'amhlaidh a aicmíodh an chabhair a dámhadh d'iar-Ghrúpa Tirrenia mar chabhair a bhí ann cheana, is dócha go mbeadh feidhm freisin ag an aicmiú sin maidir leis an gcúiteamh a íocadh as na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a bhí oibrithe ag brainse gnó de chuid Siremar suas leis an bpríobháidiú, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) bhí fíorghá le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún tosaigh chun soláthar na seirbhíse poiblí a ráthú go dámhachtain an Choinbhinsiúin nua, i gcomhthéacs phríobháidiú bhrainse gnó Siremar. Dá bhrí sin, measadh go raibh údar cuí leis i bhfianaise thoradh nós imeachta um shárú an Choimisiúin;

(b) bhí d'éifeacht ag na hathruithe ábhartha a rinneadh ón 1 Eanáir 2009, agus iad amháin, méid foriomlán an chúitimh seirbhíse poiblí a dámhadh a laghdú.

5.1.2. *Maidir le fadú an Choinbhinsiúin tosaigh*

(238) Maidir le fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bheith ann ar na bealaí ar fhreastail brainse gnó de chuid Siremar orthu faoin gCoinbhinsiún tosaigh, liostaigh Siremar in EA ar dtús na naisc ina raibh seirbhís phoiblí á hoibriú aige le linn thréimhse an fhadaithe. Bhí iomaíocht ar bhealaí áirithe ar feadh tréimhsí áirithe den bhliain. Mar sin féin, bhí seirbhís phoiblí á soláthar freisin ag na hoibreoirí sin agus cúitíodh iad dá réir sin. Dá bhrí sin, thug Siremar in EA dá aire nár chaith láithreacht na n-oibreoirí sin amhras ar fhíorsheirbhís

([81]) Tagraíonn Siremar in EA go háirithe do bhreithiúnas an 15 Meitheamh 2005 i gCás T-17/02 *Fred Olsen, SA*, ECLI:EU:T:2005:218, mír 215.

([82]) Tagraíonn Siremar in EA do bhreithiúnais an 10 Bealtaine 2005 i gCás C-400/99 *An Iodáil v an Coimisiún*, ECLI:EU:C:2005:275; agus an 4 Márta 2009 i gCásanna Uamtha T 265/04, T 292/04 agus T 504/04 *Tirrenia di Navigazione v an Coimisiún*, ECLI:EU:T:2009:48.

lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bheith ann. Ina theannta sin, sholáthair Siremar in EA sonraí paisinéirí ar na bealaí a oibríodh in 2010 agus 2011, lenar léiríodh go raibh an meántrácht paisinéirí bliantúil faoi bhun 300 000 ar na bealaí aonair uile ([83]). Ar an mbonn sin, chomhlíonfaí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 2(1)(d) agus (e) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Ina theannta sin, toisc gur glanadh an cúiteamh a íocadh ar bhonn fhadú na gCoinbhinsiún tosaigh i gcomhthéacs an nós imeachta um shárú, chomhlíonfaí freisin an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 2(4) agus Airteagal 2(2) faoi seach de Chinntí 2011 agus 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(239) Thairis sin, mhaígh Siremar in EA nár thug an Iodáil róchúiteamh dó. Ar an gcéad dul síos, thagair an chuideachta do thuarascáil le Corte dei Conti inar ceadaíodh an mhodheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 3 den Choinbhinsiún tosaigh chun méid cúitimh chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia a chinneadh. Ar an dara dul síos, chuir Siremar in EA in iúl go raibh méid an fhóirdheontais thart ar EUR 16 milliún níos lú i ndearbhthéarmaí, agus thart ar 25 % níos lú i dtéarmaí coibhneasta, le linn na tréimhse ina raibh sé faoi riarachán urghnách (Mí Mheán Fómhair 2010 – Mí Iúil 2012) ná an meánmhéid fóirdheontas a fuair an chuideachta le linn an 2 bhliain roimhe sin (2008 – 2009). Thug Siremar in EA dá aire gur chuir an cúiteamh seirbhíse poiblí a íocadh go dtí deireadh 2009 ar a chumas dó a chuid ioncaim agus costas a chomhardú agus leanúint ag oibriú d'ainneoin meath a bheith ag teacht de réir a chéile ar a ionchas eacnamaíoch agus airgeadais. Tháinig Siremar chun bheith níos spleáiche ar na fóirdheontais le himeacht ama, áfach: tháinig méadú ar a scair den láimhdeachas ó 64 % go dtí 77 % idir 1999 agus 2008. Ansin, ó 2010 ar aghaidh, chuir Dlí 2009 uasteorainn leis an méid cúitimh ar leibhéal a bhí i bhfad níos lú ná sna blianta roimhe sin. D'áitigh Siremar in AE nárbh fhéidir leis an bhfóirdheontas poiblí a chostais oibriúcháin a chumhdach mar sin. Tháinig Siremar in EA ar an gconclúid dá bhrí sin nár fhéad aon róchúiteamh a bheith ann sna blianta inar fadaíodh an Coinbhinsiún tosaigh agus go gcuirfeadh an mhodheolaíocht nua le haghaidh cúiteamh a ríomh iallach ar úinéir nua an bhrainse gnó atheagrú a dhéanamh ar oibríochtaí an bhrainse gnó sin ionas go mbeadh sé níos éifeachtúla.

5.1.3. *Maidir le fadú neamhdhleathach ionchasach an chúnaimh tarrthála chuig Siremar*

(240) Mheabhraigh Siremar in EA gur chuir údaráis na hIodáile an Coimisiún ar an eolas an 16 Bealtaine 2011 go n-aisíocfadh Riaracháin Urghnácha Tirrenia agus Siremar an cúnamh tarrthála a formheasadh le Cinneadh 2010 tar éis dhíol bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar a thabhairt chun críche, ag úsáid na bhfáltas ó dhíol na mbrainsí sin. Thug Siremar in EA dá aire, áfach, gur chuir teagmhais gan choinne moill ar thabhairt i gcrích dhíol bhrainse gnó de chuid Siremar agus gurbh éigean do Siremar in EA dá thoradh sin leanúint dá sheirbhísí a oibriú ar feadh tréimhse i bhfad níos faide ná mar a bhí beartaithe, agus na costais a ghabhann leis sin a íoc. Aisíocadh an cúnamh tarrthála in iomláine, áfach, leis an Stát trí aon íocaíocht amháin an 18 Meán Fómhair 2012, i.e. gan ach 48 lá tar éis aistriú bhrainse gnó Siremar, a tharla an 1 Lúnasa 2012.

(241) Maidir leis an gceanglas a leagtar síos i mír 25(c) de na Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe, thug Siremar in EA dá aire gur foilsíodh plean leachtaithe Tirrenia agus Siremar araon ar shuíomh gréasáin an Riaracháin Urghnách ([84]) i bhfad sula ndeachaigh an teorainn ama 6 mhí réamhluaite in éag. Luaigh Siremar in EA freisin go ndearnadh aon fhaisnéis ábhartha maidir le dul chun cinn an phróisis príobháidithe ina dhiaidh sin – arbh é a mhaíomh ina leith gur plean athstruchtúraithe, go bunúsach, a bhí ann mar a shainmhínítear sna Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe é – a chur faoi bhráid an Choimisiúin go tráthrialta faoi na nósanna imeachta maidir le formheas státchabhrach agus cumaisc. Mhaígh Siremar in EA dá bhrí sin gur cuireadh an Coimisiún go hiomlán ar an eolas agus go raibh an plean sin indéanta, comhleanúnach agus forleathan, ionas go n-athbhunófaí inmharthanacht Siremar mar a cheanglaítear leis na Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe.

(242) D'áitigh Siremar in EA freisin nár ghnóthas i gcruachás a thuilleadh é Siremar a luaithe a fuair sé an cúnamh tarrthála a chuir ar a chumas dó an tseirbhís phoiblí a sholáthar go tráthrialta, agus bainistíocht chuí á déanamh an tráth céanna aige ar an bpróiseas leachtaithe. Ba é a thuairim go ndearnadh na gníomhaíochtaí sin go tráthrialta le linn na tréimhse i gceist agus gan aon chur isteach ann a fheictear de ghnáth le gnóthas atá i gcruachás. Luaigh Siremar in EA freisin gur tugadh an príobháidiú i gcrích an tráth céanna a cuireadh an plean athstruchtúraithe chun feidhme go hiomlán. Bhí athruithe struchtúrtha ar eagrú agus ar bhainistíocht Siremar i gceist leis sin, rud a áirithíonn go bhfillfidh sé ar staid bhrabúsach san fhadtéarma. Ar deireadh, thug Siremar in EA dá aire gur deimhníodh le Cinneadh 2010 gur comhlíonadh prionsabal an neamh-atarlaithe i dtaca leis an am atá thart freisin, i ndáil le haon chúnamh tarrthála agus athstruchtúraithe nó cúnamh neamhdhleathach, amhail an cúiteamh le haghaidh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí. Dá bhrí sin, d'áitigh Siremar go mb'fhéidir go raibh ionchais dhlisteanacha ag údaráis na hIodáile nach raibh aon státchabhair i gceist leis an gcúiteamh sin.

([83]) Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, gurbh é 300 357,5 an meánlíon paisinéirí a bhí ar bhealach amháin (ALC/2) in 2010 agus 2011.

([84]) Féach: http://www.tirreniadinavigazioneamministrazionestraordinaria.it/ (arna lua ag an gcuideachta), mar aon lehttp://www.siremar-in-as.it/.

5.1.4. *Maidir leis an gCoinbhinsiún nua*

(243) Maidir leis an nós imeachta a leanadh, mhaígh Siremar in EA gur thug an Iodáil fógra don Choimisiún faoin gCoinbhinsiún nua an 10 Eanáir 2012 ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus orthu sin amháin. Go deimhin, d'easaontaigh Siremar in EA le tuairim an Choimisiúin i gCinneadh 2012 go bhféadfadh sé gur cúnamh neamhdhleathach a bhí sa bheart sin, arna dheonú de shárú ar an oibleagáid neamhghníomhaíochta faoi Airteagal 108(3) CFAE.

(244) Go bunúsach, chuir Siremar in EA ceithre chritéar Altmark i láthair agus d'áitigh cén fáth ar mheas sé gur tugadh urraim do gach critéar, á chur as an áireamh dá réir go mbeadh aon chomhchuid státchabhrach sa Choinbhinsiún nua.

(245) Ar an gcéad dul síos, cuireadh ar iontaoibh na cuideachta seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar (Altmark I): Leagtar amach go soiléir in Airteagal 3 den Choinbhinsiún nua na seirbhísí atá le soláthar, agus in Iarscríbhinn A a ghabhann leis sainaithnítear go mionsonraithe na cineálacha long atá le húsáid agus na bandaí ama atá le cumhdach, agus sonraítear inti na ceanglais le haghaidh seirbhís um thráthnóna agus istoíche agus na srianta ar tháillí. Ar an dara dul síos, leagadh amach na paraiméadair le haghaidh ríomh an chúitimh ar bhealach trédhearcach oibiachtúil roimh ré (Altmark II): tugadh tuairisc mhionsonraithe ar mhodheolaíocht an ríomha sa Choinbhinsiún nua, sna hiarscríbhinní a ghabhann leis agus i dTreoir CIPE. Ar an tríú dul síos, níor cúitíodh ach glanchostais sholáthar na seirbhíse poiblí (Altmark III): leagtar síos sa Choinbhinsiún nua nach gcúiteofaí ach na seirbhísí a oibrítear mar mhisean poiblí agus iadsan amháin. Liostaíodh i dTreoir CIPE agus in iarscríbhinní B agus C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nua na heilimintí a bhí le cur san áireamh i ríomh costas agus an bhrabúis réasúnaigh, i.e. 6,5 % de thoradh ar chaipiteal riosca. Ar an gceathrú dul síos, ní mór an cúiteamh a shocrú ar an leibhéal íosta (Altmark IV): D'áitigh Siremar in EA go raibh an tairiscint ar phríobháidiú bhrainse gnó de chuid Siremar trédhearcach, oscailte agus neamh-idirdhealaitheach agus gurbh éigean d'oibreoir na seirbhíse a bheith níos éifeachtúla de thoradh mhodh ríomha an chúitimh.

(246) D'ainneoin réasúnaíocht Altmark, thug Siremar in EA aghaidh freisin ar amhras an Choimisiúin i dtaobh chomhlíontacht an Choinbhinsiúin nua leis na coinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(247) Go háirithe, mhaígh Siremar in EA, ar bhonn na sonraí paisinéirí le haghaidh 2010 agus 2011, nár sáraíodh an tairseach paisinéirí a shocraítear le hAirteagal 2(1)(d) agus (e) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Thairis sin, d'áitigh Siremar in EA i bhfianaise thoradh an nós imeachta um shárú (féach freisin roinn 5.1.1), agus tar éis phríobháidiú bhrainse gnó Siremar, go n-urramaítear freisin an coinníoll in Airteagal 2(4) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(248) Thagair Siremar in EA do na hargóintí a thug sé mar bhonn lena réasúnaíocht Altmark chun a chruthú gur comhlíonadh na coinníollacha a cheanglaítear le hAirteagal 4(a) agus (b) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Thairis sin, leagtar síos sa Choinbhinsiún nua na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú agus na socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a aisghabháil, mar aon le ceanglais cheangailteacha a chumhdaíonn gnéithe fíor-riachtanacha (praghas, cáilíocht agus cainníocht) na seirbhísí a sholáthraítear (Airteagal 4(d) agus (e) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta). Ina theannta sin, le haghaidh gach bealaigh, leagtar síos in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nua na táillí uasta is infheidhme in aghaidh an duine nó na feithicle, ag déanamh idirdhealú idir gnáth-tháillí agus táillí laghdaithe do chónaitheoirí na n-oileán. Tá an cúiteamh bliantúil le haghaidh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí seasta ar feadh fhad an Choinbhinsiúin. Tá sásra ann áfach chun na paraiméadair eacnamaíocha thagartha a leasú gach 3 bliana, mar aon le clásal coimirce i bhfabhar an dá pháirtí má bhíonn athruithe struchtúrtha gan choinne ann, os cionn tairseach sheasta, le haghaidh paraiméadair eacnamaíocha áirithe. Thairis sin, chun a áirithiú go mbeidh comhlíontacht iomlán ann leis na coinníollacha a dtugtar tuairisc orthu thuas, tugadh isteach leis an gCoinbhinsiún nua córas docht cuimsitheach pionós ar an oibreoir seirbhíse, bunaithe ar phrionsabal an díspreagtha. Tugtar cumhacht freisin do na hAireachtaí maoirseachta iniúchtaí agus seiceálacha a dhéanamh, agus faisnéis a fháil chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Choinbhinsiún (Airteagal 5 de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta). Ar deireadh, mhaígh Siremar in EA gur chomhlíon sé na forálacha eile is infheidhme de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (Airteagail 6 go 9) trí bhíthin na bhforálacha ginearálta lena rialaítear tairiscint oscailte, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, amhail an ceann a úsáideadh chun brainse gnó Siremar a dhíol.

5.1.5. *Maidir le príobháidiú Siremar agus leis an bhfrithráthaíocht*

(249) Mheabhraigh Siremar in EA príomhchéimeanna an nós imeachta tairisceana agus na forbairtí ina dhiaidh sin. Chuir sé i dtábhacht gur dhear agus go ndearna an Coimisinéir Urghnách an nós imeachta tairisceana ar an mbealach ab iomchuí, dar leis, chun a áirithiú go mbainfí amach an luach ba mhó ab fhéidir agus go raibh sé faoi cheangal dlí coimircí a chur ar bun chun trédhearcacht, neamhchlaontacht agus cothroime an nós imeachta tairisceana a áirithiú. Go háirithe, shocraigh saineolaí neamhspleách an praghas íosta agus ba ar chritéar an

phraghais ab airde a bunaíodh roghnú an tairgeora ar éirigh leis. Thairis sin, thug Siremar in EA dá aire gur cheart don Choimisiún cásdlí GRAWE ([85]) a leanúint nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh aige ar chúnamh a d'fhéadfaí a dheonú i bpríobháidiú, ina ndeirtear gur féidir glacadh leis, agus cuideachta faoi úinéireacht Stáit á príobháidiú, go gcomhfhreagraíonn an praghas margaidh don tairiscint is airde a fuarthas, más amhlaidh go bhfuil an tairiscint sin inchreidte agus go bhfuil luach eacnamaíoch léi.

(250) D'áitigh Siremar in EA freisin nach raibh an nós imeachta tairisceana faoi réir aon choinníoll a d'fhéadfadh ann féin luach na sócmhainní a cuireadh ar díol a laghdú, ná an líon ceannaitheoirí ionchasacha a laghdú. Baineann sin go háirithe leis na coinníollacha a luaitear i gCinneadh 2011 maidir leis na nithe seo a leanas: (i) leibhéil fostaíochta a chaomhnú (ii) na longa agus na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chuachadh le chéile in aon nós imeachta tairisceana amháin. Maidir leis an gcéad chás a luadh, thug Siremar in EA dá aire go mbaineann sé le foráil shainordaitheach, a bunaíodh trí ghníomh reachtach a bhfuil raon feidhme ginearálta aige agus is infheidhme gan idirdhealú ar feadh tréimhse nach faide ná 2 bhliain. Maidir leis an gcás deireanach a luadh, thug Siremar in EA dá aire gur chosúil gurbh é a bhí san fhéidearthacht go n-úsáidfí cabhlach an bhrainse gnó chun na bealaí seirbhíse poiblí a bhunaítear sa Choinbhinsiún a oibriú ná deis inmharthanach ghnó seachas toisc dhiúltach a mbeadh tionchar aici ar luach an bhrainse gnó a cuireadh ar díol, go háirithe tráth a bhí cúlú eacnamaíoch san earnáil iompair mhuirí.

(251) Maidir le saincheist shonrach na frithráthaíochta ag an tSicil, d'áitigh Siremar in EA nach raibh aon fhianaise ann ar aon fhrithráthaíocht a bheith sna doiciméid arna gcur isteach ag na tairgeoirí le linn an nós imeachta tairisceana. Go háirithe, ní raibh aon tagairt fhollasach ná intuigthe i litir shóláis Unicredit an 12 Deireadh Fómhair 2011 ar fhrithráthaíocht arna heisiúint ag an tSicil. Ina theannta sin, lean Unicredit lena ghealltanas íocaíochtaí iarchurtha chuid den phraghas díola a ráthú fiú tar éis don tSicil a frithráthaíocht a tharraingt siar. Go deimhin, ba leor é gur tugadh an díolachán i gcrích i bhfad tar éis don tSicil a frithráthaíocht a tharraingt siar chun teacht ar an gconclúid nach raibh aon nasc ábhartha idir litir shóláis Unicredit agus frithráthaíocht na Sicile.

(252) Ar na cúiseanna sin, tháinig Siremar in EA ar an gconclúid nach raibh údar le hamhras an Choimisiúin maidir le cabhair a bheith i bpríobháidiú bhrainse gnó Siremar, lena n-áirítear an fhrithráthaíocht arna heisiúint ag an tSicil.

5.1.6. *Maidir leis an easpa leanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus CdI*

(253) Thug Siremar in EA tuairisc ar na gnéithe seo a leanas de phríobháidiú bhrainse gnó Siremar: raon feidhme an aistrithe (sócmhainní agus dliteanais); an ghníomhaíocht eacnamaíoch, lucht saothair agus céannacht na bpáirtithe; an praghas díola; loighic agus uainiú na hoibríochta. Mhaígh Siremar in EA sa chás seo gur thug gach ceann de na heilimintí sin le fios go raibh scor eacnamaíoch idir an Riarachán Urghnách a bhí ag díol brainse gnó de chuid Siremar agus an faighteoir.

(254) Go háirithe, thug Siremar in EA na nithe seo a leanas dá aire:

(a) bhí raon feidhme an aistrithe chuig CdI níos teoranta ná mar a bhí á thuar ar dtús, ós rud é nár cuireadh ach brainse gnó de chuid Siremar ar díol seachas Tirrenia ina iomláine (lena n-áirítear Siremar). Thairis sin, nuair a tugadh an díolachán i gcrích, cuireadh na dliteanais uile a bhí amuigh agus nasctha le sócmhainní bhrainse gnó de chuid Siremar ar ceal;

(b) thug an cineál idirbhirt féin – i.e. príobháidiú a bhaint amach – le tuiscint go soiléir go scorfaí de ghníomhaíocht eacnamaíoch, i dtéarmaí struchtúr eagrúcháin, próisis chinnteoireachta, critéir bhainistíochta agus straitéisí gnó;

(c) mar a leagtar amach le hAirteagal 56 (3-bis) de Dhlí Foraithne Uimh. 270/1999, níl feidhm ag Airteagal 2112 de Chód Sibhialta na hIodáile maidir le díol cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí poiblí fíor-riachtanacha, ag áirithiú nach bhfuil aon leanúnachas sa lucht saothair;

(d) saineolaí neamhspleách a shocraigh an t-íosphraghas díola; bhí an nós imeachta díolacháin trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus ní raibh de chritéir dámhachtana ann ach an praghas ab airde;

(e) bhí an dá pháirtí neamhspleách ar a chéile, toisc nár thug scaireanna na Sicile in Mediterranea caoi di aon tionchar a imirt ar an ngnó (féach aithris (232)(e));

(f) cuireadh tús leis an nós imeachta tairisceana le haghaidh bhrainse gnó de chuid Siremar an 4 Deireadh Fómhair 2010, ach d'oscail an Coimisiún a imscrúdú foirmiúil ina leith lena Chinneadh an 5 Deireadh Fómhair 2011. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir gurbh é a bhí de chuspóir ag an idirbheart teacht timpeall ar na rialacha maidir le státchabhair. Os a choinne sin, ba é cuspóir an idirbhirt an earnáil iompair mhuirí a léirscaoileadh, mar a forchuireadh leis an Rialachán Cabatáiste Muirí, trí bhíthin príobháidithe.

([85]) Breithiúnas an 28 Feabhra 2012 i gCás T-282/08, *Grazer Wechselseitige Versicherung AG v An Coimisiún Eorpach* (ECLI:AE:T:2012:91).

5.1.7. *Aighneacht bhreise i dtaca le cinneadh CdS maidir leis an bhfrithráthaíocht*

(255) Chuir Siremar in EA cinneadh 592/14 isteach an 12 Feabhra 2014 maidir le saincheist na frithráthaíochta arna soláthar ag an tSicil (féach aithris (96)) agus chuir sé a réamh-mheasúnú féin i láthair. Go háirithe, maidir le cinneadh 592/14:

(a) bhí sé bunaithe ar dhlí náisiúnta agus aithníodh ann go bhfuil inniúlacht eisiach ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí leis an margadh inmheánach atá aon státchabhair a dtugtar fógra fúithi nó atá neamhdhleathach;

(b) glacadh leis gur chuir an fhrithráthaíocht éifeachtacht iomlán phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir an dá rannpháirtí sa tairiscint i mbaol;

(c) dearbhaíodh leis, dá bhrí sin, go raibh nós imeachta díolacháin bhrainse gnó de chuid Siremar ar neamhní go páirteach.

(256) Maidir leis an bpointe deireanach, thug an Riarachán Urghnách le fios cheana ag an gcéim sin nárbh fhéidir a chur as an áireamh go n-iarrfaí as an nua air na gníomhaíochtaí arna gceangal le dlí a chur i bhfeidhm chun próiseas príobháidithe Siremar a thabhairt i gcrích.

5.2. **Barúlacha ó SNS**

(257) Chuir SNS ceithre litir isteach i gcaitheamh an imscrúdaithe: trí aighneacht faisnéise agus aon iarraidh fhoirmiúil amháin go dtabharfadh an Coimisiún tosaíocht don chuid den imscrúdú ar Ghrúpa Tirrenia a bhaineann le Siremar. Rinneadh malartuithe neamhfhoirmiúla ina dhiaidh sin freisin, agus údaráis na hIodáile láneolach orthu, chun ceisteanna áirithe a bhí ar feitheamh a shoiléiriú nó faisnéis shonrach a fháil. Ní dhéanfar achoimre sa roinn seo ach ar na trí aighneacht ([86]).

5.2.1. *An chéad aighneacht*

(258) Sa chéad aighneacht, a seoladh an 22 Feabhra 2012 tar éis ghlacadh Chinneadh 2011, chuir an chuideachta eolas cothrom le dáta isteach maidir le próiseas príobháidithe Siremar agus soiléirithe áirithe maidir leis an bhfrithráthaíocht arna heisiúint ag an tSicil an 12 Deireadh Fómhair 2011, tar éis na hiarrata deiridh ar thairiscintí incriminteacha an 29 Meán Fómhair 2011. Go háirithe, thug SNS na nithe seo a leanas dá aire maidir leis an bhfrithráthaíocht sin: (1) ní raibh sí comhréireach le scaireanna na Sicile in Mediterranea; (2) d'eisigh an tSicil ar a tionscnamh féin í agus ní bhfuarthas íocaíocht aisti; (3) rinneadh í gan aon chúiteamh idirghabhálach ná maolú riosca ar thaobh scairshealbhóirí CdI. Chuir SNS é féin an fhrithráthaíocht faoi bhráid an Choimisiúin freisin. Thairis sin, mhaígh sé go raibh sé soiléir ó théacs na frithráthaíochta gur ceanglas a bhí inti sin ar an ráthaíocht ar thráthchodanna iarchurtha an phraghais díola a bheith á heisiúint ag Unicredit. Tháinig SNS ar an gconclúid mar sin gur státchabhair neamhdhleathach do CdI, agus do Unicredit freisin b'fhéidir, a bhí sa fhrithráthaíocht.

5.2.2. *An dara haighneacht*

(259) Sa dara haighneacht, a seoladh an 21 Márta 2013 tar éis ghlacadh Chinneadh 2012, chuaigh an chuideachta siar ar chéimeanna éagsúla an nós imeachta príobháidithe agus ar an dlíthíocht ghaolmhar go nuige sin (féach roinn 2.3.3.2). Thug sé tuairisc freisin maidir le gearán arna eisiúint ag NGI, oibreoir bád farantóireachta, don Aireacht Iompair i gcoinne dámhachtain conartha do CdI chun seirbhísí chuig oileáin Egadi, Pantellaria agus Ustica a oibriú ([87]). Shoiléirigh sé ansin an cineál scairsheilbhe indírí a bhí ag an tSicil in CdI agus d'áitigh cén fáth a raibh an fhrithráthaíocht agus an méadú ar an gcaipiteal araon ina mbearta státchabhrach.

(260) Ar an gcéad dul síos, ba é tuairim SNS nach bhféadtar scairsheilbh indíreach na Sicile in CdI a mheas a bheith ina scairsheilbh mhionlaigh gan aon tionchar aige ar bhainistíocht na cuideachta. Go deimhin, dhéanfadh an tSicil idirghabháil i gcinntí straitéiseacha uile CdI. Go háirithe, thug an gearánach dá aire gurbh é an tUas. Vincenzo Emanuele Cuntasóir Ginearálta na Sicile an tráth céanna a bhí sé ina Uachtarán ar Bhord Maoirseachta Mediterranea agus go raibh sé in ann tionchar a imirt ar chinntí CdI mar sin. Faoi Airteagal 2409-*octies* de Chód Sibhialta na hIodáile, déanann an Bord Maoirseachta gnéithe den rialú a fheidhmiú. Cuirtear na freagrachtaí seo a leanas, i measc cinn eile, ar a iontaoibh: an Bord Stiúrthóirí a cheapadh agus a chúlghairm; an clár comhardaithe a fhormheas; feidhmeanna a shanntar do *Collegio Sindacale* faoi Airteagal 2403 de Chód Sibhialta na hIodáile a dhéanamh; gníomhaíochtaí i gcomhair damáistí i gcoinne chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí a chur chun cinn; eolas cothrom le dáta a chur i láthair na scairshealbhóirí go bliantúil i scríbhinn. Thairis sin, shann Reacht Mediterranea an inniúlacht bhreise dá Bhord Maoirseachta vótáil ar oibríochtaí straitéiseacha agus ar phleananna airgeadais agus gnó arna n-ullmhú ag an mBord Stiúrthóirí. Thug SNS dá aire freisin gur ainmnigh an tSicil beirt as an triúr comhaltaí ar Bhord Stiúrthóirí Mediterranea nuair a bhí an chuideachta á cur ar bun. Ar deireadh, thug SNS dá aire gur mar a chéile iad, go páirteach, scairshealbhóirí mionlaigh Mediterranea agus CdI, agus go raibh níos mó giaráil ag an tSicil dá réir. Go háirithe, bhí Lauro.it S.p.A. agus Isolemar S.r.l. ina scairshealbhóirí mionlaigh ar Mediterranea agus CdI araon.

([86]) Chuir SNS gearán isteach freisin in aghaidh nós imeachta díolacháin bhrainse gnó de chuid Siremar an 30 Eanáir 2012 a cláraíodh faoi chás-uimhir SA.34292.

([87]) Dhiúltaigh an Aireacht Iompair maíomh NGI ach, seachas scaoileadh leo, d'iarr NGI ar an Aireacht íoc an chúitimh de thart ar EUR 55 milliún in aghaidh na bliana a chur ar fionraí. Níor sholáthair SNS an comhfhreagras sin ná mionsonraí faoin obair leantach a rinneadh, má rinneadh í.

(261) Ar an dara dul síos, maidir leis an bhfrithráthaíocht, thug SNS dá aire gur athraigh CdI a thairiscint, nuair a bhí an conradh ar tí a bheith dáfa do SNS agus tar éis sprioc-am an nós imeachta a bheith dulta in éag, trína mholadh go gcuirfí ráthaíocht ó Unicredit, a bhí frithráthaithe ag an tSicil, in ionad na ráthaíochta a cuireadh isteach roimhe sin ó Commercial Fidi. Ansin, an 12 Deireadh Fómhair 2011, tar éis na hiarrata deiridh ar thairiscintí incriminteacha, d'eisigh Unicredit litir shóláis nua do CdI gan aon fhrithráthaíocht a lua. An lá céanna sin, áfach, rinne an tSicil a frithráthaíocht a dheimhniú do Unicredit agus d'athraigh na méideanna ionas go mbeidís ar aon dul lena raibh i litir Unicredit. Thug SNS dá aire freisin, anuas ar an tSicil a bheith rannpháirteach go hindíreach i gcothromas CdI, go raibh scairsheilbh mhionlaigh ag an tSicil in Unicredit (0,62 %) agus dlúthchaidreamh aici leis freisin ([88]).

(262) Measann SNS go mbeadh brainse gnó de chuid Siremar dáfa ag an Riarachán Urghnách do SNS murach gur dheonaigh Unicredit an ráthaíocht do CdI. I bhfianaise an mhéid sin, is é a mhaígh SNS, bunaithe ar an gcásdlí maidir le státchabhair agus ar an bhFógra Ráthaíochta, go raibh an fhrithráthaíocht ina beart státchabhrach de réir sainmhínithe toisc gur thug sé buntáiste eacnamaíoch roghnaíoch do CdI trí ligean dó an tairiscint ar bhrainse gnó Siremar a ghnóthú ag úsáid acmhainní Stáit agus ag saobhadh ar an iomaíocht agus an trádáil. Go deimhin, d'áitigh SNS go mb'fhéidir go n-áireofaí cabhair do Unicredit sa bheart freisin toisc go laghdófaí ar phróifíl riosca a ráthaíochta i bhfabhar CdI dá réir.

(263) Ar an tríú dul síos, thug SNS tuairisc ar an méadú ar an gcaipiteal a rinne CdI agus ar na hathruithe le himeacht ama ar struchtúir scairsheilbhe CdI agus Mediterranea araon. Thug SNS dá aire ar dtús go raibh tromlach scaireanna CdI fós i seilbh Mediterranea i ndiaidh an mhéadaithe ar an gcaipiteal, a tharla in dhá chéim ó EUR 1 mhilliún go EUR 21 480 263. Thug SNS dá aire freisin, gurbh í an tSicil an scairshealbhóir ba mhó in CdI tráth an dá chéim inar méadaíodh ar an gcaipiteal, fiú dá ndéanfaí a scair a laghdú go 43,02 % ina dhiaidh sin. Measann SNS go mbeadh nasc idir na cinntí maidir le méadú a dhéanamh ar an gcaipiteal agus an fhrithráthaíocht a dheonú agus nach mbeadh ceachtar acu ag lorg brabúis sa deireadh. Go deimhin, ní dhéanfadh aon infheisteoir príobháideach an méadú ar an gcaipiteal a fhrithghealladh agus frithráthaíocht den sórt sin a eisiúint an tráth céanna, agus na méideanna a bhí i gceist agus uainiú an dá bheart á gcur san áireamh. Ar deireadh, thug SNS dá aire go raibh scairshealbha i bhfad níos lú ag na comhpháirtithe príobháideacha a bhí rannpháirteach i méadú CdI ar an gcaipiteal ná mar a bhí ag an tSicil (thart ar a leath-oiread) agus nach mbeidís rannpháirteach choíche sa mhéadú sin ar an gcaipiteal murach gur sholáthair an tSicil an chuid ba mhó de na cistí trí acmhainní poiblí a úsáid. Mhaígh SNS dá bhrí sin gur chomhlíon an méadú a rinne CdI ar an gcaipiteal freisin na coinníollacha uile le go measfaí mar státchabhair é.

(264) Ar deireadh, thug an chuideachta tuairisc ar fhadhbanna i bhfeidhmiú CdI ar an gCoinbhinsiún nua, lena n-áirítear moilleanna móra, aistir a cuireadh ar ceal agus arduithe ar tháillí a rinne difear d'úsáideoirí deiridh, agus d'iarr ar an gCoimisiún an t-imscrúdú a thabhairt i gcrích a mhéid amháin a bhaineann leis an bhfrithráthaíocht agus an méadú ar an gcaipiteal.

5.2.3. *An tríú haighneacht*

(265) Sa tríú haighneacht, a seoladh an 31 Iúil 2019, thug SNS réamhbharúlacha maidir leis na hoileáin bheaga ar freastalaíodh orthu faoin gCoinbhinsiún nua. Tá ceithre oileán déag bheaga ag an tSicil a bhfuil daonra orthu agus a riachtanais féin acu maidir le naisc mhuirí, rud a éilíonn seirbhísí muirí tráthrialta agus go minic leis an mórthír chun soláthairtí fíor-riachtanacha a chur ar fáil freisin amhail bia, uisce, breosla agus post. Níl ospidéil ná ardscoileanna ar go leor de na hoileáin sin, rud a fhágann go mbraitheann othair agus daltaí scoile ar naisc chobhsaí inacmhainne a bheith ann chun freastal ar a riachtanais oideachais agus sláinte ([89]). Thug SNS dá aire freisin gur ar naisc mhuirí a sholáthraítear faoin gCoinbhinsiún nua a bhraitheann na pleananna aslonnaithe uile do na hoileáin sin i gcás tubaistí nádúrtha nó chun críoch cosanta sibhialta.

(266) D'áitigh SNS ansin gur mheas sé nach státchabhair a bhí sa chúiteamh a íocadh leis faoin gCoinbhinsiún nua toisc gur chomhlíon sé critéir Altmark. Go háirithe, chuir SNS a chás-san i gcomparáid le seirbhísí arna soláthar ag Saremar a ndearnadh measúnú i gCinneadh 2014 orthu agus chuir roinnt eilimintí i dtábhacht a bhfuil feidhm acu maidir le SNS ach nach raibh feidhm acu maidir leis na seirbhísí sin:

(a) Oibleagáidí seirbhíse poiblí dea-shainithe a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar theip mhargaidh stairiúil (Altmark I). Go deimhin, tá na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chuirtear ar iontaoibh SNS sainithe go soiléir ina saintréithe uile, i dtéarmaí bealaí, cineál soithigh, minicíocht seirbhísí, caighdeáin, compord, sábháilteacht, táillí uasta, etc. agus tá gá leis an gcóras seirbhíse poiblí chun dul i ngleic leis an teip mhargaidh stairiúil sna naisc mhuirí idir an tSicil agus a hoileáin bheaga. Thug SNS dá aire, mar shampla, nach bhfuil ina ioncam bliantúil ó tháillí ach 30 % ar éigean de chostais na mbealaí faoin gCoinbhinsiún nua agus go dtugann sin le tuiscint go láidir nach bhféadfadh an margadh na seirbhísí sin a sholáthar in imthosca ar bith agus, go stairiúil, nach raibh siad á soláthar riamh aige. Is é an t-aon eisceacht na naisc a thairgeann SNAV agus

([88]) Bhí ionadaí de chuid na Sicile ar Bhord Bainistíochta Unicredit agus rinne Unicredit bainistíocht ar státchiste agus ar chistí pinsin na Sicile.

([89]) Go deimhin, níl ardscoil ach ar trí cinn de na hoileáin sin agus níl ospidéal ach ar dhá cheann (agus ceann amháin díobh sin gan barda gínéiceolaíochta agus cnáimhseachais).

Alilauro i gcuachadh Napoli – na hOileáin Aeólacha, a oibrítear gan cúiteamh poiblí. Ní bhíonn na seirbhísí sin á soláthar ach le linn an ardséasúir, áfach, agus úsáidtear cineál bád nach iad na báid a éilítear sa Choinbhinsiún nua agus ní shroicheann siad Milazzo (sa tSicil). Freastalaíonn siad go bunúsach ar thurasóirí a bhíonn ag taisteal ón gcuid eile den Iodáil go dtí na hOileáin Aeólacha agus ar ais le linn an ardséasúir, agus dá réir sin ní féidir iad a chur i gcomparáid leis na seirbhísí a sholáthraíonn SNS.

(b) Sásra cúitimh a leagtar amach go soiléir i dTreoir CIPE agus sa Choinbhinsiún nua (Altmark II). Go deimhin, bunaíodh an leibhéal cúitimh go soiléir ar Threoir CIPE ina dtugtar mionsonraí faoi mhodh ríomha an chúitimh, i.e. na gnéithe costais a chuirtear san áireamh agus an toradh ar chaipiteal infheistithe. Thug SNS dá aire go bhfuil sé sin i gcomhréir freisin le réamhthuairim an Choimisiúin a cuireadh in iúl i gCinntí 2011 agus 2012;

(c) Méid cúitimh atá comhréireach leis na costais a tabhaíodh (lena n-áirítear corrlach réasúnach – Altmark III). Go deimhin, tá an cúiteamh a deonaíodh do SNS riachtanach agus comhréireach chun na costais a tabhaíodh le linn dó na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a dhéanamh a chumhdach agus chun brabús réasúnach a áirithiú. Tá an phréimh riosca shocraithe ag 6,5 % i gcomhréir leis an anailís mhaicreacnamaíoch don Iodáil agus tá gá leis sin chun a áirithiú go gcumhdófar ní hamháin na costais a tabhaíodh ag soláthar na seirbhísí muirí ach go ráthófar freisin luach saothair cuí as an gcaipiteal a infheistíodh. Thug SNS dá aire nach gcinnfeadh aon oibreoir príobháideach riamh oibleagáidí seirbhíse poiblí a dhéanamh mar a shainítear sa Choinbhinsiún nua iad gan an luach saothair sin a bheith ann;

(d) Dámhachtain an bhrainse gnó agus Coinbhinsiún nua tar éis nós imeachta tairisceana dea-dheartha oscailte (Altmark IV). Go deimhin, thug SNS dá aire gur roghnaíodh é tar éis nós imeachta tairisceana ina rabhthas in ann an tairgeoir a bhí ábalta na seirbhísí a sholáthar ar an gcostas ba lú don phobal a roghnú. Ar dhóigh níos sonraí, i measc cheanglais eile na tairisceana, ba é an t-aon bhealach amháin a d'fhéadfaí an leanúnachas críche a áirithiú ná é a cheangal ar an oibreoir ar éirigh leis brainse gnó de chuid Siremar a shealbhú ó tharla nach raibh soithí ná criúnna cheana ag aon cheann de na cuideachtaí a rinne tairiscint a bheadh leordhóthanach chun na seirbhísí riachtanacha a dhéanamh.

(267) Ina theannta sin agus mar réasúnaíocht thánaisteach, thug SNS dá aire gur urramaigh an cúiteamh faoin gCoinbhinsiún nua na coinníollacha comhoiriúnachta freisin a leagtar síos le Cinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Go deimhin, sainaithnítear agus sainmhínítear go soiléir ina saintréithe uile na hoibleagáidí seirbhíse poiblí atá le comhlíonadh ag SNS. Ina theannta sin, tá an méid seo a leanas i gceist leis an gcoinbhinsiún le SNS:

(a) Sainaithnítear ann ábhar agus fad na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí;

(b) Sainaithnítear ann an gnóthas agus an críoch lena mbaineann;

(c) Tugtar tuairisc ann ar an sásra cúitimh agus ar na paraiméadair le haghaidh an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú;

(d) Déantar socruithe ann chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a aisghabháil.

5.3. **Barúlacha ó Pan Med**

(268) Luaigh Pan Med ina fhreagra ar Chinneadh 2011, a seoladh an 29 Feabhra 2012, gur aontaigh sé le ranna áirithe den chinneadh sin a bhaineann le réamhthuairim an Choimisiúin maidir le cabhair a bheith sa phríobháidiú, maidir leis an tosaíocht feistithe, agus maidir leis na bearta a leagtar síos le Dlí 2010.

(269) Thug Pan Med dá aire ina fhreagra ar Chinneadh 2012, a seoladh an 19 Aibreán 2013, go raibh sé beartaithe aige tosú ag oibriú bealaí áirithe nua ach líomhain sé go raibh an cúiteamh neamh-chomhoiriúnach a deonaíodh do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia agus dá bhfaighteoirí ag cur isteach ar an iomaíocht. Déantar achoimre sna haithrisí seo a leanas ar na barúlacha a thug Pan Med a thagraíonn do Siremar.

(270) Maidir leis an gcúnamh tarrthála a deonaíodh do Tirrenia agus do Siremar, mhaígh Pan Med gur thairbhigh an dá chuideachta sin de chúnamh tarrthála neamhdhleathach neamhrialta ón 28 Lúnasa 2011 – i.e., an dáta faoinar cheart deireadh a bheith curtha leis an gcúnamh sin – go dtí gur aisíocadh é thart ar bhliain agus dhá mhí níos déanaí. Go háirithe, ní chomhlíonfadh an cúnamh tarrthála na Treoirlínte Tarrthála & Athstruchtúraithe agus ní bheadh sé mar chuid de phlean cuimsitheach athstruchtúraithe. Dá bhrí sin, ba é tuairim Pan Med é gur cabhair oibriúcháin do Tirrenia agus do Siremar a bhí ann.

(271) Maidir leis na Coinbhinsiúin nua, chuir Pan Med a bharúlacha in iúl maidir le leas eacnamaíoch ginearálta a bheith ag gabháil i ndáiríre leis na seirbhísí a d'fheidhmigh CIN agus CdI, ag díriú isteach mar réasúnaíocht ar na bealaí a bhí á n-oibriú ag CIN (i.e. na naisc idir an tSicil agus an mhórthír, seachas na naisc idir an tSicil agus na hoileáin bheaga a bhí á n-oibriú ag CdI). D'áitigh Pan Med nach dtabharfadh riachtanais soghluaisteachta na bpobal áitiúil ná argóintí forbartha eacnamaíche údar leis an gcúiteamh poiblí a deonaíodh do na hoibreoirí sin.

Thug Pan Med dá aire nár cheart aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir go n-áiritheofaí an leanúnachas críche trí bhealaí cuachta a roghnú go treallach, rud nach raibh ina léiriú ar an leas ginearálta de réir dealraimh agus a sainíodh beagnach 25 bliana níos luaithe. Thairis sin, d'áitigh Pan Med gur thug an cúiteamh as an tseirbhís phoiblí a oibriú deis do na hoibreoirí brabúis a dhéanamh a bhí níos mó ná réasúnach agus dá bhrí sin nach gcomhlíonfadh an tríú critéar Altmark ([90]). Go háirithe, mhaígh Pan Med nach mbeadh údar leis an bpréimh riosca 6,5 % mar a leagtar amach i dTreoir CIPE í toisc go bhfágfadh sin na hoibreoirí gan aon riosca gnó.

(272) Thug Pan Med tuairisc freisin ina litir ar roinnt bealaí nua a chinn sé a oibriú agus ar sheirbhís nua laethúil ar bhealach Gaeta – Milazzo a raibh sé fós ag déanamh meastóireachta air. Mheas Pan Med go raibh an tseirbhís sin inmharthana ó thaobh tráchtála. Ach is beag dul chun cinn a dhéanfadh an tionscadal sin mar gheall ar rómhaorlathas agus ar CdI agus oibreoirí eile a bheith ag cur ina choinne ([91]). Rachadh an tseirbhís sin in iomaíocht leis na seirbhísí farantóireachta a oibríonn CdI ar bhealach Napoli – na hOileáin Aeólacha – Milazzo (mar aon leis an tseirbhís a sholáthraíonn Tirrenia ar bhealach Napoli – Palermo). Maidir leis an staid iomaíoch ar na bealaí cabatáiste a bhfreastalaíonn CdI orthu, mheabhraigh Pan Med gur thug an Coimisiún dá aire cheana go raibh oibreoirí iomaíocha ag soláthar seirbhísí measctha inchomparáide ar na bealaí seo a leanas ar a laghad: Milazzo – na hOileáin Aeólacha – Napoli, Trapani – Pantelleria agus Palermo – Ustica. Is é tuairim Pan Med go léireodh sé sin go bhfuil ar chumas an mhargaidh, go deimhin, na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a cuireadh go treallach ar iontaoibh CdI a chomhlíonadh.

(273) Tháinig Pan Med ar an gconclúid go raibh an chabhair a deonaíodh faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh, an cúnamh tarrthála agus an chabhair a deonaíodh faoin gCoinbhinsiún nua neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach agus nár mhór é a aisghabháil ó na tairbhithe féin (i.e. na cuideachtaí bunaidh nó na húinéirí nua, ag brath ar an mbeart i gceist agus ar leanúnachas eacnamaíoch a bheith ann).

5.4. **Barúlacha ó Grandi Navi Veloci**

(274) Ina fhreagra ar Chinneadh 2011, an 1 Márta 2012, chuir Grandi Navi Veloci barúlacha isteach maidir leis na hítimí seo a leanas:

(a) sárú ar Airteagal 4 den Rialachán Cabatáiste Muirí, a mhéid a bhaineann le Saremar;

(b) an cúiteamh bliantúil a deonaíodh do Saremar le haghaidh a oibleagáidí seirbhíse poiblí;

(c) príobháidiú bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar;

(d) an tosaíocht feistithe a tugadh do Saremar;

(e) bearta eile cabhrach a deonaíodh do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia i gcomhthéacs na bpríobháidithe;

(f) neamhdhleathacht na cabhrach a deonaíodh cheana do Saremar agus an gá leis an gcabhair sin a chur ar fionraí agus a aisghabháil go sealadach ([92]).

Mhaígh Grandi Navi Veloci gur cabhair nua a bhí sna bearta cabhrach a liostaítear i bpointí (b) agus (e), rud atá idir neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach le CFAE. Is é is fócas do bharúlacha Grandi Navi Veloci, áfach, ná cás sonrach Saremar nach dtagann faoi raon feidhme an Chinnidh seo. Déantar achoimre thíos ar na barúlacha sin atá ábhartha don Chinneadh seo freisin.

(275) Maidir leis an sárú líomhnaithe ar an Rialachán Cabatáiste Muirí, thug Grandi Navi Veloci dá aire go bhféadann Ballstáit idirghabháil a dhéanamh faoin Rialachán sin i gcás ina dteipeann ar an margadh seirbhísí leordhóthanacha a sholáthar, ag deonú fóirdheontais a bhaineann le hoibleagáidí seirbhíse poiblí ar bhealaí arna sainaithint ag na Ballstáit iad féin. Ach ní mór do Bhallstáit a n-idirghabháil a choinneáil teoranta do na ceanglais fhíor-riachtanacha a bhunaítear sa Rialachán Cabatáiste Muirí agus ceanglas an neamh-idirdhealaithe a chomhlíonadh i leith na longúinéirí Comhphobail uile a léiríonn suim i bhfreastal ar na bealaí sin. Ós rud é gur dhámh an Iodáil na bealaí do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia go heisiach gan tairiscint oscailte a sheoladh, sháraigh sí Airteagal 4(1) agus (2) den Rialachán Cabatáiste Muirí. Ina theannta sin, tugann Grandi Navi Veloci dá aire nach gcomhlíonfaí na coinníollacha a shocraítear i gcásdlí Analir dá mbeadh iomaitheoirí eile ag tairiscint na seirbhísí céanna ar na bealaí sin ([93]).

([90]) Sholáthair Pan Med sampla de ríomh na gcostas agus na n-ioncam ar bhealach Ravenna – Catania in 2010 a mbeadh brabús EUR 8.3 milliún mar thoradh air agus róchúiteamh dá oibreoir Tirrenia dá réir. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, áfach, i mír 259 agus i bhfonóta 91 de chinneadh Tirrenia/CIN 2020 nár ghá tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar an maíomh sin gan bhunús i bhfianaise an chaillteanais a thaifead Tirrenia ar an mbealach sin in 2010.

([91]) Sholáthair Pan Med roinnt litreacha a seoladh chuig údaráis áitiúla, bhardasacha agus chalafoirt ag iarraidh na gceadanna riachtanacha uathu chun tosú ag oibriú an bhealaigh sin.

([92]) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm, IO L 83 an 27.3.1999, lch. 1.

([93]) Cás C-205/99 Analir agus eile, ECLI:AE:C:2001:107.

(276) Maidir leis an tosaíocht feistithe, níor chuir Grandi Navi Veloci i gcoinne réamhthuairim an Choimisiúin nach státchabhair atá sa bheart ó tharla nach bhfuil aon chaillteanas acmhainní Stáit ann. D'áitigh Grandi Navi Veloci áfach gur sárú ar Airteagal 4 den Rialachán Cabatáiste Muirí freisin é aistriú na tosaíochta feistithe chuig úinéirí nua chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, mar a shainordaítear le mír 21 d'Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009. Luaigh Grandi Navi Veloci ansin dhá chinneadh (*segnalazioni*) arna nglacadh ag AGCM in 1995 agus 1997, agus a bhain le Caremar, á rá go bhféadfadh an tosaíocht sin tionchar diúltach a imirt ar an iomaíocht, go háirithe má bhíonn ceart eisiach ag an tairbhí ar na sliotáin feistithe is luachmhaire ó thaobh eacnamaíoch de.

(277) Maidir le príobháidiú bhrainsí gnó Tirrenia agus Siremar, d'aontaigh Grandi Navi Veloci le réamhthuairim an Choimisiúin, mar a luaitear i gCinneadh 2011, nach mbeadh na nósanna imeachta trédhearcach ná neamhchoinníollach go leordhóthanach chun a chur as an áireamh go raibh cabhair ann. Ina theannta sin, d'áitigh Grandi Navi Veloci go raibh údaráis na hIodáile ag cur moill go ceann tréimhse éiginnte ar phríobháidiú chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear na cuideachtaí réigiúnacha, d'ainneoin na ráthaíochtaí a tugadh don Choimisiún in imeacht na mblianta agus a cuireadh ar bhonn foirmiúil i gCinneadh 2001 (in aithrisí 4 agus 12 de) agus i gCinneadh 2004 (in aithrisí 5 agus 45 de). Mhaígh Grandi Navi Veloci gur baineadh úsáid as an bhféidearthacht go ndéanfaí tuilleadh príobháidithe amach anseo mar mhír mhargántaíochta maidir leis an gCoimisiún ionas go n-íocfaí an cúiteamh seirbhíse poiblí le cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia go dtí deireadh 2008.

5.5. **Litir ó mhéara Lipari**

(278) Chuir méara Lipari agus na hOileáin Aeólacha eile seachas Salina ([94]) litir isteach an 2 Nollaig 2019, tar éis na sprioc-amanna nós imeachta le haghaidh tríú páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl i leith Chinntí 2011 agus 2012.

(279) Chuir an méara i dtábhacht sa litir sin a thábhachtaí atá an earnáil iompair mhuirí do shaol laethúil na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sna hOileáin Aeólacha. Go háirithe, chuir an méara i dtábhacht go bhfuil na hoileáin i gceist i bhfad níos lú ná an tSairdín agus an tSicil agus dá bhrí sin go bhfuil na naisc chabatáiste mhuirí ríthábhachtach. Thug an méara dá aire go bhfuil gá ag na hoileáin sin – go háirithe na cinn is lú – leis na naisc sin le haghaidh bunsoláthairtí bia agus leighis. Mura mbeadh naisc mhinice ann ar féidir brath orthu, bheadh na hoileáin sin i mbaol a mbánaithe ag an oll-eisimirce. Ina theannta sin, chuir an méara i dtábhacht gurb é príomhghníomhaíocht eacnamaíoch na n-oileán sin an turasóireacht agus go bhfuil sé fíor-riachtanach le haghaidh na turasóireachta go mbíonn iompar éifeachtach éifeachtúil ann, go háirithe san ardséasúr. Maidir leis an bpointe sin, thug an méara dá aire go bhfuil an t-éileamh ó úsáideoirí ar na seirbhísí iompair sin réasúnta beag sa séasúr ciúin ach cobhsaí mar sin féin agus go mbaineann sé go príomha le comaitéirí agus le cónaitheoirí na n-oileán, ach gur láidre san ardséasúr é nuair a bhaineann sé go príomha le turasóirí. Dá dheasca sin, tá gá ag na hOileáin Aeólacha le tacaíocht Stáit agus ba thubaiste do bhunchearta agus do bhunriachtanais na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sna hoileáin sin a bheadh ann dá dtarraingeofaí siar í.

6. **AIGHNEACHTAÍ Ó COMPAGNIA DELLE ISOLE**

(280) Bhí CdI rannpháirteach i gcruinniú an 23 Deireadh Fómhair 2014 leis an gCoimisiún agus le húdaráis na hIodáile. Chuir an chuideachta trí thacar tuairimí isteach freisin, gach ceann acu tar éis na sprioc-amanna nós imeachta le haghaidh tríú páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl i leith Chinntí 2011 agus 2012. Níor líon CdI isteach an fhoirm ghearáin éigeantach dá dtagraítear in Airteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle le haghaidh aon cheann de na haighneachtaí sin ([95]). Mar sin féin, déanfaidh an Coimisiún achoimre ar na haighneachtaí sin sna ranna seo a leanas agus chuir sé san áireamh iad ina mheasúnú.

6.1. **An chéad aighneacht**

(281) Sa chéad litir a seoladh an 8 Lúnasa 2013, a seoladh ar iarratas ón gCoimisiún, sholáthair CdI sonraí mionsonraithe maidir leis na bealaí a bhí á n-oibriú aige sa tréimhse idir an 1 Lúnasa 2012 agus an 31 Nollaig 2012. Áiríodh san fhaisnéis a soláthraíodh, i measc nithe eile, liosta de na bealaí a oibríodh lenar ghabh na sonraí seo a leanas:

(1) An séasúr ina n-oibrítear an bealach ([96]);

(2) Tonnáiste na soithí a úsáideadh;

(3) An líon foriomlán aistear;

(4) An meánlíon paisinéirí agus carranna in aghaidh an aistir;

(5) An meántoilleadh lasta (i méadair líneacha) in aghaidh an aistir;

([94]) Is iad sin Vulcano, Panarea, Stromboli, Filicudi agus Alicudi.

([95]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248 an 24.9.2015, lch. 9).

([96]) I gcás CdI, is ar feadh na bliana a oibrítear na bealaí uile.

(6) An meánioncam iomlán in aghaidh an aistir (in EUR);

(7) An meánlíon ball foirne agus an meánmhéid costas (in EUR) in aghaidh an aistir ([97]);

(282) Ina theannta sin, luaigh CdI gur shealbhaigh sé brainse gnó de chuid Siremar tar éis luacháil a rinne saineolaí neamhspleách agus nach raibh aon leanúnachas eacnamaíoch i gceist le Siremar in EA.

6.2. **An dara haighneacht**

(283) Sa dara tacar tuairimí uaidh, a seoladh an 23 agus an 30 Deireadh Fómhair 2014, sholáthair CdI tuairimí maidir leis an bhfrithráthaíocht.

(284) Ar an gcéad dul síos, thug sé dá aire go raibh cuspóirí soiléire polaitiúla agus eacnamaíocha ag an tSicil nuair a chinn sé Mediterranea a chur ar bun: tacú le pobail na n-oileán beag trí sheirbhísí cabatáiste mhuirí a sholáthar go hinmheánach agus an caipiteal a raibh gá leis chun rannpháirtíocht cháilithe dhea-shainithe i soláthar na seirbhísí sin a sholáthar. Ina leith sin, ionas go gcomhlíonfadh sé a chuspóir gnó, rinne CdI roinnt tairiscintí chun Siremar a cheannach, arb iad na cinn is déanaí díobh sin tairiscintí an 9 Meitheamh, an 18 Iúil agus an 13 Deireadh Fómhair 2011.

(285) Ar an dara dul síos, mhaígh sé go raibh dámhachtain an bhrainse gnó dlisteanach agus sholáthair doiciméid maidir leis an nós imeachta tairisceana agus maidir le dlíthíocht náisiúnta ghaolmhar. Mhaígh CdI gurbh eol do Siremar in EA agus don Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch gurbh ann don fhrithráthaíocht agus go ndearna siad brainse gnó de chuid Siremar a aistriú chuig CdI fós féin 10 mí iomlána tar éis dhámhachtain na tairisceana. Go háirithe, roinn CdI breithiúnas de chuid Bhinse na Róimhe an 15 Aibreán 2014 leis an gCoimisiún ina bhfuarthas na gearánaithe neamhchiontach in aon chúis choiriúil toisc gur tháinig an Binse ar an gconclúid go raibh a fhios ag an Riarachán Urghnách faoi fhrithráthaíocht na Sicile nuair a dhámh sé an brainse gnó do CdI. Ós rud é nach féidir cur i gcoinne fíoras arna suí i mbreithiúnais chríochnaitheacha i nósanna imeachta gaolmhara, d'áitigh CdI gur chruthaigh sin go raibh an fhrithráthaíocht go hiomlán rialta agus, an tráth céanna, nach raibh sí cinntitheach maidir le toradh na tairisceana ([98]).

(286) Ar an tríú dul síos, thug CdI dá aire gur ina cáil mar infheisteoir a bhfuil scair i gcuideachta faoi úinéireacht aici a thairg an tSicil an fhrithráthaíocht, seachas mar údarás poiblí. Ó tharla go raibh gá le frithráthaíocht chun an ráthaíocht ó Unicredit ar íocaíochtaí iarchurtha an phraghais díola a fháil, rinne a scairshealbhóirí uile, lena n-áirítear na páirtithe príobháideacha Lauro.it S.p.A., Davimar agus Isolemar S.r.l, frithráthaíocht a eisiúint. I gcás na chéad tairisceana a rinne CdI, rinne siad amhlaidh fiú sular eisigh an tSicil a frithráthaíocht féin mar gheall ar nósanna imeachta cinnteoireachta riaracháin phoiblí a bheith níos faide. Go deimhin, mar gheall ar an moill sin bhí ar CdI brath ar dtús ar an ráthaíocht a thug Commercial Fidi, a gcuirfí an litir shóláis le Unicredit ina hionad níos déanaí, lenar áiríodh clásal fionraíochta maidir le fíorú a dhéanamh ar chumhachtaí Chuntasóir Ginearálta na Sicile frithráthaíocht a eisiúint (féach aithris (84)). Ní bhainfeadh sé sin le hábhar ar dhá chúis, áfach: ar dtús, níor chuir an Coimisinéir Urghnách san áireamh é agus d'iarr babhta eile tairiscintí; ar an dara dul síos, bhí frithráthaíochtaí na bpáirtithe eile iomlán. Tháinig CdI ar an gconclúid dá bhrí sin gur ghnáth-idirbheart gnó a bhí i bhfrithráthaíocht na Sicile agus nár thug sí aon bhuntáiste do CdI ná do Unicredit.

6.3. **An tríú haighneacht**

(287) Sa tríú litir uaidh, a seoladh an 15 Iúil 2015, thagair CdI ar dtús do na hargóintí arna gcur isteach ag údaráis na hIodáile maidir le praghas an bhrainse gnó, a chomhlíon an critéar maidir le díoltóir príobháideach, agus maidir le neamhleanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus CdI. Mhaígh CdI, go háirithe, nár athraigh cinntí 5172/2012 agus 592/14 an chonclúid sin toisc gur dhírigh siad ar ítim amháin den nós imeachta príobháidithe, is é sin frithráthaíocht na Sicile. Ní raibh aon éifeacht ag cinntí TAR ná CdS ar na sásraí a cuireadh i bhfeidhm chun neamhleanúnachas eacnamaíoch a áirithiú: raon feidhme an aistrithe agus na seirbhísí poiblí faoin gCoinbhinsiún nua, mar a shainítear le Dlí 2010; agus na forálacha maidir leis an lucht saothair a leagtar síos le hAirteagal 56(3-bis) de Dhlí Foraithne 270/1999. Thairis sin, d'eisigh an tSicil an fhrithráthaíocht le linn don Riarachán Urghnách agus don Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch maoirseacht a dhéanamh ar aistriú an bhrainse gnó. Ní fhágann, dá bhrí sin, frithráthaíocht den sórt sin a bheith ann gur féidir dlisteanacht an nós imeachta díolacháin a thabhairt faoi cheist. Chuir CdI an Coimisiún ar an eolas freisin gur tháinig na hinstitiúidí agus na páirtithe leasmhara éagsúla a bhí páirteach ann le chéile ag cruinniú an 20 Aibreán 2015 chun a áirithiú go gcuirfí cinntí 5172/2012 agus 592/14 i bhfeidhm i gceart ([99]).

([97]) Áiríodh leis sin an líon ball foirne den chriú mar aon leis an líon ball den fhorfhoireann agus den fhoireann ar an gcladach a leithdháileadh ar gach bealach.

([98]) Sholáthair CdI faisnéis freisin maidir le himeachtaí sna binsí riaracháin san Iodáil agus chuir sé an Coimisiún ar an eolas go ndearna sé achomharc i gcoinne chinneadh 592/14 de chuid CdS ag *Corte di Cassazione* (féach aithris (96) agus fonóta 46).

([99]) Ba iad sin: Fo-Rúnaí Oifig an Phríomh-Aire, an Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, an Aireacht Iompair, an Réigiún, Siremar in EA, SNS agus CdI.

(288) Ina theannta sin, d'áitigh CdI gur áirithigh bearta coimirce an nós imeachta gurbh é an fíorphraghas margaidh tar éis dheonú na cabhrach é an praghas a íocadh ar bhrainse gnó de chuid Siremar, rud a chiallaíonn gur cuireadh luach na cabhrach sin san áireamh go héifeachtach sa phraghas díola cheana ([100]). Á léamh ar an gcaoi sin, bheadh an buntáiste a bhainfeadh le haon státchabhair coinnithe ag an díoltóir, mar bhí praghas margaidh a chuid sócmhainní níos airde dá réir, agus dá bhrí sin ní cheanglófaí ar an gceannaitheoir an chabhair sin a aisíoc. Dá bhrí sin, níor cheart aon ordú aisghabhála a d'fhéadfadh a bheith dírithe ar Siremar in EA a shíneadh chuig ceannaitheoir bhrainse gnó Siremar.

7. BARÚLACHA ÓN IODÁIL MAIDIR LE BARÚLACHA AGUS AIGHNEACHTAÍ Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA

(289) Chuir an Coimisiún na barúlacha agus na haighneachtaí a ndearnadh achoimre orthu i ranna 5 agus 6 ar aghaidh chuig an Iodáil. Níor thug an Iodáil barúlacha, áfach, ach i leith an dara haighneacht a rinne SNS (féach roinn 5.2.2), trí litir a seoladh an 13 Bealtaine 2015.

(290) Go háirithe, thug an Iodáil dá haire gur mhol an Coimisinéir Urghnách go sainráite do na tairgeoirí sa chéim dheireanach den nós imeachta díolacháin, arbh é an 13 Deireadh Fómhair 2011 a sprioc-am, gan tairiscintí a chur isteach a bhí cumhdaithe ag aon ráthaíocht de shárú ar rialacha maidir le Státchabhair. Dá réir sin, chuir CdI a thairiscint isteach in éineacht leis an litir shóláis le Unicredit, nach raibh aon tagairt inti do fhrithráthaíocht ón tSicil, ach bailíocht na litreach sóláis a chur faoi réir coinníollacha eile mar sin féin ([101]). Dá bhrí sin, deonaíodh údarú ón Aire ar an toimhde gur urramaíodh rialacha an nós imeachta go hiomlán.

(291) D'áitigh an Iodáil freisin go raibh an méadú ar an gcaipiteal a rinne Mediterranea déanta ar chéim *pari passu* le scairshealbhóirí príobháideacha eile CdI agus ar an gcúis sin nach Státchabhair a bhí ann. Thairis sin, d'athdhearbhaigh an Iodáil go raibh scaireanna na Sicile éagsúil go reachtúil ó scaireanna scairshealbhóirí príobháideacha CdI, rud a chuir teorainn dhocht lena tionchar sa chuideachta.

8. MEASÚNÚ

8.1. Cabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE

(292) De réir Airteagal 107(1) CFAE "aon chabhair arna deonú ag Ballstát nó arna deonú trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit".

(293) Is critéir charnacha iad na critéir a leagtar síos le hAirteagal 107(1) CFAE. Dá bhrí sin, chun a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil na bearta a thagann faoi raon feidhme an Chinnidh seo ina Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór gach ceann de na coinníollacha thuasluaite a chomhlíonadh. Is é sin, ba cheart don tacaíocht airgeadais:

(a) a bheith á deonú ag Ballstát nó trí bhíthin acmhainní Stáit,

(b) a bheith i bhfabhar gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe,

(c) iomaíocht a shaobhadh nó bagairt go saobhfar iomaíocht léi,

(d) dul i gcion ar an trádáil idir Ballstáit.

(294) Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire gur cheart an Coinbhinsiún nua a mheasúnú go comhpháirteach le príobháidiú bhrainse gnó Siremar. Is iomchuí measúnú comhpháirteach den sórt sin toisc gur eagraigh an Iodáil, go bunúsach, tairiscint ar chonradh nua seirbhíse poiblí (i.e. an Coinbhinsiún nua) inarbh éigean don tairgeoir ar éirigh leis roinnt sócmhainní (longa go príomha) a fháil ó Siremar a raibh gá leo chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos sa chonradh seirbhíse poiblí sin a chomhlíonadh.

(295) Ar an dara dul síos, tugann an Coimisiún dá aire gur chealaigh údaráis na hIodáile agus CdI cheana, tráth a glacadh an Cinneadh seo, an conradh díolacháin agus an Coinbhinsiún nua araon a bhí tugtha i gcrích acu. Rinneadh an ceann deireanach sin, a bhí cuachta le brainse gnó Siremar, a aistriú ina dhiaidh sin chuig SNS. Go deimhin, mar a thugtar tuairisc air in aithrisí (99) agus (100), cuireadh dámhachtain tosaigh an Choinbhinsiúin nua agus bhrainse gnó de chuid Siremar do CdI ar neamhní go hiomlán agus sannadh an dá cheann do SNS sa deireadh an 11 Aibreán 2016. Thairis sin, ós rud é go bhfuil nasc dlúth ag an gCoinbhinsiún nua le díol an bhrainse gnó, ní féidir ceachtar den dá bheart a mheasúnú ar leithligh, fiú ar feadh tréimhse teoranta ama. I bhfianaise an mhéid sin, bheadh sé dodhéanta de réir loighce an t-imscrúdú ar dhámhachtain tosaigh an Choinbhinsiúin nua, arna chuachadh le brainse gnó Siremar, do CdI a thabhairt i gcrích thar an tréimhse 1 Lúnasa 2012 – 10 Aibreán 2016, mar is é a bheadh ann ná measúnú faoi dhó a dhéanamh ar an mbeart céanna (uair amháin le haghaidh na dámhachtana idirmheánaí do CdI agus uair amháin eile le haghaidh na

([100]) Thagair an chuideachta do bhreithiúnais an 20 Meán Fómhair 2001 i gCás C-390/98 *Banks* (ECLI:AE:C:2001:456) agus an 29 Aibreán 2004 i gCás C-277/00 *An Ghearmáin v An Coimisiún* (ECLI:AE:C:2004:238).

([101]) Ba iad seo an dá choinníoll: gurbh éigean do CdI an tairiscint ar an mbrainse gnó a bhuachan agus go gcaithfí an conradh díolacháin a shíniú faoin 31 Nollaig 2011.

dámhachtana deiridh do SNS) ([102]). Ní dhéanfar measúnú sa Chinneadh seo dá bhrí sin ach ar dhámhachtain an Choinbhinsiúin nua, arna chuachadh le brainse gnó Siremar, ó Siremar in EA do SNS. Ó tharla go raibh na téarmaí agus na coinníollacha céanna, go bunúsach, ag an gCoinbhinsiún nua a bhí i bhfeidhm ó bhí an 11 Aibreán 2016 ann, agus na cinn a bhí i bhfeidhm sa tréimhse 1 Lúnasa 2012 – 10 Aibreán 2016, agus ó tharla go raibh an brainse gnó mar an gcéanna go bunúsach freisin, chomhtháthaigh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha uile a thiomsaigh sé i gcaitheamh an imscrúdaithe fhoirmiúil maidir leis an tréimhse 1 Lúnasa 2012 – 10 Aibreán 2016 sa mheasúnú ar dhámhachtain an Choinbhinsiúin nua arna chuachadh le brainse gnó de chuid Siremar do SNS.

(296) Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an tosaíocht feistithe, nach bhfuil feidhm aici ach maidir leis na bealaí seirbhíse poiblí, nasctha go dlúth le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bheith á feidhmiú ag Siremar agus ag a fhaighteoir SNS. Dá bhrí sin, déanfar measúnú ar an mbeart sin go comhpháirteach leis an gcúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do na cuideachtaí sin (féach ranna 8.1.1, 8.1.3 agus 8.3.1).

8.1.1. *Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir Siremar agus an Iodáil*

8.1.1.1. Acmhainní Stáit

(297) Ní mór do bheart a bheith inchurtha i leith an Stáit agus ní mór é a dheonú go díreach nó go hindíreach trí bhíthin acmhainní Stáit chun go gcáileofar mar Státchabhair é.

(298) Chuir Stát na hIodáile oibriú bealaí muirí mar a mionsonraíodh sa Choinbhinsiún tosaigh, arna fhadú, ar iontaoibh Siremar. Tugadh an Coinbhinsiún tosaigh i gcrích leis an Stát agus íocann an Stát an cúiteamh seirbhíse poiblí a thagann as sin le Siremar as a bhuiséad féin. Dá bhrí sin, tá an cúiteamh seirbhíse poiblí le Siremar inchurtha i leith an Stáit agus tugtar é trí bhíthin acmhainní Stáit.

(299) Tugann an Coimisiún dá aire, de réir na hIodáile, go n-íocann na hoibreoirí farantóireachta uile táillí tráthrialta leis na húdaráis chalafoirt ábhartha as feistiú ach nár íoc agus nach n-íocann Siremar aon táille bhreise as an tosaíocht feistithe. Measann an Coimisiún mar sin féin gur fhéad an Iodáil a roghnú, i bprionsabal, táille bhreise a ghearradh ar an tosaíocht feistithe sin agus gur lig sí ioncaim Stáit thar ceal nuair nach ndearna sí amhlaidh. Thairis sin, ós rud é go dtugtar an tosaíocht feistithe le dlí, tá sí inchurtha i leith an Stáit (féach aithris (131)).

8.1.1.2. Roghnaíocht

(300) Ní mór do bheart a bheith roghnaíoch chun go gcáileofar mar Státchabhair é. Ní dhéantar an cúiteamh seirbhíse poiblí as soláthar na seirbhísí muirí i gceist a dheonú ach do Siremar, mar sin tá sé roghnaíoch. Ós rud é nár tugadh an tosaíocht feistithe ach do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Siremar, tá sí sin roghnaíoch freisin.

8.1.1.3. Buntáiste eacnamaíoch

(301) Meabhraíonn an Coimisiún go bhféadfaí, faoi choinníollacha áirithe a shainítear go docht, nach buntáiste eacnamaíoch atá i gcúitimh seirbhíse poiblí a dheonaítear do chuideachta.

(302) Go háirithe, chinn an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas Altmark ([103]), i gcás ina gcaithfear beart Stáit a mheas mar chúiteamh as na seirbhísí arna soláthar ag na gnóthais faighteora chun oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, sa chaoi is nach dtairbheoidh na gnóthais sin de bhuntáiste airgeadais iarbhír agus nach mbeidh de thoradh an bhirt go mbeidh seasamh iomaíoch níos fabhraí acu ná mar atá ag na gnóthais atá i mbun iomaíochta leo, nach dtagann beart den sórt sin faoi raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE.

(303) Shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin, áfach, nár mhór na ceithre chritéar charnacha ("Critéir Altmark"), a dtugtar achoimre orthu thíos, a chomhlíonadh chun go bhféadfadh cúiteamh seirbhíse poiblí den sórt sin imeacht ó bheith cáilithe mar Státchabhair i gcás ar leith:

(a) ní mór oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheith le comhlíonadh iarbhír ag an ngnóthas faighteora agus ní mór na hoibleagáidí sin a bheith sainithe go soiléir ("Altmark 1");

(b) ní mór na paraiméadair ar ar a mbonn a ríomhtar an cúiteamh a bhunú roimh ré ar bhealach oibiachtúil trédhearcach (Altmark 2);

(c) ní fhéadfaidh an cúiteamh a bheith níos mó ná an méid is gá chun na costais uile nó cuid de na costais arna dtabhú i gcomhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí sin á gcur san áireamh ("Altmark 3");

([102]) Ar aon chaoi, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil CdI faoi leachtú agus neamhghníomhach faoi láthair. Dá bhrí sin, bheadh an t-imscrúdú maidir le haon chabhair a deonaíodh dó gan agóid (féach aithrisí (408) agus (413)).

([103]) Féach Breithiúnas an 24 Iúil 2003 i gCás C-280/00 *Altmark Trans*, ECLI:AE:C:2003:415.

(d) más rud é, maidir leis an ngnóthas atá le hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, i gcás sonrach, nach roghnaítear é de bhun nós imeachta soláthair phoiblí trína bhféadfaí an tairgeoir atá in ann na seirbhísí sin a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, ní mór an leibhéal cúitimh is gá a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear modhanna iompair leordhóthanacha dó ionas go bhfuil sé in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na hioncaim ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí á gcur san áireamh ("Altmark 4").

(304) Shonraigh an Coimisiún cén chaoi a gcuireann sé Critéir Altmark i bhfeidhm ina Theachtaireacht maidir le cur i bhfeidhm rialacha Státchabhrach an Aontais Eorpaigh maidir le cúiteamh a dheonaítear chun seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar ("Teachtaireacht SGEI") ([104]).

(305) Ós rud é nach mór critéir Altmark a chomhlíonadh go carnach, mura dtabharfaí urraim d'aon cheann de na critéir sin thiocfadh an Coimisiún ar an gconclúid go soláthraíonn an beart faoi mheasúnú buntáiste eacnamaíoch don tairbhí. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar dtús mar sin ar urramú Altmark 4.

(306) Foráiltear le Altmark 4 nach mór an méid is lú is gá a bheith sa chúiteamh chun nach gcáileofar mar Státchabhair é. Meastar an critéar sin a bheith comhlíonta má roghnaíodh faighteoir an chúitimh de bhun nós imeachta tairisceana, trína bhféadtar an tairgeoir atá in ann na seirbhísí a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, nó dá uireasa sin, má ríomhadh an cúiteamh trí thagairt a dhéanamh do na costais atá ag gnóthas éifeachtúil.

(307) Níor roghnaíodh Siremar de bhun nós imeachta tairisceana poiblí i gcás aon cheann d'fhaduithe an Choinbhinsiúin tosaigh sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2009 agus an 31 Iúil 2012. Ní dhearna an Iodáil ach an córas a bhí i bhfeidhm cheana a fhadú agus, dá réir sin, teideal a thabhairt don oibreoir réamhbhunaithe leanúint de bheith ag fáil cúitimh as na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

(308) Thairis sin, níor thug údaráis na hIodáile aon fhaisnéis don Choimisiún a thabharfadh le fios go ndearnadh leibhéal an chúitimh a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear modhanna iompair leordhóthanacha dó ionas go bhfuil sé in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na hioncaim ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí á gcur san áireamh. Níor áitigh an Iodáil ach gur laghdaíodh go suntasach an cúiteamh seirbhíse poiblí do Siremar ó 2010 ar aghaidh, tar éis an t-uasmhéid cúitimh a shocraítear le Dlí 2009 a thabhairt isteach. Níor léirigh an Iodáil, áfach, go raibh na costais a thabhaigh Siremar le linn dó a chuid oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh i gcomhréir leo siúd atá ag gnóthas tipiciúil atá dea-riartha agus a soláthraítear modhanna iompair leordhóthanacha dó.

(309) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nár comhlíonadh Altmark 4 sa chás seo.

(310) Ós rud é nach dtugtar urraim go carnach do na cheithre chritéar Altmark sa chás seo, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur thug an cúiteamh as bealaí muirí a oibriú faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh buntáiste eacnamaíoch do Siremar.

(311) I dtaca leis an tosaíocht feistithe, meabhraíonn an Coimisiún ar dtús gur mheas údarás iomaíochta na hIodáile, AGCM, faoi dhó cheana ar a laghad go bhfuil luach eacnamaíoch ag an mbeart (féach aithris (276)). Mar sin féin, ní íocann Siremar aon táille as an tosaíocht feistithe (féach aithris (226)). Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhféadfadh an tosaíocht feistithe, go teoiriciúil ar a laghad, costais an oibreora a laghdú (e.g. toisc go bhféadfadh an feistiú ráthaithe laghdú ar agaí feithimh i gcalafoirt agus ar chostais bhreosla dá thoradh sin) nó a chuid ioncaim a mhéadú (e.g., toisc go bhféadfadh éileamh ó phaisinéirí a bheith níos mó ag amanna áirithe seachas a chéile). Go deimhin, a mhéid a thugann an tosaíocht feistithe caoi do long teacht níos tapúla chun cé, d'fhéadfadh sé gurb é an t-oibreoir farantóireachta a thairbhíonn den bheart sin a roghnódh úsáideoirí na seirbhíse farantóireachta. Fiú mura mbeadh na héifeachtaí sin ann ach go hannamh nó mura mbeidís ach teoranta, d'fhéadfadh an tosaíocht feistithe a bheith ina buntáiste eacnamaíoch do Siremar mar sin féin.

8.1.1.4. Éifeacht ar iomaíocht agus ar thrádáil

(312) I gcás ina dtugann Ballstát cabhair do ghnóthas a láidríonn a sheasamh i gcomparáid le gnóthais eile atá i mbun iomaíochta i dtrádáil laistigh den Aontas, ní mór a mheas go bhfuil difear á dhéanamh do na gnóthais sa chás deireanach sin ([105]). Is leordhóthanach go dtéann faighteoir na cabhrach sin in iomaíocht le gnóthais eile ar mhargaí atá oscailte don iomaíocht ([106]).

([104]) IO C 8 an 11.1.2012, lch. 4.
([105]) Féach, go háirithe, Cás 730/79 *Philip Morris v An Coimisiún*, ECLI:AE:C:1980:209, mír 11; Cás C-53/00 *Ferring*, ECLI:AE:C:2001:627, mír 21; Cás C-372/97 *An Iodáil v An Coimisiún*, ECLI:AE:C:2004:234, mír 44.
([106]) Cás T-214/95 *Het Vlaamse Gewest v An Coimisiún*, ECLI:AE:T:1998:77.

(313) Sa chás reatha, oibríonn an tairbhí in iomaíocht le gnóthais eile a sholáthraíonn seirbhísí iompair mhuirí san Aontas, go háirithe ó tháinig Rialachán (CEE) Uimh. 4055/86 ón gComhairle ([107]) agus an Rialachán Cabatáiste Muirí i bhfeidhm, lena léirscaoiltear margadh an iompair mhuirí idirnáisiúnta agus an chabatáiste mhuirí, faoi seach. Dá bhrí sin, is dóigh don chúiteamh as bealaí muirí a oibriú faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh difear a dhéanamh do thrádáil an Aontais agus saobhadh ar iomaíocht a bhreith laistigh den mhargadh inmheánach. Ar na cúiseanna céanna, seastar leis an gconclúid sin maidir leis an tosaíocht feistithe.

8.1.1.5. Conclúid

(314) Ó tharla go gcomhlíontar gach ceann de na critéir a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur Státchabhair do Siremar atá sa chúiteamh seirbhíse poiblí arna íoc ar bhonn fhaduithe comhleanúnacha an Choinbhinsiúin tosaigh agus sa tosaíocht feistithe.

8.1.1.6. Cabhair nua nó cabhair atá ann cheana

(315) Meabhraíonn an Coimisiún ar dtús go gciallaíonn cabhair nua, de réir Airteagal 1(c) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle, "*gach cabhair, is é sin le rá, scéimeanna cabhrach agus cabhair aonair, nach cabhair í atá ann cheana, lena n-áirítear athruithe ar chabhair atá ann cheana*". Go deimhin, foráiltear le hAirteagal 108(3) CFAE nach mór fógra a thabhairt don Choimisiún in am trátha maidir le pleananna chun cabhair atá ann cheana a dheonú nó a athrú agus nach bhféadfar iad a chur chun feidhme go dtí go mbeidh cinneadh críochnaitheach ann de bharr an nós imeachta ([108]).

(316) Measann Siremar in EA, dá measfaí an cúiteamh seirbhíse poiblí a dámhadh do Siremar go dtí 2008, agus an bhliain sin san áireamh, a bheith ina chabhair atá ann cheana ar bhonn Airteagal 4(3) den Rialachán Cabatáiste Muirí, go mbeadh feidhm aige sin freisin maidir leis an gcúiteamh a íocadh ar bhonn fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh (aithris (237)). Tugann an Coimisiún dá aire go ndearnadh measúnú i gcinneadh 2020 maidir le Grúpa Tirrenia ar an gcúiteamh a íocadh le Siremar as oibleagáidí seirbhíse poiblí muirí a oibriú go dtí deireadh 2008 agus gur aicmíodh go deimhin í mar chabhair atá ann cheana (féach aithris (19)).

(317) I gcomhréir le seasamh na gCúirteanna Eorpacha ([109]), áfach, measann an Coimisiún gur leordhóthanach an rud é fad scéim cabhrach a raibh dáta soiléir éaga aici (an 31 Nollaig 2008 sa chás seo) a leasú (i.e. a fhadú) chun go mbeidh sí ina cabhair nua, gan beann ar cé acu a athraíodh, nó nár athraíodh, tréithe eile an bhirt. Ar an mbonn sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart an cúiteamh seirbhíse poiblí a íocadh ar bhonn fhaduithe comhleanúnacha an Choinbhinsiúin tosaigh a mheas a bheith ina chabhair atá ann cheana. Ba cheart diúltú d'argóintí Siremar in EA dá réir sin.

(318) Tugann an Coimisiún dá aire nár áitigh údaráis na hIodáile ná Siremar in EA gur cabhair atá ann cheana í an tosaíocht feistithe. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an mbeart sin mar chabhair nua.

8.1.2. *Fadú neamhdhleathach an chúnaimh tarrthála chuig Siremar*

(319) Tá suite ag an gCoimisiún cheana in aithrisí (34) go (40) de Chinneadh 2010 gur Státchabhair chuig Siremar a bhí sa bheart cúnaimh tarrthála ar tugadh fógra faoi de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(320) Dhearbhaigh an Coimisiún i gCinneadh 2010 go raibh an cúnamh tarrthála do Siremar ar tugadh fógra faoi comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. I gcomhréir le Treoirlínte 2004 maidir le Tarrtháil agus Athstruchtúrú, gheall an Iodáil go gcuirfeadh sí in iúl don Choimisiún, laistigh de 6 mhí, plean athstruchtúraithe (nó leachtaithe) nó cruthúnas gur aisíocadh an iasacht ina hiomláine agus/nó gur foirceannadh an ráthaíocht.

(321) Íocadh an chéad tráthchuid den iasacht ráthaithe amach le Siremar an 28 Feabhra 2011 agus rachadh an sprioc-am 6 mhí in éag dá réir an 28 Lúnasa 2011.

(322) Níor chuir an Iodáil plean athstruchtúraithe (nó leachtaithe) faoi bhráid an Choimisiúin faoin dáta sin. Ghair BIIS an ráthaíocht an 11 Iúil 2011 agus tháinig Siremar chun bheith ina fhéichiúnaí don Stát (féach aithris (63)). An 18 Meán Fómhair 2012, d'aisíoc Siremar leis an Stát an méid a bhí dlite (féach aithris (65)). Go dtí an dáta deireanach sin, lean Siremar de bheith ag tairbhiú go hiomlán den bheart cúnaimh tarrthála.

(323) Níor áitigh ná níor léirigh údaráis na hIodáile nach mbeadh fadú an chúnaimh tarrthála ina Státchabhair a thuilleadh. Níor sholáthair siad ach argóintí (féach roinn 4.2) faoin bhfáth a mbeadh an beart fós comhoiriúnach fiú tar éis don sprioc-am 6 mhí a bheith dulta in éag.

([107]) Rialachán (CEE) Uimh. 4055/86 ón gComhairle an 22 Nollaig 1986 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm ar iompar muirí idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha, IO L 378 an 31.12.1986.

([108]) Cás C-590/14 P *DEI agus An Coimisiún v Alouminion tis Ellados*, ECLI:AE:C:2016:797, mír 45.

([109]) Cásanna Uamtha T-127/99, T-129/99 agus T-148/99 *Territorio Histórico de Álava - Diputación Foral de Álava agus eile v An Coimisiún*, ECLI:AE:T:2002:59, mír 175.

(324) Measann an Coimisiún dá bhrí sin gur Státchabhair freisin de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE é síneadh an chúnaimh tarrthála thar an sprioc-am 6 mhí ón 28 Lúnasa 2011 go dtí an 18 Meán Fómhair 2012.

8.1.3. *Dámhachtain an Choinbhinsiúin nua, arna chuachadh le brainse gnó de chuid Siremar, agus na tosaíochta feistithe do SNS, an méadú ar chaipiteal CdI agus an fhrithráthaíocht*

(325) Chun teacht ar chonclúid maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil dámhachtain an Choinbhinsiúin nua, arna chuachadh le brainse gnó de chuid Siremar, agus na tosaíochta feistithe ina buntáiste do SNS de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar urramú chritéir Altmark (féach aithrisí (301) go (304)).

8.1.3.1. Altmark 1

(326) Meabhraíonn an Coimisiún nach bhfuil aon sainmhíniú comhionann beacht ann ar sheirbhís a d'fhéadfadh a bheith ina seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta faoi dhlí an Aontais, de réir bhrí an chéad chritéar Altmark nó de réir bhrí Airteagal 106(2) CFAE. Is mar a leanas an fhoclaíocht i mír 46 de Theachtaireacht SGEI:

"In éagmais rialacha sonracha de chuid an Aontais a shainíonn raon feidhme maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bheith ann, tá lamháil leathan discréide ag Ballstáit chun seirbhís ar leith a shainiú mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus cúiteamh a dheonú don soláthraí seirbhíse. Tá inniúlacht an Choimisiúin chuige sin teoranta do sheiceáil cibé a rinne, nó nach ndearna, Ballstát earráid fhollasach le linn dó an tseirbhís a shainiú mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus do mheasúnú a dhéanamh ar aon Státchabhair atá mar chuid den chúiteamh sin. I gcás inar ann do rialacha sonracha de chuid an Aontais, tá discréid na mBallstát faoi cheangal breise ag na rialacha sin, gan dochar do dhualgas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar cibé acu ar sainíodh, nó nár sainíodh, seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i gceart chun críche rialú Státchabhrach."

(327) Tá údaráis náisiúnta i dteideal dá bhrí sin a bheith den tuairim go bhfuil seirbhísí áirithe ar mhaithe leis an leas ginearálta agus nach mór iad a fheidhmiú trí bhíthin oibleagáidí seirbhíse poiblí le háirithiú go gcosnaítear an leas poiblí nuair nach ráthaíonn fórsaí margaidh go soláthraítear ar an leibhéal nó leis na coinníollacha is gá iad.

(328) I réimse an chabatáiste mhuirí, leagadh rialacha sonracha a rialaíonn oibleagáidí seirbhíse poiblí síos sa Rialachán Cabatáiste Muirí agus, chun scrúdú a dhéanamh ar Státchabhair fhéideartha chuig gnóthais atá páirteach san iompar muirí, sna treoirlínte ón gComhphobal maidir le Státchabhair d'iompar muirí ("na Treoirlínte Muirí") ([110]).

(329) Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 4(1) den Rialachán Cabatáiste Muirí:

"Féadfaidh Ballstát conarthaí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích le hoibleagáidí seirbhíse poiblí mar chuid díobh, nó oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ar chuideachtaí loingseoireachta atá rannpháirteach i seirbhísí tráthrialta chuig oileáin, ó oileáin agus idir oileáin agus na hoibleagáidí sin mar choinníoll chun seirbhísí cabatáiste a sholáthar. I gcás ina dtugann Ballstát conradh seirbhíse poiblí i gcrích nó ina bhforchuireann sé oibleagáidí seirbhíse poiblí, déanfaidh sé amhlaidh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach i leith longúinéirí uile an Chomhphobail."

(330) Leagtar amach le hAirteagal 2(3) den Rialachán Cabatáiste Muirí go bhféadfar an méid seo a leanas a chumhdach i gconradh seirbhíse poiblí:

— Seirbhísí iompair a chomhlíonann caighdeáin socraithe leanúnachais, tráthrialtachta, acmhainneachta agus cáilíochta,

— Seirbhísí iompair breise,

— Seirbhísí iompair ar rátaí sonraithe agus seirbhísí atá faoi réir coinníollacha sonracha, go háirithe i ndáil le catagóirí áirithe paisinéirí nó ar bhealaí áirithe,

— Coigeartuithe ar sheirbhísí chun freastal ar cheanglais iarbhír.

(331) I gcomhréir le Roinn 9 de na Treoirlínte Muirí, "féadfar oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur nó conarthaí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích le haghaidh na seirbhísí a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92", i.e. seirbhísí sceidealaithe chuig oileáin, ó oileáin agus idir oileáin.

([110]) Teachtaireacht C(2004) 43 ón gCoimisiún – Treoirlínte ón gComhphobal maidir le Státchabhair d'iompar muirí, IO C 13 an 17.1.2004, lch. 3.

(332) De dheasca cásdlí bunaithe, ní féidir oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ach amháin má tá údar leo de bharr an ghá atá ann seirbhísí iompair muirí tráthrialta a áirithiú, seirbhísí nach féidir a áirithiú trí fhórsaí margaidh amháin ([111]). Deimhnítear sa Teachtaireacht maidir le léirmhíniú ar an Rialachán Cabatáiste Muirí ([112]) gur "*faoi na Ballstáit (lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla i gcás inarb iomchuí) agus ní na longúinéirí, atá sé cinneadh a dhéanamh faoi na bealaí a n-éilítear oibleagáidí seirbhíse poiblí ina leith. Go háirithe, féadfar oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheartú le haghaidh seirbhísí cabatáiste oileáin tráthrialta (sceidealaithe) i gcás ina dteipeann ar an margadh seirbhísí leordhóthanacha a sholáthar*." Thairis sin, sainítear in Airteagal 2(4) den Rialachán Cabatáiste Muirí oibleagáidí seirbhíse poiblí mar oibleagáidí nach "nglacfadh an longúinéir atá i gceist air féin dá mbeadh sé ag féachaint dá leas tráchtála féin, nó nach nglacfadh sé air féin an oiread céanna ná faoi na coinníollacha céanna".

(333) I gcomhréir leis an gcásdlí ([113]), chun a fhíorú cibé acu atá nó nach bhfuil fíor-riachtanas seirbhíse poiblí ann agus cibé acu a bhí nó nach raibh sé riachtanach agus comhréireach conradh seirbhíse poiblí (i.e., an Coinbhinsiún nua) a úsáid, agus dá bhrí sin, cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh an chéad chritéar Altmark, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an méid a leanas:

(1) Cibé acu an raibh, nó nach raibh, éileamh ó úsáideoirí ann;

(2) Cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh na hoibreoirí margaidh an t-éileamh sin a shásamh in éagmais oibleagáide arna forchur ag na húdaráis phoiblí (teip mhargaidh a bheith ann);

(3) Bhí comhairle maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí amháin neamhleor chun an easpa sin a leigheas (an cur chuige is lú díobháil).

(1) Éileamh ó úsáideoirí

(334) Sa chás seo, cuireadh de chúram ar CdI agus SNS ina dhiaidh sin seirbhísí measctha paisinéirí agus lasta agus seirbhísí ardluais do phaisinéirí amháin a sholáthar ar línte iomadúla. Baineann na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a forchuireadh ar CdI agus ar SNS ina dhiaidh sin leis na naisc iompair mhuirí atá le hoibriú, le cineál agus le hacmhainneacht na soithí a sannadh do na bealaí muirí faoi seach a oibríodh, le long cúltaca a bheith ar fáil chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú, le minicíocht na seirbhíse, agus leis na huastáillí a ghearrtar ar úsáideoirí na seirbhíse ar gach ceann de na bealaí faoi seach (i.e. táillí níos ísle le haghaidh cónaitheoirí na n-oileán beag agus táillí níos airde le haghaidh paisinéirí eile).

(335) Mar a thugtar tuairisc in aithris (184), d'fhorchuir an Iodáil na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos sa Choinbhinsiún nua go príomha chun (i) leanúnachas críche idir an tSicil agus a hoileáin bheaga a áirithiú agus chun (ii) rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch na n-oileán lena mbaineann, trí bhíthin seirbhísí iompair muirí tráthrialta iontaofa. Measann an Coimisiún go bhféadfaidh na cuspóirí sin go deimhin a bheith ina gcuspóirí leas an phobail.

(336) Sular cuireadh de chúram ar CdI ar dtús na naisc muirí a oibriú mar a shainítear sa Choinbhinsiún nua, bhí na bealaí sin á n-oibriú ag Siremar ar bhonn na gCoinbhinsiún tosaigh. Go deimhin, tugann an Coimisiún dá aire gur oibríodh na bealaí atá i gceist, gan athrú den chuid is mó, le blianta fada, i.e. ó theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin tosaigh ar a laghad ([114]). Nuair a bhí an Coinbhinsiún nua á chur ar iontaoibh in 2012, mheas údaráis na hIodáile, agus go háirithe an tSicil, gur lean na seirbhísí sin de bheith riachtanach chun freastal ar éileamh na n-úsáideoirí.

(337) Chun léiriú a thabhairt ar an bhfíoréileamh ó úsáideoirí le haghaidh na seirbhísí, sholáthair an Iodáil staidreamh a thaispeánann gur iompair Siremar 1 342 402 paisinéir agus 311 114,50 méadar líneach de lastas ar na cúig chuach bealaí in éineacht in 2010. In 2011, ba iad 1 332 400 agus 290 704,70 na figiúirí sin faoi seach. Léiríonn sé sin go raibh éileamh suntasach comhiomlán ann le haghaidh seirbhísí iompair mhuirí ar na bealaí lena mbaineann sa 2 bhliain sular cuireadh a chuid oibleagáidí seirbhíse poiblí ar iontaoibh CdI.

(338) Ach chun a shuíomh go bhfuil fíoréileamh ó úsáideoirí ar gach ceann de na fiche bealach lena mbaineann, agus iad grúpáilte ina gcúig chuach, tá gá le measúnú níos mionsonraithe. Chun na críche sin, sholáthair an Iodáil staidreamh de réir an bhealaigh le haghaidh na tréimhse 2007-2019 ([115]). Áirítear leis an staidreamh sin an líon foriomlán paisinéirí nó an méid foriomlán méadar líneach lasta a iompraíodh in aghaidh na bliana, rud a thug caoi do ríomh meánmhéideanna in aghaidh an tseolta. Mar léiriú air sin, taispeántar i dTábla 5 dhá mhéadracht den sórt sin le haghaidh na mblianta 2010 agus 2019. Léirítear sna figiúirí sin, le linn an dá bhliain, gur iompraíodh níos mó ná céad paisinéir ar an gcuid is mó de na seoltaí dé-aistir ar na bealaí lena mbaineann.

([111]) Féach Cás C-205/99 *Analir agus eile*, ECLI:AE:C:2001:107.

([112]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an léirmhíniú ar Rialachán (CCE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm ar iompar muirí laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí), an Bhruiséil, COM(2014) 232 final, 22.4.2014.

([113]) Féach Cás T-454/13 *SNCM v An Coimisiún*, ECLI:AE:T:2017:134, mír 130 agus 134.

([114]) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire go raibh na cúig chuach bealaí á n-oibriú cheana trí chúiteamh poiblí de chineál éigin sna 1950idí.

([115]) Níor sholáthair an Iodáil ach meastacháin le haghaidh 2015, meastacháin nár bhailíochtaigh comhairleoir seachtrach iad mar a cheanglaítear faoin gCoinbhinsiún Nua, ná níor sholáthair sí sonraí le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir - 15 Aibreán 2016, ós rud é go raibh CdI ag ullmhú le haghaidh fhilleadh na brainse gnó chuig Siremar in EA, agus le haghaidh na tréimhse idir an 1 Eanáir 2011 agus an 30 Iúil 2012, ós rud é go raibh na hoibleagáidí seirbhíse poiblí á n-oibriú ag Siremar in EA.

Níor iompraíodh níos lú ná céad paisinéir ar an meán ach ar cheithre bhealach in 2010, agus gan ach ar thrí bhealach in 2019. Tugann an Coimisiún dá aire gur féidir an líon íseal paisinéirí ar na bealaí aonair sin a mhíniú de bharr daonraí ísle agus méideanna beaga na n-oileán lena mbaineann, agus de bharr na turais a bheith cuibheasach gearr agus déanta go minic, a bhfuil gá leo chun riachtanais soghluaisteachta chónaitheoirí na n-oileán sin a chomhlíonadh. Rinne an Coimisiún anailís freisin ar an staidreamh de réir an bhealaigh le haghaidh gach bliana go dtí deireadh 2019 ([116]). Tugann an Coimisiún dá aire gur tharla luaineachtaí ar an líon turas agus paisinéirí arna dtaifeadadh ar na línte éagsúla le himeacht na mblianta. Tharla na luaineachtaí sin, áfach, toisc gur oileáin fhíorbheaga iad sin, a bhfuil bonneagar calafoirt teoranta iontu agus atá cuibheasach gar dá chéile. Chuige sin, is gá coigeartú tráthrialta a dhéanamh ar sceidil chun freastal ar riachtanais áitiúla (amhail patrúin chomaitéireachta chun críocha oideachais nó oibre) agus chun aon fhadhb a bhaineann le naisc a mhaolú (mar shampla, má tá cothabháil á déanamh ar bheart agus mura bhféadfaidh sé freastal ach ar longa beaga amháin, nó ar níos lú long an tráth céanna, d'fhéadfaí nach n-oibreofaí bealach amháin de chuach ar feadh tamaill, ach d'fhéadfaí bealaí eile den chuach sin a oibriú níos minice). Bunaithe ar na sonraí atá ar fáil don Choimisiún, áfach, níl aon léiriú ann gur imigh an t-éileamh ó úsáideoirí ar aon bhealach nó ar aon chuach bealaí i ndáiríre.

		An meánlíon paisinéirí/seoladh ([117])		**Meánlastas/seoladh** ([118])	
Bealaí seirbhíse measctha		**2010**	**2019**	**2010**	**2019**
Beart Milazzo – Oileáin Aeólacha – Naples	C/1	[…]	[…]	[…]	[…]
	C/2	[…]	[…]	[…]	[…]
	C/3	[…]	[…]	[…]	[…]
	C/4	[…]	[…]	[…]	[…]
	C/6	[…]	[…]	[…]	[…]
Beart Palermo – Ustica	D/1	[…]	[…]	[…]	[…]
Beart Trapani – Oileáin Egadi	D/2	[…]	[…]	[…]	[…]
	D/3	[…]	[…]	[…]	[…]
Beart Trapani – Pantelleria	D/4	[…]	[…]	[…]	[…]
Cuach Trapani – Oileáin Pelagie	D/5	[…]	[…]	[…]	[…]

		An meánlíon paisinéirí/seoladh	
Bealaí do phaisinéirí amháin		**2010**	**2019**
Cuach Milazzo – Oileáin Aeólacha (–Napoli)	ALC/2	[…]	[…]
	ALC/2 bis	[…]	[…]
	ALC/3	[…]	[…]
	ALC/4	[…]	[…]
	ALC/6	[…]	Neamhbhainteach ([119])
Beart Palermo – Ustica	ALD/1	[…]	[…]
Beart Trapani – Oileáin Egadi	ALD 2/3	[…]	[…]
	ALD 2/3 bis	[…]	[…]

Tábla 5 – Staidreamh maidir leis an éileamh ó úsáideoirí le haghaidh 2010 (arna oibriú ag Siremar) agus 2019 (arna oibriú ag SNS).

([116]) Mar léiriú, áirítear in Table 5 an staidreamh sin de réir an bhealaigh le haghaidh 2019. Ar chúiseanna gontachta, ní thuairiscíonn an Coimisiún na figiúirí le haghaidh gach bliain eile ar oibrigh CdI nó SNS an tseirbhís lena linn.

([117]) An líon foriomlán paisinéirí arna roinnt ar an líon foriomlán seoltaí dé-aistir sa tréimhse.

([118]) An méid foriomlán lasta (i méadair líneacha) arna roinnt ar an líon foriomlán seoltaí dé-aistir sa tréimhse.

([119]) Ón 1 Meán Fómhair 2016 amach, athraíodh an bealach ina dhá sheirbhís bhreise, is iad sin "ALC/2" (an chéad chuid den turas) agus "ALC/2 bis" (an turas ar ais).

(339) Chun a thaispeáint go raibh éileamh ó úsáideoirí fós ann nuair a thosaigh CdI agus SNS ina dhiaidh sin ag oibriú na mbealaí faoin gCoinbhinsiún nua, sholáthair an Iodáil staidreamh breise. Léirítear leis na figiúirí i dTábla 6 ó 2013 ar aghaidh, gur iompair CdI agus SNS ina dhiaidh sin níos mó paisinéirí agus lasta ná mar a d'iompair Siremar in 2010 agus 2011 (féach aithris (337)). Cé gur tharla roinnt luaineachtaí le himeacht ama, deimhnítear leis na figiúirí sin go raibh an t-éileamh ó úsáideoirí fós ann agus gur tháinig méadú air fiú le blianta beaga anuas.

	an líon paisinéirí arna n-iompar	**Lastas arna iompar (i méadair líneacha)**
2012 (mí Lúnasa-mí na Nollag)	[…]	[…]
2013	[…]	[…]
2014	[…]	[…]
2015 ([120])	[…]	[…]
2016 (mí Aibreáin – mí na Nollag) ([121])	[…]	[…]
2017	[…]	[…]
2018	[…]	[…]
2019	[…]	[…]

Tábla 6 – Staidreamh le haghaidh na mblianta 2012-2019 (bealaí measctha agus do phaisinéirí amháin arna n-oibriú ag CdI agus SNS)

(340) Measann an Coimisiún go dtaispeántar go soiléir leis an staidreamh thuas (féach aithrisí (337), (338) agus (339)) go bhfuil fíoréileamh ann le haghaidh seirbhísí paisinéirí agus lasta ar gach ceann den fiche bealach seirbhíse poiblí atá grúpáilte ina gcúig chuach. Féadfar teacht ar an gconclúid dá bhrí sin go gcomhlíonann na seirbhísí sin fíoréileamh ó úsáideoirí agus go dtugann siad aghaidh ar fhíor-riachtanais atá ag an bpobal, dá réir sin.

(2) Teip mhargaidh a bheith ann

(341) De réir mhír 48 de Theachtaireacht SGEI, "ní bheadh sé oiriúnach oibleagáidí seirbhíse poiblí a cheangal le gníomhaíocht atá á soláthar cheana ag gnóthais a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh nó ar féidir leo í a sholáthar go sásúil agus faoi choinníollacha, amhail praghas, saintréithe cáilíochta oibiachtúla, leanúnachas agus rochtain ar an tseirbhís, ar bhealach atá comhsheasmhach le leas an phobail, mar a shainíonn an Stát ([122])". Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh chun a mheas an mbeadh soláthar na seirbhíse neamhleor, i bhfianaise na gceanglas seirbhíse poiblí a fhorchuireann an Ballstát tríd an gCoinbhinsiún nua, dá bhfágfaí a sholáthar faoi fhórsaí an mhargaidh amháin. Tugtar faoi deara ina leith sin i mír 48 de Theachtaireacht SGEI go bhfuil "measúnú an Choimisiúin teoranta do sheiceáil cibé acu a rinne nó nach ndearna an Ballstát earráid fhollasach".

(342) Rinne an Coimisiún anailís cheana trí chinntí a rinneadh roimhe seo maidir le cibé acu a bhí nó nach raibh teip mhargaidh ar na cuacha bealaí sin. Go háirithe, i gCinneadh 2004 leis, thug an Coimisiún dá aire, maidir le Siremar, nár sholáthair aon cheann de na hoibreoirí príobháideacha Iodálacha ar na cuacha bealaí ar fhreastail an t-oibreoir poiblí (ag an am) orthu seirbhísí inchomparáide ó cheann ceann na bliana lena bhféadfar gach ceanglas seirbhíse poiblí a shonraítear sna pleananna 5 bliana a chomhlíonadh ([123]). Baineann an toradh sin leis an tréimhse 1992-2008 agus ní chaitear amhras air le Breithiúnas 2009 lenar neamhníodh Cinneadh 2004, ná le Cinneadh Ghrúpa Tirrenia 2020, lenar measadh gur chabhair a bhí ann cheana é an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Siremar.

(343) I gCinneadh 2012 leis, áfach, thug an Coimisiún dá aire, le linn na tréimhse ama in oirchill na chéad dámhachtana den Choinbhinsiún nua, go raibh seirbhísí tráthrialta ar bhealaí ábhartha eile á n-oibriú ag oibreoirí eile ([124]). Ag an am, d'áitigh an Iodáil gur roghnaigh an tSicil, trí bhíthin roinnt nósanna imeachta tairisceana, na hoibreoirí eile sin chun seirbhísí poiblí breise a oibriú faoi chonarthaí ar leithligh. Sula leanfaidh sé ar aghaidh lena mheasúnú, tugann an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire.

([120]) Níor bhailíochtaigh comhairleoir seachtrach na figiúirí le haghaidh 2015 mar a bhailíochtaigh le haghaidh blianta eile, ach d'ullmhaigh údaráis na hIodáile ex post iad trí úsáid a bhaint as doiciméadacht ó CdI.

([121]) Níor sholáthair an Iodáil sonraí ar bith le haghaidh na tréimhse 1 Eanáir – 10 Aibreán 2016. Maíonn an Iodáil nár bailíodh an staidreamh sin toisc go raibh aistriú na brainse gnó ar ais chuig Siremar in EA á ullmhú ag CdI an tráth sin.

([122]) Féach Cás C-205/99 *Analir agus eile*, ECLI:AE:C:2001:107, mír 71.

([123]) Féach aithris 135 de Chinneadh 2004.

([124]) Féach aithrisí 101 – 103 agus 201 de Chinneadh 2012.

(344) Ar an gcéad dul síos, tá an measúnú seo teoranta do staid iomaíoch an mhargaidh sna blianta roimh mhí Iúil 2012, toisc gurbh é sin an tréimhse ábhartha le haghaidh údarás na hIodáile nuair a bhí na hoibleagáidí seirbhíse poiblí á sainiú acu. Cé go bhforchuirtear oibleagáidí seirbhíse poiblí sonracha leis an gCoinbhinsiún nua ó thaobh táillí atá le gearradh (lena n-áirítear táillí laghdaithe le haghaidh chónaitheoirí na n-oileán beag), níor thug an Iodáil údar leis an ngá leis an tseirbhís phoiblí trína áitiú gur theastaigh ó CdI agus SNS ina dhiaidh sin táillí a choinneáil ar leibhéal níos ísle ná leibhéal na dtáillí sin a ghearrann na hoibreoirí eile. Le linn an imscrúdaithe mhaígh an Iodáil ina ionad sin, a mhéid a sholáthair oibreoirí eile seirbhísí farantóireachta ar na bealaí a d'oibrigh CdI agus SNS ina dhiaidh sin, go mbeadh na seirbhísí iomaíocha sin éagsúil le chéile ó thaobh leanúnachais agus minicíochta ar feadh na bliana, nach mbeidís coibhéiseach (ó thaobh calafort nó chineál na seirbhíse, e.g. bealaí do phaisinéirí amháin seachas bealaí measctha), nach mbeidís den cháilíocht chéanna, nó go bhfóirdheonófaí iad faoi chonarthaí ar leithligh freisin. Dá bhrí sin, ní dhearna an Coimisiún anailís chomparáideach ar na táillí a ghearrann gach oibreoir ar na bealaí atá i gceist. I gcodarsnacht leis sin, dhírigh an Coimisiún ar dhifríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh leanúnachais, tráthrialtachta, acmhainneachta agus cáilíochta (féach aithris (330)), agus ar cibé acu a fóirdheonaíodh nó nár bhfóirdheonaíodh na hoibreoirí iomaíocha faoi chonarthaí ar leithligh.

(345) Ar an dara dul síos, soláthraíodh na seirbhísí inchomparáide a chuireann oibreoirí eile ar fáil ar na cuacha bealaí a shainítear sa Choinbhinsiún nua faoi chórais cúitimh phoiblí freisin, mar sheirbhís chomhlántach lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta arna sainiú ag an tSicil ([125]). I bprionsabal, maidir le soláthraithe eile SGEI a bheith i láthair ar na cuacha bealaí a leagtar amach sa Choinbhinsiún nua, ní chaitheann sin amhras ar bhailíocht SGEI maidir leis na cuacha sin ach a mhalairt; treisíonn sí í toisc go dtugtar le fios léi go raibh an gá a bhí leis na naisc sin chomh láidir agus/nó chomh héagsúil sin nach bhféadfadh ach oibreoirí iomadúla é a chomhlíonadh. Go deimhin, cé gurb ann d'oibreoirí eile ar chuach bealaí áirithe, ní hé gur léiriú é sin go bhféadann fórsaí an mhargaidh amháin freastal go leordhóthanach ar an gcuach sin, má fhaigheann na hoibreoirí eile sin cúiteamh poiblí faoi chonarthaí ar leithligh chun a gcuid seirbhísí a chur ar fáil.

(346) Ar an tríú dul síos, shainaithin an Iodáil 20 bealach ar chúig chuach, nó ar chúig líonra nasc, atá le háireamh sa Choinbhinsiún nua ([126]). Tugann an Coimisiún dá aire, de réir Roinn 5.5.3 den Teachtaireacht maidir le léirmhíniú ar an Rialachán Cabatáiste Muirí ([127]), "*gur minic is fearr leis na Ballstáit bealaí seirbhíse poiblí go hoileáin éagsúla agus uathu a ghrúpáil in aon chuach amháin chun barainneachtaí scála a ghiniúint agus chun oibreoirí a mhealladh. Níl cuacha iontu féin contrártha do dhlí an Aontais ar choinníoll nach gcuireann cuachadh le hidirdhealú ná le saobhadh margaidh míchuí. Ba cheart an méid cuach is iomchuí a chinneadh trína chur san áireamh cén tsineirge is fearr is féidir a bhaint amach trí fhreastal ar riachtanais iompair fhíor-riachtanacha*."

(347) Sa chás seo, rinneadh na bealaí a ghrúpáil ina gcuacha geografacha chun críocha pleanála, chun bearnaí nó forluití a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus chun sraith nasc chomhleanúnach agus fhoriomlán le haghaidh chónaitheoirí na n-oileán sin a áirithiú, laistigh den tSicil agus leis na hoileáin eile araon, go háirithe leis na hoileáin sin atá cuibheasach mór. Go deimhin, léirítear le Table 3 gur minic a bhíonn na bealaí laistigh de gach cuach ag forluí a chéile agus go gcomhlánaíonn siad a chéile ([128]). Ó tharla nach bhfuil seirbhísí fíor-riachtanacha áirithe amhail scoileanna, siopaí grósaera móra, agus seirbhísí speisialaithe leighis ach ar an tSicil amháin nó ar na hoileáin atá cuibheasach mór amháin, roghnaigh an Iodáil na cuacha bealaí seachas bealaí aonair a chur ar iontaoibh. Go deimhin, cé go gcuireann oibreoirí príobháideacha roinnt nasc ar fáil idir na hoileáin atá cuibheasach mór (e.g. Lipari agus Pantelleria) agus an tSicil, ní chuireann siad naisc ar fáil go dtí agus idir na hoileáin ar fad i gcaitheamh na bliana. I bhfianaise an ghá atá lena áirithiú go mbeidh naisc idir roinnt oileán beag atá scoite amach ó chéile agus, uaireanta, in áiteanna iargúlta, measann an Coimisiún nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach maidir leis na cúig chuach a shainaithint, ina bhfuil bealach amháin nó níos mó ag brath ar shaintréithe an oileáin nó an oileánra atá i gceist. Ar na cúiseanna sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis seo, ní dhearna an Coimisiún measúnú ar gach nasc aonair ach, ina ionad sin, dhírigh sé ar gach cuach mar thacar de naisc chomhleanúnach go, ó agus laistigh d'oileánra nó oileán.

(348) Ina fhianaise sin, ar bhonn na staide iomaíche a bhí ann roimh an tráth a cuireadh na hoibleagáidí ar iontaoibh ar dtús an 30 Iúil 2012 agus ag tarraingt ar na barúlacha ó pháirtithe leasmhara (féach roinn 5), rinne an Coimisiún anailís ar gach cuach bealaí chun a fhíorú nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína shuíomh gurbh ann do theip mhargaidh:

— Milazzo – Oileáin Aeólacha – Napoli. D'oibrigh CdI agus oibríonn SNS cúig bhealach a bhfreastalaíonn longa farantóireachta orthu agus cúig bhealach a bhfreastalaíonn longa ardluais orthu, bealaí a nascann na hOileáin Aeólacha leis an tSicil agus leis an mórthír ([129]). Ar an gcuach sin, le linn na tréimhse 2009-2012, ba iad

([125]) Ós rud é go bhfuil na seirbhísí a chuireann na hoibreoirí eile ar fáil lasmuigh de raon feidhme an chinnidh seo, ní thabharfaidh an Coimisiún barúil maidir le cibé acu arb ionann nó nach ionann iad agus seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i ndáiríre.

([126]) Chun mionsonraí maidir le bealaí agus minicíochtaí a fháil, féach Table 3. Bhí na minicíochtaí sin mar an gcéanna don chuid is mó le linn thréimhse an fhadaithe (2009-2012), agus gan ach difríochtaí beaga ar bhealaí aonair áirithe agus/nó ar feadh tréimhsí áirithe den bhliain.

([127]) Féach fonóta 113.

([128]) Féadfar sceideal na mbealaí aonair laistigh de chuach a athrú le himeacht ama freisin – féach fonóta 120.

([129]) Tabhair faoi deara nach bhfuil ach ceithre bhealach ardluais éagsúla á n-oibriú ag SNS ón 1 Meán Fómhair 2016 amach (féach fonóta 120).

Ustica Lines, NGI, SNAV agus Alilauro na hiomaitheoirí. Bhí bealaí á n-oibriú ag Ustica Lines agus NGI ó cheann ceann na bliana, bealaí a nascann Milazzo agus na hOileáin Aeólacha le chéile, faoi chúiteamh poiblí a deonaíodh trí chonarthaí ar leithligh: Sholáthair Ustica Lines seirbhísí ardluais ar dhá bhealach, agus d'oibrigh NGI seirbhís mheasctha ar bhealach amháin. D'oibrigh SNAV agus Alilauro seirbhís longa ardluais le linn an ardséasúir amháin ar bhealaí a nascann Napoli agus na hOileáin Aeólacha, gan cúiteamh poiblí a fháil. Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús nár sholáthair na hiomaitheoirí seirbhísí a bhí inchomparáide le seirbhísí CdI agus SNS ina dhiaidh sin ó thaobh na bealaí a chumhdaítear ná ó thaobh minicíochta ná acmhainneachta. I gcodarsnacht leis sin, ní raibh ach bealach amháin nó dhá bhealach á n-oibriú acu, rud a d'fhág go raibh seirbhís i bhfad níos teoranta á soláthar acu ó thaobh acmhainneachta agus uainithe. Go háirithe, sholáthair NGI seirbhísí farantóireachta trí bhíthin soithí faoi réir ceanglais acmhainneachta dhifriúla. Maidir le SNAV agus Alilauro, níor soláthraíodh nasc le Milazzo lena seirbhísí, toisc nár nascadh Napoli ach leis na hOileáin Aeólacha agus toisc nár soláthraíodh naisc ach laistigh de na hoileáin sin lena mbealaí. Thairis sin, ní raibh na hoibreoirí príobháideacha sin ag freastal ar na bealaí sin sa séasúr ciúin. Dá réir sin, níl na seirbhísí sin inchomparáide leis na seirbhísí arna n-oibriú ag CdI ar dtús agus ag SNS ina dhiaidh sin faoin gCoinbhinsiún nua. D'áitigh Pan Med gur chuir iomaitheoirí seirbhísí comhchosúla ar fáil ar an gcuach sin (féach aithris (272)). Níor shainaithin Pan Med na hiomaitheoirí sin, áfach, ná níor thaispeáin sé cén fáth gur mheas sé go raibh a seirbhísí cosúil leis na seirbhísí sin a chuir CdI agus SNS ina dhiaidh sin ar fáil nó inchomparáide leo. Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire, maidir le gach oibreoir a sholáthraíonn seirbhísí ó cheann ceann na bliana ar na línte sin, gur faoi chúiteamh poiblí a sholáthair siad na seirbhísí sin. Léirítear leis sin, in éineacht le comhthéacs geografach agus déimeagrafach na n-oileán seo (a bhfuil daonra idir thart ar 100 in Alicudi agus thart ar 10 700 i Lipari acu), nach raibh fórsaí an mhargaidh amháin leordhóthanach chun an leibhéal nasc ba ghá a sholáthar chun leanúnachas críche a áirithiú. Go deimhin, measann an Coimisiún nach soláthródh aon oibreoir, a bheadh ag féachaint dá leas tráchtála féin, seirbhísí den leibhéal a cheanglaítear leis an gCoinbhinsiún nua. Dá bhrí sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ar an gcuach bealaí sin;

— Trapani – Oileáin Egadi. D'oibrigh CdI agus oibríonn SNS dhá bhealach a bhfreastalaíonn longa farantóireachta orthu agus ceithre bhealach a bhfreastalaíonn longa ardluais orthu ([130]). Bhí bealaí á n-oibriú ag Ustica Lines agus Traghetti delle Isole ([131]) ó cheann ceann na bliana lena nasctar na hOileáin Egadi leis an tSicil, agus seirbhísí ardluais agus farantóireachta faoi seach á gcur ar fáil. Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuair Ustica Lines agus Traghetti delle Isole cúiteamh ón tSicil as na seirbhísí sin a sholáthar faoi chonarthaí ar leithligh. Ina theannta sin, maidir le Traghetti delle Isole, bhí an mhinicíocht ba ghá difriúil leis an minicíocht sin a sholáthair CdI agus SNS ina dhiaidh sin, toisc nach raibh ar Traghetti delle Isole naisc laethúla a chur ar fáil mar a chuir CdI agus SNS ina dhiaidh sin ar fáil iad. Thairis sin, sholáthair Traghetti delle Isole seirbhísí farantóireachta trí bhíthin soithí faoi réir ceanglais acmhainneachta dhifriúla, lenar áiríodh, mar shampla, iompar earraí contúirteacha. Maidir le Ustica Lines, bhí an mhinicíocht ba ghá cosúil leis an minicíocht a sholáthair CdI agus SNS ina dhiaidh sin (naisc iomadúla in aghaidh an lae). Sholáthair Ustica Lines a chuid seirbhísí trí bhíthin soithí faoi réir ceanglais acmhainneachta dhifriúla, áfach. Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire, maidir le gach oibreoir a sholáthraíonn seirbhísí ó cheann ceann na bliana ar na línte sin, gur faoi chúiteamh poiblí a sholáthair siad na seirbhísí sin. Léirítear leis sin, in éineacht le comhthéacs geografach agus déimeagrafach na n-oileán seo (tá daonra foriomlán Favignana, Levanzo agus Marettimo thart ar 4 300), nach raibh fórsaí an mhargaidh amháin leordhóthanach chun an leibhéal nasc ba ghá a sholáthar chun leanúnachas críche a áirithiú. Go deimhin, measann an Coimisiún nach soláthródh aon oibreoir, a bheadh ag féachaint dá leas tráchtála féin, seirbhísí den leibhéal a cheanglaítear leis an gCoinbhinsiún nua. Dá bhrí sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ar an gcuach bealaí sin;

— Porto Empedocle – Oileáin Pelagie. D'oibrigh CdI agus oibríonn SNS seirbhísí farantóireachta agus seirbhísí ardluais araon ó cheann ceann na bliana. Ba é Ustica Lines an t-aon oibreoir eile a sholáthair seirbhísí ardluais ó cheann ceann na bliana ar an mbealach, agus seirbhís ardluais bhreise san ardséasúr. Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuair Ustica Lines cúiteamh ón tSicil as na seirbhísí sin a sholáthar faoi chonradh ar leithligh. Thairis sin, bhí seirbhís do phaisinéirí amháin á hoibriú ag Ustica Lines, gan aon lastas á iompar aige, agus minicíocht dhifriúil aige. Dá réir sin, níl a chuid seirbhísí inchomparáide leis na seirbhísí a sholáthair CdI agus SNS ina dhiaidh sin faoin gCoinbhinsiún nua. Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire, maidir leis an aon oibreoir amháin a sholáthraíonn seirbhísí ó cheann ceann na bliana ar an gcuach bealaí sin gur faoi chúiteamh poiblí a rinne sé é. Léirítear leis sin, in éineacht le comhthéacs geografach agus déimeagrafach na n-oileán seo (tá daonra foriomlán Linosa agus Lampedusa thart ar 6 500), nach raibh fórsaí an mhargaidh amháin leordhóthanach chun an leibhéal nasc ba ghá a sholáthar chun leanúnachas críche a áirithiú. Go deimhin, measann an Coimisiún nach soláthródh aon oibreoir, a bheadh ag féachaint dá leas tráchtála féin, seirbhísí den leibhéal a cheanglaítear leis an gCoinbhinsiún nua. Dá bhrí sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ar an gcuach bealaí sin;

([130]) Le linn thréimhse an fhadaithe, rinneadh na ceithre bhealach ardluais a ghrúpáil ina dhá mbealach ardluais chun críocha tuairiscithe.

([131]) Faoi réir comhordú agus rialú ó ghrúpa Caronte & Tourist faoi láthair.

— Trapani – Pantelleria. D'oibrigh CdI agus oibríonn SNS seirbhísí farantóireachta ó cheann ceann na bliana. Ba é Traghetti delle Isole an t-aon oibreoir eile a sholáthair seirbhísí farantóireachta ó cheann ceann na bliana ar an mbealach. Ar an gcéad dul síos, tugann an an Coimisiún dá aire go bhfuair Traghetti delle Isole cúiteamh ón tSicil freisin as na seirbhísí sin a sholáthar, faoi chonarthaí ar leithligh. Ina theannta sin, sholáthair Traghetti delle Isole seirbhísí farantóireachta a raibh a minicíocht cosúil leo siúd a bhí ag CdI agus SNS ina dhiaidh sin, trí bhíthin soithí faoi réir ceanglais acmhainneachta dhifriúla, lena n-áiríodh, mar shampla, iompar earraí contúirteacha. D'áitigh Pan Med gur chuir iomaitheoirí seirbhísí comhchosúla ar fáil ar an gcuach sin (féach aithris (272)). Níor shainaithin Pan Med na hiomaitheoirí sin, áfach, ná níor thaispeáin sé cén fáth gur mheas sé go raibh a seirbhísí cosúil leis na seirbhísí sin a chuir CdI agus SNS ina dhiaidh sin ar fáil nó inchomparáide leo. Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire, maidir leis an aon oibreoir amháin eile a sholáthraíonn seirbhísí ó cheann ceann na bliana ar an líne sin gur faoi chúiteamh poiblí a rinne sé é. Léirítear leis sin, in éineacht le comhthéacs geografach agus déimeagrafach Pantelleria (oileán beag a bhfuil thart ar 7 800 cónaitheoir ann), nach raibh fórsaí an mhargaidh amháin leordhóthanach chun an leibhéal nasc ba ghá a sholáthar chun leanúnachas críche a áirithiú. Go deimhin, measann an Coimisiún nach soláthródh aon oibreoir, a bheadh ag féachaint dá leas tráchtála féin, seirbhísí den leibhéal a cheanglaítear leis an gCoinbhinsiún nua. Dá bhrí sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ar an gcuach bealaí sin;

— Palermo – Ustica. D'oibrigh CdI agus oibríonn SNS seirbhísí farantóireachta agus seirbhísí ardluais araon ó cheann ceann na bliana. Bhí Ustica Lines agus NGI i láthair ar an mbealach ó cheann ceann na bliana, le seirbhís ardluais á soláthar ag an gcuideachta sa chéad chás agus seirbhís farantóireachta á soláthar ag an gcuideachta sa chás deireanach. Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuair Ustica Lines agus NGI cúiteamh ón tSicil as na seirbhísí sin a sholáthar, faoi chonarthaí ar leithligh. Ina theannta sin, sholáthair an dá oibreoir seirbhísí farantóireachta trí bhíthin soithí faoi réir ceanglais acmhainneachta dhifriúla, lenar áiríodh, maidir le NGI, iompar earraí contúirteacha. Thairis sin, bhí an mhinicíocht ba ghá difriúil leis an minicíocht sin a sholáthair CdI agus SNS ina dhiaidh sin freisin, toisc nach raibh ar na hoibreoirí eile naisc laethúla a chur ar fáil mar a chuir CdI agus SNS ina dhiaidh sin ar fáil iad. D'áitigh Pan Med gur chuir iomaitheoirí seirbhísí comhchosúla ar fáil ar an gcuach sin (féach aithris (272)). Níor shainaithin Pan Med na hiomaitheoirí sin, áfach, ná níor thaispeáin sé cén fáth gur mheas sé go raibh a chuid seirbhísí cosúil leis seirbhísí sin a chuir CdI agus SNS ina dhiaidh sin ar fáil nó inchomparáide leo. Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire, maidir le gach oibreoir a sholáthraíonn seirbhísí ó cheann ceann na bliana ar an gcuach bealaí sin gur faoi chúiteamh poiblí a rinne siad amhlaidh. Léirítear leis sin, in éineacht le comhthéacs geografach agus déimeagrafach Ustica (oileán an-bheag a bhfuil thart ar 1 300 cónaitheoir ann), nach raibh fórsaí an mhargaidh amháin leordhóthanach chun an leibhéal nasc ba ghá a sholáthar chun leanúnachas críche a áirithiú. Go deimhin, measann an Coimisiún nach soláthródh aon oibreoir, a bheadh ag féachaint dá leas tráchtála féin, seirbhísí den leibhéal a cheanglaítear leis an gCoinbhinsiún nua. Dá bhrí sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ar an gcuach bealaí sin.

(349) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún go raibh na fórsaí margaidh amháin neamhleor chun freastal ar riachtanais seirbhíse an phobail, tráth a cuireadh na hoibleagáidí ar iontaoibh. Maidir leis sin, tugann an Coimisiún dá aire freisin, gur fóirdheonaíodh seirbhísí inchomparáide a sholáthair na hoibreoirí eile go pointe áirithe freisin ar gach cuach bealaí a oibrítear faoi láthair faoi Choinbhinsiún nua SNS, agus nach raibh siad in aon chás comhionann ó thaobh leanúnachais, tráthrialtachta, acmhainneachta agus cáilíochta de agus dá bhrí sin nár shásaigh siad go hiomlán na riachtanais seirbhíse poiblí a shainaithin an Iodáil sa Choinbhinsiún nua.

(3) An cur chuige is lú díobháil

(350) Tugann an Coimisiún dá aire gur roghnaigh údaráis na hIodáile conradh seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích le hoibreoir amháin (CdI agus SNS ina dhiaidh sin) seachas oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ar oibreoirí iomadúla. Bunaithe ar an bhfaisnéis a chur an Iodáil ar fáil, glacann an Coimisiún nach mbeifí in ann freastal ar éileamh na n-úsáideoirí (mar a thuairiscítear thuas, féach aithrisí (334) go (340)) trí oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur. Ar gach cuach bealaí, bíonn gá le cúitimh seirbhíse poiblí chun seirbhísí tráthrialta a sholáthar ar feadh na bliana. I gcás inarb ann d'oibreoirí príobháideacha nach bhfaigheann cúiteamh seirbhíse poiblí, ní sholáthraítear an tairiscint ach san ardséasúr (féach aithris (348)). Thairis sin, léiríonn anailís ar na cuntais mhionsonraithe in aghaidh an bhealaigh faoin gCoinbhinsiún nua go bhfuil gach bealach a d'oibrigh SNS in 2017, 2018 agus 2019 neamhbhrabúsach ó thaobh struchtúir de, mar sin ní bhainfí amach an mhinicíocht, an acmhainneacht ná an cháilíocht inmhianaithe agus iad á n-oibriú gan aon chúiteamh seirbhíse poiblí ([132]). Tháinig Ecorys ar chonclúid chomhchosúil ina thuarascáil siúd don Choimisiún (féach aithris (119)). Ina theannta sin,

([132]) Maidir leis an tréimhse ón 11 Aibreán – 31 Nollaig 2016, thuairiscigh SNS torthaí dearfacha maidir le línte ALC/6 agus ALD/3 bis. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go raibh an tseirbhís á hoibriú ag CdI ar feadh tamall suntasach de shéasúr ciúin 2016 (1 Eanáir – 10 Aibreán), tráth is iondúil nach mbíonn na bealaí brabúsach. Dá bhrí sin, is dócha go bhfuil torthaí airgeadais na mbealaí sin le haghaidh 2016 laofa ag an tseirbhís gan a bheith á hoibriú ag SNS le linn na tréimhse sin.

tugann an Coimisiún argóint na hIodáile dá aire go raibh gá le conradh seirbhíse poiblí i bhfianaise phríobháidiú Siremar. Ar dhóigh níos sonraí, d'áitigh an Iodáil go rabhthas in ann an méid seo a leanas a dhéanamh trí shócmhainní Siremar a chur ar tairiscint in éineacht le conradh nua seirbhíse poiblí: (i) leanúnachas na seirbhíse muirí poiblí a áirithiú, (ii) an luach a uasmhéadú don Stát, agus (iii) fostaíocht a choimirciú. Is ar na cúiseanna sin a d'aontaigh an Coimisiún go gcuirfeadh an Iodáil brainse gnó de chuid Siremar ar tairiscint in éineacht leis an gCoinbhinsiún nua (féach aithris (136)). Ar an mbealach sin, ghlac an Coimisiún freisin, agus athdhearbhaíonn sé sa Chinneadh seo, nach mbraithfeadh an Iodáil ar oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhfuil feidhm leo maidir le gach oibreoir ach go dtabharfadh sé conradh seirbhíse poiblí amháin i gcrích, le CdI ar dtús agus le SNS ina dhiaidh sin.

Conclúid

(351) Bunaithe ar an measúnú thuas, measann an Coimisiún nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach nuair a bhí na seirbhísí a cuireadh ar iontaoibh CdI agus SNS ina dhiaidh sin á sainiú aici ina dhiaidh sin mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Dá bhrí sin, faightear réidh leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl i gCinneadh 2012.

(352) Chun cinneadh a dhéanamh ar comhlíonadh, nó nár comhlíonadh, Altmark 1, ní mór don Choimisiún a sheiceáil fós ar cuireadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhí sainithe go soiléir ar iontaoibh CdI agus SNS ina dhiaidh sin. Chuige sin, tugann an Coimisiún dá aire go dtugtar tuairisc shoiléir ar na hoibleagáidí seirbhíse poiblí sa Choinbhinsiún nua agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis (ina bhfuil sonraíochtaí long le haghaidh gach bealaigh, mar shampla). Ar an mbealach céanna, is iad Dlí 2009 agus Treoir CIPE a shonraíonn na rialacha a rialaíonn cúiteamh sa Choinbhinsiún nua. Tá fad soiléir (12 bhliain) ag an gCoinbhinsiún nua freisin, aithnítear ann CdI agus SNS ina dhiaidh sin mar an bpríomhoibreoir seirbhíse poiblí agus tá socruithe ann chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a aisghabháil (féach roinn 2.3.4). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhlíontar an chéad chritéar Altmark.

Tosaíocht feistithe

(353) Sonraítear go soiléir in Airteagal 19-*ter*, mír 21 de Dhlí Foraithne 135/2009 gur gá tosaíocht feistithe chun leanúnachas críche leis na hoileáin a ráthú agus i bhfianaise oibleagáidí seirbhíse poiblí chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Siremar. Go deimhin, mura mbeadh aon tosaíocht feistithe ann le haghaidh cuideachtaí a gcuirtear oibleagáidí seirbhíse poiblí ar a n-iontaoibh, d'fhéadfaí (in amanna) go mbeadh orthu fanacht lena seal sula bhféadfaidís dul chun cé agus go gcuirfí moill orthu dá réir, rud a chuirfeadh ar neamhní an cuspóir atá leis na hoibleagáidí, is é sin nascacht iontaofa áisiúil a áirithiú le haghaidh na saoránach. Gan amhras, tá gá le tráthchlár tráthrialta chun freastal ar riachtanais soghluaisteachta dhaonra na n-oileán beag agus chun cur le forbairt eacnamaíoch na n-oileán lena mbaineann. Thairis sin, ós rud é go bhfuil oibleagáidí sceidealaithe áirithe sa Choinbhinsiún nua, amhail tráthchláir mhodhanna iompair eile (amhail busanna) a chur san áireamh, cuidíonn an tosaíocht feistithe leis na calafoirt a áirithiú go leithdháiltear na bearta feistithe agus na hamanna feistithe ar bhealach a chuireann ar chumas an oibreora seirbhíse phoiblí a oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Aistríodh an tosaíocht feistithe seo chuig CdI agus SNS ina dhiaidh sin tar éis brainse gnó Siremar a fháil. Ina fhianaise sin, measann an Coimisiún go ndeonaítear an beart sin chun é a chur a gcumas do CdI agus SNS ina dhiaidh a gcuid oibleagáidí seirbhíse poiblí a fheidhmiú ar seirbhísí iad lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i ndáiríre (féach aithris (351)). Dá bhrí sin, comhlíonann an tosaíocht feistithe an chéad choinníoll de bhreithiúnas Altmark.

8.1.3.2. Altmark 2

(354) Meabhraíonn an Coimisiún gur thug sé an réamhthuairim i gCinneadh 2012 (féach aithris 205 de) go n-urramaítear an dara coinníoll de bhreithiúnas Altmark.

(355) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire gur suíodh na paraiméadair a bhí mar bhonn le ríomh an chúitimh roimh ré agus go n-urramaítear na ceanglais trédhearcachta i gcomhréir leis an dara critéar Altmark.

(356) Ar dhóigh níos sonraí, déantar na paraiméadair ar ríomhadh an cúiteamh ar a mbonn a mhíniú go mionsonraithe i dTreoir CIPE agus cuireadh i bhfeidhm sa Choinbhinsiún nua iad (agus in iarscríbhinní a ghabhann leis) agus leagtar síos na híosmhéideanna cúitimh i nDlí 2009. Mionsonraítear i dTreoir CIPE modh ríomha an chúitimh, lena n-áirítear, mar shampla, na gnéithe costais a cuireadh san áireamh. Ós rud é nach n-áirítear aon aistriú airgeadais chuig oibreoir na seirbhíse leis an tosaíocht feistithe, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an beart sin an dara critéar Altmark.

(357) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhlíontar an dara coinníoll de bhreithiúnas Altmark.

8.1.3.3. Altmark 3

(358) De réir an tríú critéar Altmark, ní fhéadfaidh an cúiteamh a bheith níos mó ná an méid is gá chun na costais uile nó cuid de na costais arna dtabhú i gcomhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach á gcur san áireamh.

(359) Mar sin féin, ní sholáthraíonn rialú Altmark sainiú beacht maidir leis an mbrabús réasúnach. De réir Theachtaireacht SGEI, ba cheart a ghlacadh leis go gciallaíonn brabús réasúnach an ráta toraidh ar chaipiteal a dteastódh ó ghnáthchuideachta a bhfuil cinneadh á dhéanamh aige an ceart nó nár cheart an tseirbhís ar mhaithe le leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar ar feadh na tréimhse iomláine a mbeadh na hoibleagáidí sin ar a iontaoibh, agus an leibhéal riosca á chur san áireamh. Bíonn an leibhéal riosca ag brath ar an earnáil lena mbaineann, leis an gcineál seirbhíse agus le saintréithe an tsásra cúitimh.

(360) I gCinneadh 2012, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhréireacht an chúitimh a íocadh le CdI. Go háirithe, thug an Coimisiún an réamhthuairim nach léirítear leibhéal iomchuí riosca sa phréimh riosca 6,5 % toisc nár dhealraigh sé *prima facie* gur ghlac CdI chuige féin na rioscaí a ghlacann oibreoir chuige féin de ghnáth in oibriú na seirbhísí sin. Ar dhóigh níos sonraí, áirítear sna gnéithe costais a cuireadh san áireamh chun an cúiteamh a ríomh na costais uile a bhaineann le soláthar na seirbhíse agus na hathruithe ar chostais, e.g. costais bhreosla. Mar thoradh air sin, mheas an Coimisiún ag an gcéim sin go mb'fhéidir gur tugadh róchúiteamh do CdI.

(361) Tugann an Coimisiún dá aire gur cosúil go deimhin go laghdaíonn gnéithe áirithe den mhodh cúitimh mar a leagtar síos sa Choinbhinsiún nua é an riosca tráchtála a thabhaigh CdI agus SNS ina dhiaidh sin. Go háirithe, déantar na huastáillí a fhéadann an t-oibreoir a ghearradh a choigeartú go bliantúil chun boilsciú agus athruithe ar chostais bhreosla a chur san áireamh. Thairis sin, tá clásail áirithe sa Choinbhinsiún nua arb é is aidhm dóibh cothromaíocht eacnamaíoch-airgeadais na seirbhíse poiblí a choinneáil ar bun (féach aithris (130)). Go háirithe, i gcás nach mbeadh an cúiteamh seirbhíse poiblí leordhóthanach chun costas na seirbhísí a chuireann an Coinbhinsiún nua ar a iontaoibh, ceadaítear leis na clásail sin athbhreithniú a dhéanamh (i) ar raon feidhme na seirbhísí sin, (ii) ar an mbealach ina gcuirtear na seirbhísí ar fáil (e.g. an cineál long), nó (iii) ar na huastáillí.

(362) Tá na clásail thuasluaite faoi réir roinnt srianta, áfach. Go háirithe, faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún nua, ní dhéantar athbhreithniú ar chothromaíocht eacnamaíoch-airgeadais na seirbhíse poiblí ach gach 3 bliana. Má léiríonn an t-athbhreithniú sin nach bhfuil an cúiteamh leordhóthanach chun an costas seirbhíse poiblí a chumhdach, is le haghaidh na chéad tréimhse 3 bliana eile agus lena haghaidh sin amháin a fhéadfaidh an t-oibreoir agus údaráis na hIodáile a chomhaontú athruithe a dhéanamh. I gcás ina léiríonn ioncaim nó costais na seirbhíse poiblí difríochtaí struchtúrtha nach féidir a thuar atá níos mó ná 3 % níos airde nó níos ísle ná na luachanna a leagtar síos sa Choinbhinsiún nua, ceadaítear le hAirteagal 9 de go n-iarrfaidh na páirtithe athbhreithniú ar an gcothromaíocht eacnamaíoch-airgeadais a (faoi réir roinnt coinníollacha). Faoin dá Airteagal, tá athruithe den sórt sin, más ann dóibh, mar thoradh ar nós imeachta caibidlíochta agus, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú, ní mór don oibreoir leanúint den tseirbhís phoiblí a oibriú gan athrú. Dá thoradh sin, fanann an t-oibreoir neamhchosanta go páirteach ar an riosca nach bhfuil an cúiteamh leordhóthanach ina leith chun na costais a bhaineann le reáchtáil na seirbhíse a chumhdach. Cé gur féidir Airteagail 8 agus 9 den Choinbhinsiún nua a úsáid chun an chothromaíocht eacnamaíoch-airgeadais a athbhunú, ní dhéantar é sin ach ar bhonn réamhbhreathnaitheach agus ní féidir aon cheartú cúlghabhálach a dhéanamh.

(363) Mar a mhínítear in aithrisí (49) go (58), foráiltear i dTreoir CIPE go n-úsáidfí an phréimh riosca 6,5 % chun an toradh ar chaipiteal a ríomh ag úsáid na foirmle le haghaidh mheánchostas ualaithe an chaipitil. Go háirithe, maidir le Siremar chuir an Iodáil Beta 0,56 san áireamh le haghaidh na foirmle sin. Tá an Beta ina léiriú ar an riosca a bhaineann leis an ngníomhaíocht a dhéanann an t-oibreoir agus taispeántar lena leibhéal, sa ríomh ar an toradh ar chaipiteal, gur chuir an Iodáil san áireamh go bhfuil an riosca a bhaineann leis an ngníomhaíocht a dhéanann an t-oibreoir níos ísle, go substaintiúil, ná an riosca margaidh. Le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil (féach aithris (218)), áfach, shoiléirigh an Iodáil go ndearnadh cinneadh an ríomh a shimpliú trí 6,5 % a chur i bhfeidhm mar ráta comhréidh i ndáil le toradh ar chaipiteal mar gheall go gcuirtear uasteorainn le méid an chúitimh le Dlí 2009. Léirigh údaráis na hIodáile freisin gur mhó ná 6,5 % (i.e., 8,87 %) an toradh ar chaipiteal a bheadh ann dá gcuirfí an mhodheolaíocht ina hiomláine i bhfeidhm mar a leagtar síos i dTreoir CIPE. Ar an gcúis sin, measann an Iodáil go bhfuil a cur chuige simplithe coimeádach agus nach gceadaítear leis go dtabharfaí cúiteamh níos airde don oibreoir ná mar a bunaíodh faoi Threoir CIPE.

(364) I bhfianaise a bhfuil thuas, in aithris (363) de Chinneadh Tirrenia/CIN 2020, rinne an Coimisiún comparáid idir an toradh ar chaipiteal 6,5 %, arna cur i bhfeidhm i ríomh an chúitimh le haghaidh na cuideachta faoi réir an imscrúdaithe sin (i.e., CIN), agus an meánthoradh ar chaipiteal a ghin grúpa tagarmhairc in 2011 (an bhliain sular cuireadh oibleagáidí ar iontaoibh CdI don chéad uair). Is éard a bhí sa ghrúpa tagarmhairc oibreoirí

farantóireachta roghnaithe a chuir naisc mhuirí ar fáil san Iodáil nó idir an Iodáil agus Ballstáit eile ([133]). Tugann an Coimisiún dá aire gur oibreoir ar mhéid inchomparáide le CIN é Siremar. Tá na bealaí i gceist difriúil leis na bealaí sin a oibríonn CIN, áfach, toisc go bhfuil siad níos giorra agus go nascann siad oileáin bheaga le chéile. Measann an Coimisiún, cé go bhfuil an grúpa tagarmhairc fós ábhartha maidir le Siremar, go bhféadfar a mheas go mbaineann riosca níos mó le gníomhaíochtaí Siremar, rud a fhágann nach mbeadh préimh riosca níos airde míréasúnach. Léirigh an anailís go raibh an toradh ar chaipiteal a ghin CdI agus SNS ina dhiaidh sin beagán faoi bhun an mheántoraidh a ghin an grúpa tagarmhairc. Taispeántar sa chomparáid sin nach raibh toradh 6,5 % ar chaipiteal don earnáil mhuirí míréasúnach an bhliain sular cuireadh oibleagáidí ar iontaoibh CdI.

(365) Rud a bhfuil tábhacht ar leith leis, tugann an Coimisiún dá aire, gan beann ar an méid a mbeadh an t-oibreoir ina theideal ar bhonn na modheolaíochta thuasluaite (lena n-áirítear an toradh ar chaipiteal), nach bhféadfaidh SNS, ina dhiaidh sin, níos mó ná an t-uasmhéid a leagtar síos le Dlí 2009 (i.e. EUR 55 694 895) a fháil riamh sa chleachtas. Bhí an rud céanna fíor maidir le CdI sa tréimhse nuair a bhí na seirbhísí poiblí á ndéanamh aige faoin gcoinbhinsiún nua. Maidir leis an méid sin, a socraíodh in 2009 agus nár coigeartaíodh riamh ó thaobh boilscithe, ba dhóichí go raibh sé coimeádach ós rud é go raibh sé beagnach 17 % níos ísle ná an méid a theastaigh ó Siremar chun an tseirbhís a oibriú sa bhliain chéanna sin ([134]). Gan beann ar cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh oibleagáidí seirbhíse poiblí ar iontaoibh CdI nó SNS, léirítear sna figiúirí iarbhír le haghaidh na tréimhse 2012-2019 i dTábla 7, i gcás gach bliain fhoriomlán, go raibh cúiteamh na seirbhíse poiblí neamhleor chun glanchostas na seirbhíse a chumhdach, lena n-áirítear an toradh 6,5 % ar chaipiteal ([135]). Fuair CdI róchúiteamh beag in 2021 a fritháiríodh le fuílleach trí chaillteanais in 2013 agus 2014. D'oibrigh CdI an tseirbhís i mí Lúnasa agus i mí na Nollag amháin, áfach. Áirítear sa tréimhse sin an mhí is brabúsaí, nuair is airde an t-éileamh ó thurasóirí (mí Lúnasa), agus eisiatar léi na chéad mhíonna den bhliain nuair a bhíonn an t-éileamh ó thurasóirí an-íseal. Tá feidhm ag breithniú comhchosúil maidir leis an gcúiteamh a fuair SNS in 2016. Maidir leis an róchúiteamh a fuair SNS sa bhliain sin – a fritháiríodh le fuílleach freisin é roinnt blianta ina dhiaidh sin – fuarthas é toisc nár oibrigh SNS an tseirbhís ach sa tréimhse ón 11 Aibreán – an 31 Nollaig 2016, lena n-eisiatar na chéad 3 mhí den bhliain sin. I gcomhréir le mír 47 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, déanann an Coimisiún measúnú ar cibé acu a bhí nó nach raibh róchúiteamh ann le linn thréimhse fhoriomlán an chonartha. Le haghaidh na tréimhse 2012-2019, fuair SNS agus CdI in éineacht thart ar EUR 30,3 milliún níos lú ná an méid arna ríomh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a n-áirítear an toradh 6,5 % léi. Deimhníonn an figiúr sin nach gcosnaíonn clásail athbhreithnithe an Choinbhinsiúin nua an t-oibreoir ar na rioscaí uile a bhaineann le hoibriú na seirbhíse poiblí. D'ainneoin roinnt luaineachtaí idir blianta, bhí an toradh réadaithe ar chaipiteal bhrainse gnó Siremar le haghaidh na tréimhse ina hiomláine (suas le 2019) thart ar –4.7 % seachas 6,5 % mar a thuar an Iodáil ar dtús. Go deimhin, tá an méid foriomlán a fuair CdI agus SNS in imeacht na tréimhse 2012-2019 níos ísle ná an glanchostas arna thabhú i soláthar na seirbhíse poiblí, fiú má ghlactar leis gurbh ann do thoradh ar chaipiteal 0 %. Mar a léirítear i dTábla 7, theastódh cúiteamh breise thart ar EUR 12,7 milliún ó CdI agus SNS in éineacht chun a gcuid glanchostas amháin a chumhdach. Seastar, i gcás SNS as féin freisin, leis an gconclúid nach gcosnaíonn clásail athbhreithnithe an Choinbhinsiúin nua an t-oibreoir ar na rioscaí uile (tréimhse 2016-2019): Fuair SNS thart ar EUR 23,3 milliún níos lú ná an méid arna ríomh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a n-áirítear toradh 6,5 % ar chaipiteal léi; tá an toradh réadaithe ar chaipiteal le haghaidh SNS thart ar –11,8 %, seachas 6,5 % mar a thuar an Iodáil ar dtús; agus theastódh thart ar EUR 15 mhilliún de chúiteamh breise ó SNS chun a chuid glanchostas amháin a chumhdach.

([133]) Go háirithe, bhain sé le Minoan Lines Shipping, La Méridionale, Moby, Grandi Navi Veloci, Liberty Lines (ar tugadh Ustica Lines air roimhe seo), Grimaldi Group, Corsica Ferries, SNAV, agus Caronte & Tourist. Níor cuireadh cuideachtaí iar-ghrúpa Tirrenia (e.g. Caremar, Toremar) san áireamh sa ghrúpa tagarmhairc. Áirítear sa ghrúpa tagarmhairc an dá chuideachta a d'oibreodh an Coinbhinsiún nua ina dhiaidh sin ámh – Liberty Lines (ar tugadh Ustica Lines air roimhe seo) agus Caronte & Tourist – faoi chomhfhiontar SNS. An tráth sin, áfach, bhí seirbhísí éagsúla á n-oibriú ag an dá chuideachta sin nár tháinig faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin tosaigh. Dá réir sin, níor eisiaigh an Coimisiún ón ngrúpa tagarmhairc iad.

([134]) Meabhraíonn an Coimisiún gurbh é 2009 an bhliain dheireanach inar oibrigh Siremar ar ghnáth-théarmaí (i.e. níor tháinig sé faoin riarachán urghnách go fóill).

([135]) Sna blianta sin, ba é EUR 33,8 milliún an glanchaipiteal meánaithe a d'infheistigh CdI agus SNS go bliantúil.

Bealaí seirbhíse poiblí	1/08/2012 - 31/12/2012 (CdI)	2013 (CdI)	2014 (CdI)	2015 (CdI)	11/04/2016 - 31/12/2016 (SNS)	2017 (SNS)	2018 (SNS)	2019 (SNS)	Comhiomlán
Ioncaim	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
- Costais	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
- Amúchtaí	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
= Glanchostas na seirbhíse poiblí	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
+ Brabús réasúnach (6.5 %)	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
= Incháilithe do chúiteamh	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
+ An cúiteamh iarbhír	23.346.079 €	55.694.895 €	55.694.895 €	55.694.895 €	40.297.059 €	55.694.895 €	55.694.895 €	55.694.895 €	397.812.508 €
= Róchúiteamh/tearc-chúiteamh	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	- 30.340.068 €

Tábla 7 – Glanchostas na seirbhíse poiblí arna hoibriú ag CdI agus SNS le haghaidh na tréimhse 2012-2019

(366) Tugann an Coimisiún dá aire freisin, ar chaoi dhearfach, go gceanglaítear ar an oibreoir faoi Airteagal 5 den Choinbhinsiún nua a chuntais bainistíochta (agus iad foroinnte de réir bealaí agus deimhnithe ag iniúchóir neamhspleách) a sheoladh chuig an tSicil gach bliain chun é a chur ar a cumas don pháirtí deireanach sin seiceáil an raibh aon róchúiteamh i gceist. Soláthraítear leis sin cosaint bhreise chun a áirithiú nach féidir leis an oibreoir tairbhiú d'aon róchúiteamh. Chuir údaráis na hIodáile na cuntais bainistíochta sin le haghaidh na tréimhse 2012-2019 isteach freisin, rud a chuir ar chumas an Choimisiúin na ríomhanna i dTábla 7 a dhéanamh ([136]).

(367) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún nach sáraíonn an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh ar an oibreoir an tsuim is gá chun na costais a tabhaíodh in oibriú a oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach á gcur san áireamh. Ar dhóigh níos sonraí, measann an Coimisiún nach mór measúnú a dhéanamh ar an bpréimh riosca 6,5 % dá bhforáiltear i dTreoir CIPE in éineacht leis an uasmhéid cúitimh a leagtar síos i nDlí 2009. Agus aird á tabhairt air sin, bhí an toradh ar chaipiteal a bhféadfadh coinne a bheith ag CdI agus SNS ina dhiaidh sin leis ó pheirspictíocht *ex ante* i gcomhréir leis na rioscaí a ghlac sé agus na seirbhísí poiblí á n-oibriú aige faoin gCoinbhinsiún nua. Dá bhrí sin, faightear réidh leis an amhras a bhí ag an gCoimisiún i ndáil leis an tríú coinníoll de bhreithiúnas Altmark.

(368) Maidir leis an tosaíocht feistithe agus aon róchúiteamh féideartha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air, mhaígh an Iodáil nach bhféadfaí aon bhuntáiste airgeadais féideartha ón tosaíocht feistithe a chainníochtú (féach aithris (227) thuas). In aon chás, tugann an Coimisiún dá aire, a mhéid a laghdódh an beart seo na costais oibriúcháin nó a mhéadódh sé ioncaim an oibreora seirbhíse poiblí, go léireofaí na héifeachtaí sin ina n-iomláine i gcuntais inmheánacha an oibreora. Deimhníodh san anailís a rinne an Coimisiún in aithris (365) nach bhfuair CdI agus SNS in éineacht aon róchúiteamh sa tréimhse 2012-2019. Seastar leis sin freisin maidir le SNS as féin i gcás na mblianta inar oibrigh sé an Coinbhinsiún nua (an tréimhse 2016-2019). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an tosaíocht feistithe an tríú critéar Altmark freisin.

8.1.3.4. Altmark 4

(369) Comhlíontar an ceathrú critéar Altmark má roghnaíodh faighteoir an chúitimh chun seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú de bhun nós imeachta tairisceana, trína bhféadtar an tairgeoir atá in ann na seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú nó má ríomhadh an cúiteamh trí thagairt a dhéanamh do na costais atá ag gnóthas éifeachtúil.

(370) De réir mhír 63 de Theachtaireacht SGEI, is é an bealach is simplí is féidir le húdaráis phoiblí an ceathrú critéar Altmark a chomhlíonadh ná nós imeachta tairisceana poiblí oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a reáchtáil i gcomhréir le Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([137]) agus Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([138]).

(371) Thairis sin, luaitear i mír 65 de Theachtaireacht SGEI, bunaithe ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais, nach ndéanann nós imeachta soláthair poiblí Státchabhair a bheith ann a chur as an áireamh ach amháin i gcás ina dtugann sé caoi do roghnú an tairgeora atá in ann an tseirbhís a sholáthar "ar an gcostas is lú don phobal".

(372) Maidir leis an gcás seo, tugann an Coimisiún faoi deara gur tharla an nós imeachta tairisceana roimh theacht i bhfeidhm Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([139]) (a bhfuil feidhm aici maidir le conarthaí poiblí a dhámhtar chun seirbhísí iompair mhuirí a oibriú) agus roimh theacht i bhfeidhm Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([140]). Ag an tráth sin, bhí feidhm ag Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE. Mar sin féin, níl feidhm ag Treoir 2004/17/CE maidir le seirbhísí iompair mhuirí, amhail iad siúd a sholáthraíonn Siremar ([141]).

([136]) Cé is moite de 2015 agus na chéad mhíonna de 2016 (féach fonótaí 121 agus 122). Cé go bhfuil aiféala ar an gCoimisiún nár sholáthair an Iodáil na sonraí sin, tugann sé dá aire nach ndéanann sin difear ach don tréimhse dheireanach ina raibh an tseirbhís á hoibriú ag CdI, agus measúnú an Choimisiúin dírithe ar SNS, mar a mhínítear in aithris (295).

([137]) Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 134 an 30.4.2004, lch. 1).

([138]) Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO L 134 an 30.4.2004, lch. 114).

([139]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94 an 28.3.2014, lch. 65)

([140]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94 an 28.3.2014, lch. 243)

([141]) Go deimhin, cuirtear in iúl go soiléir in Airteagal 5 de Threoir 2004/17/CE nach dtagann ach seirbhísí iompair d'iarnród, de chórais uathoibrithe, de thrambhealach, de bhus tralaí, de bhus nó de chábla faoina raon feidhme.

(373) Tagann conarthaí poiblí le haghaidh iompar muirí, cósta nó abhann faoi raon feidhme Threoir 2004/18/CE, bunaithe ar aithris 20 di. Mar sin féin, liostaítear seirbhísí iompair uisce in Iarscríbhinn II B a ghabhann leis an Treoir sin lena dtugtar le fios ([142]) nach bhfuil siad ach faoi réir Airteagail 23 agus 35(4) di. Ciallaíonn sé sin, faoi Threoir 2004/18/CE, nach bhfuil conradh poiblí le haghaidh seirbhísí iompair mhuirí ach faoi réir na n-oibleagáidí a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla (Airteagal 23) agus faoi réir na hoibleagáide fógra dámhachtana conartha a fhoilsiú agus faoina réir sin amháin (tar éis don chonradh a bheith dáfa agus ag deireadh an phróisis dámhachtana dá bhrí sin, seachas ag a thús: Airteagal 35(4)). Níl feidhm ag aon cheann de na rialacha eile a shocraítear le Treoir 2004/18/CE – lena n-áirítear na forálacha maidir le hábhar na bhfógraí atá le foilsiú (Airteagal 36(1)) agus na forálacha maidir le critéir roghnúcháin (Airteagail 45 go 52) – maidir le conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí iompair mhuirí.

(374) Thairis sin, níl feidhm ag Treoir 2004/18/CE in aon chás maidir le lamháltais seirbhíse mar a shainítear in Airteagal 1(4) di ([143]). Tugann an Coimisiún dá aire go leanann lamháltais seirbhíse a mbaineann leas áirithe trasteorann leo de bheith faoi réir phrionsabail ghinearálta CFAE maidir leis an trédhearcacht agus maidir leis an gcóir chomhionann.

(375) Bunaithe ar a bhfuil thuas, measann an Coimisiún nach bhféadfaidh go mbeidh feidhm ag Treoir 2004/18/CE ach i gcás conartha phoiblí ach nach bhfuil feidhm léi a mhéid a bhaineann le lamháltas seirbhíse. Ina theannta sin, ós rud é go mbaineann an cás seo le seirbhísí iompair uisce, ní bheadh feidhm ach le cuid de cheanglais na Treorach sin. Ina fhianaise sin, measann an Coimisiún nach féidir leis brath go hiomlán ar chomhlíontacht Threoracha um Sholáthar Poiblí chun comhlíontacht an cheathrú critéir Altmark a léiriú. Ar an gcúis sin, déanann an Coimisiún measúnú thíos ar cibé acu a bhí, nó nach raibh, an nós imeachta a d'úsáid an Iodáil iomaíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Chun an measúnú sin a dhéanamh, beidh an Coimisiún ag brath ar an treoraíocht ábhartha a leagtar amach ina Theachtaireacht maidir le Coincheap na Cabhrach ([144]) (go háirithe míreanna 89 *et seq.* di).

Cineál iomaíoch agus trédhearcach na tairisceana

(376) Sonraítear i mír 90 den Teachtaireacht maidir le Coincheap na Cabhrach nach mór do nós imeachta tairisceana a bheith iomaíoch ([145]) ionas go mbeidh gach tairgeoir a bhfuil suim aige ann agus atá cáilithe chuige in ann a bheith rannpháirteach sa phróiseas. Thairis sin, de réir mhír 91 den Teachtaireacht sin, ní mór don nós imeachta a bheith trédhearcach ionas go mbeidh gach tairgeoir a bhfuil suim aige ann in ann a bheith ar an eolas go cothrom agus go hiomchuí ag gach céim den nós imeachta tairisceana. Cuirtear i dtábhacht sa mhír sin freisin gur gnéithe ríthábhachtacha iad inrochtaineacht na faisnéise, am leordhóthanach a bheith ag tairgeoirí a bhfuil suim acu ann, agus soiléireacht na gcritéar roghnúcháin agus dámhachtana le haghaidh nós imeachta roghnúcháin thrédhearcaigh agus léirítear inti nach mór an tairiscint a phoibliú go leordhóthanach chun go mbeidh gach tairgeoir ionchasach in ann í a thabhairt dá n-aire.

(377) Mar réamhthuairim, tugann an Coimisiún dá aire, cé gur thug dlí na hIodáile ([146]) deis don Choimisinéir Urghnách páirt a ghlacadh in idirbheartaíochtaí príobháideacha le sealbhóirí ionchasacha níor thapaigh sé an deis sin sa chás seo, seachas sa dara céim den nós imeachta, tar éis do ghlao ar léirithe spéise a bheith foilsithe agus fógartha, agus chun téarmaí níos fearr a fháil ó CdI agus SNS. Go deimhin, ba í tairiscint oscailte an rogha thosaíochta chun a áirithiú go ndíolfaí brainse gnó de chuid Siremar ar phraghas margaidh agus, dá bhrí sin, go ndéanfaí na fáltais ón díol a uasmhéadú. Ós rud é nár tharla riamh aon idirbheartaíocht phríobháideach in éagmais glao poiblí, faightear réidh dá bhrí sin leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl i gCinneadh 2011 maidir leis an bhféidearthacht sin.

(378) Sa chás seo, seoladh an nós imeachta tairisceana trí ghlao ar léirithe spéise a fhoilsiú i nuachtán idirnáisiúnta amháin agus i roinnt nuachtán náisiúnta, agus ar shuíomhanna gréasáin speisialaithe roghnaithe, maidir le brainse gnó de chuid Siremar a fháil trí éadáil (féach aithris (75)). Iarradh sa ghlao sin ar "*aon duine is féidir leanúnachas na seirbhíse iompair mhuirí a ráthú*" a spéis a léiriú agus níor forchuireadh aon choinníoll breise air. Tugadh am leordhóthanach (i.e., 16 lá) do pháirtithe leasmhara ionchasacha a spéis a chur in iúl. Sa chéim díchill chuí a leanas den phróiseas sin, tugadh beagnach 4 mhí do thairgeoirí cáilithe measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha uile chun bheith in ann cinneadh a dhéanamh an gcuirfidís tairiscint isteach agus, dá ndéanfaidís sin, an méid a bheadh sa tairiscint ar bhrainse gnó Siremar.

([142]) Faoi Airteagal 21 de Threoir 2004/18/CE.

([143]) Is éard atá le léamh in Airteagal 1(4) de Threoir 2004/18/CE: "*Is éard is "lamháltas seirbhíse" ann conradh den chineál céanna le conradh seirbhíse poiblí seachas gurb é atá sa chomaoin chun an tseirbhís a sholáthar ná an ceart chun leas a bhaint as an tseirbhís agus sin amháin nó an ceart chuige sin agus chun íocaíochta*."

([144]) Fógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na Státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (IO C 262 an 19.7.2016, lch. 1).

([145]) I bhfonóta 146 den Teachtaireacht maidir le Coincheap na Cabhrach, tugann an Coimisiún faoi deara go dtagraíonn Cúirteanna an Aontais do nós imeachta tairisceana "oscailte" go minic i gcomhthéacs Státchabhrach. Ní thagraíonn an focal "oscailte", áfach, do nós imeachta sonrach faoi na Treoracha um Sholáthar Poiblí. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil an focal "iomaíoch" níos iomchuí, gan a bheith beartaithe leis atreorú ó na coinníollacha substainteacha a leagtar amach sa chásdlí.

([146]) Go háirithe, Dlí Foraithne 134/2008.

(379) Tugann an Coimisiún dá aire gur soiléiríodh leis an nglao ar léirithe spéise go ndíolfaí brainse gnó de chuid Siremar faoi rialacha sonracha nós imeachta Marzano agus an cuspóir sainráite ann go n-áiritheofaí leanúnachas na seirbhíse iompair mhuirí faoin gcóras seirbhíse poiblí. Thairis sin, thagair an glao d'Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009, lenar sonraíodh go dtabharfaí coinbhinsiún nua i gcrích le ceannaitheoir bhrainse gnó Siremar ar thabhairt i gcrích an nós imeachta tairisceana. Léiríodh san Airteagal sin freisin nach mbeadh fad coinbhinsiún nua den sórt sin níos mó ná 12 bhliain agus tugadh tuairisc ann ar an méid ba cheart a bheith sa choinbhinsiún. Ina theannta sin, leis an Airteagal céanna sin, socraíodh an t-uasmhéid cúitimh le haghaidh Siremar ag EUR 55 694 895 in aghaidh na bliana ar feadh fhad foriomlán an Choinbhinsiúin nua. Ar deireadh, sonraíodh in Airteagal 19-*ter* go gcoinneodh sealbhóir Siremar an tosaíocht feistithe ar na bealaí seirbhíse poiblí.

(380) Mar a thugtar le fios i gCinneadh 2011, ní raibh mionsonraí sonracha sa ghlao ar léirithe spéise maidir leis na sócmhainní beachta a bhí ar díol, maidir leis an gcritéar dámhachtana ná maidir le huainiú na chéad chéimeanna eile den nós imeachta tairisceana. Measann an Coimisiún go raibh an próiseas tairisceana ina iomláine trédhearcach go leordhóthanach mar sin féin, ar na cúiseanna a leagtar amach sna haithrisí a leanas.

(381) Ar an gcéad dul síos, luadh sa ghlao ar léirithe spéise nach mór do thairgeoirí a bheith in ann "*leanúnachas na seirbhíse iompair mhuirí a ráthú*". Ba é sin an t-aon chritéar roghnúcháin a chuir an Iodáil i bhfeidhm chun cinneadh a dhéanamh ar cheart, nó nár cheart, ligean do pháirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach sa nós imeachta tairisceana. Cé nár sonraíodh sa ghlao an bealach ar féidir le tairgeoirí a chruthú go gcomhlíonann siad an ceanglas sin, chiallaigh sé sin i bhfírinne go bhféadfaí aon mhodh cruthúnais iomchuí a úsáid ([147]). Tugann an Coimisiún dá aire nár eisiadh aon cheann de na páirtithe leasmhara, rud a chuireann in iúl gur sholáthair gach ceann de na páirtithe leasmhara fianaise shásúil go raibh acmhainn airgeadais leordhóthanach acu chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú. Measann an Coimisiún go raibh an critéar roghnúcháin sin soiléir do gach tairgeoir a raibh spéis aige sa phróiseas agus go raibh údar iomchuí leis i bhfianaise an chuspóir a bhí aici.

(382) Ar an dara dul síos, mar a mhínítear in aithris (379), bhí sé soiléir do pháirtithe leasmhara de bharr na tagartha do Dhlí Foraithne 135/2009 go dtabharfaí coinbhinsiún nua (ar feadh uasfhad 12 bhliain) i gcrích nuair a chuirfí clabhsúr leis an nós imeachta tairisceana agus gur socraíodh an t-uasmhéid bliantúil don chúiteamh seirbhíse poiblí ag EUR 55 694 895 in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, sonraíodh sa ghlao ar léirithe spéise gurb é an cuspóir a bhí leis an brainse gnó a bhí tiomanta do sholáthar na seirbhíse poiblí a dhíol. Thairis sin, mar a dheimhnigh an Iodáil, cuireadh an fhaisnéis ábhartha uile a mhéid a bhaineann le raon feidhme an díola, lena n-áirítear an dréacht-Choinbhinsiún a bheidh le tabhairt i gcrích idir an ceannaitheoir agus an Stát, ar fáil do na cúig pháirtí a bhí rannpháirteach sa chéim díchill chuí. Thug sé sin caoi do na páirtithe sin a chinneadh an gcuirfidís nó nach gcuirfidís tairiscint isteach agus, dá ndéanfaidís sin, cén méid a bheadh sa tairiscint. Tugann an Coimisiún dá aire gur gnáthchleachtas é, i nósanna imeachta díolacháin idir oibreoirí príobháideacha, nach gcuirtear faisnéis íogair thráchtála ar fáil ach amháin sa chéim díchill chuí. Ar an gcúis chéanna, b'éigean do na páirtithe leasmhara comhaontuithe rúndachta a shíniú sular tugadh rochtain ar an doiciméadacht ábhartha dóibh (féach aithris (76)). Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún go raibh sé soiléir go leordhóthanach ón nglao ar léirithe spéise ([148]) gur bhain an díolachán le brainse gnó de chuid Siremar arna chuachadh leis an gCoinbhinsiún nua. Tar éis dóibh a spéis a léiriú, tugadh rochtain do na páirtithe leasmhara ar an bhfaisnéis ábhartha uile ba ghá chun cinneadh a dhéanamh faoi thairiscint fhéideartha.

(383) Ar an tríú dul síos, maidir le huainiú na gcéimeanna den nós imeachta tairisceana dá éis tugann an Coimisiún an méid a leanas dá aire. Iarradh le litir an 24 Samhain 2010 ar na tairgeoirí a raibh spéis acu ann a bheith rannpháirteach sa chéim díchill chuí. Ansin, i litir a sheol an Coimisinéir Urghnách an 2 Feabhra 2011, rinne sé na mionsonraí ábhartha maidir leis na chéad chéimeanna coincréiteacha den nós imeachta, go háirithe amlíne an nós imeachta agus na critéir maidir le cead iontrála sa dara céim díchill chuí, a sholáthar do na tairgeoirí a raibh spéis acu ann. Measann an Coimisiún nach dócha gur díspreagadh tairgeoirí ionchasacha óna spéis a chur in iúl de dheasca an fhaisnéis sin a bheith in éagmais sa ghlao ar léirithe spéise ([149]).

(384) Ar an gceathrú dul síos, tugann an Coimisiún faoi deara ar bhonn an ghlao gur léirigh 6 pháirtí spéis maidir le brainse gnó de chuid Siremar a fháil (féach aithrisí (76) agus (77)). Ar na páirtithe sin bhí cuid de na hoibreoirí áitiúla farantóireachta agus loinge ba thábhachtaí: Caronte & Tourist S.p.A. agus Ustica Lines S.p.A. (i mbun comhthairisceana), Riccardo Sanges & C. S.r.l., Traghetti delle Isole S.p.A. agus Mediterranea Holding S.p.A. (lenar áiríodh i measc a gheallsealbhóirí roinnt oibreoirí áitiúla a raibh taithí acu agus a ndeachaigh i gcomhpháirt le hoibreoirí eile chun CdI a bhunú). Measann an Coimisiún go ndeimhnítear leis sin gur tugadh deis leordhóthanach do thairgeoirí ionchasacha spéis a chur in iúl chun bheith rannpháirteach sa nós imeachta tairisceana. Sa chomhthéacs sin, tugann an Coimisiún dá aire nár ghá do pháirtithe leasmhara nósanna

([147]) Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (373), ní raibh feidhm ag Airteagal 36(1) de Threoir 2004/18/CE maidir leis an tairiscint seo. Dá bhrí sin, ní raibh aon oibleagáid ag an Iodáil iarbhír na critéir roghnúcháin a sholáthar sa ghlao.

([148]) Tugann an Coimisiún dá aire nach raibh oibleagáid ach an oiread ar an Iodáil tuairisc mhionsonraithe a sholáthar ar na sócmhainní beachta a bhí ar díol ná ar an gconradh nua seirbhíse poiblí sa ghlao ar léirithe spéise ós rud é nach raibh feidhm ag Airteagal 36(1) de Threoir 2004/18/CE maidir leis an nós imeachta tairisceana sin.

([149]) Thairis sin, ós rud é nach raibh feidhm ag Airteagal 36(1) de Threoir 2004/18/CE maidir leis an nós imeachta tairisceana sin, ní raibh oibleagáid ach an oiread ar an Iodáil tuairisc a thabhairt sa ghlao ar léirithe spéise ar conas a dhéanfaí céimeanna den nós imeachta tairisceana dá éis a eagrú.

imeachta a raibh ualach mór ag baint leo a leanúint agus nár ghá dóibh costais shuntasacha a thabhú chun a spéis a léiriú. Ba leordhóthanach é gur léirigh siad go bhfuil ar a gcumas leanúnachas na seirbhíse iompair mhuirí a ráthú. Rinne na 6 pháirtí a léirigh spéis an critéar roghnúcháin sin a chomhlíonadh freisin agus iarradh orthu a bheith rannpháirteach sa chéim díchill chuí dá réir sin. Chinn 5 cinn de na páirtithe sin a bheith rannpháirteach inti. Maidir le cinneadh a dhéanamh an gcuirfidís nó nach gcuirfidís tairiscint isteach agus, dá ndéanfaidís sin, cén méid a bheadh ina dtairiscint, níor ghá do na páirtithe na cinntí sin a dhéanamh go dtí raibh an chéim sin thart.

(385) Bunaithe ar a bhfuil thuas, measann an Coimisiún go raibh an nós imeachta tairisceana iomaíoch agus trédhearcach nuair a bhreathnaítear air ina iomláine. Go háirithe, fógraíodh go forleathan rún Siremar gnó na seirbhíse poiblí (i.e. brainse gnó Siremar) a dhífheistiú ar bhealach a shroich gach tairgeoir féideartha sa mhargadh réigiúnach nó idirnáisiúnta ábhartha. Thairis sin, cuireann an Coimisiún san áireamh go bhféadfadh tairgeoirí ionchasacha a spéis a chur in iúl go héasca agus nach raibh orthu gealltanas a thabhairt i leith aon rud ag an gcéim sin. Ar choinníoll go bhféadfaidís a léiriú gur chomhlíon siad an t-aon critéar roghnúcháin a bhí ann, tugadh an fhaisnéis uile ba ghá do na páirtithe sin agus an t-am ba ghá chun a chinneadh an gcuirfidís nó nach gcuirfidís tairiscint isteach agus, dá gcuirfidís, cén méid ba mhian leo a thairiscint ar bhrainse gnó Siremar. Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún go bhfuarthas réidh leis an amhras a bhí air nach raibh an nós imeachta tairisceana trédhearcach go leordhóthanach mar gheall ar easnaimh fhéideartha sa ghlao ar léirithe spéise.

Cineál neamh-idirdhealaitheach na tairisceana agus an praghas is airde mar critéar

(386) Cuirtear i dtábhacht i mír 92 den Teachtaireacht maidir le Coincheap na Cabhrach gur coinníollacha fíor-riachtanacha iad láimhseáil neamh-idirdhealaitheach na dtairgeoirí uile ag gach céim den nós imeachta agus roghnú oibiachtúil agus critéir dhámhachtana a shonraítear roimh an bpróiseas chun a áirithiú go bhfuil an t-idirbheart a eascraíonn as i gcomhréir le dálaí an mhargaidh. Thairis sin, sonraítear sa mhír sin gur cheart go mbeifí in ann comparáid agus measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar na tairgeoirí leis na critéir chun an conradh a dhámhachtain chun cóir chomhionann a ráthú. Thairis sin, de réir mhír 95 den Teachtaireacht maidir le Coincheap na Cabhrach, nuair a dhíolann comhlachtaí poiblí sócmhainní, ba cheart gurbh é an praghas is airde an t-aon chritéar roghnúcháin ábhartha maidir le roghnú an cheannaitheora ([150]), agus na comhaontuithe conarthacha arna n-iarraidh á gcur san áireamh freisin (e.g. ráthaíocht díolacháin ón díoltóir).

(387) Mar a sonraíodh thuas, (féach aithris (378)), ní raibh ach coinníoll roghnúcháin amháin le fáil sa ghlao ar léirithe spéise, ba é sin nach mór do thairgeoirí a bheith in ann "*leanúnachas na seirbhíse iompair mhuirí a ráthú*". Rinne gach ceann de na 6 pháirtí a chuir cúig léiriú spéise isteach sa nós imeachta an critéar roghnúcháin a chomhlíonadh freisin agus iarradh orthu dá réir sin a bheith rannpháirteach sa chéim díchill chuí. Measann an Coimisiún go raibh an t-aon chritéar roghnúcháin infheidhme amháin sin oibiachtúil agus go raibh sé soiléir go leordhóthanach sa ghlao ar léirithe spéise do gach páirtí a raibh spéis aige ann.

(388) As na 6 thairgeoir ionchasacha, chinn cúig cinn acu gan leanúint ar aghaidh leis an gcéim díchill chuí. Le linn na céime sin, a tharla idir mí na Samhna 2010 agus mí an Mhárta 2011, tugadh rochtain do na cúig thairgeoir ionchasacha ar sheomra sonraí ina raibh an fhaisnéis ábhartha uile, rud a thug caoi dóibh measúnú a dhéanamh ar an mbrainse gnó a cuireadh ar díol (féach aithris (77)). An 2 Feabhra 2011, sheol an Coimisinéir Urghnách litir inar mionsonraíodh an nós imeachta agus na ceanglais chun tairiscint a dhéanamh (féach aithris (383)). Go háirithe, leagadh síos coinníollacha an díola go soiléir sa litir sin: plean gnó a tharraingt suas chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh mar a shainmhínítear sa dréacht-choinbhinsiún agus na ráthaíochtaí is gá a sholáthar chun stóinseacht airgeadais an tairgeora a chruthú. Dheimhnigh an Iodáil, i gcás go bhfuarthas níos mó ná tairiscint amháin, gurbh é an praghas is airde an t-aon chritéar dámhachtana. Go deimhin, is é an chúis bheacht a rinne an Iodáil an nós imeachta a athsheoladh roinnt uaireanta ná chun an praghas is airde agus is féidir idir dhá thairiscint bhailí agus inchomparáide a bhaint amach, agus dámhadh an brainse gnó do CdI ar deireadh i mí Dheireadh Fómhair 2011 (arna thabhairt i gcrích i mí Iúil 2012) agus do SNS ina dhiaidh sin i mí Aibreáin 2016 (féach roinn 2.3.3.2).

(389) Dá bhrí sin, faightear réidh leis an amhras a bhí ar an gCoimisiún i gCinneadh 2011 go mbeifí in ann an tairiscint a dhámhachtain ar bhonn critéir eile de bharr Foraithne 134/2008. Cuireadh gach páirtí ar an eolas i gceart agus go cothrom feadh na gcéimeanna éagsúla den nós imeachta tairisceana, rud a chuir ar a gcumas tairiscint a dhéanamh agus eolas foriomlán acu ar an nós imeachta agus ar na ceanglais. Measann an Coimisiún freisin go dtugann an critéar dámhachtana caoi do chomparáid agus do mheasúnú oibiachtúil ar na tairgeoirí.

Soláthar na seirbhísí ar an gcostas is lú don phobal a áirithiú

(390) Sa chás seo, chuir an Iodáil an Coinbhinsiún nua in éineacht le brainse gnó de chuid Siremar amach chun tairisceana agus faoi réir coinníollacha áirithe a mhéid a bhaineann le leibhéal an lucht saothair, seachas an Coinbhinsiún nua as féin amháin. I gCinneadh 2012, ghlac an Coimisiún an réamhsheasamh, a mhéid a raibh a ndóthain soithí agus criúnna ag tairgeoirí cheana, go dtabhóidís costais níos ísle mura mbeadh oibleagáid orthu

([150]) Féach Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Feabhra 2012, *Land Burgenland agus an Ostair v An Coimisiún*, Cásanna Uamtha T-268/08 agus T-281/08, ECLI:AE:T:2012:90, mír 87.

cuid de shócmhainní caipitil agus fostaithe Siremar a shealbhú. Dá bhrí sin, thug an Coimisiún an réamhthuairim go mbeadh costas ní b'ísle don phobal mar thoradh ar an gCoinbhinsiún nua a chur ar tairiscint gan oibleagáid chun na soithí agus an criú sin de chuid Siremar is gá le haghaidh oibriú na seirbhíse a shealbhú.

(391) Ós rud é gur chuideachta mhór faoi Riarachán Urghnách é Siremar, ceanglaíodh leis an dlí intíre ginearálta ([151]) ar a shealbhóir an leibhéal foirne céanna a choinneáil ar bun ar feadh tréimhse 2 bhliain. Ina fhianaise sin, ceanglaítear leis an gconradh maidir le haistriú an bhrainse gnó ar CdI, agus ar SNS ina dhiaidh sin, fostaíocht (bunaithe ar chonarthaí nua) a thairiscint d'iarfhostaithe Siremar agus staonadh ó dhífhostuithe ([152]) ar feadh tréimhse 2 bhliain. Tugann an Coimisiún faoi deara ar an gcéad dul síos go bhfuil an ceanglas sin bunaithe ar oibleagáid dhlíthiúil, rud nárbh fhéidir le húdaráis na hIodáile neamhaird a dhéanamh de agus aistriú na brainse gnó á chur ar bun, agus go bhfuil an oibleagáid sin teoranta ó thaobh ama, i.e. do 2 bhliain. Tugann an Coimisiún dá aire freisin gur lean brainse gnó de chuid Siremar de sheirbhís poiblí a oibriú bunaithe ar na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a shainítear sa Choinbhinsiún nua. Chuige sin, d'áitigh an Iodáil nár ghlac CdI agus SNS ina dhiaidh sin ach an criú agus an pearsanra riaracháin ba ghá chun an tseirbhís phoiblí a oibriú ar lámh ([153]). Ós rud é go gcumhdófaí costais fostaíochta leis an gcúiteamh arna íoc le SNS faoin gCoinbhinsiún nua, measann an Coimisiún nach bhfuil an oibleagáid chun leibhéil fostaíochta a choinneáil ar bun dochraideach sa chleachtas do CdI ná do SNS ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ní dócha gur ísligh an oibleagáid sin margadhluach an bhrainse gnó agus ní féidir gur thug sí buntáiste do CdI, agus do SNS ina dhiaidh sin, ar an gcaoi sin. Ina theannta sin, chuaigh an réiteach sin chun tairbhe do Siremar freisin (agus dá úinéir, an Iodáil, dá bhrí sin) toisc nach raibh ar Siremar costais scaoilíocaíochta a íoc le haghaidh na foirne arna hathfhostú ag CdI agus ag SNS ina dhiaidh sin. Tugann an Coimisiún dá aire gur mheas Ecorys gurbh ionann an costas foriomlán scaoilíocaíochta le haghaidh fhoireann fhoriomlán Siremar agus EUR 34 milliún ar a laghad.

(392) Ós rud é gur cuireadh sócmhainní bhrainse gnó de chuid Siremar ar tairiscint arna gcuachadh le conradh nua seirbhíse poiblí ([154]), bíonn sealbhóir an bhrainse gnó faoi réir an cheanglais chun leanúnachas na seirbhíse a ráthú agus dámhtar an tosaíocht feistithe dó. Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún faoi deara nár cuireadh ach na sócmhainní ba ghá chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh ar tairiscint arna gcuachadh leis an gconradh seirbhíse poiblí. Go deimhin, rinneadh an t-aon mhearbhád farantóireachta amháin nár measadh gá a bheith leis chun na críche sin a dhíol trí nós imeachta tairisceana ar leithligh. Ar an dara dul síos, measann an Coimisiún nach bhfuil praghas níos ísle mar thoradh ar shócmhainní bhrainse gnó de chuid Siremar a chuachadh leis an gconradh nua seirbhíse poiblí ná an praghas a bheadh ann dá ndíolfaí na sócmhainní agus an conradh ar leithligh, ar na cúiseanna seo a leanas:

— Mar a léirítear thuas, d'eagraigh Coimisinéir Urghnách Tirrenia agus Siremar nósanna imeachta tairisceana ar leithligh chun seacht long a dhíol nár áiríodh le brainse gnó Tirrenia ná Siremar. As na seacht long sin, ní fhéadfaí ach ceann amháin a dhíol le tairgeoir a raibh rún aige leanúint dá húsáid chun críocha loingseoireachta. Ní fhéadfaí na sé long eile a dhíol ach chun a mbriste. Thairis sin, i mí an Mhárta 2011, thug na bróicéirí muiriompair ([155]) ar iarradh orthu luach longa Siremar a chinneadh dá n-aire go raibh longa Siremar cuibheasach sean agus curtha in oiriúint do na bealaí áitiúla a raibh siad ag oibriú orthu. Dá bhrí sin, bhí margadhluach teoranta acu ar na margaí idirnáisiúnta agus ní fhéadfaí iad a úsáid ach ar chúpla bealach sa Mheánmhuir. Ar na cúiseanna sin, agus an comhthéacs eacnamaíoch deacair an tráth sin á chur san áireamh, ní dócha go bhféadfaí gach ceann de na 18 long a bhí ag Siremar a dhíol chun críocha loingseoireachta (i.e. ar phraghas ní b'airde ná a ndramhluach) ([156]). Measann an Coimisiún go rabhthas in ann praghas ní b'airde a fháil ([157]) de bharr longa Siremar a chuachadh leis an gconradh seirbhíse poiblí ós rud é go bhfaigheadh sealbhóir na long cúiteamh seirbhíse poiblí ar feadh tréimhse 12 bhliain mar chúiteamh ar na longa a oibriú ar na bealaí seirbhíse poiblí;

— I gCinneadh 2012, chuir an Coimisiún in iúl go mb'fhéidir gurbh fhearr le haon tairgeoir a raibh soithí agus criúnna leordhóthanacha aige cheana gan longa Siremar a shealbhú agus a fhostaithe a fhostú. Tugann an Coimisiún faoi deara, áfach, go raibh lucht saothair foriomlán thart ar 500 duine agus 18 long ag brainse

([151]) Ceanglaítear le hAirteagal 63(2) de Dhlí Foraithne 270/1999 nach mór d'aon sealbhóir ionchasach ar bhrainse gnó chuideachta mhór atá faoi riarachán urghnách gealltanas a thabhairt go gcoinneoidh siad leibhéal an lucht saothair ar bun (i.e. an líon oibreoirí) agus go leanfaidh siad de ghníomhaíochtaí gnó a dhéanamh ar feadh 2 bhliain ar a laghad tar éis na héadála.

([152]) Seachas in imthosca dea-shonraithe.

([153]) Mar a comhaontaíodh leis na ceardchumainn i mí na Samhna 2011, b'ionann sin sa chleachtas agus fostaithe uile an bhrainse gnó tráth a síníodh an conradh díolacháin.

([154]) Cuireadh dréacht den chonradh sin ar fáil do gach tairgeoir sa seomra sonraí. Thairis sin, leagadh síos a phríomhfhorálacha cheana in Airteagal 19-ter de Dhlí Foraithne 135/2009.

([155]) Ferrando & Massone Srl.

([156]) Go deimhin, mheas tuarascáil Ferrando & Massone Srl nach raibh aon luach airgeadais ag dhá cheann de na longa.

([157]) Is amhlaidh sin toisc go bhfuil luach loinge chun críoch loingseoireachta níos airde ná a dramhluach nuair nach bhfuil an long ag deireadh a shaolré úsáidí go fóill. I gcás ina dhíoltar na longa ar leithligh, is dócha nár mhór cuid de na longa ar a laghad a dhíol ar a ndramhluach. Dá bhrí sin, trí na longa a chuachadh in éineacht leis an gconradh seirbhíse poiblí, is féidir le gach ceann de na longa atá oiriúnach lena seoladh leanúint de bheith ag oibriú agus is féidir iad a dhíol ar phraghas níos airde ná a ndramhluach dá bharr.

gnó de chuid Siremar in 2010. Measann an Coimisiún nach dócha go mbeadh acmhainní agus sócmhainní suntasacha den sórt sin ar fáil go héasca ag tairgeoirí ionchasacha lena n-imlonnú (lena n-ath-imlonnú) chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos sa Choinbhinsiún nua a oibriú. Is amhlaidh is cruinne é sin ós rud é go bhfuil ceanglais shonracha sa Choinbhinsiún nua, amhail ceanglais acmhainneachta agus luais, maidir leis na longa atá le húsáid ar na bealaí seirbhíse poiblí. I gcás aon oibreoir a raibh na hacmhainní ba ghá aige, is dócha go mbeadh na hacmhainní sin úsáidte cheana aige ar bhealaí eile agus go mbeadh na hioncaim óna n-úsáid roimhe sin caillte aige mar thoradh ar a n-ath-imlonnú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún nua. Maidir leis sin, tugann an Coimisiún dá aire nár áitigh SNS ná CdI don Choimisiún gurbh fhearr leo gan longa Siremar a shealbhú.

(393) Chun a fhíorú nach raibh cuachadh an Choinbhinsiúin nua le brainse gnó Tirrenia ná an coinníoll maidir leis an lucht saothair dochraideach do CdI agus SNS ina dhiaidh sin, choimisiúnaigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil staidéar leis an saineolaí neamhspleách, Ecorys (féach aithrisí (117) go (121)). Iarradh ar Ecorys margadhluach bhrainse gnó de chuid Siremar a shuí gan aon choinníollacha a chur i gceangal leis. Tháinig Ecorys ar an gconclúid go ndíolfaí brainse gnó de chuid Siremar ar a luach leachtaithe, a meastar a bheith cothrom le EUR – 0,3 milliún, dá ndíolfaí a bhrainse gnó gan aon choinníoll ceangailte leis, agus go háirithe d'uireasa an chonartha nua chun an tseirbhís phoiblí a oibriú (agus, dá bhrí sin, gan an oibleagáid leanúnachas na seirbhíse poiblí sin a áirithiú ach an oiread). Bhunaigh Ecorys an chonclúid sin ar an toimhde nach bhféadfadh brainse gnó de chuid Siremar leanúint dá chuid oibríochtaí go brabúsach gan cúiteamh seirbhíse poiblí. Thug Ecorys faoi deara go bhfuil an luach leachtaithe sin níos ísle ná an luach a bhí mar thoradh ar an tairiscint agus thug sé le fios dá bhrí sin nach raibh a leachtú láithreach (díolachán na long, go bunúsach) ina rogha mhalartach inmharthana d'oibreoir geilleagair mhargaidh. Thairis sin, rinne Ecorys comparáid idir sciar chostas saothair na n-ioncam foriomlán agus cóimheas costais saothair/foirne bhrainse gnó de chuid Siremar agus an sciar agus an cóimheas céanna sin ag roinnt cuideachtaí farantóireachta inchomparáide. Níor léiríodh san anailís aon difríocht shubstainteach sa líon foirne nó sa struchtúr chostas pearsanra a d'fhéadfaí soláthar iomarcach foirne nó costais iomarcacha saothair a chur in iúl. Dá bhrí sin, ba bheag solúbthacht a bheadh ag ceannaitheoir ionchasach cuid den lucht saothair a dhífhostú nó a athsholáthar. Ar an mbonn sin, tháinig Ecorys ar an gconclúid nach bhfuil aon ghné ann a thaispeánann go raibh aon tionchar suntasach ag an gcoinníoll maidir le lucht saothair ar luach bhrainse gnó Siremar. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nár íslíodh margadhluach bhrainse gnó de chuid Siremar de dheasca chuachadh an phríobháidithe le dámhachtain an Choinbhinsiúin nua ná de dheasca an choinníll maidir leis an lucht saothair.

(394) Mar achoimre, is é an dlí intíre ginearálta seachas an díoltóir a fhorchuireann an coinníoll chun leibhéil fostaíochta a choinneáil ar bun. Thairis sin, níl an coinníoll sin dochraideach do shealbhóir bhrainse gnó de chuid Siremar mar a dheimhnigh saineolaí neamhspleách an Choimisiúin, Ecorys, freisin. Maidir leis an gcoinníoll chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a ráthú, ar iarmhairt dhíreach ar chuachadh na sócmhainní leis an oibleagáid seirbhíse poiblí é, ní féidir a mheas go n-íslíonn sin an praghas. I gcodarsnacht leis sin, mar a áitíodh thuas agus mar a dheimhnigh Ecorys, bheadh praghas níos ísle mar thoradh ar na sócmhainní a dhíol ar leithligh. Thairis sin, is beag seans go mbeadh spéis ag tairgeoirí ionchasacha an conradh seirbhíse poiblí a fháil gan na sócmhainní a shealbhú i bhfianaise an líon mór long agus criúnna is gá chun an tseirbhís phoiblí a dhéanamh. Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcinnfeadh aon díoltóir geilleagair mhargaidh sócmhainní bhrainse gnó de chuid Siremar a dhíol in éineacht le conradh nua seirbhíse poiblí chun an praghas ab airde a fháil. Ar an mbonn sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nár cheangail an Iodáil coinníollacha leis ar dócha go laghdóidís an praghas nó nach n-éileodh díoltóir príobháideach. Ar an mbonn sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfaightear réidh leis an amhras a bhí aige nach bhféadfadh an costas is ísle don phobal a bheith mar thoradh ar an gCoinbhinsiún nua a chur ar tairiscint in éineacht le brainse gnó de chuid Siremar ná ar dhálaí an lucht saothair.

(395) Bunaithe ar an measúnú a thuairiscítear thuas (féach aithrisí (376) go (394)), tagann an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an nós imeachta tairisceana oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir le rialacha an tsoláthair phoiblí.

(396) Luaitear i mír 68 de Theachtaireacht SGEI, áfach, "maidir le nósanna imeachta i gcás nach gcuirtear ach tairiscint amháin isteach, ní féidir a mheas go bhfuil an tairiscint leordhóthanach chun a áirithiú go mbeidh an costas is lú don phobal mar thoradh ar an nós imeachta".

(397) Chuige sin, tugann an Coimisiún dá aire ar an gcéad dul síos go bhfuarthas dhá thairiscint ar dtús sa nós imeachta le haghaidh bhrainse gnó de chuid Siremar arna chuachadh leis an gCoinbhinsiún nua. Dámhadh an brainse ar dtús do cheann amháin de na tairgeoirí sin, CdI. Sa chéim dheireanach den nós imeachta, tar éis eisiamh CdI de thoradh rialuithe bhinsí fiosrúcháin riaracháin na hIodáile, dheimhnigh SNS a thairiscint roimhe sin, a d'fhéadfaí a léirmhíniú a bheith san aon tairiscint bhailí amháin a cuireadh isteach i ndeireadh na dála.

(398) Measann an Coimisiún gur cheart, áfach, in imthosca sonracha fíorasacha an nós imeachta seo, gurb é an tráth a chuir SNS an tairiscint ar éirigh leis i dtoll a chéile ar dtús, i.e. mí na Bealtaine 2011, an tráth ábhartha chun a chinneadh cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh níos mó ná tairiscint amháin isteach, agus cibé acu an féidir nó nach féidir glacadh leis go mbeidh an costas is lú don phobal mar thoradh ar an tairiscint. Sin é an tráth a bhí

SNS ag déanamh meastóireacht ar luach an bhrainse gnó arna chuachadh leis an gCoinbhinsiún nua agus, an tráth sin, bhí dhá pháirtí in iomaíocht le chéile sa nós imeachta: CdI agus SNS. Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire gurb é an chaoi gur bhuaigh CdI an tairiscint go sealadach, gur shealbhaigh sé an brainse gnó agus gur oibrigh sé an tseirbhís idir 2012 agus 2016, sular atosaíodh an nós imeachta agus sular dámhadh an brainse gnó do SNS i ndeireadh na dála de dhroim rialuithe na mbinsí fiosrúcháin riaracháin. Ina fhianaise sin, ba cheart a mheas, chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le hAltmark 4, gur chuir CdI tairiscint isteach sa nós imeachta sin freisin, agus dá bhrí sin, gur féidir an tairiscint sin a mheas a bheith leordhóthanach chun a áirithiú go raibh an costas ba lú don phobal mar thoradh ar an nós imeachta.

(399) Dá bhrí sin, bunaithe ar a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar Altmark 4 sa chás sin.

Bearta láidre coimirce i ndearadh an nós imeachta

(400) Mar réasúnaíocht thánaisteach, más amhlaidh gurb é an tráth ábhartha chun a chinneadh cibé acu ar baineadh nó nár baineadh praghas margaidh amach tríd an tairiscint é an tráth a rinneadh tairiscint dheireanach SNS a dheimhniú go críochnaitheach, i.e. i mí Eanáir 2016, rud a ndéanann an Coimisiún díospóid leis, tugann an Coimisiún dá aire nár cuireadh ach tairiscint amháin isteach i ndáiríre, ós rud é gurbh é SNS an t-aon pháirtí amháin sa nós imeachta ag an gcéim sin. Dá réir sin, ní bheadh tairiscint den sórt sin leordhóthanach de ghnáth chun a áirithiú nach raibh buntáiste ann don bhuaiteoir.

(401) Shoiléirigh an Coimisiún an seasamh a chuirtear in iúl i mír 68 de Theachtaireacht SGEI ina Threoir SGEI ([158]), áfach, tríd an méid a leanas a lua: *"ní fhágann sin nach féidir cásanna a bheith ann inar féidir le tairiscint amháin, de bharr bearta coimirce thar a bheith láidir a bheith i ndearadh an nós imeachta, a bheith leordhóthanach chun soláthar na seirbhíse "ar an gcostas is lú don phobal" a áirithiú"*.

(402) Measann an Coimisiún, sa chás atá faoi mheasúnú, gurbh ann do bhearta coimirce den sórt sin faoi mar ab amhlaidh le príobháidiú bhrainse gnó Tirrenia arna mheasúnú i gcinneadh Tirrenia/CIN 2020. Go sonrach:

— Eagraíodh an nós imeachta tairisceana ar bhealach ina ndéanfaí spéis tairgeoirí ionchasacha a uasmhéadú. Thairis sin, níor ghá do na tairgeoirí ionchasacha sin nósanna imeachta a raibh ualach mór ag baint leo a leanúint agus níor ghá dóibh costais shuntasacha a thabhú chun a spéis a chur in iúl. Mar thoradh air sin, fuarthas cúig léiriú spéise ó shé cinn d'eintitis Iodálacha, agus iarradh ar gach ceann de na heintitis sin a bheith rannpháirteach sa chéim díchill chuí (féach aithris (388));

— Bhí fíoriomaíocht indéanta go dtí deireadh an nós imeachta tairisceana. Go háirithe, iarradh ar shé thairgeoir ionchasacha a bheith rannpháirteach sa chéim díchill chuí. Chuir dhá cheann de na tairgeoirí ionchasacha (i.e. Ustica Lines S.p.A. agus Caronte & Tourist S.p.A.) comhfhiontar ar bun agus rinne siad tairiscint cheangailteach faoin ainm SNS. Chuaigh Mediterranea i gcomhpháirt le hoibreoirí príobháideacha áitiúla freisin chun CdI a bhunú, agus rinne sé tairiscint eile. Measann an Coimisiún, bunaithe ar a bpróifíl, go raibh cúiseanna ag an dá pháirtí eile a bhí rannpháirteach sa chéim díchill chuí spéis a bheith acu tairiscint a chur isteach (e.g. bhí siad gníomhach san earnáil agus/nó san Iodáil cheana);

— Socraíodh íosphraghas ag an tús a bhí bunaithe ar an luacháil a rinne an saineolaí neamhspleách arna cheapadh ag an Iodáil (féach aithris (78)). Cuireadh an t-íosphraghas sin ar fáil do gach tairgeoir ionchasach sa seomra sonraí agus leagadh pointe seasta cuibheasach ard le haghaidh tairiscintí tosaigh síos leis. Go deimhin, mar a thugtar le fios in aithris (79)), ní bhfuarthas aon tairiscint cheangailteach sa chéad bhabhta, rud a léiríonn go raibh an t-íosphraghas le haghaidh bhrainse gnó de chuid Siremar an-ard. Go deimhin, cé gur chuidigh an t-íosphraghas ard sin lena áirithiú go raibh an gcostas ba lú don phobal mar thoradh ar an nós imeachta, d'fhéadfadh sé freisin gur díspreagadh an dá thairgeoir ionchasacha eile ó thairiscint a chur isteach;

— Cuireadh an chéad tairiscint bhailí a rinne CdI ar fáil sa seomra sonraí agus iarradh go soiléir ar na tairgeoirí eile tairiscint níos fearr a dhéanamh. Chuir an Coimisinéir Urghnách síneadh ansin leis an sprioc-am chun tairiscintí níos fearr a chur isteach, arna iarraidh sin do SNS. Tar éis do SNS a thairiscint a chur isteach freisin, rinneadh an nós imeachta a athsheoladh roinnt uaireanta toisc nach bhféadfaí comparáid a dhéanamh go héasca idir an dá thairiscint cheangailteach a fuarthas, agus iarradh ar na páirtithe tairiscintí níos fearr a dhéanamh gach uair. Is beart coimirce láidir go maith é an t-iarratas chun tairiscintí níos fearr a chur isteach chun a áirithiú go bhfaightear an tairiscint is airde agus is féidir (agus an costas is lú don phobal dá bharr). Sa nós imeachta sin, is amhlaidh go raibh fíoriomaíocht ann de bharr dhá thairgeoir dháiríre a bheith ann mar

([158]) Ar dhóigh níos sonraí, féach freagra an Choimisiúin ar cheist 68 ina Dhoiciméad Inmheánach Oibre "Treoir maidir le rialacha an Aontais i dtaca le státchabhair, soláthar poiblí agus an margadh inmheánach a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta" an 29 Aibreán 2013 (féach: http://ec.europa.eu/competition/state_aid/overview/new_guide_eu_rules_procurement_en.pdf).

aon le comhfhreagras idir Siremar agus CdI agus SNS araon. Cé gur saobhadh an iomaíocht go sealadach de dheasca na frithráthaíochta, rud a lig do CdI an tairiscint a bhuachan ar dtús, níl amhras ar an gconclúid sin dá dheasca. A mhalairt atá fíor; is comhartha eile é go raibh fíoriomaíocht ann idir na tairgeoirí, fiú murar cloíodh le rialacha an nós imeachta sna himthosca áirithe sin.

(403) Measann an Coimisiún, i bhfianaise na mbeart coimirce thuas, lena n-áirítear go mór mór an t-íosphraghas agus an t-iarratas chun tairiscintí níos airde a chur isteach, go raibh an nós imeachta leordhóthanach chun soláthar na seirbhíse ar an gcostas ba lú don phobal a áirithiú, fiú murar cuireadh ach tairiscint bhailí amháin isteach sa chéim dheireanach ar fad den nós imeachta. Ar mhaithe le hiomláine, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an cás seo difriúil leis na cásanna a leanas nár cuireadh ach tairiscint amháin isteach iontu:

— Sa nós imeachta tairisceana chun nasc muirí ardluais do phaisinéirí a oibriú idir Messina agus Reggio Calabria, níor chuir ach Ustica Lines tairiscint isteach. Bá í an chuideachta sin an t-aon chuideachta amháin a léirigh spéis, áfach, rud a d'fhág nárbh indéanta riamh go mbeadh fíoriomaíocht ann. Sa chás sin, dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ba ghá dó teacht air, is é sin nár comhlíonadh coinníoll Altmark 4 agus gurbh ionann an cúiteamh seirbhíse poiblí ina Státchabhair ([159]). Meabhraíonn an Coimisiún, sa chás atá faoi mheasúnú, gur léirigh sé pháirtí spéis agus go raibh cúig cinn de na páirtithe sin rannpháirteach sa chuid deiridh den tairiscint;

— Sa nós imeachta chun lamháltais dáilte an phreasa a shannadh sa Bheilg, níor chuir ach bpost (soláthraí ceannasach SGEI) tairiscint isteach. Cé gur léirigh trí chuideachta spéis chun bheith rannpháirteach sa tairiscint, tharraing cuideachta amháin siar sula ndeachaigh an sprioc-am chun tairiscintí a chur isteach in éag agus d'fhógair cuideachta eile nach raibh sé ag iarraidh tairiscint a chur isteach a thuilleadh (bíodh is gur fhógair sé é sin 3 lá tar éis do bpost a thairiscint a chur isteach). Mar sin féin, d'áitigh údaráis na Beilge gur tharla fíoriomaíocht le linn an nós imeachta tairisceana agus go raibh bearta coimirce leordhóthanacha ann chun a áirithiú go raibh an costas ba lú don phobal mar thoradh ar an nós imeachta. Shuigh an Coimisiún sa chás sin, áfach, nach raibh na bearta coimirce leordhóthanach agus tháinig sé ar an gconclúid, dá bhrí sin, nár comhlíonadh coinníoll Altmark 4 agus go raibh an cúiteamh seirbhíse poiblí ina Státchabhair ([160]). Cé gur úsáid údaráis na hIodáile nós imeachta tairisceana oscailte, d'eagraigh údaráis na Beilge nós imeachta idirbheartaithe ([161]) "*nach féidir a mheas a bheith leordhóthanach ach i gcásanna eisceachtúla chun an ceathrú critéar Altmark a chomhlíonadh*", de réir mhír 66 de Theachtaireacht SGEI. Tugann an Coimisiún dá aire, lasmuigh den difríocht thábhachtach sin, go raibh na bearta coimirce i gcás bpost go hiomlán difriúil freisin leis na bearta coimirce is infheidhme maidir leis an gcás seo. Ar deireadh, ní mór a thabhairt faoi deara i gcás bpost, gur bhuaigh soláthraí ceannasach SGEI an tairiscint tar éis dó an t-aon tairiscint amháin a dhéanamh leis an aon tairgeoir iomaíoch amháin a bhí ann. Sa chás atá faoi mheasúnú, ba thairgeoir (SNS) nach raibh aon bhaint aige leis an soláthraí ceannasach SGEI a bhuaigh an tairiscint, agus tairgeoirí iomaíocha ionchasacha eile agus na bearta coimirce thuasluaite ann. Ar na cúiseanna sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil imthosca chás bpost inchomparáide le himthosca an cháis seo.

(404) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire, gur mór an difríocht idir an nós imeachta tairisceana a úsáideadh chun brainse gnó de chuid Siremar a dhíol agus an nós imeachta a úsáideadh chun oibreoir na seirbhísí loingseoireachta idir mórthír na Fraince agus an Chorsaic a roghnú ([162]) ("cás SNCM") ar na bealaí seo a leanas:

— Dhámh údaráis na Fraince na toscaireachtaí seirbhíse poiblí ar bhonn nós imeachta idirbheartaithe a foilsíodh roimh ré. De réir mhír 66 de Theachtaireacht SGEI, ní féidir nós imeachta den sórt sin "*a mheas a bheith leordhóthanach ach i gcásanna eisceachtúla chun an ceathrú critéar Altmark a chomhlíonadh*". I gcodarsnacht leis sin, d'úsáid údaráis na hIodáile nós imeachta tairisceana oscailte nár tharla idirbheartaíochtaí príobháideacha iontu ach ag an gcéim dheireanach den nós imeachta chun tairiscintí a fuarthas cheana a chur i gcomparáid le chéile agus a fheabhsú;

— Cé gur cuireadh dhá thairiscint isteach i gcás SNCM, diúltaíodh do thairiscint amháin ar bhonn aon chritéar amháin roghnúcháin. Dá bhrí sin, níor cuireadh an dá thairiscint i gcomparáid le chéile ar bhonn a bhfiúntas fiú chun an tairiscint ba bhuntáistí ó thaobh eacnamaíochta a choimeád. Dá bhrí sin, fiú má cuireadh dhá thairiscint isteach i ndáiríre, ní raibh sé sin leordhóthanach chun iomaíocht éifeachtach a ráthú. I nós imeachta Siremar, áfach, bhí cúig pháirtí rannpháirteach sa chéim dheireanach agus rinneadh dhá thairiscint (féach aithris (398)). Fiú má mheastar, chun measúnú a dhéanamh ar Altmark 4, nár chuir ach SNS tairiscint bhailí isteach, rud a ndéanann an Coimisiún díospóid leis, bhí fíoriomaíocht ann go dtí deireadh an nós imeachta (féach aithris (402));

([159]) Cinneadh ón gCoimisiún i gcás SA.42710, SGEI – nasc muirí ardluais do phaisinéirí idir Messina agus Reggio Calabria – An Iodáil, IO C 40 an 2.2.2018, lch. 4.

([160]) Cinneadh ón gCoimisiún i gcás SA.42366, Cúitimh seirbhíse poiblí a deonaíodh do bpost le linn na tréimhse 2016-2020 – An Bheilg, IO C 341 an 16.9.2016, lch. 5.

([161]) Airteagal 30 de Threoir 2004/18/CE, Airteagal 1(9)(a) de Threoir 2004/17/CE.

([162]) Cinneadh ón gCoimisiún i gcás SA.22843, Toscaireacht seirbhíse poiblí na Corsaice 2007-2013 arna dámhachtain do SNCM agus CMN, IO L 220 an 17.8.2013, lch. 20.

— I gcás SNCM, bhí tairiscint á cur isteach freisin ag an oibreoir ceannasach, an grúpa SNCM/CMN, agus bhí buntáiste iomaíoch suntasach aige ós tharla go raibh longa aige cheana a chomhlíon na ceanglais theicniúla a leagtar síos sa chonradh toscaireachta seirbhíse poiblí. Tugadh le fios leis na ceanglais sin gur tógadh soithí a bhí nach mór saincheaptha cosúil le roinnt soithí de chuid SNCM. D'fhág sé sin go raibh costas ard do thairgeoirí leasmhara. Sa chás atá faoi mheasúnú, ní dhearna an t-oibreoir ceannasach Siremar tairiscint ná níor fhéad sé tairiscint a dhéanamh agus ní raibh aon bhaint ag SNS leis an oibreoir ceannasach. Ós rud é go raibh na longa a chomhlíon na ceanglais theicniúla chun an tseirbhís phoiblí a oibriú san áireamh sa tairiscint, ní raibh buntáiste iomaíoch ag ceachtar de na tairgeoirí ionchasacha ar an tairgeoir eile;

— Thairis sin, mheas an Coimisiún, i gcás SNCM, gur dhócha go mbeadh bacainn shuntasach iontrála roimh iontrálaithe nua de dheasca tréimhse an-ghearr (i.e. níos lú ná 1 mhí amháin) a bheith idir an dáta a dhámhtar an conradh toscaireachta seirbhíse poiblí agus dáta tosaithe na seirbhísí. Tugann an Coimisiún dá aire, i gcás Siremar, go raibh beagnach bliain idir an chéad chlabhsúr den nós imeachta tairisceana (mí Dheireadh Fómhair 2011) agus tús le hoibriú na seirbhíse poiblí ag CdI (mí Lúnasa 2012), agus gur imigh níos mó ná 4 bliana sular shealbhaigh SNS an brainse gnó agus oibriú an Choinbhinsiúin nua (mí Aibreáin 2016).

(405) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid, fiú faoin réasúnaíocht thánaisteach seo, go gcomhlíontar Altmark 4 sa chás seo.

(406) Ós rud é go gcomhlíontar go carnach na ceithre choinníoll a leag Cúirt an Bhreithiúnais amach i gcás Altmark, measann an Coimisiún nach dtugtar buntáiste eacnamaíoch do SNS le dámhachtain an Choinbhinsiúin nua arna chuachadh le brainse gnó de chuid Siremar agus leis an tosaíocht feistithe.

8.1.3.5. Conclúid maidir le dámhachtain an Choinbhinsiúin nua, arna chuachadh le brainse gnó de chuid Siremar agus leis an tosaíocht feistithe, do SNS

(407) Ós rud é nach gcomhlíontar gach ceann de na critéir a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, measann an Coimisiún nach bhfuil dámhachtain an Choinbhinsiúin nua arna chuachadh le brainse gnó de chuid Siremar agus leis an tosaíocht feistithe do SNS ina Státchabhair le SNS.

8.1.3.6. An méadú ar chaipiteal CdI

(408) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil CdI neamhghníomhach agus faoi leachtú, tráth a ghlactar an Cinneadh seo. De réir gníomh arna fhíordheimhniú ag nótaire i mí Aibreáin 2016, d'athraigh an chuideachta a hainm agus foirm a gnó ó Compagnia delle Isole S.p.A. go *Compagnia delle Isole S.r.l. in liquidazione*. D'aistrigh sí a suíomh dlíthiúil freisin ó Palermo go Napoli agus cheap sí leachtaitheoir. Ó shin i leith, níl aon chuspóir gnó ag an gcuideachta a thuilleadh, ní dhéanann sí aon ghníomhaíocht tráchtála, dhíol sí gach ceann dá longa agus níl aon fhostaí aici (seachas na fostaithe reachtúla a cheanglaítear de réir an dlí le haghaidh cuideachtaí faoi leachtú). Fiú má tá an nós imeachta leachtachta fós ar siúl, measann an Coimisiún gur tháinig deireadh le haon saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann tráth a chuir CdI deireadh lena ghníomhaíochtaí tráchtála. Ina fhianaise sin, níl forais ann a thuilleadh chun leanúint de nós imeachta an imscrúdaithe fhoirmiúil i ndáil le haon cheann de na bearta faoi mheasúnú atá fós ar feitheamh sa chás Státchabhrach seo maidir leis an gcuideachta sin. Mar thoradh air sin, tháinig an t-imscrúdú ar an méadú ar chaipiteal CdI chun bheith gan agóid ([163]).

8.1.3.7. An fhrithráthaíocht

(409) Mar a thuairiscítear i roinn 3.3.2, thug an Coimisiún an réamhthuairim i gCinneadh 2012 go mb'fhéidir go raibh Státchabhair do CdI agus/nó do Unicredit sa fhrithráthaíocht. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, tugann an Coimisiún dá aire ar an gcéad dul síos gur cheart measúnú ar leithligh a dhéanamh ar an Státchabhair a d'fhéadfadh a bheith ann don dá chuideachta sin ós rud é nárbh ionann a róil sa phróiseas.

Cabhair do Unicredit

(410) *Buntáiste eacnamaíoch*: Ní mór do bheart buntáiste eacnamaíoch a thabhairt dá fhaighteoir chun go gcáileofar mar Státchabhair é. I gCinneadh 2012 leis, mheabhraigh an Coimisiún faoin bhFógra Ráthaíochta, go ndeonaítear an chabhair tráth a thugtar an ráthaíocht, seachas nuair a agraítear í, ná nuair a dhéantar íocaíochtaí faoi théarmaí na ráthaíochta. Leagtar síos le Pointe 2.3.1 den Fhógra Ráthaíochta freisin "*nach féidir a chur as an áireamh, in imthosca áirithe, go dtairbheoidh an t-iasachtóir freisin go díreach den chabhair, fiú más iondúil gurb é an t-iasachtaí é tairbhí na cabhrach*". Thairis sin, soiléirítear leis an bhFógra Ráthaíochta gur féidir leis an Stát ráthaíochtaí a sholáthar go díreach nó go bhféadfaí iad a sholáthar mar fhrithráthaíochtaí do ráthóir céadleibhéil. Ar deireadh, mínítear san

([163]) Féach freisin cinntí gan agóid roimhe seo de chuid an Choimisiúin, amhail Mines de potasse d'Alsace (IO L 86 an 24.3.2006, lch. 20–22) agus Ducatt (cás SA.39990, gan a bheith foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*go fóill).

Fhógra Ráthaíochta maidir le himthosca áirithe: "*má thugtar ráthaíocht Stáit ex post i leith iasachta nó oibleagáid airgeadais eile arna déanamh cheana gan téarmaí na hiasachta nó na hoibleagáide airgeadais sin a choigeartú, nó má úsáidtear iasacht ráthaithe amháin chun iasacht neamhráthaithe eile a aisíoc leis an institiúid creidmheasa chéanna, d'fhéadfaí go mbeadh cabhair don iasachtóir freisin ann, a mhéid a mhéadaítear urrús na n-iasachtaí. I gcás ina bhfuil cabhair don iasachtóir sa ráthaíocht, ba cheart a thabhairt ar aird go bhféadfadh sé gur cabhair oibriúcháin a bheadh i gcabhair den sórt sin i bprionsabal*".

(411) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire gur eisigh an tSicil, sa chás seo, an fhrithráthaíocht do CdI go hindíreach, i.e. trí Unicredit agus é ag gníomhú mar ráthóir céadleibhéil. Go deimhin, d'eisigh an tSicil an fhrithráthaíocht do Unicredit ar na méideanna iarchurtha den phraghas ceannaigh le haghaidh bhrainse gnó de chuid Siremar ar an lá céanna a d'eisigh Unicredit a ráthaíocht chéanna do CdI (féach roinn 2.3.3.5). Bhí eisiúint na frithráthaíochta ag an tSicil mar choinníoll chun go n-eiseodh Unicredit a ráthaíocht de réir na dtéarmaí sin, mar a shuigh CdS i gcinneadh 592/14 leis. I gcomhréir leis an bhFógra Ráthaíochta, thabharfadh an fhrithráthaíocht buntáiste do Unicredit dá ndéanfaí ráthaíocht na Sicile a thabhairt ex post i leith oibleagáid airgeadais a rinneadh cheana, gan téarmaí na hoibleagáide airgeadais sin a choigeartú. Ach ós rud é gur eisíodh an fhrithráthaíocht an lá céanna a dhámh Unicredit an ráthaíocht do CdI sa chás seo – go deimhin, ba choinníoll riachtanach é chun an ráthaíocht sin a dhámhachtain – níl aon fhianaise ann gur laghdaigh Unicredit, mar ráthóir céadleibhéil, na rioscaí a bhain lena ráthaíocht féin. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nár thug an fhrithráthaíocht aon bhuntáiste do Unicredit.

(412) *Conclúid*: Ós rud é nach gcomhlíontar gach ceann de na critéir a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, measann an Coimisiún nach cabhair do Unicredit é frithráthaíocht na Sicile maidir le ráthaíocht Unicredit ar mhéideanna iarchurtha an phraghais cheannaigh le haghaidh an bhrainse gnó de chuid Siremar.

Cabhair do CdI

(413) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil CdI neamhghníomhach agus faoi leachtú, tráth a ghlactar an Cinneadh seo (féach aithris (408)). Fiú má tá an nós imeachta leachtachta fós ar siúl, measann an Coimisiún gur tháinig deireadh le haon saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann tráth a chuir CdI deireadh lena ghníomhaíochtaí tráchtála. Ina fhianaise sin, níl forais ann a thuilleadh chun leanúint de nós imeachta an imscrúdaithe fhoirmiúil i ndáil le haon cheann de na bearta faoi mheasúnú atá fós ar feitheamh sa chás Státchabhrach seo maidir leis an gcuideachta sin. Mar thoradh air sin, d'éirigh an t-imscrúdú maidir le haon chabhair a d'fhéadfadh a bheith deonaithe do CdI trí bhíthin na frithráthaíochta chun bheith gan agóid.

8.1.4. *Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010*

(414) Thug an Coimisiún an réamhthuairim i gCinneadh 2011 gur Státchabhair a bhí sna bearta uile a leagtar síos le Dlí 2010 i bhfabhar chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Toremar, a mhéid a bhí na tairbhithe in ann na bearta sin a úsáid chun riachtanais leachtachta a chumhdach agus a staid airgeadais fhoriomlán a fheabhsú dá bharr.

(415) Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, measann an Coimisiún gur cheart measúnú a dhéanamh ar na trí bheart ar leithligh.

8.1.4.1. An úsáid a d'fhéadfadh a bheith arna baint as cistí chun longa a uasghrádú chun críche leachtachta

(416) Ós rud é gur carnach iad na critéir chun beart a cháiliú mar Státchabhair, féadfaidh an Coimisiún tús a chur lena mheasúnú le haon cheann díobh. Sa chás seo, déanfaidh sé measúnú ar cibé acu a thugann nó nach dtugann an beart aon bhuntáiste do Siremar.

(417) Buntáiste eacnamaíoch: tugann an Coimisiún dá aire go bhfuair Siremar EUR 7 215 800 chun na huasghráduithe long a dhéanamh ba ghá chun caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta a urramú agus, ar bhonn Dlí 2010, go bhféadfadh sé na cistí sin a úsáid go sealadach chun críocha leachtachta (féach aithris (132)). Níor úsáid Siremar na cistí sin chun críocha leachtachta, áfach. I gcodarsnacht leis sin, dheimhnigh an Iodáil gur úsáideadh na cistí sin chun na longa a uasghrádú mar a beartaíodh ar dtús (féach aithris (228)). Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire nár úsáid Siremar na cistí sin chun críocha leachtachta, i.e. chun costais a sheachaint, a mbeadh air a chumhdach de ghnáth trí bhíthin a acmhainní airgeadais féin, agus dá réir sin, nach bhfuair sé aon bhuntáiste eacnamaíoch tríd an mbeart sin.

(418) Ós rud é nach gcomhlíontar an critéar maidir le buntáiste eacnamaíoch i gcás Siremar, measann an Coimisiún nach cabhair é an beart agus go bhfaightear réidh leis an amhras a chuir sé in iúl i gCinneadh 2011, a mhéid a bhaineann le Siremar.

8.1.4.2. Díolúintí fioscacha a bhaineann leis an bpróiseas príobháidithe

(419) Mar a thugtar tuairisc air in aithris (133)(b)), de bhun Airteagal 1 de Dhlí 2010, tá roinnt gníomhartha agus oibríochtaí a rinneadh chun grúpa Tirrenia a phríobháidiú agus a dtugtar tuairisc orthu i mír 1 go 15 d'Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009, arna thiontú le modhnuithe i nDlí 2009, díolmhaithe ó aon cháin a bheadh dlite de ghnáth ar na gníomhartha agus na hoibríochtaí sin.

(420) Tugann an Coimisiún dá aire ar an gcéad dul síos go mbaineann an díolúine chánach sin, atá gan choinníoll, le dhá thacar aistrithe ar leithligh: (1) aistrithe iar-fhochuideachtaí Tirrenia, is iad sin Caremar, Saremar agus Toremar, ó Tirrenia (in EA anois) chuig réigiúin Campania, na Sairdíne agus na Tuscáine, agus (2) aistriú bhrainse gnó de chuid Siremar ó Siremar in EA chuig CdI agus chuig SNS ina dhiaidh sin. Is iad na cánacha atá díolmhaithe iad an dleacht chlárúcháin, táillí clárúcháin chlár talún agus morgáiste, dleacht stampála (ar a dtugtar in éineacht "na cánacha indíreacha"), CBL agus cáin chorparáide go háirithe. Bheadh an díoltóir, an ceannaitheoir, nó an dá pháirtí ina dtairbhithe den bheart cabhrach sin. Ní dhéanfar measúnú ach ar an dara tacar aistrithe sa chinneadh seo.

(421) Ag an tús, tugann an Coimisiún dá aire go meastar, faoi Fhoraithne Uimh. 633 ón Uachtarán an 26 Deireadh Fómhair 1972, nach soláthar earraí iad aistrithe gnóthas leantach nó aonad gnó chuig cuideachta eile agus go bhfuil siad díolmhaithe ó CBL dá réir. Dá bhrí sin, ní thagann idirbhearta amhail díol bhrainse gnó de chuid Siremar faoi raon feidhme CBL agus ní fhéadfadh sé gur thug an díolúine ó cháin buntáiste do Siremar i ndáil le CBL. Thairis sin, i ndáil leis na cánacha indíreacha, tugann an Coimisiún dá aire go luaitear go soiléir i gconradh díolacháin bhrainse gnó de chuid Siremar le CdI nach mór don cheannaitheoir gach cáin, tobhach agus costas nótaire a bhaineann leis an idirbheart a íoc. Sholáthair an Iodáil fianaise freisin nár bhain CdI úsáid as an díolúine sin ó chain nuair a bhí an conradh á chlárú aige. Dá bhrí sin, glacann an Coimisiún nár thairbhigh CdI den bheart sin. Ach leagtar síos sa chonradh díolacháin maidir leis an aistriú chuig SNS, a bhfuil an fhoráil chéanna ann, áfach, go dtairbheoidh an ceannaitheoir de tháille sheasta clárúcháin ar bhonn na n-eisceachtaí fioscacha dá bhforáiltear i nDlí 2010.

(422) I bhfianaise a bhfuil thuas, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an méid seo a leanas:

(1) cibé acu a thairbhigh nó nár thairbhigh Siremar (in EA) agus SNS d'aon díolúine ón dleacht chlárúcháin, ó tháillí clárúcháin chlár talún agus morgáiste agus ón dleacht stampa ("na cánacha indíreacha") maidir le haistriú bhrainse gnó de chuid Siremar chuig SNS, agus

(2) cibé acu a thairbhigh nó nár thairbhigh Siremar (in EA) d'aon díolúine ó cháin chorparáide ar na fáltais as aistriú bhrainse gnó de chuid Siremar chuig SNS.

(423) Acmhainní stáit: de réir sainmhínithe, ligtear acmhainní Stáit thar ceal agus díolúine ann ó cháin. Thairis sin, ó tharla gur deonaíodh na díolúintí sin trí bhíthin Dhlí 2010 (féach aithris (133)(b)), tá siad inchurtha i leith an Stáit freisin.

(424) Roghnaíocht: tá na díolúintí cánach roghnaitheach toisc nach ndeonaítear iad ach le haghaidh oibríochtaí agus gníomhartha a bhaineann le príobháidiú iar-Ghrúpa Tirrenia. Níor áitigh ná níor léirigh an Iodáil nach bhfuil na díolúintí cánach roghnaitheach.

(425) Buntáiste eacnamaíoch: maidir leis na cánacha indíreacha, díolmhaíodh Siremar óna n-íoc i gcás oibríochtaí agus gníomhartha a bhain le haistriú bhrainse gnó de chuid Siremar chuig SNS agus, dá bhrí sin, thairbhigh sé de bhuntáiste eacnamaíoch a bhí cothrom leis na cánacha a bheadh dlite de ghnáth ar na cineálacha oibríochtaí agus gníomhartha sin faoin dlí náisiúnta.

(426) Maidir leis na cánacha indíreacha, thairbhigh SNS de tháille sheasta ar chlárú an chonartha le haghaidh cheannach bhrainse gnó Siremar, i gcomhréir le Dlí 2010, mar a fhoráiltear in Airteagal 9 den chonradh sin. Dá bhrí sin, thairbhigh SNS de bhuntáiste eacnamaíoch a bhí cothrom leis an difríocht idir an táille a bheadh dlite de ghnáth chun na gníomhartha sin a chlárú faoin dlí náisiúnta agus an táille a íocadh go héifeachtach. […]

(427) Maidir leis an díolúine ó cháin chorparáide ar na fáltais as aistriú bhrainse gnó de chuid Siremar chuig CdI agus chuig SNS ina dhiaidh sin, tugann an Coimisiún dá aire mar réamhthuairim gurb é an tráth a dheonaítear an beart, ie. nuair a shealbhaíonn an tairbhí, faoin dlí náisiúnta, ceart chun cabhrach faoin mbeart sin, an tráth ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá an beart ina Státchabhair nó nach bhfuil ([164]). Sa chás seo, is ag an tráth sin a tháinig Dlí 2010 i bhfeidhm. Fágann sin go bhféadann an Coimisiún a chur san áireamh ina imscrúdú ar chabhair a deonaíodh go neamhdhleathach, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó, cibé acu a íocadh nó nár íocadh an chabhair sin cheana, agus cibé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí í a íoc amach anseo, de réir na modheolaíochta is infheidhme a leagtar síos leis an dlí náisiúnta. Leis sin, cuirtear bonn eolais faoi chinneadh an Choimisiúin cibé acu a ordóidh nó nach n-ordóidh sé go ngnóthófaí aon chabhair a fuarthas a bheith neamh-chomhoiriúnach nó cibé acu a ordóidh nó nach n-ordóidh sé do na Ballstáit gan aon chabhair a gheofar a bheith neamh-chomhoiriúnach amach anseo a íoc, ach ní chaitear amhras leis ar chabhair a bheith ann tráth a deonaíodh í.

(428) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire ar an gcéad dul síos go ndearnadh aistriú bhrainse gnó de chuid Siremar mar mhalairt ar bhreithniú, arna íoc ag CdI ar dtús agus ag SNS ina dhiaidh sin. Cuireadh ar neamhní, áfach, díol an bhrainse gnó le CdI ar EUR 69,15 milliún (féach aithris (99)). Dá bhrí sin, ní raibh aon éifeacht phraiticiúil ag an díolúine sin agus níor tugadh aon bhuntáiste do Siremar tríd an gcéad aistriú sin. I gcodarsnacht leis sin, ba ghnách go dtiocfadh an díol le SNS ar EUR 55,1 milliún faoi réir cáin chorparáide. Buntáiste eacnamaíoch atá sa díolúine ón gcáin sin ós iondúil go gcuirfí fáltais ó dhíol sócmhainní áirithe san áireamh

([164]) Cás C-385/18 *Arriva Italia*, ECLI:AE:C:2019:1121, mír 36.

agus cáin chorparáide chuideachta á ríomh. Go deimhin, i gcásanna d'imeachtaí dócmhainneachta amhail an ceann a bhain le Siremar in EA, is in Airteagal 183 den Dlí Comhdhlúite um Cháin Ioncaim a leagtar síos an mhodheolaíocht chun tuilleamh a ríomh. Ar bhonn na forála sin, is ionann tuilleamh gnóthais le haghaidh na tréimhse ó thús na n-imeachtaí féimheachta go dtí a dtabhairt i gcrích agus an difríocht idir sócmhainní an ghnóthais ag tús na n-imeachtaí agus na sócmhainní iarmharacha ag a gcríoch. Tráth a glacadh an cinneadh seo, tá imeachtaí leachtaithe Siremar in EA fós ar siúl agus ní féidir a thuar dá bhrí sin an mbeidh dliteanas cánach ann ná cén méid a bheadh ann, i bhfianaise nach léir an mbeidh aon cháin ioncaim dlite ar chor ar bith. Ar na cúiseanna a míníodh in aithris (427) áfach, ní dhéanann sin difear don chinneadh go raibh buntáiste eacnamaíoch ann, óir leagadh síos ceart neamhchoinníollach chun díolúine cánach i nDlí 2010.

(429) Éifeacht ar an trádáil: ar na forais a leagtar amach in aithrisí (312) agus (313), measann an Coimisiún dá dtabharfaí díolúine do Siremar agus do SNS ó chánacha áirithe go bhféadfadh sin difear a dhéanamh don trádáil san Aontas agus an iomaíocht laistigh den mhargadh inmheánach a shaobhadh.

(430) Conclúid: na díolúintí ó cháin chorparáide ar na fáltais ó dhíol bhrainse gnó de chuid Siremar le SNS agus ó na cánacha indíreacha ar aistrithe an bhrainse gnó chéanna chuig SNS, a deonaíodh le Dlí 2010, tá siad ina Státchabhair le Siremar. An táille sheasta a d'íoc SNS ar chlárú an chonartha le haghaidh cheannach bhrainse gnó de chuid Siremar de bhun Dlí 2010, in ionad na táille a bhíonn dlite de ghnáth faoin dlí náisiúnta, tá sí ina Státchabhair le SNS.

8.1.4.3. An fhéidearthacht go n-úsáidfí acmhainní FAS

(431) I gCinntí 2011 agus 2012, luaigh an Coimisiún an fhéidearthacht go mbainfeadh cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia úsáid as acmhainní FAS (féach aithris (133)(c)) chun riachtanais leachtachta atá ann faoi láthair a chomhlíonadh. I gcaitheamh nós imeachta an imscrúdúcháin fhoirmiúil, áfach, shoiléirigh údaráis na hIodáile nach raibh na hacmhainní FAS ceaptha a úsáid mar chúiteamh breise d'aon cheann de chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia (lena n-áirítear Siremar). Ina ionad sin, cuireadh na hacmhainní sin ar fáil mar fhorlíonadh ar na leithreasuithe buiséid a leithdháileadh chun na cúitimh sheirbhíse poiblí a íoc le cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, dá dtarlódh sé nár leordhóthanach na leithreasuithe buiséid sin. Go deimhin, chuir Airteagal 1, mír 5-*ter* de Dhlí 2010 ar a gcumas do na réigiúin úsáid a bhaint as na hacmhainní FAS le (cuid den) c(h)úiteamh seirbhíse poiblí tráthrialta a chistiú agus dá réir sin chun leanúnachas na seirbhísí poiblí muirí a áirithiú. I bhfocail eile, ní bhaineann an beart seo ach le leithdháileadh acmhainní i mbuiséad Stáit na hIodáile chun an cúiteamh seirbhíse poiblí a íoc.

(432) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil na hacmhainní FAS ach ina bhfoinse chistithe chun caoi a thabhairt don Stát na cúitimh sheirbhíse poiblí a íoc (a dheonaítear ar bhonn an Choinbhinsiúin tosaigh fhadaithe) agus nach ionann iad agus beart dar féidir le Siremar tairbhiú i dteannta na gcúiteamh seirbhíse poiblí sin. I bhfocail eile, níl úsáid fhéideartha acmhainní FAS ina Státchabhair le Siremar agus ní dhéanfar tuilleadh measúnaithe sa Chinneadh seo uirthi dá bhrí sin.

8.1.5. *An chonclúid maidir le cabhair a bheith ann*

(433) Ar bhonn an mheasúnaithe thuas, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

— an cúiteamh a tugadh do Siremar as bealaí muirí a oibriú sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Iúil 2012 agus an tosaíocht feistithe ar na bealaí sin, tá siad ina Státchabhair le Siremar de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus cáilíonn siad mar chabhair nua;

— tá an síneadh a cuireadh leis an gcúnamh tarrthála ón 28 Lúnasa 2011 go dtí an 18 Meán Fómhair 2012 ina Státchabhair le Siremar de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE;

— dámhachtain an Choinbhinsiúin nua le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2012 go dtí an 11 Aibreán 2016, arna chuachadh le brainse gnó de chuid Siremar agus leis an tosaíocht feistithe do CdI, cuireadh ar neamhní í agus níorbh fhéidir measúnú ar leithligh a dhéanamh uirthi. Maidir le dámhachtain an Choinbhinsiúin nua le haghaidh na tréimhse ón 11 Aibreán 2016 go dtí an 11 Aibreán 2028, arna chuachadh le brainse gnó de chuid Siremar agus leis an tosaíocht feistithe do SNS, comhlíonann sí ceithre chritéar Altmark agus dá bhrí sin níl sí ina Státchabhair le SNS de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Tháinig an t-imscrúdú ar an méadú ar chaipiteal CdI chun bheith gan agóid. Níl an fhrithráthaíocht ina cabhair le Unicredit de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Tháinig an t-imscrúdú ar aon chabhair fhéideartha a deonaíodh do CdI trí bhíthin na frithráthaíochta chun bheith gan agóid;

— Ó tharla nár úsáid Siremar na cistí chun longa a uasghrádú chun críocha leachtachta, mar a cumasaíodh le Dlí 2010, níl an beart sin ina Státchabhair le Siremar de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE;

— na díolúintí ó (i) chánacha indíreacha ar aistriú bhrainse gnó de chuid Siremar agus ó (ii) cháin chorparáide ar na fáltais ó dhíol bhrainse gnó de chuid Siremar, a deonaíodh le Dlí 2010, tá siad ina Státchabhair le Siremar agus le SNS de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE; agus

— an fhéidearthacht go n-úsáidfí acmhainní FAS chun riachtanais leachtachta a chomhlíonadh, a leagtar síos le Dlí 2010, níl sí ina Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

8.2. **Dleathacht na cabhrach**

(434) Cuireadh gach beart cabhrach faoi raon feidhme an Chinnidh seo i bhfeidhm sular fhormheas an Coimisiún go foirmiúil iad. Dá bhrí sin, a mhéid nár díolmhaíodh iad ó fhógra a thabhairt de réir Chinntí 2005 ná 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, dheonaigh an Iodáil na bearta cabhrach sin de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE ([165]).

8.3. **Comhoiriúnacht na cabhrach**

(435) A mhéid atá na bearta a aithnítear thuas ina Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór a gcomhoiriúnacht a mheasúnú i bhfianaise na ndíolúintí a leagtar síos i míreanna 2 agus 3 den Airteagal sin agus d'Airteagal 106(2) CFAE.

8.3.1. *Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir an Stát agus Siremar*

8.3.1.1. Rialacha is infheidhme

(436) Mar a luadh thuas cheana, ba le gníomhartha dlíthiúla ina dhiaidh sin a cuireadh fadú leis an gCoinbhinsiún tosaigh thar dheireadh na bliana 2008:

(a) Le Dlí Foraithne 207/2008, arna thiontú ina Dhlí Uimh. 14 an 27 Feabhra 2009, leagadh síos fadú an Choinbhinsiúin tosaigh ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009;

(b) Le Dlí Foraithne 135/2009, arna thiontú i nDlí 2009, leagadh síos *inter alia* fadú an Choinbhinsiúin tosaigh ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meán Fómhair 2010; agus

(c) Le Dlí Foraithne 125/2010, arna thiontú i nDlí 2010, rinneadh foráil maidir le fadú breise an Choinbhinsiúin tosaigh ón 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí deireadh phróisis phríobháidithe Tirrenia agus Siremar.

(437) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire gur deonaíodh an cúiteamh seirbhíse poiblí faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh sular tháinig Cinneadh 2011 agus Creat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i bhfeidhm. Tá rialacha, áfach, i bpacáiste 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta áfach – in Airteagal 10 de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus i mír 69 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta – lena ndéantar foráil maidir lena chur i bhfeidhm freisin ar chabhair a deonaíodh sular tháinig sé i bhfeidhm an 31 Eanáir 2012. Go háirithe, foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 10(b) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta:

"aon chabhair a cuireadh i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo [i.e., roimh an 31 Eanáir 2012] nach raibh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ná nach raibh díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt i gcomhréir le Cinneadh 2005/842/CE ach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh seo; beidh sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt roimh ré."

(438) Maidir le Creat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, sonraítear i míreanna 68 agus 69 de go gcuirfidh an Coimisiún a phrionsabail i bhfeidhm ar gach tionscadal cabhrach a dtugtar fógra faoi, gan beann ar dháta an fhógra, agus ar gach cabhair neamhdhleathach a ndéanann sé cinneadh ina leith tar éis an 31 Eanáir 2012 freisin, fiú má deonaíodh an chabhair sin roimh an 31 Eanáir 2012. Sa chás deireanach sin, ní hinfheidhme iad forálacha mhíreanna 14, 19, 20, 24, 39 agus 60 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

([165]) Níor thug údaráis na hIodáile fógra ach amháin faoin gcúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh faoin gCoinbhinsiún nua, ar chinn an Coimisiún nach Státchabhair é (féach aithris (9)). Thairis sin, d'áitigh Siremar in EA go mbeadh an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Siremar faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh comhoiriúnach agus díolmhaithe ó fhógra a thabhairt de réir Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Déanfaidh an Coimisiún measúnú arbh amhlaidh a bhí an scéal i ndáiríre i roinn 8.3.1.

(439) Dá thoradh sin, is é a chiallaíonn na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus Creat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta mar a thuairiscítear thuas gur féidir an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Siremar le linn thréimhse an fhadaithe a mheasúnú de bhun phacáiste 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Má chomhlíontar na coinníollacha ábhartha i gceachtar ceann de Chinneadh 2011 nó de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, tá an beart cabhrach sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar feadh na tréimhse iomláine ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Iúil 2012 ([166]).

(440) Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil Cinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, a tháinig i bhfeidhm an 19 Nollaig 2005, ná Cinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta infheidhme ach amháin i gcás Státchabhrach i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí ar naisc mhuirí le hoileáin nach raibh an meánlíon paisinéirí bliantúil le linn an dá bhliain airgeadais roimh an mbliain inar sannadh an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta níos mó ná 300 000 paisinéir. Léiríonn an fhianaise a sholáthair an Iodáil nach raibh an líon paisinéirí sna blianta 2007 agus 2008 ar cheithre nasc mhuirí arna n-oibriú ag Siremar faoin gCoinbhinsiún tosaigh, mar a fadaíodh, níos mó ar an meán ná an tairseach 300 000 paisinéir in aghaidh na bliana. Is iad sin cuacha Trapani – Pantelleria, Porto Empedocle – Oileáin Pelagie, Palermo – Ustica (i.e., bealaí measctha D1, D4, D5 agus bealach ALD/1 do phaisinéirí amháin). Bhí na bealaí eile os cionn na tairsí sin iontu féin (i gcás ALC/6, Lipar – Vulcano – Milazzo) nó ina gcuid de chuach bealaí a bhí níos mó go mór ná an tairseach (i gcásanna na gcuach Milazzo – na hOileáin Aeólacha – Napoli agus Trapani – Oileáin Egadi). Dá bhrí sin, i gcás na 16 bhealach eile a oibríodh faoin gCoinbhinsiún tosaigh, mar a fadaíodh, ní féidir leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an chúitimh seirbhíse poiblí a íocadh le Siremar faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh go dtí an 30 Iúil 2012, ar bhonn Chinneadh 2005 ná Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(441) Dá dhroim sin, ba ghnách go mbeadh comhoiriúnacht an chúitimh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Siremar ó 2009 go dtí tabhairt i gcrích an phríobháidithe laistigh de raon feidhme Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. De réir mhír 9 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, áfach, ní mór cabhair do sholáthraithe seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bhfuil deacracht acu a mheasúnú de réir Threoirlínte 2004 maidir le Tarrtháil agus Athstruchtúrú. Ligeadh Siremar isteach sa nós imeachta riaracháin urghnách an 17 Meán Fómhair 2010 agus dearbhaíodh í a bheith dócmhainneach an 5 Deireadh Fómhair 2010. Dá bhrí sin, bhí sé ina sholáthraí seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a raibh deacracht aige de réir bhrí phointe 10(c) de Threoirlínte 2004 maidir le Tarrtháil agus Athstruchtúrú, ar feadh cuid de thréimhse an fhadaithe ar a laghad (ón 5 Deireadh Fómhair 2010 go dtí gur díoladh é an 30 Iúil 2012).

(442) Tá feidhm chúlghabhálach ag Treoirlínte 2014 maidir le Tarrtháil agus Athstruchtúrú ([167]), atá i bhfeidhm ón 1 Lúnasa 2014, maidir le cabhair do sholáthraithe seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Leagtar síos sna treoirlínte sin go ndéantar comhoiriúnacht na cabhrach a deonaíodh roimh an 31 Eanáir 2012, i.e., dáta theacht i bhfeidhm Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, do sholáthraithe seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bhfuil deacracht acu a mheasúnú de réir Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, cé is moite d'fhorálacha mhíreanna 9, 14, 19, 20, 24, 39 agus 60 ([168]). Dá bhrí sin, tá feidhm ag na rialacha céanna le haghaidh na tréimhse iomláine ón 1 Eanáir 2009 go dtí gur aistríodh an brainse gnó chuig CdI an 30 Iúil 2012.

(443) Toisc go dtagann 16 de bhealaí Siremar atá faoi mheasúnú lasmuigh de raon feidhme Chinntí 2005 agus 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, agus ar mhaithe leis an ngontacht agus leis an éifeachtúlacht, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar dtús cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Siremar as oibriú an fiche bealach iompair mhuirí go léir ar na cúig chuach le linn thréimhse an fhadaithe coinníollacha Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, cé is moite de na coinníollacha i míreanna 9, 14, 19, 20, 24, 39 agus 60 de. Ní dhéanfaidh an Coimisiún measúnú ach tar éis na chéad chéime sin a bheith glactha cibé acu a bhí nó nach raibh an cúiteamh céanna sin (le haghaidh na gcuach bealaí nach raibh os cionn na tairsí 300 000 paisinéir agus lena n-aghaidh sin amháin) comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt de bhun Chinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, toisc go mbaineann sé le cabhair a deonaíodh idir an 19 Nollaig 2005 agus an 31 Eanáir 2012 (féach aithris (436)).

([166]) Ar mhaithe le hiomláine, tugann an Coimisiún an fhoráil idirthréimhseach in Airteagal 10(a) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta dá aire, ar dá réir a leanfaidh aon scéim cabhrach a cuireadh i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh sin (i.e. roimh an 31 Eanáir 2012), a bhí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt i gcomhréir le Cinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, de bheith comhoiriúnach agus díolmhaithe ar feadh tréimhse 2 bhliain eile (i.e. go dtí an 30 Eanáir 2014 agus an lá sin san áireamh). Ciallaíonn sin go ndéanfar cabhair a deonaíodh faoi scéim den sórt sin sa tréimhse idir teacht i bhfeidhm Chinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta an 19 Nollaig 2005 agus teacht i bhfeidhm Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta an 31 Eanáir 2012 a mheas a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ach ní mheasfar sin ach amháin ón dáta a deonaíodh í go dtí an 30 Eanáir 2014 agus an lá sin san áireamh. In aon chás, maidir le cabhair a deonaíodh sa tréimhse ón 31 Eanáir 2012 ar aghaidh, ní hinfheidhme í foráil idirthréimhseach Airteagal 10(a) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus caithfear an measúnú comhoiriúnachta a dhéanamh de bhun Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

([167]) IO C 249 an 31.7.2014, lch. 1.

([168]) Féach mír 140 de Threoirlínte 2014 maidir le Tarrtháil agus Athstruchtúrú.

8.3.1.2. Seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i ndáiríre dá dtagraítear in Airteagal 106 CFAE

(444) De réir mhír 12 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, "ní mór an chabhair a dheonú do sheirbhís a ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i ndáiríre léi agus atá sainithe i gceart dá dtagraítear in Airteagal 106(2) den Chonradh". Soiléirítear le mír 13 "[nach] féidir le Ballstáit oibleagáidí sonracha seirbhíse poiblí a cheangal le seirbhísí atá á soláthar cheana ag gnóthais a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh nó ar féidir leo iad a sholáthar go sásúil agus faoi choinníollacha, amhail praghas, saintréithe cáilíochta oibiachtúla, leanúnachas agus rochtain ar an tseirbhís, ar bhealach atá comhsheasmhach le leas an phobail, mar a shainíonn an Stát. Maidir leis an gceist cibé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an margadh seirbhís a sholáthar, tá measúnú an Choimisiúin teoranta do sheiceáil cibé acu atá nó nach bhfuil sainiú an Bhallstáit curtha ó bhail mar gheall ar earráid fhollasach, mura soláthraítear caighdeán níos doichte le forálacha dhlí an Aontais". Ar deireadh, tagraítear i mír 56 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, do "chorrlach lánroghnach a bheith ag an mBallstát" maidir leis an gcineál seirbhísí a bhféadfaí a aicmiú mar sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(445) Ní mór an measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil leas eacnamaíoch ginearálta ag gabháil leis an tseirbhís i ndáiríre a dhéanamh freisin i bhfianaise na Teachtaireachta maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (féach aithrisí (326) agus (341)), i bhfianaise an Rialacháin Chabatáiste Muirí (féach aithrisí (328) go (330)) agus i bhfianaise an chásdlí (féach aithrisí (332) agus (333)). Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas le haghaidh thréimhse an fhadaithe:

(1) Cibé acu an raibh, nó nach raibh, éileamh ó úsáideoirí ann;

(2) Cibé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh na hoibreoirí margaidh an t-éileamh sin a chomhlíonadh in éagmais aon oibleagáid arna forchur ag na húdaráis phoiblí (teip mhargaidh a bheith ann);

(3) Nár leordhóthanach ann féin dul i muinín oibleagáidí seirbhíse poiblí chun an ganntanas sin a leigheas (an cur chuige is lú díobháil).

(446) Tugann an Coimisiún le fios gur mar a chéile iad na bealaí seirbhíse poiblí arna n-oibriú ag Siremar le linn thréimhse an fhadaithe agus na bealaí a cuireadh ar iontaoibh CdI agus SNS ina dhiaidh sin faoin gCoinbhinsiún nua. Ina theannta sin, thug an Coimisiún tuairisc agus rinne sé measúnú cheana ar an staid iomaíoch ar na cuacha bealaí sin le linn thréimhse an fhadaithe. Ina fhianaise sin, braithfidh an measúnú seo a leanas ar na codanna ábhartha den mheasúnú a rinneadh le haghaidh an Choinbhinsiúin nua thuas agus tagrófar dóibh ann (féach roinn 8.1.3.1).

(447) Ina fhianaise sin, meabhraíonn an Coimisiún ar dtús (féach aithris (184)) gur fhorchuir an Iodáil na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos sa Choinbhinsiún tosaigh go príomha chun (i) an leanúnachas críche idir an tSicil agus a hoileáin bheaga a áirithiú agus chun (ii) rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch na n-oileán beag, trí bhíthin seirbhísí iompair mhuirí tráthrialta iontaofa. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana gur cuspóirí dlisteanacha leas an phobail iad sin go deimhin (féach aithris (335)).

(448) Oibríodh na bealaí i gceist, gan mórán athruithe, le blianta fada anuas, i.e. ó theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin tosaigh ar a laghad. Dheimhnigh an Iodáil nach ndearnadh aon athrú ar raon feidhme na seirbhísí a cuireadh ar iontaoibh Siremar le linn thréimhse an fhadaithe. Roimh thréimhse an fhadaithe, tugann an Coimisiún dá aire gur tháinig laghdú i gcaitheamh 2008 ar líon na mbealaí arna n-oibriú faoin gcóras seirbhíse poiblí. Go háirithe, scoireadh de bhealach Mazara del Vallo – Pantelleria, a bhíodh á oibriú ag Siremar sé lá sa tseachtain leis an mearbhád farantóireachta Guizzo, agus laghdaigh ar a mhinice a oibríodh bealaí áirithe sna sceidil ardséasúir le haghaidh chuacha bealaí na n-oileán Aeólach agus Egadi.

(449) Chun léiriú a thabhairt ar an bhfíoréileamh ó úsáideoirí ar na seirbhísí, sholáthair údaráis na hIodáile staitisticí mionsonraithe ina dtaispeántar gur iompair Siremar 1 821 387 paisinéir agus 397 626,5 méadar líneach lasta ar na cúig chuach bealaí in éineacht in 2008, an bhliain dheireanach den Choinbhinsiún tosaigh roimh an bhfadú. Taispeántar i bhfigiúirí 2009 gur iompair Siremar 1 513 214 paisinéir agus 324 540 méadar líneach lasta ar na bealaí úd.

(450) Bhí na figiúirí sin ábhairín níos ísle in 2010 (féach aithris (337)), ach b'inchomparáide iad. Léirítear leis sin go raibh an t-éileamh comhiomlán ó úsáideoirí suntasach agus cuibheasach cobhsaí i gcaitheamh na mblianta. Go deimhin, sholáthair údaráis na hIodáil staitisticí mionsonraithe freisin ar leibhéal an bhealaigh aonair le haghaidh na tréimhse 2007 – 2019 ([169]). Tugann an Coimisiún dá aire gur tharla luaineachtaí ar an líon turas agus paisinéirí ar na cuacha bealaí éagsúla i gcaitheamh na mblianta. Is é an fáth atá leis sin, áfach, go nascann na bealaí sin oileáin an-bheaga a bhfuil bonneagar calafoirt teoranta acu agus atá cuibheasach gar dá chéile. Tuigtear leis sin go ndéantar coigeartú go minic ar na sceidil lena gcur in oiriúint don éileamh ó úsáideoirí ar an leibhéal áitiúil. Go deimhin, léirigh an Coimisiún cheana (féach Table 5) go raibh éileamh ann ó úsáideoirí ar gach ceann de na bealaí sin in 2010. Níor léirigh an anailís chéanna do na blianta 2009, 2011 agus don tréimhse ó mhí Eanáir go mí Iúil 2012 ([170]) gur imigh an t-éileamh ó úsáideoirí ar na seirbhísí farantóireachta ar aon cheann de na cuacha bealaí lena mbaineann.

([169]) Cé is moite de 2015 (níl na sonraí bailíochtaithe ag sainchomhairleoirí seachtracha – féach fonóta 121) agus den tréimhse an 1 Eanáir – an 10 Aibreán 2016 (tá na sonraí in easnamh – féach fonóta 122).

([170]) Ar chúiseanna gontachta, ní chuireann an Coimisiún na figiúirí mionsonraithe san áireamh sa Chinneadh seo.

(451) Measann an Coimisiún go léirítear go soiléir sna staitisticí thuas go raibh fíoréileamh ann ar sheirbhísí paisinéirí agus lasta ar gach ceann de na bealaí seirbhíse poiblí i gceist sa tréimhse mí Eanáir 2009 – mí Iúil 2012. Is féidir an chonclúid a bhaint as dá bhrí sin gur tugadh aghaidh ar fhíoréileamh ó úsáideoirí leis na seirbhísí sin agus gur chomhlíon siad fíoréilimh an phobail dá réir.

(452) Mar a mhínítear in aithris (341), ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh freisin an mbeadh na seirbhísí sin easnamhach dá bhfágfaí a soláthar faoi fhórsaí an mhargaidh amháin, i bhfianaise na gceanglas arna bhforchur ag an Iodáil trí fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh. Tugtar faoi deara ina leith sin i mír 48 de Theachtaireacht SGEI go bhfuil "*measúnú an Choimisiúin teoranta do sheiceáil cibé acu a rinne nó nach ndearna an Ballstát earráid fhollasach*".

(453) Tugann an Coimisiún dá aire ar an gcéad dul síos nár aimsíodh aon earráid fhollasach sa sainiú um sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i gcás Siremar le haghaidh na tréimhse 1992-2008, mar a fionnadh i gCinneadh 2004 leis, agus nár chaith Breithiúnas 2009 ná Cinneadh 2020 maidir le Grúpa Tirrenia aon amhras ar an toradh sin (féach aithris (342)). Thairis sin, ba dhóichí go mbeadh brabúsacht na mbealaí sin níos ísle fós i bhfianaise na ndálaí deacra eacnamaíocha san Iodáil sa tréimhse idir 2009 agus 2012.

(454) Tugann an Coimisiún dá aire freisin, le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2009 agus an 30 Iúil 2012, ar gach ceann de na cuacha bealaí arbh éigean do Siremar a oibriú faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh, gur chuir oibreoirí eile seirbhísí muirí ar fáil, cé nár ghá gur cuireadh ar fáil ó cheann ceann na bliana iad, ar mhinic a minicíocht nó a gcineál loinge a bheith difriúil, agus ar mhinic freisin cúiteamh poiblí a bheith á íoc ina leith. Rinne an Coimisiún measúnú thuas cheana (féach aithrisí (341) go (349)) ar gach ceann de na cuacha bealaí lena mbaineann cibé acu a bhí nó nach raibh na seirbhísí a sholáthair oibreoirí eile nach bhfuair cúiteamh poiblí ina leith coibhéiseach leo siúd arbh éigean do CdI agus do SNS ina dhiaidh sin a sholáthar faoin gCoinbhinsiún nua. Meabhraíonn an Coimisiún go raibh an measúnú sin bunaithe ar an staid iomaíoch ar na bealaí sin idir an 1 Eanáir 2009 agus an 30 Iúil 2012. Ós rud é go bhfuil na seirbhísí arbh éigean do CdI agus do SNS ina dhiaidh sin a sholáthar fíorchosúil i dtéarmaí na mbealaí ar ar freastalaíodh agus minicíochtaí na seirbhísí sin leis na seirbhísí arbh éigean do Siremar a dhéanamh le linn thréimhse an fhadaithe, tá conclúid an Choimisiúin nach raibh fórsaí an mhargaidh amháin leordhóthanach chun freastal ar riachtanais sheirbhíse poiblí bailí freisin i gcás Siremar le linn thréimhse iomlán an fhadaithe. Go sonrach, tugann an Coimisiún dá aire nach raibh oibreoir eile ag soláthar seirbhísí ó cheann ceann na bliana ar aon cheann de na cuacha bealaí arna n-oibriú ag Siremar, tráth a cuireadh sin ar a iontaoibh, gan cúiteamh poiblí a fháil ina leith. Chuir na hoibreoirí eile, ar cuireadh oibleagáidí seirbhíse poiblí ar a n-iontaoibh freisin, seirbhís ar fáil nách raibh coibhéiseach i dtéarmaí leanúnachais, tráthrialtachta, acmhainneachta ná cáilíochta agus nár chomhlíon dá bhrí sin na hoibleagáidí seirbhíse poiblí ina n-iomláine a forchuireadh ar Siremar de bhua an Choinbhinsiúin tosaigh (mar a fadaíodh).

(455) Ar deireadh, i bhfianaise an phríobháidithe atá beartaithe agus chun leanúnachas na seirbhísí poiblí a oibríodh faoin gCoinbhinsiún tosaigh a áirithiú, chinn an Iodáil an Coinbhinsiún sin a fhadú gan athrú (cé is moite den athrú ar an modheolaíocht cúitimh is infheidhme ó 2010 ar aghaidh). Glacann an Coimisiún leis nach mbeifí in ann freastal ar an éileamh ó úsáideoirí, mar a thuairiscítear in aithrisí (449) go (451), trí oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur a bheadh infheidhme maidir leis na hoibreoirí uile a d'fhreastalódh ar na bealaí i gceist. Go deimhin, ar na bealaí arna n-oibriú ag Siremar, fóirdheonaíodh na seirbhísí inchomparáide uile a sholáthair na hoibreoirí eile, agus in aon chás, níor chomhlíon an tairiscint a sholáthair na hoibreoirí sin na ceanglais maidir le tráthrialtacht, leanúnachas agus cáilíocht ó cheann ceann na bliana. Thairis sin, déanann oibriú na mbealaí sin caillteanas i rith an tséasúir chiúin, agus mar sin ba dhóichí in éagmais an chúitimh ar sheirbhís phoiblí nach n-oibreofaí iad ach amháin san ardséasúr. Tháinig Ecorys ar chonclúid chomhchosúil ina thuarascáilsean, inar luadh nach bhfuil na bealaí sin inmharthana ar bhonn eacnamaíoch (féach aithris (119)). Ina theannta sin, glacann an Coimisiún leis, i bhfianaise phróiseas príobháidithe Siremar, gurbh é fadú an chonartha seirbhíse poiblí a bhí ann cheana an t-aon bhealach amháin le leanúnachas na seirbhísí poiblí a ráthú go dtí go mbeadh an príobháidiú sin tugtha i gcrích.

(456) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach nuair a sainíodh na seirbhísí a cuireadh ar iontaoibh Siremar le linn thréimhse an fhadaithe mar sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Faightear réidh mar sin leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl i gCinntí 2011 agus 2012.

8.3.1.3. An gá le gníomh iontaoibhe ina sonraítear na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus na modhanna ríomha cúitimh

(457) Mar a léirítear i roinn 2.3 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ní mór freagracht as seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú, de réir bhrí Airteagal 106 CFAE, a chur ar iontaoibh an ghnóthais lena mbaineann trí bhíthin gníomh oifigiúil amháin nó níos mó.

(458) Ní mór na nithe seo a leanas go háirithe a shonrú sna gníomhartha sin:

(a) Cineál beacht na hoibleagáide seirbhíse poiblí agus a fad;

(b) An gnóthas agus an chríoch lena mbaineann;

(c) Cineál na gcearta eisiach;

(d) Na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú;

(e) Na socruithe chun róchúiteamh a sheachaint agus a aisíoc.

(459) I gCinntí 2011 agus 2012 leis, chuir an Coimisiún amhras in iúl faoi cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh foráil sa ghníomh iontaoibhe maidir le tuairisc chuimsitheach ar chineál oibleagáidí seirbhíse poiblí Siremar le linn thréimhse an fhadaithe. Go háirithe, chuir an Coimisiún i dtábhacht nár glacadh aon phlean 5 bliana, de réir mar a cheanglaítear leis an gCoinbhinsiún tosaigh, le haghaidh na dtréimhsí 2000-2004 agus 2005-2008. Mar sin féin, mheabhraigh an Coimisiún freisin go bhféadfaí gnéithe éagsúla den chur ar iontaoibh a chur i roinnt gníomhartha éagsúla gan amhras a chaitheamh ar oiriúnacht an tsainithe ar na hoibleagáidí. Le linn thréimhse an fhadaithe, áiríodh le gníomh iontaoibhe Siremar an Coinbhinsiún tosaigh (mar a leasaíodh agus a fadaíodh le himeacht ama), na pleananna 5 bliana arna mbailíochtú, cinntí *ad hoc* áirithe arna ndéanamh ag údaráis na hIodáile, Treoir CIPE agus Dlí 2009.

(460) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire ar an gcéad dul síos gur lean an Coinbhinsiún tosaigh (mar a leasaíodh le himeacht ama), arb é croílár ghníomh iontaoibhe Siremar é, de bheith infheidhme go hiomlán go dtí gur tugadh an príobháidiú i gcrích, bunaithe ar shraith de Dhlíthe Foraithne (féach aithris (436)). Sonraítear sna doiciméid sin gur cuireadh oibleagáidí seirbhíse poiblí ar iontaoibh Siremar go dtí gur tugadh a phríobháidiú i gcrích.

(461) De réir an Choinbhinsiúin tosaigh, sonraítear sna pleananna 5 bliana na bealaí agus na calafoirt ar a bhfreastalófar, cineál agus acmhainneacht na soithí a úsáidfear le haghaidh na nasc muirí, minicíocht na seirbhíse agus na táillí le híoc, lena n-áirítear táillí fóirdheonaithe, go háirithe le haghaidh chónaitheoirí na n-oileán beag. D'áitigh an Iodáil, áfach, toisc go raibh imscrúdú an Choimisiúin faoi chásuimhir SA.15631 fós ar bun idir 1999 agus 2004 maidir le cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia (lena n-áirítear Siremar), níor ghlac an Iodáil aon phlean 5 bliana don tréimhse 2000-2004 ([171]). Dá dheasca sin, ba é an plean do na blianta 1995-1999 an plean deireanach 5 bliana a formheasadh go foirmiúil, agus lean Siremar de bheith ag oibriú sna blianta ina dhiaidh sin ar bhonn líonra bealaí 1999. Tar éis ghlacadh Chinneadh 2004, dhréachtaigh an Aireacht Iompair dréachtphlean le haghaidh na tréimhse 2005-2008. Ní raibh athruithe suntasacha ar an líonra bealaí ná ar a sceidil i gceist leis an bplean sin. Toisc go raibh tús curtha cheana, áfach, le hidirphléití agus le hoibreacha ullmhúcháin maidir leis an bpríobháidiú a bhí ar tí tarlú, chinn an Iodáil gan é a fhormheas go foirmiúil. Dá bhrí sin, lean oibleagáidí Siremar faoin gCoinbhinsiún tosaigh mar a sainíodh in 1999 agus a deimhníodh i bhForaithne 2004 de bheith i bhfeidhm (féach aithris (40)). I bhfocail eile, mura ndearnadh cinneadh gnéithe sonracha áirithe a athrú (e.g. bealach, minicíocht, cineál soithigh) i gcomparáid leis an sceideal in 2004, lean forálacha an Choinbhinsiúin tosaigh mar a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain sin iad de bheith i bhfeidhm go hiomlán le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2009 agus an 30 Iúil 2012. Ina theannta sin, dheimhnigh an Iodáil nár eisíodh aon Fhoraithne Idir-Aireachta le linn thréimhse iomlán an fhadaithe chun na táillí a bhí le gearradh ag cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Siremar, a leasú. Ar an mbonn sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid, agus na himthosca fíorshonracha a bhain le príobháidiú Ghrúpa Tirrenia i gcoitinne agus le príobháidiú bhrainse gnó de chuid Siremar go sonrach á gcur san áireamh, gur sainíodh na hoibleagáidí seirbhíse poiblí arbh éigean do Siremar cloí leo le linn thréimhse an fhadaithe ar bhealach a bhí soiléir go leordhóthanach.

(462) Thug an Coimisiún dá aire cheana in aithrisí 239 agus 240 de Chinneadh 2011 gur bunaíodh roimh ré na paraiméadair is gá chun méid an chúitimh a ríomh, agus go dtugtar tuairisc shoiléir orthu. Go sonrach, áirítear sa Choinbhinsiún tosaigh don bhliain 2009 liosta uileghabhálach beacht de na gnéithe costais atá le cur san áireamh mar aon leis an modheolaíocht ríomha ar an toradh ar chaipiteal le haghaidh an oibreora (féach aithrisí (45) go (47)). Le haghaidh na tréimhse idir an 1 Eanáir 2010 agus an 30 Iúil 2012, is i dTreoir CIPE (féach aithrisí (48) go (58)) a leagtar amach an mhodheolaíocht ábhartha. Go háirithe, mionsonraítear i dTreoir CIPE na gnéithe costais agus an toradh ar chaipiteal atá le cur san áireamh, agus leagtar síos i nDlí 2009 gurb é EUR 55 694 895 an t-uasmhéid cúitimh a bheidh ann le haghaidh Siremar ó 2010 amach. Ar deireadh, áirithíodh leis an gCoinbhinsiún tosaigh go mbeadh an cúiteamh bunaithe ar na costais agus na hioncaim iarbhír a tabhaíodh de bharr sholáthar na seirbhíse poiblí agus leagadh síos ann go n-íocfaí an cúiteamh ina thráthchodanna. Ar an mbealach sin, d'fhéadfaí róchúiteamh a bhrath agus a sheachaint go héasca. I gcás inarb infheidhme, d'fhéadfadh an Stát an róchúiteamh sin a ghnóthú ó Siremar.

(463) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún, maidir le tréimhse fhadaithe an Choinbhinsiúin tosaigh, gur leagadh síos sainmhíniú soiléir sna gníomhartha iontaoibhe ar na hoibleagáidí seirbhíse poiblí, ar an bhfad, ar an ngnóthas agus ar an gcríoch lena mbaineann, ar na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú agus ar na socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a aisíoc mar a éilítear faoi Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

([171]) Tar éis ghlacadh Chinneadh 2001, dhréachtaigh údaráis na hIodáile plean 5 bliana do Tirrenia di Navigazione le haghaidh na tréimhse 2000-2004. Formhuineadh an plean sin le Foraithne Aireachta an 20 Meán Fómhair 2001.

8.3.1.4. Fad na tréimhse iontaoibhe

(464) Mar a léirítear i mír 17 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, "ba cheart údar a thabhairt d'fhad thréimhse na hiontaoibhe faoi threoir chritéir oibiachtúla amhail an gá le sócmhainní seasta neamh-inaistrithe a amúchadh. I bprionsabal, níor cheart go sáródh fad thréimhse na hiontaoibhe an tréimhse is gá le haghaidh dímheasa ar na sócmhainní is suntasaí a bhfuil gá leo chun an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar."

(465) D'áitigh an Iodáil go bhfuil fad an fhadaithe i gcomhréir leis an tréimhse is gá le haghaidh dímheasa ar na sócmhainní is suntasaí a úsáidtear chun an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar, i.e. longa Siremar. Go háirithe, tá fad iomlán an Choinbhinsiúin tosaigh, mar a fadaíodh, beagán os cionn 23.5 bliain. Tá saolré úsáideach ([172]) 30 bliain (i gcás báid farantóireachta d'fheithiclí) agus 20 bliain (i gcás árthaí ardluais do phaisinéirí amháin) ag na longa a úsáideann Siremar, agus déantar iad a dhímheas i gcaitheamh na tréimhse sin. Thairis sin, léiríodh sa luacháil shaineolach a rinneadh i gcomhthéacs phríobháidiú an bhrainse gnó go raibh na longa cuibheasach sean agus tiomanta do sholáthar seirbhísí de chineál áitiúil laistigh den Mheánmhuir. Ní raibh siad inaistrithe go furasta dá réir, agus tugann sin údar i bprionsabal le tréimhse fhada iontaoibhe. Thairis sin, mheabhraigh an Iodáil go raibh gá leis an bhfadú idir an 1 Eanáir 2009 agus an 30 Iúil 2012 chun leanúnachas na seirbhísí poiblí a áirithiú go dtí go dtabharfaí an príobháidiú i gcrích.

(466) Ar an mbonn sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil údar leordhóthanach le fad thréimhse na hiontaoibhe agus go gcomhlíontar dá bhrí sin mír 17 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

8.3.1.5. Comhlíontacht le Treoir 2006/111/CE agus scaradh cuntas

(467) De réir mhír 18 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, "ní mheasfar cabhair a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) den Chonradh ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an gnóthas, i gcás inarb infheidhme, Treoir 2006/111/CE maidir le trédhearcacht an chaidrimh airgeadais idir Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe ([173])".

(468) Thairis sin, éilítear le mír 44 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta: "I gcás ina ndéanann gnóthas gníomhaíochtaí atá laistigh agus lasmuigh de raon feidhme seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ní mór go léireofar sna cuntais inmheánacha na costais agus na hioncaim a ghabhann le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ar leithligh uathu siúd a bhaineann leis na seirbhísí eile i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i mír 31."

(469) Tugann an Coimisiún dá aire go gceanglaítear ar an ngnóthas ar cuireadh soláthar na seirbhíse ar a iontaoibh cuntais a scaradh go cuí chun go gcomhlíonfaidh sé an dá mhír de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Maidir leis an tsaincheist sin, mheabhraigh an Iodáil gur ceanglaíodh ar Siremar le hAirteagal 2 de Chinneadh 2004 tús a chur le cuntais ar leithligh a tharraingt suas le haghaidh gach bealaigh ón 1 Eanáir 2004 ar aghaidh. I gcomhthéacs Chinntí 2001 agus 2004 agus arna iarraidh ag an gCoimisiún, d'ullmhaigh PriceWaterhouseCoopers ("PWC") staidéar inar atáirgeadh cuntais anailíse Siremar le haghaidh na tréimhse 1992-1999, arna bhforlíonadh ag údaráis na hIodáile chun go mbeadh na blianta 2000 agus 2001 san áireamh iontu. Sa chomhthéacs sin, d'eisigh PWC tuairim inar deimhníodh gurbh iomchuí an mhodheolaíocht a úsáideadh chun na cuntais sin a ullmhú agus go raibh sí i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta is infheidhme. De réir na hIodáile, lean Siremar de bheith ag tabhairt a chuid cuntas anailíse ar aird ar an mbonn sin agus chomhlíon siad dá réir na ceanglais a leagtar síos i gCinneadh 2004. I gcás na tréimhse faoi mheasúnú, chuir an Iodáil cuntais Siremar de réir bealach isteach mar fhianaise le haghaidh na mblianta 2009 agus 2010 freisin.

(470) Níor ullmhaigh an Coimisinéir Urghnách cuntais den sórt sin le haghaidh na tréimhse an 1 Eanáir 2011 go dtí an 30 Iúil 2012. Dheimhnigh an Iodáil, áfach, nach ndearna Siremar aon ghníomhaíocht le linn thréimhse an fhadaithe a bhí lasmuigh dá chuid oibleagáidí seirbhíse poiblí. Dá bhrí sin, eisiatar aon tras-fhóirdheonú a d'fhéadfadh a bheith ann. Thairis sin, chuir an Coimisinéir Urghnách ráitis airgeadais ráithiúla faoi bhráid na hAireachta um Fhorbairt Eacnamaíoch i gcaitheamh 2011 agus 2012. Tá na ráitis sin ar fáil ar shuíomh gréasáin Siremar in EA, agus taispeántar iontu go raibh na torthaí oibriúcháin idir Meán Fómhair 2010 agus Meitheamh 2012 diúltach (caillteanas EUR 0.7 milliún san iomlán). Thairis sin, tháinig méadú ar na caillteanais sin faoi Mheán Fómhair 2012 go dtí EUR 4.8 milliún. Measann an Coimisiún gur léiriú láidir é sin nár íocadh róchúiteamh le Siremar in EA sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2011 agus an 30 Iúil 2012, tráth nár tugadh aon chuntas líne ar líne ar aird (féach freisin roinn 8.3.1.6). Tugann an Coimisiún dá aire dá réir sin go mbaintear amach freisin an dá phríomhchuspóir a bhaineann leis an scaradh cuntas, i.e. róchúiteamh agus tras-fhóirdheonú a sheachaint, le haghaidh na tréimhse sin.

(471) Ar bhonn an mhéid thuas agus imthosca fíorshonracha an phríobháidithe á gcur san áireamh, arbh é an Riarachán Urghnách a rinne é le linn dó leanúnachas seirbhísí poiblí a áirithiú, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i míreanna 18 agus 44 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

([172]) Mar a cinneadh ag an gComhdháil Idiraireachta an 30 Nollaig 2004. Ba leis an gcinneadh sin a fadaíodh an tréimhse dhímheasta a bhí beartaithe ar dtús ó 20 go 30 bliain i gcás báid farantóireachta d'fheithiclí agus idir 15 go 20 bliain i gcás árthaí ardluais do phaisinéirí. Cuireadh an Chomhdháil Idiraireachta ar bun i gcomhréir le hAirteagal 11 de dhlí 856/1986, agus bhí ionadaithe de chuid na hAireachta Iompair, na hAireachta Eacnamaíochta, agus na hAireachta um Fhorbairt Eacnamaíoch rannpháirteach inti.

([173]) IO L 318 an 17.11.2006, lch. 17.

8.3.1.6. Méid an chúitimh

(472) Luaitear i mír 21 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta "(…) ní foláir nach sáróidh méid an chúitimh an méid is gá chun costas comhlíonta na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, lena n-áirítear brabús réasúnach".

(473) Sa chás i dtrácht, ós rud é go bhfuil cuid den chúiteamh, ar a laghad, ina chabhair neamhdhleathach a deonaíodh sular tháinig sé i bhfeidhm ([174]), foráiltear go sonrach le mír 69 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta nach gá modheolaíocht an ghlanchostais sheachanta a úsáid chun measúnú Státchabhrach a dhéanamh. Ina ionad sin, is féidir modhanna malartacha a úsáid, amhail an mhodheolaíocht atá bunaithe ar leithdháileadh costais. De réir na modheolaíochta sa chás deireanach sin, ríomhfaí an glanchostas mar an difríocht idir na costais agus na hioncaim a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí, mar a shonraítear agus a mheastar sa ghníomh iontaoibhe. Leagtar amach ar dhóigh níos mionsonraithe i míreanna 28 go 38 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta an chaoi ar cheart an mhodheolaíocht sin a chur i bhfeidhm.

(474) I gCinntí 2011 agus 2012 leis, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar chonclúid faoi cibé acu a bhí nó nach raibh an méid cúitimh comhréireach toisc go raibh amhras fós air maidir le cuid de na seirbhísí poiblí a cuireadh ar iontaoibh Siremar a bheith incháilithe mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i ndáiríre. Tugadh aghaidh ar an amhras sin i roinn 8.3.1.2.

(475) Léirigh an Coimisiún amhras freisin, áfach, maidir leis an bpréimh riosca 6,5 % a cuireadh i bhfeidhm ó 2010 ar aghaidh. Go háirithe, cheistigh an Coimisiún cibé acu atá an phréimh sin ina léiriú ar leibhéal iomchuí riosca nó nach bhfuil, ag cur san áireamh nár dhealraigh sé *prima facie* gur ghlac Siremar chuige féin na rioscaí a ghlactar de ghnáth in oibriú seirbhísí den sórt sin. Go deimhin, meabhraíonn an Coimisiún gur thug sé réamhthuairim i gCinneadh 2011 go mb'fhéidir nár ró-chúitíodh Siremar ach as cúraimí seirbhíse poiblí a fheidhmiú ó 2010 ar aghaidh. Ciallaíonn sé sin nach gá don Choimisiún measúnú ex post a dhéanamh an raibh aon róchúiteamh ann le haghaidh na bliana 2009 ([175]).

(476) Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú cibé acu a bhí nó nach raibh róchúiteamh ann thar an tréimhse iomlán idir an 1 Eanáir 2010 agus an 30 Iúil 2012, i gcomhréir le mír 47 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Maidir leis an tréimhse sin, tugann an Coimisiún an méid a leanas dá aire:

— Ar an gcéad dul síos, tuairiscítear sa tuarascáil maidir le cúiseanna dócmhainneachta Tirrenia agus Siremar, arna hullmhú ag an Riarachán Urghnách i mí na Bealtaine 2011, gurbh ionann an cúiteamh poiblí le Siremar faoin gcoinbhinsiún tosaigh, roimh 2010, agus EUR 70 milliún in aghaidh na bliana ar an meán. B'ionann an méid sin agus idir 70 % agus 75 % de láimhdeachas Siremar sa tréimhse sin. Dá bhrí sin, bhí Siremar i dtuilleamaí nach mór go hiomlán ar an gcúiteamh seirbhíse poiblí chun a chuid oibríochtaí a dhéanamh. Go deimhin, cé gur éirigh Siremar níos tuilleamaíche ar chúitimh phoiblí idir 1999 agus 2008, níor leordhóthanach cúiteamh bliantúil uasta de EUR 55,7 milliún chun go mbeadh sé in ann a chuid oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh san fhadtéarma. Go háirithe, tugtar dá aire sa tuarascáil cén chaoi a raibh Siremar i gcónaí in ann luach saothar cuí a thabhairt dá thosca táirgeachta uile (i.e., caipiteal agus saothar) de bharr mhodheolaíocht ríomha an chúitimh phoiblí faoin gCoinbhinsiún tosaigh, a cuireadh i bhfeidhm go dtí 2009 agus an bhliain sin san áireamh, cé gur ghnóthaigh sé drochráta toraidh ar chothromas ar an meán. Ní raibh feidhm ag an modheolaíocht sin a thuilleadh áfach ó 2010. I gcodarsnacht leis sin, bhí feidhm ag an modheolaíocht nua a leagadh amach i dTreoir CIPE agus i nDlí 2009, lenar áiríodh uasteorainn a socraíodh le haghaidh Siremar ag méid a bhí i bhfad níos lú ná an meánchúiteamh a fuarthas sna 10 mbliana roimhe sin;

— Ar an dara dul síos, taispeántar sna doiciméid a cuireadh isteach le haghaidh 2010 gur iarr Siremar tuairim agus EUR 66 milliún ach nár fhormheas an Iodáil ach cúiteamh EUR 55,7 milliún. Thairis sin, ciallaíonn an méid sin gur tháinig laghdú 17 % ar an gcúiteamh idir 2009 agus 2010, nuair a tháinig an mhodheolaíocht nua i bhfeidhm chun an cúiteamh, in éineacht le huasteorainn shocraithe, a ríomh. Má dhéantar an chomparáid idir 2008-2009 agus 2010-2011, is follasaí fós an difríocht: tháinig laghdú suntasach 22 % ar an gcúiteamh i gcaitheamh na tréimhse sin;

— Ar an tríú dul síos, ar bhonn na gcuntas de réir an bhealaigh a d'ullmhaigh Siremar le haghaidh 2010, tugann an Coimisiún dá aire gur thuairiscigh Siremar in 2010 toradh oibriúcháin deimhneach de thuairim agus EUR 5.9 milliún. Shoiléirigh an Iodáil gurbh ionann an méid sin agus an toradh ar an gcaipiteal infheistithe, arna ríomh trí ráta 7,6 % a chur i bhfeidhm ar EUR 77,5 milliún de chaipiteal infheistithe. Tugann an Coimisiún dá aire gur mó é an caipiteal infheistithe a tuairiscíodh do 2010 ná dhá oiread an mheánchaipitil infheistithe

([174]) Mar a bhunaítear in aithris (440). Déanfar tuilleadh scrúdaithe ar dhlíthiúlacht na cabhrach a deonaíodh le haghaidh na mbealaí eile i roinn 8.3.1.8.

([175]) Sholáthair údaráis na hIodáile roinnt faisnéise i ndáil leis an mbliain sin: ríomh mhéid an chúitimh le haghaidh 2009, i.e. EUR 67 milliún, a cinneadh ar bhonn na modheolaíochta a leagtar síos sa Choinbhinsiún tosaigh, agus na cuntais líne ar líne. D'iarr Siremar tuairim agus EUR 72,2 milliún le haghaidh na bliana sin ach dhiúltaigh an Iodáil do chuid de na costais bheartaithe toisc nach raibh siad incháilithe de réir na modheolaíochta is infheidhme. Bhí an méid EUR 67 milliún a dámhadh níos lú go mór ná an méid cúitimh a formheasadh le haghaidh 2008 (i.e. EUR 75,4 milliún). Shoiléirigh an Iodáil freisin gur ríomhadh an toradh ar an gcaipiteal infheistithe ag EUR 2.9 milliún, agus an Coinbhinsiún tosaigh á chur i bhfeidhm. Cuireadh an méid sin leis na costais iomlána chun an cúiteamh EUR 67 milliún a chinneadh.

bhliantúil a thuairiscigh CdI agus SNS ina dhiaidh sin (féach fonóta 136), agus gurb airde an ráta ná an phréimh riosca caipitil 6,5 % a leagtar síos le Treoir CIPE, ach gurb ísle é ná an ráta atá mar thoradh ar chur i bhfeidhm iomlán mhodheolaíocht CIPE (i.e., 8,87 %, féach aithris (218)). Dá gcuirfí an ráta 6,5 % i bhfeidhm, ní bheadh ann ach toradh EUR 5 mhilliún ar an gcaipiteal infheistithe. Tugann an Coimisiún dá aire mar sin gur íocadh róchúiteamh de thuairim EUR 0.9 milliún le Siremar le haghaidh 2010;

— Ar an gceathrú dul síos, tar éis do Siremar dul faoi Riarachán Urghnách i mí Mheán Fómhair 2010 (nós imeachta leachtaithe sa chás seo), níor ullmhaíodh na ráitis airgeadais le haghaidh 2010, 2011 ná 2012. Is amhlaidh cás na gcuntas líne ar líne le haghaidh 2011 agus 2012. I gcodarsnacht leis sin, agus de réir an dlí is infheidhme, d'ullmhaigh agus chuir an Riarachán Urghnách tuarascálacha ráithiúla faoi bhráid na n-údarás áitiúil maoirseachta, i.e. an Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch. Taispeántar sna tuarascálacha sin go raibh na torthaí oibriúcháin ina n-iomláine idir Meán Fómhair 2010 agus Meitheamh 2012 diúltach, agus caillteanas EUR 0.7 milliún ann. Faoi mhí Mheán Fómhair 2012, i.e. tar éis aistriú an bhrainse gnó chuig CdI, tháinig méadú ar na caillteanais oibriúcháin sin go dtí EUR 4.8 milliún. Dá bhrí sin, bhí Siremar ag tabhú caillteanas le linn dó a bheith ag leanúint d'oibriú na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí agus nós imeachta díolacháin bhrainse gnó de chuid Siremar ar siúl. Cé go bhfuil aiféala ar an gCoimisiún nár ullmhaíodh aon chuntas líne ar líne le haghaidh 2011 ná le haghaidh an chéad leath de 2012, dheimhnigh an Iodáil nach raibh Siremar ag oibriú aon seirbhís lasmuigh dá chuid oibleagáidí seirbhíse poiblí le linn an fhadaithe. Ós rud é go raibh torthaí airgeadais foriomlána na tréimhse idir Meán Fómhair 2010 agus Meán Fómhair 2012 diúltach, tugtar le tuiscint go láidir sna doiciméid sin nár íocadh róchúiteamh le Siremar sa tréimhse tar éis dó dul faoi Riarachán Urghnách, agus gur cailleadh an róchúiteamh teoranta a fuair sé in 2010 sna blianta ina diaidh sin.

(477) Ina fhianaise sin, agus imthosca fíorshonracha phríobháidiú bhrainse gnó Siremar á gcur san áireamh, agus ar bhonn na faisnéise a chuir údaráis na hIodáile faoina bhráid, tugann an Coimisiún dá aire go raibh an róchúiteamh teoranta a shainaithin sé le haghaidh 2010 ídithe ag caillteanais na tréimhse ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nár íocadh róchúiteamh le Siremar sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2010 agus an 30 Iúil 2012 ina hiomláine. Ó tharla nár léirigh an Coimisiún amhras i gCinneadh 2011 maidir le róchúiteamh féideartha do Siremar ach amháin le haghaidh na tréimhse sin, measann an Coimisiún go bhfuarthas réidh lena amhras ar an sainceist.

(478) Le Mír 49 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú nach dtabharfar róchúiteamh do ghnóthais a ndeonaítear cúiteamh dóibh as seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú (mar a shainítear i mír 47 den Chreat sin). Go deimhin, ní mór do Bhallstáit fianaise a sholáthar arna hiarraidh sin ag an gCoimisiún. Thairis sin, ní mór dóibh seiceálacha tráthrialta a dhéanamh, nó a áirithiú go ndéantar seiceálacha den sórt sin, ag deireadh na tréimhse iontaoibhe, agus in aon chás, ag eatraimh nach faide ná 3 bliana. Maidir leis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur sholáthair údaráis na hIodáile an fhianaise riachtanach mar a thugtar tuairisc uirthi thuas (féach aithrisí (469) agus (470)). Go deimhin, in 2009 agus 2010, chuir Siremar a chuid cuntas de réir bealach faoi bhráid na haireachta maoirseachta, agus bhí an aireacht sin in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an méid cúitimh dá bharr. Ón 17 Meán Fómhair 2010 ar aghaidh bhí beart coimirce eile ann in aghaidh an róchúitimh ó tharla go raibh an Coimisinéir Urghnách ann, arna cheapadh ag Stát na hIodáile, faoi réir rialacha mionsonraithe de réir an dlí náisiúnta agus faoi dhliteanas sibhialta agus coiriúil. Ina theannta sin, meabhraíonn an Coimisiún go n-íoctar an cúiteamh amach ina thráthchodanna; go ndéantar an íocaíocht amach deiridh ar bhonn chostais agus ioncaim iarbhír na bliana; agus, tar éis 25 Samhain 2010, trí chinneadh ón gComhdháil Idir-Rannach, go n-asbhaintear aon mhéid róchúitimh as réamhíocaíochtaí fóirdheontais amach anseo (féach aithris (43)). Ina fhianaise sin, cé gur íocadh róchúiteamh le Siremar in 2010, tugann an Coimisiún dá aire gur ídíodh an róchúiteamh mar sin féin sna blianta ina diaidh sin, de réir mar a bhí Siremar in EA ag tabhú caillteanas (féach aithris (476)). Dá bhrí sin, níor deonaíodh aon róchúiteamh don tréimhse idir an 1 Eanáir 2010 agus an 30 Iúil 2012 ina hiomláine. Ina fhianaise sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid, agus imthosca fíorshonracha an phríobháidithe á gcur san áireamh arbh é an Riarachán Urghnách a thug i gcrích é le linn dó leanúnachas seirbhísí poiblí a áirithiú, go bhféadfaí na bearta a dtugtar tuairisc orthu thuas a mheas a bheith ina mbearta leordhóthanacha chun róchúiteamh a sheachaint agus a bhrath.

(479) Ar bhonn na n-eilimintí a dtugtar tuairisc orthu thuas (féach aithrisí (472) go (478)), tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar na ceanglais is infheidhme de roinn 2.8 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (An méid cúitimh).

8.3.1.7. An tosaíocht feistithe

(480) Sonraítear go soiléir in Airteagal 19-*ter* mír 21 de Dhlí Foraithne 135/2009 go bhfuil gá leis an tosaíocht feistithe chun an leanúnachas críche leis na hoileáin a ráthú agus i bhfianaise oibleagáidí seirbhíse poiblí chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Siremar. Go deimhin, mura mbeadh aon tosaíocht feistithe ann le haghaidh cuideachtaí a gcuirtear oibleagáidí seirbhíse poiblí ar a n-iontaoibh, d'fhéadfaí (in amanna) go mbeadh orthu fanacht lena seal sula bhféadfaidís dul chun cé agus go gcuirfí moill orthu dá réir, rud a chuirfeadh ar neamhní an cuspóir atá leis na hoibleagáidí, is é sin nascacht iontaofa áisiúil a áirithiú le haghaidh na saoránach. I gcás Siremar, is cinnte go bhfuil gá le tráthchlár tráthrialta chun riachtanais soghluaisteachta phobal na n-oileán beag a chomhlíonadh agus chun rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch na n-oileán sin. Thairis sin, ós rud é go raibh Siremar faoi réir oibleagáidí sceidealaithe sonracha faoin gCoinbhinsiún tosaigh, chuidigh an tosaíocht feistithe leis

na calafoirt a áirithiú gur leithdháileadh na bearta feistithe agus na hamanna feistithe ar bhealach a chuir ar a chumas do Siremar urraim a thabhairt dá chuid oibleagáidí seirbhíse poiblí.

(481) Ina fhianaise sin, measann an Coimisiún go ndeonaítear an beart sin chun é a chur ar a chumas do Siremar a chuid oibleagáidí seirbhíse poiblí a fheidhmiú, ar seirbhís í lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i ndáiríre (féach aithris (456)). Thairis sin, dheimhnigh údaráis na hIodáile nach infheidhme an tosaíocht feistithe ach amháin maidir le seirbhísí a sholáthraítear faoin gcóras seirbhíse poiblí, agus nach raibh Siremar ag oibriú aon seirbhís lasmuigh dá chuid oibleagáidí seirbhíse poiblí le linn fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh. Rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe cheana ar chomhoiriúnacht na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta leis an gcúiteamh gaolmhar do Siremar le linn fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh (féach aithrisí (444) go (479)). Measann an Coimisiún dá réir gur féidir a mheasúnú comhoiriúnachta ar an tosaíocht feistithe a theorannú do chinneadh cibé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh róchúiteamh a bheith de thoradh an bhirt sin.

(482) Maíonn an Iodáil nach féidir aon bhuntáiste airgid a d'fhéadfadh a bheith ag an tosaíocht feistithe a chainníochtú (féach aithris (227)). In aon chás, tugann an Coimisiún dá aire, a mhéid a laghdódh an beart seo na costais oibriúcháin nó a mhéadódh sé ioncaim an oibreora seirbhíse poiblí, go léireofaí na héifeachtaí sin ina n-iomláine i gcuntais inmheánacha an oibreora. Dá bhrí sin, tá na seiceálacha róchúitimh a cuireadh i bhfeidhm ar Siremar mar a thugtar tuairisc orthu thuas (féach roinn 8.3.1.6) oiriúnach freisin chun aon róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh na tosaíochta feistithe a bhrath.

(483) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin go bhfuil an tosaíocht feistithe, atá nasctha go dlúth leis an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a dhéanann Siremar, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach freisin ar bhonn Airteagal 106(2) CFAE agus Creat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

8.3.1.8. Comhlíontacht le Cinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta

(484) Mar a míníodh in aithris (440), ní raibh an meántrácht bliantúil le linn an dá bhliain airgeadais roimhe sin inar sannadh an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta níos mó ná 300 000 paisinéir ar na cuacha bealaí seo a leanas:

— Trapani – Pantelleria (bealach measctha D4)

— Porto Empedocle – Oileáin Pelagie (bealach measctha D5),

— Palermo – Ustica, i.e., (bealach measctha D1 agus bealach ALD/1 do phaisinéirí amháin).

(485) Dá bhrí sin, le haghaidh bealaí D1, D4, D5, ALD/1, comhlíontar ceanglas Airteagal 2(1)(c) de Chinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Ina theannta sin, measann an Coimisiún go gcomhlíontar freisin Airteagal 2(2) de Chinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta lena gceanglaítear comhlíontacht leis an Rialachán Cabatáiste Muirí ([176]). Ar an mbonn sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur féidir na ceithre bhealach sin a mheasúnú ar bhonn Chinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(486) Ar an mbonn sin, shuigh an Coimisiún thuas cheana (féach roinn 8.3.1.3), maidir leis an tréimhse fadaithe den Choinbhinsiún tosaigh, gur leagadh síos sainmhíniú soiléir ar na hoibleagáidí seirbhíse poiblí, an fad, an gnóthas agus tasc agus na críocha lena mbaineann, na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú agus na socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a íoc ar ais, sna gníomhartha iontaoibhe. Dá bhrí sin, maidir le bealaí D1, D4, D5, ALD/1, Airteagal 4 (Iontaoibh) comhlíontar Cinneadh maidir le Seirbhís lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta 2005.

(487) Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid (féach roinn 8.3.1.6) nach ndearnadh Siremar a róchúiteamh sa tréimhse fadaithe den Choinbhinsiún tosaigh, ina hiomláine, agus (ii) go ndearna údaráis na hIodáile seiceálacha tráthrialta chun róchúiteamh do Siremar a sheachaint. Ar an mbonn sin, faigheann an Coimisiún go gcomhlíontar Airteagal 5 (Cúiteamh) agus Airteagal 6 (Rialú róchúitimh) de Chinneadh maidir le Seirbhís lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta 2005 maidir le bealaí D1, D4, D5, ALD/1.

(488) I bhfianaise an naisc dhofhuascailte le feidhmiú na seirbhíse poiblí agus i bhfianaise an mheasúnúcháin thuas (féach roinn 8.3.1.7), comhlíonann an tosaíocht feistithe a dámhadh chun na bealaí D1, D4, D5 agus ALD/1 a oibriú an Cinneadh maidir le Seirbhís lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta 2005.

8.3.1.9. Conclúid

(489) Bunaithe ar an measúnú in aithrisí (436) go (483), measann an Coimisiún go gcomhlíonann an cúiteamh a deonaíodh do Siremar chun na seirbhísí muirí a sholáthar faoi réir fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2009 agus an 1 Lúnasa 2012 agus an tosaíocht feistithe atá fite fuaite go dlúth leis, na coinníollacha is infheidhme de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus go bhfuil siad comhoiriúnach dá bhrí sin leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 106 CFAE.

([176]) Meabhraíonn an Coimisiún sa chomhthéacs sin go bhfuarthas gur fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta iad na ceithre bhealach sin (féach roinn 8.3.1.2) agus go gcomhlíonann siad na ceanglais le haghaidh oibleagáidí seirbhíse poiblí mar a suíodh leis an Rialachán Cabatáiste Muirí. Thairis sin, glacann an Coimisiún fadú an Choinbhinsiúin tosaigh i bhfianaise phróiseas príobháidithe na cuideachta sin agus dá bhrí sin níor bhain a thuairim réasúnaithe an 21 Meitheamh 2012 le Siremar (féach aithris (143)).

(490) Thairis sin, bunaithe ar an measúnú in aithrisí (484) go (488), tá an cúiteamh a deonaíodh do Siremar agus an tosaíocht feistithe chun na bealaí D1, ALD/1, D4 agus D5 a oibriú le linn na tréimhse fadaithe comhoiriúnach freisin leis an margadh inmheánach agus tá díolúine aige ón oibleagáid maidir le fógra a thabhairt roimh ré de bhun Chinneadh 2005 maidir le Seirbhís lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta.

8.3.2. *Fadú neamhdhleathach an chúnaimh tarrthála do Siremar*

(491) Ar bhonn Chinneadh 2010, bhí an cúnamh tarrthála a tugadh do Siremar, a mhéid atá sé teoranta don tréimhse 6 mhí a chuaigh in éag an 28 Lúnasa 2011, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Mar sin féin, i gcomhréir le Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004, cuireadh de cheangal ar an Iodáil ceachtar díobh seo a leanas a chur in iúl don Choimisiún, laistigh de 6 mhí, (i) cruthúnas gur aisíocadh an iasacht ina hiomláine agus/nó gur foirceannadh an ráthaíocht nó (ii) plean athstruchtúraithe (nó leachtaithe).

(492) Gaireadh an ráthaíocht an 11 Iúil 2011 agus níor aisíoc Siremar an méid iomlán a bhí dlite don Stát go dtí an 18 Meán Fómhair 2012 (féach aithris (65)). Dá bhrí sin, ní raibh an Iodáil in ann cruthúnas a sholáthar gur aisíocadh an iasacht ina hiomláine agus/nó gur foirceannadh an ráthaíocht laistigh den tréimhse 6 mhí a chuaigh in éag an 28 Lúnasa 2011.

(493) De réir na faisnéise arna soláthar ag an Iodáil (féach roinn 4.2) le linn an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil, bheadh an plean leachtaithe le haghaidh Siremar le fáil ar shuíomh gréasáin Siremar in EA roimh dhul in éag na teorann ama 6 mhí a leagtar síos le Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004. Ina theannta sin, áitíonn an Iodáil gur choimeád sí an Coimisiún cothrom le dáta i gcónaí maidir le dul chun cinn phróiseas príobháidithe bhrainse gnó Siremar.

(494) Deimhnítear leis an bhfaisnéis i gcáschomhad an Choimisiúin gur choimeád údaráis na hIodáile an Coimisiún cothrom le dáta go deimhin maidir le príobháidiú leanúnach bhrainse gnó Siremar ag an am. Thairis sin, dheimhnigh an Iodáil rún Siremar freisin maidir leis an gcúnamh tarrthála a aisíoc roimh dhul in éag an sprioc-ama 6 mhí ag úsáid fáltas ón bpríobháidiú sin. Níor chuir údaráis na hIodáile plean athstruchtúraithe ná leachtaithe faoi bhráid an Choimisiúin go foirmiúil áfach. Níorbh eol don Choimisiún an tráth sin, go raibh plean leachtaithe foilsithe ar shuíomh gréasáin Siremar in EA. Thairis sin, díreach mar gheall go raibh an Coimisiún ar an eolas faoi phróiseas príobháidithe bhrainse gnó de chuid Siremar, ní hé sin le rá nár cheart do na húdaráis plean leachtaithe a chur faoina bhráid go foirmiúil. Níos sonraí fós, ní mór deis a thabhairt don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an plean leachtaithe Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004 agus dá bhrí sin gurbh cheart don Iodáil é a chur isteach go foirmiúil.

(495) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire gur sheol sé litir an 5 Deireadh Fómhair 2011 inar iarr sé ar an Iodáil a dheimhniú gur chomhlíon sí ceanglais Threoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004 agus ceanglais Chinneadh 2010. Sheol an Coimisiún litir chuig an Iodáil an 28 Samhain 2011 á mheabhrú sin di agus fuair sé freagra ó údaráis na hIodáile an 12 Nollaig 2011. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann leis an gCoimisiún, níor chuir an Iodáil, go dtí an dáta is deireanaí (agus dá bhrí sin tar éis dháta dhul in éag na tréimhse 6 mhí), ceachtar de díobh seo, (i) cruthúnas gur aisíocadh an iasacht ina hiomláine agus/nó gur foirceannadh an ráthaíocht nó (ii) plean athstruchtúraithe (nó leachtaithe), faoina bhráid.

(496) Ina freagra ar an litir ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2011, dheimhnigh an Iodáil go raibh sé de rún ag Siremar an cúnamh tarrthála a aisíoc roimh an 28 Lúnasa 2011, i ndiaidh brainse gnó Tirrenia a dhíol, ach gur cuireadh moill ar phróiseas príobháidithe Tirrenia mar gheall ar an ngá a bhí le cead cumaisc a fháil ón gCoimisiún. Ós rud é go raibh gá leis na fáltais ó phríobháidiú bhrainse gnó Tirrenia chun an Stát a aisíoc, níorbh fhéidir an aisíocaíocht a dhéanamh roimh dháta dhul in éag an sprioc-ama an 28 Lúnasa 2011. Tugann an Coimisiún dá aire nach ndearna údaráis na hIodáile tagairt ar bith do phlean leachtaithe Siremar ina litir an 12 Nollaig 2011, plean a bheadh ar fáil go poiblí cheana féin roimh an 28 Lúnasa 2011, de réir a n-aighneachtaí ní ba dhéanaí. In ionad sin, ní dhearna an Iodáil ach iarracht a mhíniú cén fáth nach rabhthas in ann an aisíocaíocht a dhéanamh roimh dháta dhul in éag na tréimhse 6 mhí. Dá gcuirfeadh údaráis na hIodáile plean athstruchtúraithe nó leachtaithe faoi bhráid an Choimisiúin roimh an 28 Lúnasa 2011 áfach, ní bheadh orthu mínithe den sórt sin a sholáthar in aon chor. Glacann an Coimisiún leis sin mar fhianaise bhreise nár chuir an Iodáil plean athstruchtúraithe ná leachtaithe isteach laistigh den tréimhse 6 mhí a éilíodh.

(497) I bhfianaise an mhéid thuas, fiú dá mbeadh an Coimisiún ar an eolas faoin bpróiseas príobháidithe, níor chomhlíon an Iodáil a gealltanas i gCinneadh 2010 le plean athstruchtúraithe (nó leachtaithe) a chur in iúl don Choimisiún laistigh de 6 mhí tar éis údarú an chúnaimh tarrthála. Mar thoradh air sin, ó dháta dhul in éag na tréimhse 6 mhí an 28 Lúnasa 2011, ní mór breathnú ar an gcúnamh tarrthála mar chúnamh neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach. Measann an Coimisiún nach féidir leis an gcúnamh tarrthála a síneadh go neamhdhleathach a bheith comhoiriúnach ar fhorais eile toisc nach gcomhlíonann sé na coinníollacha

ábhartha de na Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe ná iad siúd atá le fáil i gCreat 2011 maidir le Seirbhís lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta ([177]).

(498) Go deimhin, sa chás atá i gceist, tugann an Coimisiún dá aire nár deonaíodh an cúnamh tarrthála a fadaíodh go neamhdhleathach d'fhíorsheirbhís ar seirbhís atá sainithe i gceart í mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, mar a cheanglaítear le mír 12 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Fuair Siremar cúiteamh cheana féin chun na seirbhísí poiblí a oibriú bunaithe ar an gCoinbhinsiún tosaigh (arna fhadú) cé gur tugadh fógra maidir leis an gcúnamh tarrthála agus gur formheasadh é mar bheart sealadach cúnaimh tarrthála agus ní mar chúiteamh do sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Dá bhrí sin, ní féidir é a dhearbhú mar chúnamh atá comhoiriúnach ar bhonn Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(499) In aghaidh an chúlra thuas, tugann an Coimisiún dá aire gur aisíocadh méid EUR 15 511 529,35 cheana féin le Siremar in EA an 18 Meán Fómhair 2012. Ba mhó an íocaíocht sin ná an EUR 15 121 838,33 ([178]) a bhí dlite don Stát cheana féin an 11 Iúil 2011. Ós rud é go bhfuarthas go bhfuil an cúnamh tarrthála a fadaíodh go neamhdhleathach neamh-chomhoiriúnach áfach, ní mór go mbeadh an méid úis gnóthaithe ar a laghad ar áireamh san aisíocaíocht. Dá mbeadh an t-ús a d'íoc Siremar in EA cheana neamhleor, bheadh gá an méid úis nár íocadh go fóill a aisghabháil fós.

8.3.3. *Díolúintí fioscacha a bhaineann leis an bpróiseas príobháidithe*

(500) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid thuas (féach aithrisí (419) go (430)) maidir leis na díolúintí ó cháin ioncaim chorparáide ar na fáltais ó dhíol bhrainse gnó Siremar, le haghaidh Siremar, agus ó na cánacha indíreacha ar aistriú an bhrainse gnó chéanna, le haghaidh Siremar agus SNS, a deonaíodh le Dlí 2010, gur Státchabhair do Siremar agus SNS a bhí sna díolúintí sin.

(501) Sa dá chás, tá an chabhair cothrom leis an difríocht idir an cháin a bheadh dlite de ghnáth le haghaidh na gcineálacha idirbhirt sin agus an cháin a íocadh sa deireadh. Ní mór measúnú a dhéanamh dá bhrí sin ar chomhoiriúnacht na Státchabhrach sin i bhfianaise na ndíolúintí a leagtar síos i míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 107 CFAE agus Airteagal 106(2) CFAE.

(502) Ar an gcéad dul síos, measann an Coimisiún nach féidir a rá go bhfuil aon cheann de na díolúintí sin comhoiriúnach ar bhonn aon cheann de na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 107(2) agus (3) CFAE.

(503) Ar an dara dul síos, tugann an Coimisiún dá aire gur bearta aon uaire a bhain le haistriú sócmhainní a bhí mar chuid d'atheagrú agus de phríobháidiú níos leithne an ghrúpa Tirrenia a bhí sna díolúintí cánach ar dhíol bhrainse gnó de chuid Siremar. Mar sin, measann an Coimisiún nach bhfuil an chabhair sin nasctha go dlúth leis an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a d'fheidhmigh Siremar agus SNS ina dhiaidh sin agus dá bhí sin nár cheart measúnú a dhéanamh air ar an mbonn comhoiriúnachta céanna. Go deimhin, ní bhaineann na díolúintí sin le hoibriú seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, mar a shainítear sa Choinbhinsiún tosaigh ná sa Choinbhinsiún nua ([179]). Dá bhrí sin, ní féidir na forais comhoiriúnachta a leagtar síos in Airteagal 106(2) CFAE a agairt.

(504) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur cabhair oibriúcháin iad na díolúintí cánach Siremar agus SNS lena laghdaítear na costais a bheadh ar Siremar in EA agus SNS a íoc óna n-acmhainní féin murach na díolúintí sin agus go bhfuil sí neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach ([180]).

8.3.4. *Conclúid maidir le comhoiriúnacht na cabhrach*

(505) Ar bhonn an mheasúnúcháin thuas, fuair an Coimisiún:

— go bhfuil an cúiteamh a deonaíodh do Siremar agus an tosaíocht feistithe chun na bealaí muirí a fheidhmiú sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2009 agus an 1 Lúnasa 2012 comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 106 CFAE agus Creat 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, agus maidir le ceithre bhealach atá grúpáilte ina dtrí bheart, tá siad comhoiriúnach freisin faoi Chinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta;

— fadaíodh an cúnamh tarrthála do Siremar go neamhdhleathach sa tréimhse idir an 28 Lúnasa 2011 go dtí an 18 Meán Fómhair 2012 (nuair a aisíocadh é) agus tá sé neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach;

— Maidir leis an díolúine a fuair Siremar ó chánacha indíreacha ar oibríochtaí agus gníomhartha a bhain le haistriú bhrainse gnó de chuid Siremar chuig SNS, agus ó cháin ioncaim chorparáide ar fháltais ón aistriú sin, is ionann an díolúine sin agus cabhair oibriúcháin neamh-chomhoiriúnach do Siremar;

([177]) Fiú dá ndeonófaí an chabhair sin roimh theacht i bhfeidhm Threoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2014, de réir mhír 139 de na Treoirlínte sin, i gcás ina bhfuil scrúdú á dhéanamh ar chúnamh a tugadh do sholáthraithe seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta atá i gcruachás, amhail Siremar, ní mór don Choimisiún forálacha Threoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2014 a chur i bhfeidhm, gan beann ar an dáta ar deonaíodh an chabhair. Nuair a dhéanann an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht faoi Threoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2014 an chúnaimh a deonaíodh do sholáthraithe seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta atá i gcruachás roimh an 31 Eanáir 2012, measfar cabhair den sórt sin a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach má chomhlíonann sé forálacha Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, cé is moite de mhíreanna 9, 14, 19, 20, 24, 39 agus 60.

([178]) Áiríodh ús EUR 11 367,51 a bhí dlite don Stát le haghaidh na tréimhse idir an 30 Meitheamh 2011 agus an 11 Iúil 2011 leis an méid sin.

([179]) *Ad abundantiam*, a mhéid a bhaineann leis an gcabhair a deonaíodh do Siremar trí na díolúintí cánach sin, tugann an Coimisiún dá aire, tráth ghlacadh an Chinnidh seo, nach bhfeidhmíonn Siremar in EA seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ná aon ghníomhaíocht eacnamaíoch eile a thuilleadh.

([180]) Cás C-301/87, *An Fhrainc v an Coimisiún*, ECLI:AE:C:1990:67, mír 41.

— maidir leis an táille sheasta a d'íoc SNS ar chlárú an chonartha le haghaidh cheannach bhrainse gnó de chuid Siremar de bhun Dlí 2010, in ionad na táille a bhíonn dlite de ghnáth faoin dlí náisiúnta, is cabhair oibriúcháin neamh-chomhoiriúnach í do SNS.

8.4. **Freagra ar aighneachtaí CdI**

(506) Mar a thugtar tuairisc air thuas (féach roinn 6), rinne CdI trí aighneacht chuig an gCoimisiún. Rinneadh na haighneachtaí sin tar éis dháta dhul in éag na sprioc-amanna le haghaidh tríú páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt ar Chinntí 2011 agus 2012.

(507) Tugann an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire maidir leis na hargóintí a rinne CdI ina aighneachtaí:

— Maidir leis na sonraí a sholáthair CdI ar na bealaí a bhí á n-oibriú aige sa tréimhse idir an 1 Lúnasa 2012 agus an 31 Nollaig 2012, dheimhnigh an Coimisiún gur chuir sé an fhaisnéis sin san áireamh ina mheasúnú;

— Maidir le díol bhrainse gnó Siremar, lena n-áirítear cibé ar díoladh nó nár díoladh é ar phraghas an mhargaidh, tugann an Coimisiún dá aire, gur chealaigh údaráis na hIodáile agus CdI cheana, tráth ghlacadh an Chinnidh seo, an conradh díolacháin bunaidh agus an Coinbhinsiún nua, agus go ndearnadh an Coinbhinsiún sin, arna chuachadh le brainse gnó Siremar, a dhámhachtain do SNS sa deireadh. Mar a shuitear in aithris (295), bheadh sé dodhéanta de réir loighce an t-imscrúdú maidir le dámhachtain tosaigh an Choinbhinsiúin nua, arna chuachadh le brainse gnó Siremar, do CdI, a thabhairt i gcrích le linn na tréimhse 1 Lúnasa 2012 – 10 Aibreán 2016. Dá bhrí sin, ní thabharfaidh an Coimisiún barúil maidir leis an méid a rinne CdI i ndáil le príobháidiú bhrainse gnó Siremar;

— Maidir leis an maíomh ina dtugtar le tuiscint i roinnt litreacha ó CdI gur fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta iad na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchuirtear air leis an gCoinbhinsiún nua le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2012 go dtí an 10 Aibreán 2016., tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (351) go bhfreagraíonn na hoibleagáidí seirbhíse poiblí sin, arna gcur ar iontaoibh SNS, d'fhíoréileamh ó úsáideoirí, agus go dtugann siad aghaidh ar fhíortheip mhargaidh agus go bhfuil siad inmheasta mar an cur chuige is lú díobháil. Tugann an Coimisiún dá aire áfach, toisc gur cealaíodh an Coinbhinsiún nua idir an Iodáil agus CdI agus gur deonaíodh na hoibleagáidí seirbhíse poiblí do SNS ar deireadh, ar na cúiseanna céanna a chuirtear in iúl thuas, nach féidir measúnú ar leithligh a dhéanamh le fáil amach cibé an fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta iad na hoibleagáidí seirbhíse poiblí arna bhforchur ar CdI leis an gCoinbhinsiún nua. Dá bhrí sin, ní thabharfaidh an Coimisiún barúil maidir leis an méid a rinne CdI i ndáil leis an tsaincheist sin;

— Maidir leis an bhfrithráthaíocht agus an méadú ar an gcaipiteal, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithrisí (408) agus (413) go bhfuil an t-imscrúdú maidir leis na bearta sin gan agóid a thuilleadh. Dá bhrí sin, ní thabharfaidh an Coimisiún barúil maidir leis an méid a rinne CdI i ndáil leis na bearta sin;

— Maidir le neamhleanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus CdI, tugann an Coimisiún dá aire toisc gur dámhadh brainse gnó de chuid Siremar agus an coinbhinsiún nua do SNS sa deireadh, ar na cúiseanna céanna a chuirtear in iúl thuas, nach gá measúnú ar leithligh a dhéanamh le fáil amach an bhféadfadh aon leanúnachas eacnamaíoch a bheith ann idir Siremar in EA agus CdI. Os a choinne sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú i roinn 11 le fáil amach arb ann d'aon leanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus SNS ([181]). Thairis sin, agus mar argóint bhreise, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil CdI faoi leachtú agus neamhghníomhach faoi láthair. Mar sin, bheadh an t-imscrúdú, sa chás Státchabhrach reatha, maidir le haon chabhair a deonaíodh dó gan agóid. In aghaidh an chúlra sin, measann an Coimisiún freisin go mbeadh an measúnú ar aon leanúnachas eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann idir Siremar in EA agus CdI gan agóid. Dá bhrí sin, ní thabharfaidh an Coimisiún barúil maidir leis an méid a rinne CdI i ndáil leis an neamhleanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus CdI.

9. **CONCLÚID**

(508) Faigheann an Coimisiún gur chuir an Iodáil roinnt de na bearta cabhrach atá faoi mheasúnú chun feidhme go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE. Bunaithe ar an measúnú thuasluaite, chinn an Coimisiún go bhfuil an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Siremar faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 106 CFAE. Thairis sin, ós rud é go bhfuil an tosaíocht feistithe nasctha go dlúth le feidhmiú na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ag Siremar, tá an beart sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach freisin faoi Airteagal 106 CFAE. Maidir le ceithre cinn de na 20 bealach seirbhíse poiblí lena mbaineann, bhí díolúine ag an Iodáil ón oibleagáid maidir le réamhfhógra a thabhairt dá bhforáiltear in Airteagal 108(3) CFAE mar gheall gur chomhlíon an cúiteamh seirbhíse poiblí agus an tosaíocht feistithe a deonaíodh do Siremar chun na ceithre bhealach sin a oibriú Cinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

([181]) Mar a tharlaíonn, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon cheist maidir le leanúnachas eacnamaíoch féideartha idir CdI agus SNS, ar dhá pháirtí éagsúla iad i nós imeachta tairisceana, mar gheall gur tugadh an brainse gnó ar ais do Siremar in EA agus gur dámhadh ar SNS ansin é, in éineacht leis an gCoinbhinsiún nua.

(509) Tá an cúnamh tarrthála do Siremar, áfach, a fadaíodh go neamhdhleathach sa tréimhse idir an 28 Lúnasa 2011 go dtí an 18 Meán Fómhair 2012, neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Ar deireadh, maidir leis an díolúine ó chánacha indíreacha ar oibríochtaí agus gníomhartha a bhain le haistriú bhrainse gnó Siremar, le haghaidh Siremar agus SNS, agus ó cháin ioncaim chorparáide, ar fháltais ó dhíol bhrainse gnó Siremar, le haghaidh Siremar, is cabhair oibriúcháin é do Siremar agus SNS atá neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

(510) Ní bhaineann an Cinneadh seo le haon saincheist eile a chumhdaítear le Cinntí 2011 agus 2012, ná ní dhéanann sé réamhbhreithiúnas orthu, ná aon saincheist eile a chuir páirtithe leasmhara faoi bhráid an Choimisiúin le linn an imscrúdaithe arna thionscnamh faoi na Cinntí sin.

10. **GNÓTHÚ**

(511) De réir CFAE agus chásdlí bunaithe Chúirteanna an Aontais, tá an Coimisiún inniúil chun cinneadh a dhéanamh cibé a athróidh, nó nach n-athróidh, nó a chealóidh, nó nach gcealóidh an Ballstát lena mbaineann cabhair nuair a fhaigheann sé go bhfuil an chabhair sin neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach ([182]). Bhí Cúirteanna an Aontais den tuairim go comhsheasmhach freisin maidir leis an oibleagáid atá ar Bhallstát deireadh a chur le cabhair arna meas ag an gCoimisiún mar chabhair atá neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ceapadh an oibleagáid sin chun an cás a bhí ann roimhe a athshuí ([183]).

(512) Sa chomhthéacs sin, shuigh Cúirteanna an Aontais go mbaintear an cuspóir sin amach a luaithe a aisíocann an faighteoir na méideanna a deonaíodh trí bhíthin cabhrach neamhdhleathaí, ag forghéilleadh an bhuntáiste dá bhrí sin, a bhí aige ar a iomaitheoirí ar an margadh inmheánach, agus athshuitear an cás a bhí ann sular íocadh an chabhair ([184]).

(513) I gcomhréir leis an gcásdlí, luaitear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2015/1589 ([185]) ón gComhairle "i gcás ina ndéanfar cinntí diúltacha i gcásanna a bhaineann le cabhair neamhdhleathach, cinnfidh an Coimisiún go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann gach ceann de na bearta is gá chun an chabhair a aisghabháil ón tairbhí."

(514) Dá bhrí sin, ós rud é gur cuireadh na bearta i gceist chun feidhme de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE, agus go measfar iad a bheith neamhdhleathach agus ina gcabhair neamh-chomhoiriúnach, déanfar iad a aisghabháil d'fhonn an cás a bhí ann ar an margadh inmheánach sular deonaíodh iad a athbhunú. Maidir le gnóthú, cumhdófar an tréimhse ón dáta ar cuireadh an chabhair ar fáil don tairbhí go dtí an gnóthú iarbhír. Saothróidh an méid a bheidh le haisghabháil ús go dtí an gnóthú iarbhír.

(515) Maidir leis an gcás atá idir lámha, tá imeachtaí dócmhainneachta á reáchtáil ag Siremar in EA cheana féin. Dá bhrí sin, is féidir gnóthú iarbhír a bhaint amach tríd an éileamh a bhaineann leis an gcabhair atá le gnóthú a chlárú sa sceideal dliteanas ([186]). Sa chás sin, tar éis chlárú an éilimh ní mór (ii) an méid gnóthaithe iomláin a ghnóthú, nó murar féidir é sin a dhéanamh, (ii) an gnóthas a fhoirceannadh agus a ghníomhaíochtaí a scor go cinntitheach.

(516) Ní mór an Státchabhair neamh-chomhoiriúnach a liostaítear in aithris (505) a deonaíodh do Siremar in EA agus SNS a aisíoc leis an Iodáil a mhéid a íocadh í. Go háirithe, suitear an chabhair atá le gnóthú mar a leanas:

(a) Príomhshuim an chúnaimh tarrthála, i.e, EUR 15 121 838,33, móide ús gnóthaithe, a fhabhraíonn ó dhátaí íocaíochta an dá tráinse iasachta agus ón dáta ar ghair BIIS an ráthaíocht Stáit (i.e. an 28 Feabhra 2011 don chéad tráinse de EUR 12 000 000, an 23 Márta 2011 don dara tráinse de EUR 3 000 000 agus an 11 Iúil 2011 le haghaidh méid EUR 121 838,33), go dtí go mbainfear gnóthú iomlán amach. Tugann an Coimisiún dá aire gur aisíoc Siremar in EA an phríomhshuim den chabhair agus cuid den ús gnóthaithe cheana;

(b) A mhéid atá na cánacha indíreacha ar oibríochtaí agus gníomhartha a bhain le haistriú bhrainse gnó Siremar, iníoctha ag an díoltóir (i.e. Siremar in EA), tá an phríomhshuim cabhrach cothrom leis na cánacha a bheadh dlite de ghnáth le haghaidh na gcineálacha idirbhirt sin. Ríomhfaidh an Iodáil freisin an difear idir an táille sheasta, a d'íoc SNS ar chlárú an chonartha le haghaidh cheannach bhrainse gnó Siremar, de bhun Dhlí 2010,

([182]) Breithiúnas an 12 Iúil 1973, an Coimisiún v an Ghearmáin, C-70/72, AE:C:1973:87, mír 13.
([183]) Breithiúnas an 21 Márta 1990, an Coimisiún v an Chomhairle, C-142/87, AE:C:1990:125, mír 66.
([184]) Breithiúnas an 17 Meitheamh 1999, an Bheilg v an Coimisiún, C-75/97, AE:C:1990:311, míreanna 64 agus 65.
([185]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm, IO L 248 an 24.9.2015, lch. 9–29.
([186]) Rialaítear leis an dlí náisiúnta aicmiú an éilimh maidir le Státchabhair sa sceideal dliteanas, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-aicmiú prionsabal na héifeachtachta agus prionsabal na coibhéise. Féach pointe 64 maidir leis an bhFógra ón gCoimisiún maidir le gnóthú Státchabhrach atá neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach, IO C 247 an 23 7 2019., lch. 1 In aon chás, ní féidir an t-éileamh maidir le Státchabhair a aicmiú níos ísle ná gnáthéilimh neamhurraithe. Cuireann clárú deiridh an éilimh maidir le Státchabhair deireadh le fabhrú an úis gnóthaithe breise.

agus an táille a bheadh dlite de ghnáth faoin dlí náisiúnta. […] Soláthróidh an Iodáil liosta freisin de na doiciméid uile dá raibh cánacha díolmhaithe iarbhír ina leith agus ríomhfaidh sí an difear idir na cánacha a bheadh dlite de ghnáth ó Siremar agus SNS agus na cánacha a íocadh iarbhír. Maidir leis na méideanna sin, cuirfear ús gnóthaithe leo, agus é ag fabhrú ó dháta (ó dhátaí) na ndoiciméad oifigiúil, dá raibh cánacha díolmhaithe ina leith, go dtí an gnóthú iomlán.

(517) Anuas air sin, ní thabharfaidh an Iodáil díolúintí do na fáltais ó dhíol bhrainse gnó de chuid Siremar ón gcáin ioncaim chorparáide atá le híoc ag Siremar in EA.

11. **LEANÚNACHAS EACNAMAÍOCH**

(518) I gcás ina ndearnadh tairbhí na Státchabhrach neamhdhleathaí agus neamh-chomhoiriúnach a dhíol nó a aistriú, féadfar an oibleagáid maidir le haisíoc a leathnú chuig gnóthais eile ar aistríodh scaireanna nó gnó an tairbhí chucu ([187]). I gcás margadh scaireanna, ina bhfuil an tairbhí fós ar an margadh agus gníomhach air agus nach ndearna sé ach a chuid úinéirí a athrú, leantar den oibleagáid maidir leis an gcabhair a aisíoc leis an tairbhí. I gcás margadh sócmhainní, ina leanann gnóthas eile ar aghaidh leis an ngnó le roinnt de na sócmhainní a bhí ag an tairbhí tosaigh, nó leo ar fad, ba cheart an gnóthas eile sin a mheas mar thairbhí na Státchabhrach, ar choinníoll go spreagann an struchtúr aistrithe nó díolacháin sin an chonclúid go bhfuil leanúnachas eacnamaíoch idir an dá chuideachta.

(519) Os a choinne sin, i gcás inar féidir a thaispeáint, d'ainneoin aistriú roinnt sócmhainní nó na sócmhainní uile, go mbeidh tairbhe na cabhrach neamhdhleathaí fós leis an bhfaighteoir bunaidh agus go ndéanfaidh an chuideachta is faighteoir gníomhaíocht atá éagsúil go substaintiúil, beidh faighteoir bunaidh na cabhrach fós freagrach as aisíocaíocht na cabhrach. De réir an chásdlí, chun measúnú a dhéanamh ar cibé atá nó nach bhfuil leanúnachas eacnamaíoch ann, féadfar na fachtóirí seo a leanas a chur san áireamh: raon feidhme an aistrithe (sócmhainní agus dliteanais, leanúnachas an lucht saothair, sócmhainní cuachta), an praghas aistrithe, aitheantas úinéirí an ghnóthais fála agus an ghnóthais tosaigh, tráth a rinneadh an t-aistriú (tar éis thús an imscrúdaithe, tionscnamh an nós imeachta nó an cinneadh críochnaitheach) agus loighic eacnamaíoch an idirbhirt ([188]).

(520) Faoin gcásdlí céanna, féadfar na fachtóirí réamhluaite a chur san áireamh ag céimeanna éagsúla, de réir gnéithe sonracha an cháis atá idir lámha. Leanann sé sin nach gceanglaítear ar an gCoimisiún iomlán na bhfachtóirí sin a chur san áireamh, mar a léirítear le húsáid an natha "*féadfar rud a chur san áireamh*" ([189]), agus nach bhfuil aon ordlathas idir na fachtóirí sin. Go háirithe, sa chás idir lámha, measann an Coimisiún gur cheart don mheasúnú ar leanúnachas eacnamaíoch cineál áirithe an idirbhirt idir Siremar in EA agus SNS a chur san áireamh, idirbheart a bhain le príobháidiú cuideachta poiblí trí bhíthin nós imeachta tairisceana le haghaidh conradh seirbhíse poiblí 12 bhliain, i dteannta leis na sócmhainní is gá chun an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a shonraítear sa chonradh sin a oibriú. Go nuige seo, is ann fós do Siremar in EA mar eintiteas ar leithligh ach ní thugann sé faoi aon ghníomhaíochtaí gnó agus leanann sé de bheith faoi réir imeachtaí féimheachta agus is é atá mar phríomhchuspóir leis na himeachtaí féimheachta sin a chreidiúnaithe a aisíoc agus a leachtú a thabhairt i gcrích.

(521) Chun cinneadh a dhéanamh cibé atá, nó nach bhfuil, leanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus SNS, agus dá bhrí sin chun a shuí cibé ar cheart nó nár cheart an dara cuideachta sin a chur faoi dhliteanas maidir leis an gcabhair neamh-chomhoiriúnach a deonaíodh don chéad chuideachta a aisíoc, chuir an Coimisiún na táscairí réamhluaite i bhfeidhm ar imthosca sonracha an cháis idir lámha.

11.1. **Raon feidhme an aistrithe**

(522) Baineann an táscaire sin le méid aistriú na sócmhainní agus na ndliteanas atá ann cheana, lena n-áirítear caidrimh chonarthacha leis na fostaithe agus na soláthróirí, ó Siremar (in EA ina dhiaidh sin) chuig SNS. Ar dtús, ba cheart a thabhairt ar aird nár aistríodh aon cheann de na dliteanais atá ann cheana: d'fhan siad laistigh de Siremar in EA ina n-iomláine, agus tá siad fós ann tráth ghlactha an Chinnidh seo. Rinneadh díscríobh iomlán ar aon éileamh ar na sócmhainní a bhí á n-aistriú, amhail morgáistí, urghabhálacha agus éilimh tosaíochta, mar chuid den aistriú.

(523) Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann leis na sócmhainní, tugann an Coimisiún dá aire ar dtús gur tháinig an nós imeachta maidir le díol bhrainse gnó de chuid Siremar i ndiaidh iarracht príobháidithe de chuid Tirrenia di Navigazione ina iomláine, le gach ceann dá shócmhainní agus dhliteanais, lena n-áirítear Siremar a bhí mar fhochuideachta dá chuid ag an am, nár éirigh leis. D'éirigh leis an dara hiarracht chun brainse gnó de chuid

([187]) Cás C-303/88 *An Iodáil v An Coimisiún*, ECLI:AE:C:1991:136.
([188]) Cás T-121/15 *Fortischem a.s. v. An Coimisiún*, ECLI:AE:T:2019:684, mír 208.
([189]) Cás T-123/09 *Ryanair v. An Coimisiún*, ECLI:AE:T:2012:164, mír 156.

Siremar a phríobháidiú a raibh branda Siremar ([190]), agus na sócmhainní a measadh ba ghá chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a forchuireadh ar Siremar a chomhlíonadh, agus na caidrimh chonartha leis na soláthróirí, lenar ghabh raon feidhme éagsúil agus níos cúinge i gcomparáid leis an gcéad iarracht (e.g., thart ar 45 % i dtéarmaí an lín long) mar chuid den phróiseas sin. Rinneadh na sócmhainní a bhí ag Siremar in EA nár measadh a bheith riachtanach chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a sholáthar a dhíol ar leithligh, trí thairiscintí éagsúla nár bhain leis an gceann sin, agus bhí an mearlong Guizzo i measc na sócmhainní sin.

(524) Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire freisin, a mhéid a bhaineann leis an lucht saothair, nár aistríodh aon chonradh oibre ó Siremar in EA chuig CdI ná chuig SNS ina dhiaidh sin. Go deimhin, ceanglaítear le hAirteagal 2112 de Chód Sibhialta na hIodáile, i gcás aistriú gnó, go leanfaidh na conarthaí fostaíochta reatha de bheith i seilbh an cheannaitheora agus go gcoinneoidh gach fostaí na cearta uile a leanfaidh as sin. De bhun Dhlí Foraithne 270/1999 áfach, níl an gnáthchóras sin infheidhme maidir le haistriú bhrainse cuideachta atá faoi réir nós imeachta riaracháin urghnách agus a sholáthraíonn seirbhísí poiblí fíor-riachtanacha. Os a choinne sin, tá sé d'oibleagáid ar an úinéir nua seilbh a ghlacadh ar an bhfoireann is gá chun an tseirbhís a sholáthar agus staonadh ó dhífhostú coiteann ar feadh 2 bhliain (féach aithris (195)). Tugann an Coimisiún dá aire, cé go bhforálfaí leis an riail ghinearálta maidir le leanúnachas follasach sa lucht saothair idir Siremar in EA agus SNS trí CdI, thug an eisceacht sin deis do Siremar in EA na conarthaí uile a bhí aige lena fhostaithe a fhoirceannadh. Ansin, thairg CdI agus SNS conarthaí nua ina dhiaidh sin do na fostaithe a bhí fostaithe iarbhír chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a fheidhmiú.

(525) Socraíodh an oibleagáid chun an líon fostaithe a choinneáil ar bun le dlí ginearálta nach bhféadfadh údaráis na hIodáile neamhaird a dhéanamh de i mbunú an nós imeachta díolacháin. Fiú gan an oibleagáid dhlíthiúil sin áfach, tugann an Coimisiún dá aire go gceanglaítear íoslíon sainordaitheach fostaithe leis an ngnó loingseoireachta chun na longa a oibriú, fostaithe a bhfuil sraith shonrach scileanna acu, a leagtar amach sna táblaí foirne (féach aithris (210)). Go deimhin, sa chás reatha, tar éis an Coinbhinsiún nua a dhámhachtain orthu, bheadh ar CdI, agus ar SNS ina dhiaidh sin, thart ar 500 fostaí a earcú i dtréimhse ama ghairid, chun a oibleagáidí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is ridhócha go bhfostódh SNS an chuid ba mhó d'fhostaithe Siremar in EA fiú mura gceanglófaí air conarthaí fostaíochta a thairiscint dóibh, ar chúiseanna seiftiúlachta agus chun costais earcaíochta a laghdú.

(526) In aghaidh an chúlra sin, measann an Coimisiún cé go raibh leanúnachas *de facto* sa lucht saothair, bhí an leanúnachas sin ann mar gheall ar thosca fíorasacha a bhain leis an gcás (i.e. méid an aistrithe) agus le dlíthe an tsaothair is infheidhme go ginearálta. Ar an taobh eile, aistríodh beagnach gach sócmhainn de chuid Siremar in EA chuig SNS, gan ceann ar bith dá dliteanais á aistriú. Ar an iomlán, a mhéid a bhaineann le raon feidhme an aistrithe, measann an Coimisiún go bhfuil tásca den leanúnachas eacnamaíoch idir na cuideachtaí sin.

11.2. **An praghas aistrithe**

(527) De réir an chásdlí socraithe, bheadh aistriú na sócmhainní ar phraghas faoi bhun phraghas an mhargaidh ina thásc ar leanúnachas eacnamaíoch idir an chuideachta leachtaithe, a bhí dlite chun an chabhair a aisíoc leis an Stát, agus an chuideachta nuachruthaithe. Sa chás sin, tugann an Coimisiún dá aire gur aistríodh na sócmhainní de thoradh tairisceana, tairiscint a bhí oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach go leordhóthanach chun praghas an mhargaidh a fháil, mar a thugtar tuairisc air i roinn 8.1.3.4. Níl aon fhianaise ann go raibh tionchar diúltach ag na sócmhainní a chur amach ar chomhthairiscint in éineacht leis an gconradh seirbhíse poiblí ar thoradh na tairisceana. Os a choinne sin, thaispeáin an Iodáil nach bhféadfaí roinnt de longa eile Tirrenia agus Siremar a dhíol ach ar dhramhluach nuair a eagraíodh tairiscintí ar leithligh dóibh. Go deimhin, níor fhág na coinníollacha a forchuireadh ar an gceannaitheoir, amhail an ceanglas chun leibhéil foirne a choinneáil ar bun ar feadh 2 bhliain, gur laghdaíodh an praghas mar a suíodh le tuarascáil Ecorys (féach aithris (121)). Ina theannta sin, bhí an praghas a d'íoc SNS ar deireadh, i.e. EUR 55,1 milliún, ní b'airde ná an t-íosphraghas a aithníodh sa mheastóireacht neamhspleách le saineolaithe a rinne Banca Profilo, i.e. EUR 55 mhilliún, agus tá ar SNS ús bliantúil de 1,5 % a íoc ar an dá thráthchuid iarchurtha de EUR 9 milliún an ceann. Thairis sin, mar a thugtar le fios in aithris (122), tráth aistriú an bhrainse gnó chuig SNS, measadh sa dara Tuarascáil de chuid Ecorys go raibh an margadhluach i bhfad ní b'ísle ag EUR 39,9 milliún faoi mhodh luachála cothromais. Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire go léirítear go follasach sna glaonna iomadúla a rinneadh le linn an nós imeachta tairisceana (féach aithrisí (79) go (100)) ar thairiscintí níos fearr a fháil, go raibh dinimic iomaíoch idir CdI agus SNS, agus fiú má eisiadh an chéad chuideachta ón nós imeachta sa deireadh thiar, tráth a foirmlíodh an tairiscint rathúil ó SNS den chéad uair, ba thairgeoir gníomhach é CdI fós sa nós imeachta. Is cásdlí bunaithe é gur féidir glacadh leis, i gcás ina ngabhann údarás poiblí chun gnóthas a dhíol trí thairiscint oscailte, trédhearcach agus neamhchoinníollach, go dtagann praghas an mhargaidh leis an tairiscint cheangailteach agus chreidiúnach is airde a fuarthas. Thairis sin, de réir an chásdlí, fiú dá mbeadh coinníollacha neamhdhleathacha ann maidir leis

([190]) Mar sin féin, mar a thugtar tuairisc air i bhfonóta 42, tá SNS ag tairiscint a chuid seirbhísí go heisiach mar Caronte & Tourist nó mar Liberty Lines faoi láthair, agus ní ar a cheart féin (féach, mar shampla, suíomh gréasáin Siremar, http://siremar.it/, a threoraíonn an duine díreach chuig suíomh gréasáin amháin de shuíomhanna gréasáin an dá chuideachta).

an tairiscint sin d'fhéadfadh sé gan ceist a tharraingt faoin toradh sin, murar íslíodh méid na tairisceana sin de bharr na gcoinníollacha sin ([191]).

(528) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go n-eisiatar le tosca an aistrithe aon bhuntáiste eacnamaíoch, a fuair Siremar in EA a aistriú chuig SNS. Dá bhrí sin, ní féidir praghas an aistrithe a mheas mar thásc ar leanúnachas eacnamaíoch sa chás sin.

11.3. **Aitheantas na n-úinéirí**

(529) Nuair a tharlaíonn aistriú sócmhainní idir dhá eintiteas ghaolmhara, is comhartha é sin go bhféadfadh sé a bheith mar chuspóir ag an aistriú dul timpeall ar an oibleagáid maidir leis an gcabhair a aithnítear mar chabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach i gcinneadh ón gCoimisiún a aisíoc. Sa chás seo, tugann an Coimisiún dá aire nach raibh agus nach bhfuil aon cheangal d'aon chineál idir Siremar in EA agus SNS. Ba chuideachta phoiblí í an chéad chuideachta, a bhí faoi úinéireacht iomlán na hAireachta Geilleagair (féach aithris (22)) sa deireadh. Is cuideachta phríobháideach í an dara cuideachta atá faoi úinéireacht 50 % Ustica Lines S.p.A. agus úinéireacht 50 % Caronte & Tourist S.p.A. Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire nach bhféadfaí aon rialú a dhéanamh ó Siremar in EA ar SNS nó *vice versa*.

(530) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go léirítear i gcritéir aitheantas na scairshealbhóirí nach bhfuil aon leanúnachas eacnamaíoch sa chás sin.

11.4. **Uainiú an aistrithe**

(531) I gcás inar tharla an t-aistriú sócmhainní tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh ón gCoimisiún ina gcuirtear amhras in iúl maidir le comhoiriúnacht cabhrach, a deonaíodh cheana féin, is léiriú eile é sin go bhféadfadh sé gur socraíodh aistriú den sórt sin d'fhonn dul timpeall ar ordú gnóthaithe. Sa chás reatha, tugann an Coimisiún dá aire gur foilsíodh an glao ar léirithe spéise an 4 Deireadh Fómhair 2010, agus go ndearna SNS a thairiscint cheangailteach an 23 Bealtaine 2011. Glacadh cinneadh an Choimisiúin maidir le himscrúdú foirmiúil a thionscnamh ar, *inter alia*, phríobháidiú bhrainse Siremar, roinnt míonna ina dhiaidh sin, an 5 Deireadh Fómhair 2011. Ansin, an 20 Deireadh Fómhair 2011, shínigh CdI an conradh díolacháin, bunaithe ar an tairiscint deiridh a chuir sé isteach an 13 Deireadh Fómhair 2011. Níor tugadh an t-aistriú i gcrích go dtí an 30 Iúil 2012, mar gheall ar na hagóidí dlíthiúla a rinneadh in aghaidh dhámhachtain an bhrainse gnó agus an Choinbhinsiúin nua ar CdI. Ina dhiaidh sin, an 7 Samhain 2012, leathnaigh an Coimisiún an t-imscrúdú foirmiúil, *inter alia*, chuig an gCoinbhinsiún nua a shínigh CdI. Dámhadh an brainse gnó ar SNS sa deireadh i mí Aibreáin 2016, tar éis na himeachtaí dlíthiúla a dtugtar tuairisc orthu i roinn 2.3.3.2.

(532) In aghaidh an chúlra sin, measann an Coimisiún fiú dá dtarlódh an t-aistriú chuig SNS i ndiaidh Chinntí 2011 agus 2012, nuair a bhí a thairiscint cheangailteach á cheapadh agus á chur isteach ag SNS, i.e. i mí Bealtaine 2011, ní bheadh sé sochreidte go mbeadh SNS ná Siremar in EA ar an eolas go dtionscnódh an Coimisiún imscrúdú foirmiúil cúpla mí ina dhiaidh sin. Ní móide go mbeadh aon pháirtí ar an eolas cheana féin faoi ábhar Chinntí 2011 agus 2012, gur thomhais siad na rioscaí a bhain leo, agus gur chinn siad na sócmhainní a aistriú chun an t-imscrúdú ar aon chuspóir a chur ar neamhní.

(533) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire gur chuir an Iodáil an Coimisiún ar an eolas go riabh sé de rún aige brainse gnó de chuid Siremar a dhíol in éineacht leis an gCoinbhinsiún nua i bhfad roimhe, i gcomhthéacs na bpléití leis an gCoimisiún chun an Rialachán Cabatáiste Muirí a chur chun feidhme (féach freisin roinn 2.4). Thairis sin, thug an Iodáil, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, fógra faoin dréacht-Choinbhinsiún nua (féach aithris (9)). Is tásc eile é sin nach raibh sé de rún ag an Iodáil dul timpeall ar aon ordú gnóthaithe sa todhchaí trí aistriú an bhrainse gnó agus iontaoibh an Choinbhinsiúin nua a eagrú ar an mbealach ar a dtugtar tuairisc agus ar a ndéantar measúnú i roinn 8.1.3.

(534) I bhfianaise an mhéid thuas, fiú dá dtarlódh an t-aistriú chuig SNS tar éis ghlacadh Chinntí 2011 agus 2012, measann an Coimisiún, ag cur na gcoinníollacha sonracha ar a tugadh tuairisc, agus go háirithe na himeachtaí dlíthiúla fada in aghaidh chéad dhámhadh an bhrainse gnó ar CdI, san áireamh, tugtar le fios le huainiú na n-imeachtaí nach raibh aon leanúnachas eacnamaíoch sa chás seo.

11.5. **Loighic eacnamaíoch an aistrithe**

(535) Baineann an tásc sin le rún an dá pháirtí i dtaca leis an aistriú sócmhainne, agus le réasúnaíocht eacnamaíoch an aistrithe sócmhainne, i bhfianaise an ghnó a bheidh ag an gcuideachta a fheidhmeoidh na sócmhainní sin sa todhchaí. Maidir leis sin, ar an gcéad dul síos tugann an Coimisiún dá aire, ar thaobh amháin, go raibh sé de rún ag údaráis na hIodáile an oibleagáid maidir le léirscaoileadh earnáil an iompair mhuirí, mar a shonraítear sa Rialachán Cabatáiste Muirí, a chomhlíonadh trína phríomhoibreoir poiblí, is é sin Grúpa Tirrenia, lena n-áirítear Siremar, a phríobháidiú agus trí na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chur ar iontaoibh na cuideachta is faighteoir. Cé

([191]) Féach Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 24 Deireadh Fómhair 2013, *Land Burgenland v An Coimisiún*, Cásanna Uamtha C-214/12 P, C-215/12 P agus C-223/12 P, ECLI:AE:C:2013:682, míreanna 94-96.

nach gceanglaítear é leis an Rialachán sin, bhí aistriú na sócmhainní agus an chúitimh seirbhíse poiblí araon go deimhin ar cheann de na roghanna a bhí ar fáil don Iodáil chun an léirscaoileadh sin a chur chun feidhme (féach aithris (136)), agus sna tosca sin, ba é an rogha ab fhearr é i dtéarmaí phraghas díola na sócmhainní, i gcomparáid le dhá nós imeachta ar leithligh a úsáid (féach aithris (393)). Ar an taobh eile, bhí sé de rún ag SNS na bealaí a oibriú faoi oibleagáid seirbhíse poiblí ar bhealach níos éifeachtúla i gcomparáid leis an mbealach inar oibrigh Siremar (in EA ina dhiaidh sin) iad, agus brabús a thuilleamh dá bharr sin.

(536) Tá raon feidhme na gníomhaíochta, i.e. seirbhísí muirí a sholáthar chuig agus idir oileáin áirithe sa tSicil, faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí sonracha a bhaineann le minicíocht, táillí agus saintréithe na soithí, mar an gcéanna go bunúsach.

(537) A mhéid a bhaineann le gnó na cuideachta sa todhchaí, tugann an Coimisiún dá aire cé go bhfuil sé fíor go dtairgeann SNS na bealaí agus na minicíochtaí céanna nó an-chosúil leo siúd a sholáthair Siremar, iarmhairt loighciúil í sin ar an ngá leanúnach atá le fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, mar a leagtar amach sa Choinbhinsiún nua, a sholáthar. I bhfocail eile, níor cheart leanúnachas na seirbhíse poiblí a mheascadh ná a chomhcheangal le leanúnachas eacnamaíoch faoi rialacha Státchabhrach. Go deimhin, measann an Coimisiún nach bhféadfadh an Iodáil raon feidhme na seirbhísí poiblí a sholáthair SNS a athrú ar bhonn treallach gan cuspóir beacht an Choinbhinsiúin nua a shárú, i.e. (i) leanúnachas críche a áirithiú idir an mhórthír agus na hoileáin agus (ii) rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch na n-oileán lena mbaineann.

(538) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil na coinníollacha maidir le feidhmiú laethúil na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí ag SNS éagsúil uathu siúd a bhí i bhfeidhm go dtí 2009, agus an bhliain sin san áireamh. Socraítear an méid cúitimh le sásra éagsúil, a cheanglaíonn ar an oibreoir feidhmiú go héifeachtúil. Thairis sin, mar gheall nach bhfuil aon ráthaíocht maidir le cumhdach iomlán na gcostas agus mar gheall go bhfuil an méid cúitimh ainmniúil seasta ar feadh roinnt blianta (i.e., laghdaíonn sé go praiticiúil), ní raibh aon rogha ag SNS ach leasú ó bhonn a dhéanamh ar an straitéis gnó a lean Siremar. D'fheidhmigh Siremar, ar feadh an achair fhada a chaith sé laistigh de ghrúpa Tirrenia, i gcónaí agus go leanúnach mar sheirbhís phoiblí, gan aon straitéis aige chun brabúsacht inbhuanaithe a bhaint amach, cé gur dhírigh Siremar in EA go simplí ar an gcuideachta a fhoirceannadh go hordúil a fhad agus leanúnachas na seirbhíse poiblí á áirithiú aige ag an am céanna go dtí gur aistríodh an úinéireacht chuig CdI agus SNS ina dhiaidh sin tar éis an nós imeachta tairisceana.

(539) Go deimhin, tugann an Coimisiún dá aire gur fhéach SNS ina chéad phlean gnó, a chumhdaigh an tréimhse idir 2011 agus 2022 agus a dréachtaíodh i mí na Bealtaine 2011, le héifeachtúlacht an chabhlaigh a mhéadú, i dtéarmaí cothabhála, árachais agus costas breosla; feabhas a chur ar dhíolacháin ar líne; airgead a shábháil ar chostais saothair trí chonarthaí nua fostaíochta; agus costais a laghdú trí chonarthaí a dhéanamh le soláthróirí nua. Ina dhara plean gnó, a chumhdaigh an tréimhse idir 2016 agus 2027 agus a dréachtaíodh i mí Feabhra 2016, thug SNS a réamh-mheastacháin agus a thoimhdí cothrom le dáta bunaithe ar shonraí ó CdI, d'athraigh sé leithdháileadh long áirithe ar na bealaí éagsúla, go háirithe a mhéid a bhaineann le seirbhísí le haghaidh paisinéirí amháin, agus d'athraigh sé toimhdí áirithe maidir le costais foirne agus amúchtaí ([192]). Ar deireadh, amhail an 1 Meán Fómhair 2016, roinn SNS a ghnó go héifeachtach idir seirbhísí farantóireachta agus seirbhísí le haghaidh paisinéirí amháin, á sannadh do Caronte & Tourist agus Liberty Lines faoi seach, agus ag aistriú a chuid sócmhainní go comhréireach. Tugann an Coimisiún dá aire go léirítear leis sin difear ríthábhachtach idir SNS agus Siremar in EA in oibriú na seirbhísí poiblí.

(540) Dá bhrí sin, d'fheidhmigh SNS a oibleagáidí seirbhíse poiblí faoi choinníollacha oibriúcháin éagsúla i gcomparáid le Siremar in EA, bunaithe ar a straitéis gnó féin. Go deimhin, níor chuir údaráis na hIodáile ceangal ar SNS aon mhúnla gnó sonrach a leanúint ná raon feidhme áirithe gníomhaíochtaí a choinneáil ar bun, lasmuigh díobh siúd a leagtar amach sa Choinbhinsiún nua, ná seilbh a ghlacadh ar aon sócmhainn ná ar aon fhostaí ar leith nach raibh nasc dlúth acu leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí mar a shainítear sa Choinbhinsiún nua iad, a fheidhmiú. Chuige sin, bhí saoirse ag SNS (agus tá sé fós) chun aon athrú a dhéanamh ar an mbealach ina reáchtáiltear an gnó mar is cuí dar leo.

(541) In aghaidh an chúlra sin, tugann an Coimisiún dá aire cé go bhfuil na hoibleagáidí seirbhíse poiblí féin, i dtéarmaí bealaí agus minicíochtaí, comhchosúil ar ndóigh toisc go bhfreagraíonn siad do riachtanais seirbhíse poiblí comhchosúla, tá na coinníollacha a bhaineann lena bhfeidhmiú agus an straitéis gnó taobh thiar díobh éagsúil. Go deimhin, bhí an chosúlacht *de facto* sin sa ghníomhaíocht ar tugadh fúithi mar gheall ar imthosca an-sonrach an cháis agus maolaíodh iad leis na srianta airgeadais éagsúla a bhí ar oibríochtaí SNS. Ar an iomlán, a mhéid a bhaineann le loighic eacnamaíoch an aistrithe, measann an Coimisiún go bhfuil roinnt tásca gurb ann do leanúnachas eacnamaíoch sa chás seo.

11.6. **Conclúid maidir le leanúnachas eacnamaíoch idir Siremar in EA agus SNS**

(542) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tugann an Coimisiún dá aire nach léirítear le praghas an aistrithe, uainiú an aistrithe ná aitheantas na n-úinéirí, aon tásc ar leanúnachas eacnamaíoch. Fiú má tá roinnt gnéithe i raon feidhme an idirbhirt agus ina loighic eacnamaíoch a thugann le fios go bhféadfadh leanúnachas eacnamaíoch a bheith ann, maidir leis

([192]) Ní raibh minicíocht ar na línte (féach aithris (123)) san áireamh i bplean gnó 2016-2027. Ní raibh na "spreagthóirí" straitéiseacha is tábhachtaí mar chuid den phlean gnó ach oiread, cé go raibh siad le fáil i bplean 2011-2022: conarthaí nua fostaíochta don fhoireann uile, díolacháin ar líne, éifeachtúlacht breosla, éifeachtúlacht oibriúcháin.

na critéir sin, tugann an Coimisiún dá aire go spreagann imthosca an-shonrach an idirbhirt sin aon ghné de leanúnachas féideartha, i.e. an t-aistriú sócmhainne a chuachadh leis an gconradh seirbhíse poiblí in aon nós imeachta amháin, méid an idirbhirt agus na dlíthe saothair is infheidhme go ginearálta. Go háirithe, níl aon tásc go ndearnadh iarracht dul timpeall ar oibleagáid gnóthaithe. In aghaidh an chúlra sin, measann an Coimisiún tríd is tríd nach bhfuil aon leanúnachas eacnamaíoch idir Siremar agus SNS. Ciallaíonn sé sin freisin nach ndéanfar aon oibleagáid chun an Státchabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a deonaíodh ar Siremar a aisíoc a leathnú chuig SNS,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. An cúiteamh a deonaíodh do Siremar agus an tosaíocht feistithe a deonaíodh chun seirbhísí muirí a sholáthar faoin gCoinbhinsiún tosaigh, arna fhadú sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2009 agus an 30 Eanáir 2012, is Státchabhair é sin de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Cé is moite den Státchabhair a deonaíodh chun bealaí D1 (Trapani – Pantelleria), D4 (Porto Empedocle – Linosa – Lampedusa), D5 (Palermo – Ustica), ALD/1 (Palermo – Ustica) a oibriú, chuir an Iodáil an chabhair i bhfeidhm go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.

2. Tá an chabhair dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Airteagal 2

1. Is é atá san fhadú ar an gcúnamh tarrthála ón 28 Lúnasa 2011 go dtí an 18 Meán Fómhair 2012 Státchabhair do Siremar de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Chuir an Iodáil an chabhair i bhfeidhm go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.

2. Tá an chabhair dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo – arb ionann í agus EUR 15 121 838,33 – neamh-comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Airteagal 3

1. An díolúine ó chánacha indíreacha ar aistriú bhrainse gnó de chuid Siremar go SNS, is é atá ann Státchabhair do Siremar de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Chuir an Iodáil an chabhair i bhfeidhm go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.

2. An táille sheasta a d'íoc SNS ar chlárú an chonartha le haghaidh cheannach bhrainse gnó de chuid Siremar de bhun Dlí 2010, in ionad na táille a bhíonn dlite de ghnáth faoin dlí náisiúnta, is é atá ann Státchabhair do SNS de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Chuir an Iodáil an chabhair i bhfeidhm go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.

3. An díolúine ó cháin ioncaim chorparáide ar fháltais ó dhíol bhrainse gnó de chuid Siremar go SNS, is é atá ann Státchabhair do Siremar de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Chuir an Iodáil an chabhair i bhfeidhm go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.

4. Tá an chabhair dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo neamh-comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

5. Tráth ghlacadh an Chinnidh seo, níor íoc an Iodáil an chabhair dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo go fóill.

Airteagal 4

1. Maidir le dámhachtain an Choinbhinsiúin nua le haghaidh na tréimhse ón 11 Aibreán 2016 go dtí an 11 Aibreán 2028, arna chuachadh le brainse gnó de chuid Siremar agus leis an tosaíocht feistithe do SNS, ní Státchabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

2. An fhéidearthacht go n-úsáidfí acmhainní *Fondo Aree Sottoutilizzate* chun riachtanais leachtachta a chomhlíonadh, a leagtar síos le Dlí 2010, ní Státchabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

3. An fhéidearthacht go mbainfear úsáid, ar bhonn sealadach, as na hacmhainní airgeadais a gealladh cheana d'uasghrádú agus nuachóiriú an chabhlaigh chun riachtanais phráinneacha leachtachta a chumhdach, mar a leagtar síos le Dlí 2010, níor baineadh úsáid aisti a mhéid a bhaineann le Siremar. Dá bhrí sin, ní Státchabhair do Siremar í de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

Airteagal 5

1. Déanfaidh an Iodáil an chabhair neamh-chomhoiriúnach dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 a aisghabháil ó na tairbhithe, a mhéid agus gur íocadh í.

2. Saothróidh na méideanna atá le gnóthú ús ón dáta ar soláthraíodh iad don tairbhí go dtí a ngnóthú iarbhír.

3. Déanfar an t-ús a ríomh ar bhonn iolraithe i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 agus le Rialachán (CE) Uimh. 271/2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 794/2004.

4. Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó, admhaíonn an Coimisiún gur aisíoc an tairbhí príomhshuim na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 2 cheana agus cuid den ús gnóthaithe.

5. Cuirfidh an Iodáil gach íocaíocht gan íoc den chabhair dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 3 ar ceal le héifeacht ón dáta ar glacadh an Cinneadh seo.

Airteagal 6

1. Beidh gnóthú na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 5 láithreach agus éifeachtach.

2. Áiritheoidh an Iodáil go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme laistigh de 4 mhí tar éis an dáta ar a dtugtar fógra faoin gCinneadh seo.

Airteagal 7

1. Laistigh de 2 mhí ó thugtar fógra faoin gCinneadh seo, cuirfidh an Iodáil an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

— an méid iomlán (an phríomhshuim agus an t-ús gnóthaithe) atá le gnóthú ó na tairbhithe;

— tuairisc mhionsonraithe ar na bearta a rinneadh cheana féin agus atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh;

— doiciméid ina dtaispeántar gur ordaíodh do na tairbhithe an chabhair a aisíoc.

2. Coimeádfaidh an Iodáil an Coimisiún ar an eolas faoi dhul chun cinn na mbeart náisiúnta a rinneadh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go dtí go dtabharfar gnóthú na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 6 chun críche. Cuirfidh sí isteach láithreach, ar iarraidh shimplí ón gCoimisiún, faisnéis maidir leis na bearta a rinneadh cheana féin agus atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh. Soláthróidh sí faisnéis mhionsonraithe freisin maidir leis na méideanna cabhrach agus an úis ghnóthaithe a gnóthaíodh ó na tairbhithe cheana féin.

Airteagal 8

Tá an Cinneadh seo dírithe ar Phoblacht na hIodáile.

Féadfaidh an Coimisiún na méideanna cabhrach agus an méid úis ghnóthaithe a gnóthaíodh agus an cinneadh seo á chur i bhfeidhm a fhoilsiú, gan dochar d'Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin